29	C2.I1	T	Laghdú ar thomhaltas fuinnimh phríomhúil neamh-inathnuaite i dteaghaisí nó i bhfoirgnimh chónaithe		Líon	0	32 390	R2	2026	32390 teastas feidhmíochta fuinnimh san iomlán a sholáthar le haghaidh teaghaisí nó foirgnimh chónaithe, lena léirítear laghdú 30 % ar an meán ar thomhaltas fuinnimh phríomhúil neamh-inathnuaite, arna ualú de réir an achair dromchla ináitrithe mar a léirítear sa deimhniú feidhmíochta fuinnimh.
29bis	C2.I1	T	Asbhaintí cánach a dhearbhaítear le haghaidh athchóirithe fuinnimh		EUR	0	734 610 110	R2	2026	Déanfar dearbhuithe cánach le haghaidh méid carnach iomlán asbhaintí EUR 734610110 a bhaineann le hathchóirithe fuinnimh a chur isteach.
30	C2.I2	M	Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga maidir leis an sainmhíniú ar an gcreat rialála le haghaidh chur chun feidhme an chláir maidir le teaghaisí ar cíos sóisialta atá tíosach ar fhuinneamh a chomhlíonann critéir fhuinneamhéifeachtúla	Foráil san Fhoraithne Ríoga maidir le teacht i bhfeidhm				R3	2021	Glacadh na Foraithne Ríoga lena sainítear an creat rialála le haghaidh chur chun feidhme an Chláir maidir le teaghaisí ar cíos sóisialta atá tíosach ar fhuinneamh agus a chomhlíonann critéir atá tíosach ar fhuinneamh. Leagfar amach leis an bhForaithne Ríoga na ceanglais theicniúla chun a áirithiú go mbeidh sé de chuspóir ag tógáil foirgneamh príomhéileamh fuinnimh a bhaint amach atá 20 % níos ísle ar a laghad ná an ceanglas maidir le foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de de réir treoirlínte náisiúnta. Chuige sin, beidh ceanglas ann teorainn 80 % den teorainn a leagtar síos i roinn HE 0 den Bhundoiciméad Coigilte Fuinnimh (DB-HE) den Chód Foirgníochta Teicniúil (CTE) a chur le luach an tomhaltais fuinnimh phríomhúil neamh-in-athnuaite. Tionólfar an Chomhdháil Earnála maidir le Tithíocht agus críochnófar céim na faisnéise poiblí agus nósanna imeachta dlíthiúla eile sula dtabharfar an Fhoraithne Ríoga chun críche.
31	C2.I2	T	Tógáil nó athshlánú teaghaisí		Líon	0	15 718	R2	2026	15718 teaghais san iomlán a thógáil nó a athshlánú faoi chláir chun tacú le tithíocht shóisialta ar cíos i bhfoirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
33	C2.I3	T	Laghdú ar thomhaltas fuinnimh phríomhúil neamh-in-athnuaite i dteaghaisí, i bhfoirgnimh chónaithe, nó i bhfoirgnimh neamhchónaithe nó i gcodanna díobh		Líon	0	2 918	R2	2026	2918 dteastas feidhmíochta fuinnimh san iomlán a sholáthar le haghaidh teaghaisí, foirgnimh chónaithe, nó foirgnimh neamhchónaithe nó codanna díobh, lena léirítear laghdú 30 % ar an meán ar thomhaltas fuinnimh phríomhúil neamh-inathnuaite.
34	C2.I4	T	Laghdú ar thomhaltas fuinnimh phríomhúil neamh-in-athnuaite i dteaghaisí, i bhfoirgnimh chónaithe, nó i bhfoirgnimh neamhchónaithe nó i gcodanna díobh, atá lonnaithe i mbardais atá incháilithe faoi chlár PREE 5000		Líon	0	1 377	R2	2026	1377 dteastas feidhmíochta fuinnimh san iomlán a sholáthar le haghaidh teaghaisí, foirgnimh chónaithe, nó foirgnimh neamhchónaithe nó codanna díobh, atá lonnaithe i mbardais atá incháilithe faoi chlár PREE 5000, lena léirítear laghdú 30 % ar an meán ar thomhaltas fuinnimh phríomhúil neamh-inathnuaite.
35	C2.I4	T	Tuarascálacha críochnaitheacha maidir le deontais a bhaineann leis an gclár DUS 5000		Líon	0	854	R2	2026	Déanfaidh eintitis is faighteoirí nó daoine aonair is faighteoirí 854 thuarascáil chríochnaitheach lena ndeimhnítear tabhairt chun críche na dtionscadal arna ndámhachtain a thíolacadh le haghaidh deontais a bhaineann le clár DUS 5000.
37	C2.I5	M	Athchóiriú foirgneamh poiblí	Deimhnithe glactha, ráitis chomhréireachta nó a gcoibhéis lena ndeimhnítear gur cuireadh conarthaí i gcrích				R2	2026	Deimhniú ón riarachán go ndearnadh conarthaí a bhaineann le hathchóiriú 1 230 000 m 2 ar fhoirgnimh [phoiblí].
38	C2.I6	T	Pleananna gníomhaíochta faoi Chlár Oibre Uirbeach na Spáinne		Líon	0	100	R4	2022	Beidh a bPlean Gníomhaíochta Áitiúil (Straitéis Chathrach) formheasta ag 100 bardas ar a laghad, agus beidh siad feistithe leis na critéir a leagtar amach i gClár Oibre Uirbeach na Spáinne, ina mbeidh measúnú agus línte gníomhaíochtaí i gcomhréir lena dheich gcuspóir straitéiseacha.

B.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na hiasachta

Athchóiriú 7 (C2.R7) — Inrochtaineacht tithíochta

Is é is cuspóir don bheart seo feabhas a chur ar inrochtaineacht agus inacmhainneacht tithíochta. Is éard atá sa bheart teacht i bhfeidhm gnímh dlí chun Reacht Entidad Pública Empresarial de Suelo (SEPES) a thabhairt cothrom le dáta, agus i bhfoilsiú na Treorach *maidir le moltaí agus dea-chleachtais le haghaidh ceadúnais pleanála uirbí san earnáil chónaithe (Guía de recomendaciones y buenas prácticas en materia de licencias urbanísticas en el ámbito residencial)*.

Infheistíocht 7 (C2.I7) — Saoráid Iasachta ICO chun Tithíocht Shóisialta a Chur Chun Cinn

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i Saoráid, Saoráid Iasachta ICO chun Tithíocht Shóisialta a Chur Chun Cinn, chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú chun tithíocht shóisialta agus inacmhainne a thógáil agus a athchóiriú, agus chun margaí caipitil a fhorbairt sna réimsí sin. Oibreoidh an tSaoráid trí iasachtaí a sholáthar go díreach nó trí idirghabhálaithe don earnáil phríobháideach, agus d'eintitis san earnáil phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d'aidhm ag an tSaoráid maoiniú EUR 567854983 ar a laghad a chur ar fáil ar dtús. Féadfaidh gach tairbhí deiridh faoin mbeart seo tacaíocht deontais chomhlántach a fháil freisin faoi Infheistíocht 2, Tógáil nó athshlánú teaghaisí (C2.I2), a mhéid nach gcumhdaíonn sé na costais chéanna.

Is é Instituto de Crédito Oficial (ICO), ina cháil mar chomhpháirtí cur chun feidhme, a bhainisteoidh an tSaoráid. Áireofar sa tSaoráid na línte táirgí seo a leanas:

- Iasachtaí díreacha chun foirgnimh a thógáil.
- Iasachtaí díreacha chun foirgnimh atá ann cheana a athchóiriú.
- Líne idirghabhála: is éard a bheidh sa líne idirghabhála iasachtaí arna dtabhairt ag ICO do bhainc thráchtála, a dhámhfaidh iasachtaí ar thairbhithe deiridh ina dhiaidh sin chun foirgnimh a thógáil nó chun foirgnimh atá ann cheana a athchóiriú.

Ceanglófar na foirgnimh thógtha agus/nó athchóirithe a úsáid ar chíos sóisialta nó inacmhainne, nó iad a aistriú lena n-úsáid ar chíos sóisialta agus inacmhainne ar feadh íostréimhse 50 bliain.

Chun an infheistíocht sa tSaoráid a chur chun feidhme, síneoidh an Spáinn agus ICO Comhaontú Cur Chun Feidhme ina mbeidh an t-ábhar seo a leanas:

1. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na Saoráide: déanfaidh coiste infheistíochta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile cinneadh infheistíochta críochnaitheach na Saoráide agus formheasfaidh tromlach na vótaí é ó chomhaltaí atá neamhspleách ar Rialtas na Spáinne. I gcás infheistíochtaí idirghafa, is iad na hidirghabhálaithe a dhéanfaidh an cinneadh infheistíochta deiridh.

2. Príomhcheanglais an bheartais infheistíochta ghaolmhair, lena n-áireofar:

   a. An tuairisc ar na táirgí airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart.

   b. Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a dtacaítear leo inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.

   C. Toirmeasc ar aon iasacht gan íoc a athmhaoiniú.

   d. An ceanglas an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01), go háirithe:

      i. I gcás iasachtaí: eisiafar an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht leis an mbeartas infheistíochta: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a

bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[1], (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[2], (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí[3] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[4].

ii. Ceanglófar leis an mbeartas infheistíochta go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha thairbhithe deiridh na Saoráide.

e. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó aon ionstraim de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

3. An méid a chumhdaítear leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme, an struchtúr táillí le haghaidh an Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme agus an ceanglas aon athshreabha a athinfheistiú de réir bheartas infheistíochta na Saoráide mura n-úsáidtear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.

4. Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:

- An tuairisc ar chóras faireacháin an chomhpháirtí cur chun feidhme chun tuairisciú a dhéanamh ar an infheistíocht a slógadh.
- An tuairisc ar nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme lena n-áiritheofar go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.
- An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme agus sa tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta sula ngeallfaidh sé oibríocht a mhaoiniú.
- An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta ICO. Fíorófar leis na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; II) comhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh', na rialacha maidir le Státchabhair; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas atá ar an idirghabhálaí rialú a dhéanamh ar cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear an costas céanna le hionstraim eile de chuid an Aontais.

---

[1] Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[2] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[3] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra

[4] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola na ngléasraí ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha na gComhaontuithe Cur Chun Feidhme agus Cistiúcháin is infheidhme á n-urramú.

5. Ceanglais maidir le hidirghabhálaithe airgeadais a roghnú: Roghnóidh ICO idirghabhálaithe airgeadais ar bhealach oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Déanfar rialuithe maidir le heaspa coinbhleachta leasa ar idirghabhálaithe airgeadais agus déanfar iad ex-ante trí chóras TF amhail Minerva do na gníomhaithe airgeadais uile lena mbaineann.
6. Ceanglas chun Comhaontuithe Cistiúcháin a shíniú: Síneoidh ICO Comhaontuithe Cistiúcháin leis na hidirghabhálaithe airgeadais i gcomhréir leis na príomhcheanglais a sholáthrófar mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme. Áireofar i bpríomhcheanglais an Chomhaontaithe Cistiúcháin na ceanglais uile faoina n-oibríonn an Ciste, lena n-áirítear:

- An oibleagáid atá ar an idirghabhálaí airgeadais a chinntí a dhéanamh mutatis mutandis i gcomhréir leis na ceanglais maidir le cinnteoireacht agus beartas infheistíochta a shonraítear thuas, lena n-áirítear maidir le hurramú an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’.
- An tuairisc ar an gcreat faireacháin agus iniúchóireachta agus rialaithe a chuirfidh an t-idirghabhálaí airgeadais i bhfeidhm, a bheidh mutatis mutandis faoi réir na gceanglas faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe uile a shonraítear thuas.

B.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an tacaíocht iasachta

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne le haghaidh gach táscaire mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
Leibhéal 2a	C2.R7	M	Teacht i bhfeidhm gnímh dhlíthiúil chun Reacht Entidad Pública Empresarial de Suelo (SEPES) a thabhairt cothrom le dáta	Teacht i bhfeidhm gnímh dlí				R4	2025	Beidh gníomh dlí tagtha i bhfeidhm chun Reacht Entidad Pública Empresarial de Suelo (SEPES) a thabhairt cothrom le dáta.
LEIBHÉAL 3	C2.R7	M	Foilsiú na Treorach *maidir le moltaí agus dea-chleachtais le haghaidh ceadúnais pleanála uirbí san earnáil chónaithe (Guía de recomendaciones y buenas prácticas en materia de licencias urbanísticas en el ámbito residencial)*	Foilseachán ar líne				R4	2025	Foilsiú na Treorach *maidir le moltaí agus dea-chleachtais le haghaidh ceadúnais pleanála uirbí san earnáil chónaithe* (*Guía de recomendaciones y buenas prácticas en materia de licencias urbanísticas en el ámbito residencial).*
L4	C2.I7	M	Comhaontú Cur Chun Feidhme	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme				R4	2023	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme.
L6	C2.I7	M	Saoráid Iasachta ICO chun Tithíocht Shóisialta a Chur Chun Cinn: Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh agus cur i gcrích na hinfheistíochta	Comhaontuithe maoiniúcháin dhlíthiúil sínithe agus deimhniú aistrithe				R2	2026	Beidh comhaontuithe maoinithe dhlíthiúil déanta ag ICO, agus ag idirghabhálaithe arna roghnú ag ICO, le tairbhithe deiridh, ar mhéid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Aistreoidh an Spáinn EUR 567854983 chuig Saoráid ICO.

C. COMHCHUID 03: CLAOCHLÚ COMHSHAOIL AGUS DIGITEACH AN CHÓRAIS AGRAIBHIA AGUS IASCAIGH

Leis an gcomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne, cuirfear feabhas ar inbhuanaitheacht, iomaíochas agus athléimneacht na hearnála agraibhia agus iascaigh ó thaobh an gheilleagair, an chomhshaoil agus na sochaí de. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, díríonn na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe a áirítear sa chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne ar na gnéithe seo a leanas:

a) Éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht uisciúcháin a fheabhsú;
b) borradh a chur faoi inbhuanaitheacht agus iomaíochas na talmhaíochta agus na feirmeoireachta beostoic;
c) straitéis a achtú chun an digitiú a chur chun cinn sna hearnálacha agraibhia agus tuaithe ina n-iomláine; agus
d) borradh a chur faoi inbhuanaitheacht, taighde, nuálaíocht agus digitiú earnáil an iascaigh.

Tugann an chomhpháirt aghaidh ar na Moltaí Tírshonracha maidir le hinfheistíochtaí sa nuálaíocht agus san éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn (Moladh Sonrach Tír 3 2019), rochtain ar fhoghlaim dhigiteach a fheabhsú (Moladh Sonrach Tír 2 2020), agus maidir le hinfheistíocht phoiblí agus phríobháideach a chur chun cinn agus an t-aistriú glas a chothú (Moladh Sonrach Tír 3 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

C.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C3.R1) — Leasú ar na rialacha lena rialaítear caidreamh trádála sa bhiashlabhra, lena n-áirítear leasú a dhéanamh ar Dlí 12/2013 an 2 Lúnasa 2007 maidir le bearta chun feidhmiú an bhiashlabhra a fheabhsú

Is é is cuspóir don bheart seo feabhas a chur ar fheidhmiú an bhiashlabhra tríd an reachtaíocht náisiúnta lena rialaítear caidreamh trádála sa bhiashlabhra a leasú (Dlí 12/2013), lena n-áirítear trasuí Threoir (AE) 2019/633 ach a théann níos faide ná sin. Cumhdófar an méid seo a leanas ar a laghad leis an mbeart:

a) Raon feidhme an dlí a leathnú trí na nithe seo a leanas a áireamh (i) caidreamh trádála chuig na Ballstáit agus chuig tríú tíortha araon aon uair a bhíonn oibreoir lonnaithe sa Spáinn, agus (ii) amhábhair agus táirgí eile a chumhdaítear le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;
b) síneadh a chur le hinneachar íosta conarthaí bia trí (i) phionóis chonarthacha, (ii) eisceachtaí ar chúiseanna force majeure, agus (iii) tagairt don iarraidh ar idirghabháil ó pháirtithe rannpháirteacha a chur san áireamh chun aghaidh a thabhairt ar chásanna neamh-chomhaontaithe;
c) liosta na gcleachtas tráchtála éagórach a leathnú amhail leasú aontaobhach conarthaí ó thaobh méide de nó táirgí neamhdhíolta a thabhairt ar ais; agus
d) á aithint di gurb í an Ghníomhaireacht um Fhaisnéis agus Rialú Bia an comhlacht atá freagrach as an gcóras rialaithe is gá a bhunú agus a fhorbairt chun comhlíonadh an dlí ar an leibhéal náisiúnta a sheiceáil, agus mar phointe teagmhála don chomhar idir na húdaráis forfheidhmithe,

agus leis an gCoimisiún Eorpach agus leis na Pobail Fhéinrialaitheacha ina limistéir chríochacha faoi seach.

Tá an beart comhlántach le (i) Dlí Foraithne Ríoga 5/2020 an 25 Feabhra 2020, a ghlac bearta práinneacha maidir le talmhaíocht agus bia, agus (ii) Dlí 8/2020 chun modhnú a dhéanamh ar Dhlí 12/2013, maidir le bearta práinneacha chun feidhmiú an bhiashlabhra a fheabhsú.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2021.

Athchóiriú 2 (C3.R2) — Forbairt agus athbhreithniú ar an gcreat rialála maidir le hinbhuanaitheacht chomhshaoil na feirmeoireachta beostoic

Leis an mbeart sin, cuirfear feabhas ar inbhuanaitheacht chomhshaoil na feirmeoireachta beostoic tríd an gcreat reachtach a fhorbairt agus a athbhreithniú mar a leanas:

a) Clár ginearálta a fhorbairt de na Teicnící is Fearr atá ar Fáil (BATanna) chun ríomhanna astaíochtaí truaillitheacha agus gás ceaptha teasa (GCT) i bhfeirmeacha muc agus éanlaithe clóis a éascú, chomh maith le sonraí comhshaoil eile a chumhdach. Cuirfidh sé measúnú níos fearr ar fáil ar chomhlíonadh na ngealltanas maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus truailleán ag feirmeoirí beostoic.

b) Athbhreithniú a dhéanamh de réir a chéile ar an reachtaíocht pleanála sna hearnálacha beostoic, lena leagtar síos ceanglais maidir le suíomh, achar, méid, dálaí sláinte, bithshlándáil agus an bonneagar comhshaoil agus leasa ainmhithe ar fheirmeacha in earnálacha ina bhfuil sé cheana féin (muca-fheirmeoireacht), chomh maith le creat rialála nua a bhunú in earnálacha (feirmeoireacht éanlaithe clóis), nach raibh rialáilte go fóill. Bunófar leis gealltanais aonair earnála maidir le laghdú astaíochtaí, lena leagfar síos ceanglais de réir a rannchuidithe le giniúint na dtruailleán, agus prionsabal na comhréireachta á chur i bhfeidhm.

Áirítear leis an mbeart an dá fhoráil reachtacha, atá le foilsiú faoi dheireadh 2022. Tá coinne leis freisin go mbeidh cur chun feidhme chlár ginearálta BATanna oibríochtúil i gcás feirmeacha muc agus éanlaithe clóis faoin 31 Nollaig 2023. Cuirfear an reachtaíocht pleanála athbhreithnithe i bhfeidhm de réir a chéile laistigh de thart ar 2 bhliain tar éis a foilsithe.

Ina theannta sin, tá sé d'aidhm ag an mbeart seo:

a) Bithshlándáil iompair beostoic i ndáil le galair in-tarchurtha ainmhithe a fheabhsú. Leis an rialachán nua, déanfar digitiú agus teicneolaíochtaí nua a ionchorprú i bhfeithiclí a úsáidtear mar mhodh iompair agus mar ionaid ghlantacháin agus díghalraithe.

b) Rialáil a dhéanamh ar úsáid antaibheathach i speicis ar leas beostoic, trí úsáid a bhaint as modh chun tomhaltas tráthrialta agus ráithiúil antaibheathach in aghaidh an ghabháltais beostoic agus an táscaire tagartha náisiúnta a ríomh. Déanfar cur síos sa rialachán ar na bearta atá le déanamh ar bhonn na dtorthaí. Beidh idirthréimhse bliana ag an reachtaíocht le haghaidh na ngabháltas beostoic sin nach bhfuil oibleagáid orthu córas bainistíochta comhtháite a bheith acu ina reachtaíocht earnálach.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 30 Meitheamh 2023.

Athchóiriú 3 (C3.R3) — Creat reachtach maidir le cothú inbhuanaithe in ithreacha talmhaíochta, agus reachtaíocht maidir le truailliú de thionscnamh talmhaíochta

Is é is cuspóir don bheart seo leasú talmhaíochta a rialáil chun aghaidh a thabhairt ar na foinsí éagsúla ionchuir cothaitheach in ithreacha talmhaíochta ar bhealach comhsheasmhach. Ina theannta sin,

cuirfidh sé comhairle theicniúil ar fáil d'fheirmeoirí chun tacú leo ceanglais dhlíthiúla a chomhlíonadh agus cuíchóiriú a dhéanamh ar an leasú. Déanfar an méid seo a leanas leis sin: (i) aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide; (II) truailliú uisce de bharr níotráití agus fosfáití de thionscnamh talmhaíochta a laghdú; agus (iii) cáilíocht an aeir a fheabhsú.

Tá an creat reachtach atá beartaithe nasctha le hionstraim dlí eile: an dréacht-Fhoraithne Ríoga maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú idirleata de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta (a chuirfear in ionad Fhoraithne Ríoga 261/1996 an 16 Feabhra). Tá nasc aige freisin le plean gníomhaíochta a tharraingt suas chun truailliú idirleata de bharr níotráití a chosc, a cheartú agus a laghdú, go háirithe ó fhoinsí talmhaíochta. Leis an mbeart sin, tabharfar isteach Foraithne Ríoga, lena dtrasuítear Treoir 91/676/CEE an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta, lena leagtar síos cuspóirí níos uaillmhianaí ná an Treoir maidir le Níotráití agus lena méadaítear cóineasú le cuspóirí pleanála uisce faoin Treoir Réime maidir le hUisce.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Márta 2023.

Athchóiriú 4 (C3.R4) — Rialachas agus bainistiú inbhuanaithe uisciú na Spáinne a neartú

Is é is cuspóir don bheart seo sásra rialachais a bhunú ar an leibhéal náisiúnta chun go mbeidh gach earnáil agus gach leibhéal d'údaráis phoiblí lena mbaineann in ann comhoibriú maidir le huisciú. Áirítear leis sin inbhuanaitheacht chomhshaoil, critéir chur chun feidhme agus gnéithe a bhaineann leis an reachtaíocht is infheidhme. Leis an mbeart, cuirfear faireachlann ar bun maidir le hinbhuanaitheacht uisciúcháin sa Spáinn chun sonraí a sholáthar maidir le tionchair eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil uisciúcháin ar an gcríoch.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

Athchóiriú 5 (C3.R5) — Cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta II den Straitéis maidir le Ceantair Agraibhia agus Tuaithe a Dhigitiú

Féachann an beart seo le leanúint de chur chun feidhme Straitéis na Spáinne maidir le Digitiú an Agraibhia agus na gCeantar Tuaithe, a ghlac rialtas na Spáinne i mí an Mhárta 2019. Leagfar amach sa bheart an dara plean gníomhaíochta a fhreagraíonn do thrí bhunchuspóir na straitéise: (i) an bhearna dhigiteach a laghdú; (II) úsáid sonraí a chur chun cinn; agus (iii) borradh a chur faoi fhorbairt gnó agus samhlacha nua gnó.

Leanfaidh an beart de thacaíocht a thabhairt do ghlacadh agus ionchorprú próiseas digiteach agus scileanna digiteacha i ngníomhaíocht eacnamaíoch atá nasctha le ceantair thuaithe agus lena gcreatlach shóisialta. Leis an mbeart, déanfar an dara plean gníomhaíochta de Straitéis Digitithe na hEarnála Agraibhia agus na gCeantar Tuaithe a dhearadh, a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Athchóiriú 6 (C3.R6) — Athbhreithniú ar an gcreat rialála náisiúnta maidir le hiascaigh inbhuanaithe a rialáil

Is é is cuspóir don bheart seo: (i) comhtháthú na hinbhuanaitheachta eacnamaíche agus sóisialta i mbainistiú iascaigh a spreagadh; (II) deimhneacht dhlíthiúil níos fearr a sholáthar do na gníomhaithe uile in earnáil an iascaigh; agus (iii) trédhearcacht, nuachóiriú agus digitiú níos fearr a sholáthar i mbainistiú iascaigh. Cuirfear san áireamh sa bheart cuspóirí bheartais agus dhúshláin an Aontais, lena n-áirítear an t-athchóiriú ar an gComhbheartas Iascaigh, Straitéis Bhithéagsúlachta 2030, Straitéisí Muirí, agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

Infheistíocht 1 (C3.I1) — Plean chun éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht in uisciú a fheabhsú

Is é cuspóir an bhirt seo éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht uisciúcháin a fheabhsú trí shraith gníomhaíochtaí roghnaithe.

Is éard atá i gceist leis córais uiscithe a nuachóiriú.

Infheistíocht 2 (C3.I2) — Plean chun borradh a chur faoi inbhuanaitheacht agus iomaíochas na talmhaíochta agus na feirmeoireachta beostoic (I): Saotharlanna sláinte ainmhithe agus plandaí a nuachóiriú

Is é is cuspóir don bheart seo slándáil bia a fheabhsú in earnáil na talmhaíochta agus an bheostoic, chomh maith le sláinte plandaí a fheabhsú.

Is éard atá sa bheart dhá shaoráid bhithsházbháilteachta a thógáil agus saotharlann Náisiúnta Sláinte Plandaí a chreidiúnú.

Infheistíocht 3 (C3.I3) — Plean chun borradh a chur faoi inbhuanaitheacht agus iomaíochas na talmhaíochta agus na feirmeoireachta beostoic (II): Fothú acmhainneachta agus córais bhithshlándála a threisiú i bplandlanna, in ionaid ghlantacháin agus díghalraithe

Is é cuspóir an bhirt seo an cosc agus an chosaint ar ghalair ainmhithe agus lotnaidí plandaí a threisiú.

Is éard atá i gceist leis an mbeart bonneagar a thógáil, a athchóiriú nó a athchóiriú nó trealamh nó feithiclí díghalraithe a fháil in ionaid ghlantacháin agus díghalraithe agus in ionaid ina dtáirgtear ábhar atáirgthe plandaí.

Infheistíocht 4 (C3.I4) — Plean chun borradh a chur faoi inbhuanaitheacht agus iomaíochas na talmhaíochta agus na feirmeoireachta beostoic (III): Infheistíochtaí i gcórais bainistithe aoiligh, i nuachóiriú tithe gloine, in éifeachtúlacht fuinnimh agus i bhfuinneamh in-athnuaite, agus i dtalmhaíocht bheacht agus i dteicneolaíocht bheacht ar fheirmeacha

Is é is cuspóir don bheart seo borradh a chur faoi inbhuanaitheacht agus iomaíochas earnáil na talmhaíochta agus an bheostoic.

Is éard atá sa bheart infheistíochtaí i gcórais bainistithe aoiligh, nuachóiriú tithe gloine, éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite, agus talmhaíocht bheacht agus teicneolaíocht ar fheirmeacha.

Infheistíocht 5 (C3.I5) — Straitéis maidir leis an Earnáil Agraibhia agus Foraoiseachta agus an Timpeallacht Tuaithe a Dhigitiú: gníomhaíochtaí a fhorbairt chun tacú le digitiú agus fiontraíocht na hearnála agraibhia agus foraoiseachta agus na timpeallachta tuaithe

Leagfar amach sa bheart sin gníomhaíochtaí sa Straitéis maidir le Digitiú na nEarnálacha Agraibhia, Foraoiseachta agus Tuaithe, a ghlac rialtas na Spáinne i mí an Mhárta 2019, agus sa dara plean gníomhaíochta uaidh 2021-2023. Áireofar an méid seo a leanas ar na gníomhaíochtaí:

a) Líne shonrach tacaíochta airgeadais do FBManna san earnáil agraibhia chun tionscadail ghnó nuálacha agus dhigiteacha a dhreasú, a bheidh le cur chun feidhme trí iasachtaí rannpháirtíochta a sholáthar;
b) Mol nuálaíochta digití do ghnólachtaí san earnáil agraibhia, a chuirfear chun feidhme trí chonradh inmheánach agus trí sholáthar poiblí trí thairiscintí iomaíocha;
c) Faireachlann maidir le digitiú san earnáil agraibhia trí chomhaontú comhpháirtíochta idir MAPA agus an comhlacht comhair; agus
d) ardán de chomhairleoirí an Chórais um Eolas agus Faisnéis Talmhaíochta (AKIS) a fheidhmeoidh mar uirlis chun aistriú eolais agus faisnéise idir gníomhaithe AKIS a chothú, rud a chuirfear chun feidhme trí dhá chonradh inmheánacha.

Mar chuid den bheart, déanfaidh 60 FBM agraibhia ar a laghad tionscadail ghnó nuálacha agus dhigiteacha a chur chun feidhme a chomhlíonfaidh an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus a mhaoineofar trí iasachtaí rannpháirtíochta faoi dheireadh 2023.

Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), déanfar an méid seo a leanas sa chomhaontú dlíthiúil idir an Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, agus Empresa Nacional de Innovación (ENISA) agus beartas infheistíochta na hionstraime airgeadais ina dhiaidh sin:

i. cur i bhfeidhm threoir theicniúil an Choimisiúin maidir le díonadh inbhuanaitheachta do Chiste InvestEU a éileamh; agus

ii. an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas a eisiamh ó incháilitheacht: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[5]; (II) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[6]; (III) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola[7] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[8]; agus (iv) gníomhaíochtaí agus sócmhainní ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol;

iii. a cheangal go bhfioróidh ENISA comhlíonadh dlíthiúil reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha na dtionscadal le haghaidh gach idirbhirt, lena n-áirítear iad siúd atá díolmhaithe ó dhíonadh inbhuanaitheachta.

Ní thacófar le haon ghníomhaíochtaí a bhaineann le gabháil agus stóráil carbóin.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 30 Meitheamh 2023.

<u>Infheistíocht 6 (C3.I6) — Plean chun inbhuanaitheacht, taighde, nuálaíocht agus digitiú a chur chun cinn in earnáil an iascaigh (I): Líonra na gcúlchistí muirí um leas iascaigh a nuachóiriú</u>

Is é is cuspóir don bheart seo líonra na gcúlchistí muirí um leas iascaigh a nuachóiriú trí bhíthin na ngníomhaíochtaí seo a leanas:

[5] Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

[6] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[7] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[8] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

a) Dhá shoitheach tacaíochta sainchuspóireacha a fháil chun rialú agus faireachas ar na gníomhaíochtaí a dhéantar sna cúlchistí a áirithiú;
b) teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a chur chun feidhme chun rialú agus faireachán ar na cúltaiscí a chumasú, trí dhróin a fháil, ar a laghad, a bhfuil cumhacht leordhóthanach acu chun gníomhaíochtaí rialaithe agus faireacháin a cheadú agus na modhanna atá ann cheana a bharrfheabhsú;
c) an líonra cúltacaí a leathnú trí chúltaca muirí nua a chruthú; agus
d) an cúltaca muirí atá ann cheana, *Isla de Alborán, agus* a thimpeallacht, a thabhairt cothrom le dáta chun rochtain a éascú, a éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú chomh maith lena fheistiú le saoráidí leordhóthanacha (i.e. nasc raidió radair leis an Leithinis) chun faireachán agus rialú a dhéanamh ar an gcúltaca.

Déanfar fáil an dá shoitheach tacaíochta sainchuspóireacha agus cur chun feidhme na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide chun rialú agus faireachán a chumasú a chur chun feidhme trí nósanna imeachta soláthair phoiblí.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, beidh an dá shoitheach tacaíochta sainchuspóireacha ar an teicneolaíocht is fearr atá ar fáil a mbeidh an tionchar is ísle aici ar an gcomhshaol san earnáil. Is éard a bheidh san infheistíocht a bhaineann le líonra na gcúltacaí muirí a leathnú staidéar chun cúltaca muirí nua a chruthú, a bheartaítear a dhéanamh trí chonradh inmheánach. Is amhlaidh atá i gcás na n-oibreacha atá beartaithe chun cúltaisce *Isla de Alborán* agus a timpeallacht a thabhairt cothrom le dáta, lena n-áireofar staidéar riachtanach ar thógáil agus ar bharrfheabhsú fuinnimh.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2024.

<u>Infheistíocht 7 (C3.I7) — Plean chun borradh a chur faoi inbhuanaitheacht, taighde, nuálaíocht agus digitiú earnáil an iascaigh (II): Borradh a chur faoi thaighde iascaigh agus dobharshaothraithe agus tacú le hoiliúint</u>

Cuirfidh an beart seo feabhas ar chainníocht agus ar cháilíocht an eolais eolaíoch atá mar bhonn eolais don chinnteoireacht in ábhair a bhaineann le bainistiú iascaigh. Áirítear an méid seo a leanas sa bheart: (i) dhá thóireadóir fuaimiúla ar a laghad a cheannach chun dhá shoitheach taighde iascaireachta agus aigéaneolaíochta atá ann cheana a fheistiú chun cáilíocht na sonraí a fhaightear chun measúnú eolaíoch a dhéanamh ar stoic éagsúla na speiceas peiligeach a áirithiú; agus (ii) taighde iascaigh agus dobharshaothraithe a chur chun cinn chun cur chuige bunaithe ar éiceachórais a áirithiú i leith na cinnteoireachta i mbainistiú iascaigh.

Is ar bhonn nós imeachta soláthair phoiblí ina ndéanfar an tairiscint ar bhonn eisiach a chuirfear chun feidhme fáil an dá thóireadóir fhuaimiúla. Déanfar taighde iascaigh agus dobharshaothraithe a chur chun cinn trí chomhaontuithe a shíniú le comhlachtaí taighde poiblí agus, i gcás inarb iomchuí, trí shannacháin d'acmhainní dílse chun breathnóirí ar bord a earcú, nó trí thairiscintí.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 30 Meitheamh 2022.

Infheistíocht 8 (C3.I8) — Plean chun borradh a chur faoi inbhuanaitheacht, taighde, nuálaíocht agus digitiú earnáil an iascaigh (III): Forbairt theicneolaíoch agus nuálaíocht san iascach agus sa dobharshaothrú

Is é is cuspóir don bheart seo earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe a bhunú atá níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil, an gheilleagair agus na sochaí de trí bhíthin dhá líne ghníomhaíochta:

a) Comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha a chruthú chun borradh a chur faoin bhfás gorm san earnáil, chun tionscadail a chur chun feidhme a fheidhmeoidh mar chatalaígh do phróisis an gheilleagair ghoirm; agus

b) tacaíocht don fhorbairt theicneolaíoch agus don nuálaíocht san earnáil.

Beartaítear leis an mbeart 20 tionscadal taighde, forbartha agus nuálaíochta ar a laghad a thabhairt chun críche chun teicneolaíochtaí nua a ghlacadh atá fabhrach d'athléimneacht agus d'inbhuanaitheacht earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 30 Meitheamh 2023.

Infheistíocht 9 (C3.I9) — Plean chun borradh a chur faoin inbhuanaitheacht, faoin taighde, faoin nuálaíocht agus faoin digitiú in earnáil an iascaigh (IV): Digitiú agus úsáid TFCanna in earnáil an iascaigh

Is é is aidhm don bheart seo feabhas a chur ar an bhfaireachas ar ghníomhaíocht iascaireachta chun inbhuanaitheacht chomhshaoil a áirithiú chomh maith le hinmharthanacht mheántéarmach agus fhadtéarmach earnáil an iascaigh. Tá dhá líne ghníomhaíochta sa bheart:

a) Scéim cabhrach chun earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe a dhigitiú, lena n-áirítear cabhair chun córas faireachais a shuiteáil ina n-úsáidtear ceamaraí chun cianfhaireachán a dhéanamh ar iascaigh agus chun ábhar muirí aischurtha a chomhrac i gcás soithí is faide ná 24 mhéadar ar fad; agus

b) réitigh nua-aimseartha TFC don fhaireachas iascaireachta, lena n-áirítear (i) córas cláraithe gabhálacha (lena n-áirítear gléasanna a fháil chun gabhálacha a chur isteach go leictreonach chomh maith lena ngeoshuíomh) agus an fhéidearthacht ann soithí ar lú ná 12 mhéadar a bhfad a rianú; (II) treoirthionscadal a sheoladh le haghaidh seirbhís eitilte ladrainn le haghaidh rialú agus faireachas iascaigh agus treoirthionscadal le haghaidh córas cianfhaireacháin le haghaidh gabhálacha soithí iascaireachta is faide ná 24 mhéadar ar fad; agus (iii) gairis agus bogearraí (i.e. an dara balla dóiteáin a shuiteáil) chun slándáil Chóras Faisnéise Iascaigh na Spáinne a threisiú.

Déanfar digitiú earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe na Spáinne a chur chun feidhme i bhfoirm deontas le haghaidh tairiscint iomaíoch, agus déanfar réitigh nua-aimseartha TFC maidir le faireachas iascaireachta a chur chun feidhme trí sholáthar oscailte láraithe.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht 10 (C3.I10) — Plean chun borradh a chur faoi inbhuanaitheacht, taighde, nuálaíocht agus digitiú earnáil an iascaigh (V): Tacaíocht don chomhrac i gcoinne na hiascaireachta neamhdhleathaí, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte

Tacóidh an beart seo leis an gcomhrac i gcoinne na hiascaireachta neamhdhleathaí, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte, atá fós ina bhagairt d'éiceachórais mhuirí. Chuige sin, tacaíonn an beart leis na hinfheistíochtaí seo a leanas:

a) Ceithre shoitheach patróil a fháil; agus

b) nuachóiriú trí shoitheach patróil mórmhara a úsáidfear chun iascaireacht neamhdhleathach, thuairiscithe agus neamhrialáilte a chomhrac.

Cuirfear an beart chun feidhme trí nós imeachta soláthair phoiblí chun soithí patróil a thógáil agus trí leasú a dhéanamh ar chomhaontú le Cabhlach na Spáinne i gcás soithí patróil amach ón gcósta, lena soláthrófar cumhdach dlíthiúil don aistriú atá le déanamh chuig an gCabhlach, lena mbainisteofar na hoibreacha nuachóirithe thuasluaite.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, ní bheidh éadálacha agus nuachóiriú soithí ach ar an teicneolaíocht is fearr dá bhfuil ar fáil a mbeidh an tionchar is ísle aici ar an gcomhshaol san earnáil.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2022.

Infheistíocht 11 (C3.I11) — Plean chun borradh a chur faoin inbhuanaitheacht, faoin taighde, faoin nuálaíocht agus faoin digitiú in earnáil an iascaigh (VI): Tacaíocht do mhaoiniú earnáil an iascaigh

Leis an mbeart seo, soláthrófar maoiniú do thionscadail infheistíochta in earnáil an iascaigh trí iasacht a sholáthar do *Sociedad Anónima Estatal de Caución Agraria* (SAECA). Is é cuspóir an bhirt líne airgeadais chistiúcháin a chruthú do thionscadail a bhaineann le gníomhaíocht iascaireachta inbhuanaithe, lena n-áirítear: (i) dálaí oibre agus sábháilteachta a fheabhsú; (II) próisis agus córais a dhigitiú; (III) luach agus inrianaitheacht táirgí a fheabhsú; (IV) táirgí agus cuir i láthair nua a chuardach, lena n-áirítear pacáistiú; agus (v) borradh a chur faoin nuálaíocht, faoin bhfeabhsú fuinnimh agus faoin éifeachtúlacht fuinnimh, agus faoin aistriú chuig fuinneamh lena mbaineann tionchair aeráide níos ísle.

Cuirtear an beart chun feidhme trí chomhaontú idir an Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, agus SAECA chun tacú le maoiniú tionscadal infheistíochta in earnáil na hiascaireachta. Tá an sásra bunaithe ar iasacht do SAECA chun líne mhaoiniúcháin a chruthú atá beartaithe chun tionscadail a athráthú le gníomhaíochtaí a bhaineann le gníomhaíocht iascaireachta inbhuanaithe. Áireofar sa chomhaontú coinníoll lena ráthaítear go gcomhlíonfaidh na hinfheistíochtaí a dhéanfar leis an maoiniú sin an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), déanfar an méid seo a leanas leis an gcomhaontú dlíthiúil idir an Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, agus SAECA agus beartas infheistíochta na hionstraime airgeadais ina dhiaidh sin:

i. cur i bhfeidhm threoir theicniúil an Choimisiúin maidir le díonadh inbhuanaitheachta do Chiste InvestEU a éileamh; agus

ii. an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas a eisiamh ó incháilitheacht: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[9]; (II) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil

[9] Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[10]; (III) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola[11] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[12]; agus (iv) gníomhaíochtaí agus sócmhainní ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol; agus

iii. a cheangal go bhfíoróidh SAECA comhlíonadh dlíthiúil reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha na dtionscadal le haghaidh gach idirbhirt, lena n-áirítear iad siúd atá díolmhaithe ó dhíonadh inbhuanaitheachta.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 30 Meitheamh 2022.

C.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne le haghaidh gach táscaire mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

[10] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[11] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[12] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
39	C3.R1	M	Teacht i bhfeidhm Dhlí Foraithne Ríoga 5/2020, maidir le bearta práinneacha i ndáil le talmhaíocht agus bia agus Dlí 8/2020 maidir le modhnú a dhéanamh ar Dhlí 12/2013, maidir le bearta chun feidhmiú an bhiashlabhra a fheabhsú	Forálacha Dhlí Foraithne Ríoga 5/2020, Dlí 8/2020, Dlí 12/2013 maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2020	Teacht i bhfeidhm Dhlí Foraithne Ríoga 5/2020 (Feabhra 25 2020) ina bhfuil bearta práinneacha maidir le talmhaíocht agus bia, chun feidhmiú an bhiashlabhra a fheabhsú tríd an reachtaíocht náisiúnta lena rialaítear caidreamh trádála sa bhiashlabhra a leasú. Is iad na príomhchuspóirí atá ann na costais táirgthe a chumhdach le praghsanna táirgí bia, scriosadh luacha sa bhiashlabhra a sheachaint agus toirmeasc a chur ar chur chun cinn a bhfuil sé mar aidhm leo tomhaltóirí a chur ar míthreoir maidir le praghas agus íomhá táirgí. Teacht i bhfeidhm Dhlí 8/2020 maidir le modhnú a dhéanamh ar Dhlí 12/2013, maidir le bearta práinneacha chun feidhmiú an bhiashlabhra a fheabhsú, chun an Dlí Foraithne Ríoga thuasluaite a bhailíochtú trí Dhlí a ghlacadh.
40	C3.R1	M	Teacht i bhfeidhm an dara leasú ar Dhlí 12/2013 maidir le bearta chun feidhmiú an bhiashlabhra a fheabhsú	Foráil Dlí 12/2013 maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2021	Teacht i bhfeidhm an dara leasú ar Dhlí 12/2013 maidir le bearta chun feidhmiú an bhiashlabhra a fheabhsú, thar íoscheanglais Threoir (AE) 2019/633. Leis an leasú dlíthiúil sin, cuirtear gníomhaíochtaí éagsúla chun cinn i dtreo slabhra luacha bia atá níos trédhearcaí agus níos cothroime lena dtugtar le tuiscint athruithe ar (i) raon feidhme leathnaithe an dlí chun caidreamh trádála a chumhdach; (II) leathnaítear inneachar íosta conarthaí bia chuig beagnach gach idirbheart.
41	C3.R2	M	Teacht i bhfeidhm an chreata rialála chun clár ginearálta de na Teicnící is Fearr atá ar Fáil ar fheirmeacha a fhorbairt chun eolas a chur ar fáil maidir le hastaíochtaí truailleán agus GCT, agus an reachtaíocht phleanála a athchóiriú le critéir maidir le feirmeacha ar fud na n-earnálacha	Foráil an chreata rialála maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2022	Leis an gcreat rialála chun clár ginearálta na dTeicnící is Fearr atá ar Fáil a fhorbairt, éascófar ríomhanna astaíochtaí truaillitheacha agus astaíochtaí gás ceaptha teasa i bhfeirmeacha muc agus éanlaithe clóis, chomh maith le taifeadadh sonraí comhshaoil eile. Leis an athbhreithniú a dhéanfar de réir a chéile ar an reachtaíocht pleanála sna hearnálacha beostoic, rialófar na ceanglais maidir le suíomh, méid, dálaí sláintíochta agus bonneagair ar fheirmeacha, lena modhnófar na ceanglais maidir le feirmeacha muc, agus lena gcruthófar creat rialála nua d'earnáil na héanlaithe clóis.
75	C5.R1	M	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar an Dlí Uisce agus ar an Rialachán nua a chuirtear in ionad Fhoraithne Ríoga 1620/2007	Foráil den Dlí Uisce maidir le teacht i bhfeidhm				R2	2023	Leasú ar an Dlí Uisce chun athbhreithniú ar chánacha le haghaidh sceitheadh fuíolluisce agus ar an gcóras chun costais an bhonneagair uisce a aisghabháil a áireamh i gcomhréir leis na prionsabail gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as agus go n-aisghabhfar na costais. Leis an Rialachán nua a chuirfear in ionad Fhoraithne Ríoga 1620/2007, athrófar an creat rialála agus airgeadais le haghaidh athúsáid fuíolluisce i gcomhréir leis na prionsabail gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as agus aisghabháil costas, rud a chuirfidh feabhas ar fhaireachán agus ar chosaint dobharlach, lena n-áirítear screamhuisce, agus a thabharfaidh aghaidh ar thriomaigh agus ar ghnéithe teirce.
76	C5.I1	T	Bonneagair fheabhsaithe cóireála uisce agus fuíolluisce		Líon (gníomhaíochtaí)	0	70	R2	2023	70 gníomhaíocht curtha i gcrích chun bonneagair cóireála uisce agus fuíolluisce a fheabhsú agus/nó a thógáil, arb é is aidhm dóibh comhlíonadh Threoir 91/271/CEE a áirithiú (i gcás tionscadail bonneagair fuíolluisce), nó feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus/nó caillteanais uisce i gcórais dáileacháin uisce a laghdú (i gcás tionscadail bonneagair uisce).
427	C5.I1	T	Bonneagair cóireála uisce agus fuíolluisce a thógáil nó a athchóiriú		Líon (bonneagair cóireála uisce agus fuíolluisce)	70	359	R2	2026	I gcás 359 mbonneagar cóireála uisce agus fuíolluisce: • Deimhniú ón riarachán nó ó eintiteas poiblí go ndearnadh conarthaí a bhaineann lena n-athchóiriú nó lena dtógáil; nó • Deimhniú ón riarachán nó ó eintiteas poiblí go bhfuil tús curtha leis an gcéim tástála tar éis iad a athchóiriú nó a thógáil, nó • Fíorú arna dhéanamh ag an riarachán nó ag eintiteas poiblí ar an mbonn cirt doiciméadach atá le híocaíochtaí deontais a bhaineann lena n-athchóiriú nó lena dtógáil.
428	C5.I1	M	Sábháilteacht dambaí nó taiscumar	Deimhnithe glactha, ráitis chomhréireachta nó a gcoibhéis lena ndeimhnítear gur cuireadh conarthaí i gcrích				R2	2026	Deimhniú ón riarachán nó ó eintiteas poiblí go ndearnadh conarthaí a bhaineann le sábháilteacht 15 dhamba nó taiscumar. Eisiafar infheistíochtaí i dtógáil dambaí nua nó i leathnú dambaí atá ann cheana.
77	C5.I2	M	Athshlánú na cosanta ar bhruacha abhann i gcoinne rioscaí tuilte	Deimhnithe arna síniú ag MITERD				R4	2022	Rinneadh 200 km ar a laghad de bhruacha abhann a athchóiriú agus tugadh cosaint do 40000 áitritheoir ar a laghad ar rioscaí tuilte.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
77bis	C5.I2	M	Faireachán agus athchóiriú aibhneacha	Tuarascálacha críochnaitheacha ó eintitis is faighteoirí nó ó dhaoine aonair nó deimhnithe glactha, ráitis chomhréireachta, deimhnithe íocaíochta nó a gcoibhéis lena ndeimhnítear gur cuireadh conarthaí i gcrích				R2	2026	I réimsí an fhaireacháin agus an athchóirithe abhann, chomh maith le cosaint riosca tuilte, le haghaidh méid carnach iomlán EUR 203400000: • Déanfaidh eintitis is faighteoirí nó daoine aonair is faighteoirí tuarascálacha críochnaitheacha lena ndeimhnítear tabhairt chun críche na dtionscadal arna ndámhachtain a chur isteach le haghaidh deontas. Is éard a bheidh sa ranníocaíocht i dtreo an mhéid charnaigh iomláin an méid a dhámhfar ar an tionscadal. • Deimhniú ón riarachán nó ó eintiteas poiblí go ndearnadh conarthaí (lena n-áirítear aon leasú), nó codanna díobh. Is éard a bheidh sa ranníocaíocht i dtreo an mhéid charnaigh iomláin an méid a fheidhmeofar mar a shainmhínítear i ndeimhnithe glactha, i ráitis chomhréireachta, i ndeimhnithe íocaíochta nó i ndoiciméid choibhéiseacha.
78	C5.I2	M	Idirghabhálacha i mbonneagair soláthair uisce	Deimhnithe glactha, *actas de puesta en marcha/servicio,* ráitis chomhréireachta, fíorú arna dhéanamh ag an riarachán nó ag eintiteas poiblí maidir le dúnadh tobair nó a choibhéis				R2	2026	Le haghaidh 15 idirghabháil tógála, athchóirithe nó dúnta i mbonneagair soláthair uisce: • Deimhniú ón riarachán nó ó eintiteas poiblí gur comhlíonadh conarthaí, nó • Deimhniú ón riarachán nó ó eintiteas poiblí go bhfuil tús curtha leis an gcéim thástála tar éis na hidirghabhála, nó • Fíorú ag an riarachán nó ag eintiteas poiblí gur dúnadh tobar. Is í an teicneolaíocht is fearr atá ar fáil ag a bhfuil an tionchar is ísle ar an gcomhshaol san earnáil infheistíochtaí i mbonneagar chun uisce díshalannaithe a tháirgeadh.
430	C5.I3	M	PERTE chun úsáidí uisce a dhigitiú	Tuarascálacha críochnaitheacha ó eintitis is faighteoirí nó ó dhaoine aonair nó deimhnithe glactha, ráitis chomhréireachta, deimhnithe íocaíochta nó a gcoibhéis lena ndeimhnítear gur cuireadh conarthaí i gcrích				R2	2026	I réimse PERTE chun úsáidí uisce a dhigitiú, le haghaidh méid carnach iomlán EUR 494100000: • Déanfaidh eintitis is faighteoirí nó daoine aonair is faighteoirí tuarascálacha críochnaitheacha lena ndeimhnítear tabhairt chun críche na dtionscadal arna ndámhachtain a chur isteach le haghaidh deontas. Is éard a bheidh sa ranníocaíocht i dtreo an mhéid charnaigh iomláin an méid a dhámhfar ar an tionscadal. • Deimhniú ón riarachán nó ó eintiteas poiblí go ndearnadh conarthaí (lena n-áirítear aon leasú), nó codanna díobh. Is éard a bheidh sa ranníocaíocht i dtreo an mhéid charnaigh iomláin an méid a fheidhmeofar mar a shainmhínítear i ndeimhnithe glactha, i ráitis chomhréireachta, i ndeimhnithe íocaíochta nó i ndoiciméid choibhéiseacha.
426	C5.I3	M	Radair agus próisis hidreolaíocha nó	Deimhnithe glactha, ráitis chomhréireachta, deimhnithe íocaíochta				R2	2026	Deimhniú ón riarachán nó ó eintiteas poiblí go ndearnadh conarthaí, nó codanna comhfhreagracha díobh, a bhaineann le radair agus le digitiú próiseas hidreolaíoch nó meitéareolaíoch, ar mhéid carnach iomlán EUR

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			mheitéareolaíocha a dhigitiú	nó a gcoibhéis lena ndeimhnítear gur comhlíonadh conarthaí.						299700000. Is éard a bheidh sa ranníocaíocht i dtreo an mhéid charnaigh iomláin an méid a fheidhmeofar mar a shainmhínítear i ndeimhnithe glactha, i ráitis chomhréireachta, i ndeimhnithe íocaíochta nó i ndoiciméid choibhéiseacha.
80	C5.I4	T	Limistéir agus éiceachórais dhíghrádaithe a athchóiriú ar fud 50 ciliméadar ar a laghad d'imeallbhord		Líon (ciliméadair)	0	50	R4	2022	50 ciliméadar ar a laghad de chósta a thabhairt chun críche maidir le limistéir agus éiceachórais dhíghrádaithe a athchóiriú, rochtain ar limistéir chósta a chosaint agus a mhéadú, creimeadh a mhaolú, eolas níos fearr agus athléimneacht agus oiriúnú limistéar cósta d'éifeachtaí an athraithe aeráide a mhéadú, cianfhaireachán agus beartais straitéiseacha pleanála muirí a chur chun feidhme. Leis na gníomhaíochtaí, breithneofar aon cheann de na nithe seo a leanas: (i) Athléimneacht chósta na Spáinne in aghaidh éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide a mhéadú trí chreimeadh a chomhrac agus tríd an gcósta a neartú. Breithneofar leis sin cruthú uisce briste, tránna saorga, dromchlaí ar snámh, bainistiú dríodair, réitigh dhúlrabhunaithe, athchóiriú córais trá agus dumhcha, bonneagar cosanta cósta, cur chun feidhme eangach cliste chun faireachán a dhéanamh ar chreimeadh cósta, nó gníomhaíochtaí a bhfuil éifeachtaí comhchosúla acu. (II) Na héiceachórais chósta nó na limistéir dhíghrádaithe a chosaint agus a athbhunú. Déanfar é sin trí (a) suiteálacha a ndéanann cúlú difear dóibh a athlonnú; (b) an réimse muirí talamhbhunaithe atá faoi úinéireacht an Stáit a theorannú; talamh muirí faoi úinéireacht Stáit atá áitithe go míchuí nó go míchuí a ghnóthú; (d) measúnú agus bainistíocht riosca nó gníomhaíochtaí comhchosúla; (e) athshlánú comhshaoil limistéar cósta díghrádaithe agus éiceachóras cósta díghrádaithe; caomhnú agus bainistí an chósta; agus/nó (g) gníomhaíochtaí a bhfuil éifeachtaí comhchosúla acu. (III) Feabhas a chur ar inrochtaineacht ordúil cheart ar an réimse muirí poiblí talamhbhunaithe. Déanfar é sin trí thalamh a aisghabháil chun rochtain ar an bhfearann poiblí a sholáthar, trí rochtain nó gníomhaíochtaí a bhfuil éifeachtaí comhchosúla acu a phleanáil, a bhainistiú agus a athbhunú. (IV) Beartais straitéiseacha pleanála muirí a chur chun feidhme. Déanfar é sin trí Phleanáil Spásúil Mhuirí, Straitéisí Muirí, comhairle eolaíoch maidir leis na haigéin, an aeráid agus céstaí a chur chun feidhme, agus trí fheidhmchlár gréasáin geothagartha a fhorbairt d'úsáideoirí farraige.
81	C5.I4	T	Limistéir agus éiceachórais dhíghrádaithe a athchóiriú ar fud 100		Líon (ciliméadair)	50	100	R2	2023	Oibreacha a chur i gcrích thar 100 ciliméadar ar a laghad d'imeallbhord ina mbeidh aon cheann díobh seo a leanas: (i) Athléimneacht chósta na Spáinne in aghaidh éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide a mhéadú trí chreimeadh a chomhrac agus tríd an gcósta

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			ciliméadar ar a laghad d'imeallbhord							agus cianfhaireachán a neartú. Breithneofar leis sin cruthú uisce briste, tránna saorga, dromchlaí ar snámh, bainistiú dríodair, réitigh dhúlrabhunaithe, athchóiriú córais trá agus dumhcha, bonneagar cosanta cósta, cur chun feidhme eangach cliste chun faireachán a dhéanamh ar chreimeadh cósta, eolas níos fearr nó gníomhaíochtaí a bhfuil éifeachtaí comhchosúla acu. (II) Éiceachórais chósta nó dhíghrádaithe a chosaint agus a athbhunú limistéir. Déanfar é sin trí (a) suiteálacha a ndéanann cúlú difear dóibh a athlonnú; (b) an réimse muirí talamhbhunaithe atá faoi úinéireacht an Stáit a theorannú; talamh muirí faoi úinéireacht Stáit atá áitithe go míchuí nó go míchuí a ghnóthú; (d) measúnú agus bainistíocht riosca nó gníomhaíochtaí comhchosúla; (e) athshlánú comhshaoil limistéar cósta díghrádaithe agus éiceachóras cósta díghrádaithe; caomhnú agus bainistí an chósta; (g) eolas níos fearr agus/nó (h) gníomhaíochtaí ag a bhfuil éifeachtaí comhchosúla. (III) Feabhas a chur ar inrochtaineacht ordúil cheart ar an réimse muirí poiblí talamhbhunaithe. Déanfar é sin trí thalamh a aisghabháil chun rochtain ar an bhfearann poiblí a sholáthar, trí rochtain, eolas níos fearr nó gníomhaíochtaí a bhfuil éifeacht chomhchosúil acu a phleanáil, a bhainistiú agus a athbhunú. (IV) Beartais straitéiseacha pleanála muirí agus eolas níos fearr a chur chun feidhme. Déanfar é sin trí Phleanáil Spásúil Mhuirí, Straitéisí Muirí, comhairle eolaíoch maidir leis na haigéin, an aeráid agus céstaí a chur chun feidhme, agus trí fheidhmchlár gréasáin geothagartha a fhorbairt d'úsáideoirí farraige. (Bunlíne: 31 Nollaig 2022.)
81b	C5.I4	T	Oibreacha athchóirithe thar imeallbhoird		Líon (ciliméadair)	0	110	R2	2026	Oibreacha athchóirithe a chur i gcrích thar 110 ciliméadar d'imeallbhoird. Oibreacha a áirítear faoi chomhair sprioc 80 agus sprioc 81, ní chuirfear san áireamh iad faoi chomhair na sprice sin.

F. COMHCHUID 06: SOGHLUAISTEACHT INBHUANAITHE (FADRAOIN)

Leis an gcuid sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne, tugtar aghaidh ar na dúshláin seo a leanas: 1) an t-aistriú i dtreo modhanna iompair níos inbhuanaithe; 2) astaíochtaí na hearnála iompair a laghdú; 3) earnáil an iompair a dhéanamh níos sábháilte, níos inrochtana, níos inbhuanaithe agus níos cuimsithí.

Is iad seo a leanas cuspóirí na comhpháirte: gréasán iarnróid na Spáinne a fhorbairt (go háirithe croíchonairí TEN-T agus gréasán neamhlárnach TEN-T); gréasán iompair níos idir-inoibrithí a bhunú (iarnród, bóthar, calafoirt) d'fhonn a lorg carbóin a laghdú; naisc trasteorann leis an bhFrainc agus leis an bPortaingéil a fheabhsú; nuachóiriú na hearnála iompair trí ardteicneolaíochtaí digiteacha a ghlacadh.

Tugann an chomhpháirt sin aghaidh ar na Moltaí Tírshonracha maidir le hinfheistíocht a chur chun cinn i ndáil le héifeachtúlacht fuinnimh agus úsáid acmhainní agus maidir le bonneagar lasta iarnróid a chur chun cinn (Moladh Sonrach Tír 3 2019) agus maidir leis an infheistíocht san aistriú glas agus digiteach agus san iompar inbhuanaithe (Moladh Sonrach Tír 3 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

F.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C6.R1) — Straitéis um an tSoghluaisteacht Shábháilte, Inbhuanaithe agus Nasctha

Is iad seo a leanas cuspóirí an bhirt:

a) Slándáil an líonra soghluaisteachta a mhéadú lena n-áiritheofar cosaint níos fearr do dhaoine agus d'earraí, lena bhfeabhsófar caighdeáin agus lena laghdófar tionóiscí.
b) Inbhuanaitheacht a mhéadú agus tús áite á thabhairt don tsoghluaisteacht laethúil, don chothromas eacnamaíoch agus sóisialta, don éifeachtúlacht fuinnimh agus don chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide.
c) Feabhas a chur ar an nascacht leis an digitiú, leis an dul chun cinn teicneolaíoch agus leis an nascacht ilmhódach.

Tabharfar aghaidh sa straitéis ar ghníomhaíochtaí sonracha sna naoi réimse seo a leanas:

i. Soghluaisteacht do chách (inrochtaineacht uilíoch ar chostas réasúnta a áirithiú);
ii. Beartais Infheistíochta Nua (chun maoiniú leordhóthanach bonneagar agus seirbhísí iompair a áirithiú);
iii. Soghluaisteacht shlán (tosaíocht a thabhairt d'infheistíocht san fhaireachán, sa chothabháil agus sa chibearshlándáil);
iv. Soghluaisteacht íseal-astaíochtaí (éifeachtúlacht a mhéadú, ídiú fuinnimh a laghdú);
v. Soghluaisteacht chliste (treisiú T & F agus nuálaíocht soghluaisteachta, bonneagar cliste a thógáil agus a bhainistiú);
vi. Slabhraí Lóistíochta Idirmhódúla Cliste (tosaíocht a thabhairt d'iompar earraí d'iarnród i gcláir oibre phoiblí agus phríobháideacha);

vii. An Eoraip a Nascadh agus Nasctha leis an Domhan (calafoirt a nascadh le críochfoirt lóistíochta idirmhódúla agus comhar le tíortha comharsanachta a threisiú chun tógáil agus/nó feabhsú bonneagar trasteorann a chomhordú);
viii. Gnéithe sóisialta agus saothair (cothromaíocht inscne agus gníomhaíochtaí athscilithe agus uas-scilithe don lucht saothair iompair); agus
ix. An aireacht iompair, soghluaisteachta agus clár oibre uirbeach a dhigitiú chun glacadh leis an aistriú digiteach agus chun a bheith níos oscailte agus níos nuálaí.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2021.

Athchóiriú 2 (C6.R2) — Straitéis Iarnróid Tháscach

Is iad cuspóirí an athchóirithe ionstraimí a bhunú chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an gréasán iarnróid riachtanais soghluaisteachta na todhchaí ar bhealach comhleanúnach agus éifeachtach. Bunófar leis an straitéis cás soiléir pleanála don mhodh iompair iarnróid agus beifear in ann tosaíochtaí infheistíochta a ailíniú leis an Straitéis um Shoghluaisteacht Shábháilte, Inbhuanaithe agus Nasctha (R1).

Is éard a bheidh san athchóiriú roinnt gníomhaíochtaí lena n-áirítear:

a) pleanáil níos soiléire a bhunú maidir le gníomhaíochtaí san earnáil iarnróid, go háirithe gníomhaíochtaí atá dírithe ar an tsoghluaisteacht laethúil;
b) cothabháil líonraí a fheabhsú;
c) inbhuanaitheacht eacnamaíoch an ghréasáin iarnróid a áirithiú;
d) tús áite a thabhairt d'éifeachtúlacht acmhainní, le meastóireacht ex-ante agus ex-post ar thionscadail infheistíochta;
e) idir-inoibritheacht an ghréasáin a fheabhsú, go háirithe ar chonairí an ghréasáin thras-Eorpaigh, agus idirmhódúlacht an ghréasáin a fheabhsú;
f) borradh a chur faoin trácht lasta iarnróid;
g) feabhas a chur ar shábháilteacht in iompar d'iarnród agus
h) digitiú an iompair agus na nuálaíochta a chothú chun soghluaisteacht nasctha a áirithiú.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

Infheistíocht 1 (C6.I1) — Líonra tarchurtha náisiúnta: Conairí Eorpacha

Is iad cuspóirí an bhirt bonneagar nua iarnróid a thógáil i gcroíchonairí TEN-T na hEorpa agus na cinn atá ann cheana a nuachóiriú agus a uasghrádú. Is éard atá sa bheart gníomhaíochtaí lena gcumhdaítear 1400 ciliméadar de chonairí lárnacha TEN-T.

Infheistíocht 2 (C6.I2) — Clár an Ghréasáin Thras-Eorpaigh Iompair, oibreacha eile

Is é cuspóir an bhirt na gréasáin iompair náisiúnta a dhéanamh níos iontaofa, níos inbhuanaithe, níos sláine agus níos athléimní. Is éard atá sa bheart gníomhaíochtaí éagsúla i réimsí an aeriompair, an iompair de bhóthar agus an iompair d'iarnród, agus chun tacú le gníomhaíochtaí digitithe.

Infheistíocht 3 (C6.I3) — Idirmhódúlacht agus lóistíocht

Is é cuspóir an bhirt Ais 6 den Straitéis um an tSoghluaisteacht Shlán, Inbhuanaithe agus Nasctha (R1) maidir le Slabhraí Lóistíochta Idirmhódúla Cliste a chur chun feidhme. Is éard atá sa bheart idirghabhálacha a bhaineann le críochfoirt idirmhódúla agus lóistíochta, agus inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht calafort.

Infheistíocht 4 (C6.I4) — Clár tacaíochta le haghaidh iompar inbhuanaithe agus digiteach

Is é cuspóir an bhirt éifeachtúlacht an chórais iompair a fheabhsú. Is éard atá sa bheart gníomhaíochtaí le haghaidh iompar inbhuanaithe nó digiteach.

F.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne le haghaidh gach táscaire mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
82	C6.R1	M	Straitéis maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe, shlán agus nasctha (comhairliúchán poiblí)	Fógra faoi dheireadh an chomhairliúcháin				R4	2020	Deireadh le próiseas comhairliúcháin phoiblí na straitéise lena dtugtar aghaidh ar ghníomhaíochtaí sna naoi réimse seo a leanas: 1) Soghluaisteacht do chách (chun inrochtaineacht uilíoch ar chostas réasúnta a áirithiú); 2) Beartais Infheistíochta Nua (chun maoiniú leordhóthanach bonneagar agus seirbhísí iompair a áirithiú); Soghluaisteacht shlán (tosaíocht a thabhairt d'infheistíocht san fhaireachán, sa chothabháil agus sa chibearshlándáil); 4) Soghluaisteacht íseal-astaíochtaí (éifeachtúlacht a mhéadú, ídiú fuinnimh a laghdú); 5) Soghluaisteacht chliste (borradh a chur faoi T & F agus nuálaíocht soghluaisteachta, bonneagar cliste a thógáil agus a bhainistiú); 6) Slabhraí Lóistíochta Idirmhódúla Cliste (chun tús áite a thabhairt d'iompar earraí d'iarnród); An Eoraip a Nascadh agus Nasctha leis an Domhan (calafoirt a nascadh le críochfoirt lóistíochta idirmhódúla agus comhar a threisiú le tíortha comharsanachta chun tógáil agus/nó feabhsú bonneagar trasteorann a chomhordú); 8) Gnéithe sóisialta agus saothair (cothromaíocht inscne agus gníomhaíochtaí athscilithe agus uas-scilithe don lucht saothair iompair); 9) An aireacht iompair (MITMA) a dhigitiú.
83	C6.R1	M	Straitéis maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe, shlán agus nasctha (formheas)	Formheas ó Chomhairle na nAirí				R4	2021	Formheas Chomhairle na nAirí ar an straitéis lena dtugtar aghaidh ar ghníomhaíochtaí sna naoi réimse seo a leanas: 1) Soghluaisteacht do chách (d'fhonn inrochtaineacht uilíoch ar chostas réasúnta a áirithiú); 2) Beartais Infheistíochta Nua (chun maoiniú leordhóthanach bonneagar agus seirbhísí iompair a áirithiú); Soghluaisteacht shlán (tosaíocht a thabhairt d'infheistíocht san fhaireachán, sa chothabháil agus sa chibearshlándáil); 4) Soghluaisteacht íseal-astaíochtaí (éifeachtúlacht a mhéadú, ídiú fuinnimh a laghdú); 5) Soghluaisteacht chliste (borradh a chur faoi T & F agus nuálaíocht soghluaisteachta, bonneagar cliste a thógáil agus a bhainistiú); 6) Slabhraí Lóistíochta Idirmhódúla Cliste (tosaíocht a thabhairt d'iompar earraí d'iarnród i gcláir oibre phoiblí agus phríobháideacha); An Eoraip a Nascadh agus Nasctha leis an Domhan (calafoirt a nascadh le críochfoirt lóistíochta idirmhódúla agus comhar a threisiú le tíortha comharsanachta chun tógáil agus/nó feabhsú bonneagar trasteorann a chomhordú);

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										8) Gnéithe sóisialta agus saothair (cothromaíocht inscne agus gníomhaíochtaí athscilithe agus uas-scilithe don lucht saothair iompair); 9) An aireacht iompair MITMA a dhigitiú.
84	C6.R2	M	Straitéis Iarnróid Tháscach	Foilsiú san Iris Oifigiúil				R4	2022	An rún maidir le formheas na Straitéise Táscaí Iarnróid a fhoilsiú san Iris Oifigiúil mar aon le gníomhaíochtaí maidir leis an méid seo a leanas: pleanáil níos soiléire a bhunú maidir le gníomhartha san earnáil iarnróid, go háirithe gníomhaíochtaí atá dírithe ar an ngnáth-shoghluaisteacht; cothabháil líonra a fheabhsú; (C) inbhuanaitheacht eacnamaíoch an ghréasáin iarnróid a áirithiú; tosaíocht a thabhairt d'éifeachtúlacht acmhainní, le meastóireacht ex-ante agus ex-post ar thionscadail infheistíochta; (e) idir-inoibritheacht an ghréasáin a fheabhsú, go háirithe ar chonairí an ghréasáin thras-Eorpaigh, agus idirmhódúlacht an ghréasáin a fheabhsú; borradh a chur faoin trácht lasta iarnróid; sábháilteacht in iompar d'iarnród a fheabhsú; digitiú an iompair agus na nuálaíochta a chothú chun soghluaisteacht nasctha a chinntiú. I gcás na ngníomhaíochtaí uile a áirítear sa 'Straitéis um Iarnród Táscach', a áirithiú go gcomhlíonfar forálacha Dhlí 21/2013 maidir le measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol agus Dlí 9/2018 an 5 Nollaig, lena leasaítear Dlí 21/2013, agus na gníomhaíochtaí maolaithe is gá a chur chun feidhme chun an comhshaol a chosaint sa Mheasúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol (MTC). Chun críocha an tsocraithe oibríochtúil seo, meastar gur táscaire cáilíochtúil ar an teacht i bhfeidhm é foilsiú ar an suíomh gréasáin oifigiúil ábhartha.
85	C6.I1	T	Croíghréasán TEN-T: dámhachtain conarthaí		Conradh nó ionstraim dlí eile	0	144	R4	2022	144 chonradh nó ionstraim dlí eile ar a laghad arna ndámhachtain lena n-áirítear gníomhaíochtaí i gceann amháin nó níos mó de na conairí seo a leanas de chroíghréasán TEN-T: CONAIR AN ATLANTAIGH • Y Vasca: Vitoria-Bilbao-San Sebastian/Astigarraga-Irun • Valladolid-Palencia-León • León-La Robla-Pola de Lena • Castejón-Pamplona-Logroño-Bilbao • La Coruña-Vigo-Ourense • Ourense-Monforte • Monforte-León • Talayuela-Plasencia-Cáceres-Mérida-Badajoz • Talayuela-Maidrid-Valladolid-Vitoria • Sevilla-Huelva

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										CONAIR NA MEÁNMHARA: • Maidrid-Zaragoza-Tarragona • Francesa Frontera-Barcelona/Tarragona-Vandellós • Vandellós-Castellón • Sagunto-Teruel — Zaragoza • Zaragoza-Tarragona • Castellón-Valencia-La Encina-Alicante • Alcázar de San Juan-La Encina • Murcia-Cartagena • Murcia-Almería • Utrera-Antequera Santa Ana • Maidrid-Valencia COITEANN DON DÁ CHONAIR • HSL Barcelona a nascadh — HSL Levante • Aranjuez-Alcázar de San Juan-Manzanares-Córdoba-Algeciras • Maidrid-Sevilla Beidh na gníomhaíochtaí mar chuid de cheann amháin nó níos mó de na cineálacha seo a leanas: • Ardán. Áirítear ann tionscadail lenar féidir an bonneagar a chur ar bun a thacóidh leis na rianta agus lena n-áirítear claífoirt, imréiteach, tarbhealaí, tolláin, etc. Is éard atá iontu sin den chuid is mó bonneagar nua a thógáil. • Athsholáthar seirbhísí. Áirítear leis gníomhaíochtaí atá dírithe ar athchóiriú na seirbhísí atá ann cheana (éadrom, uisciú, uisce, etc.) a ndéantar difear dóibh le linn chur i gcrích na n-oibreacha iarnróid. • Rianta. Áirítear leis gníomhaíochtaí chun ábhair riain (ballasta, trasnáin, iarnród, lasca agus gairis leathnaithe) a chóimeáil agus a sholáthar ar stráicí iarnróid nua, chomh maith le rianta atá ann cheana a athnuachan. • Leictreachas. Áirítear leis gníomhaíochtaí atá dírithe ar línte a leictriú, lena n-áirítear: caitéin, fostáisiúin tarraingthe, lárionaid chlaochlaithe, cianrialú cumhachta, línte cumhachta ardvoltais, etc. • Comharthaíocht agus rialú tráchta. Áirítear ann tionscadail atá dírithe ar chórais nua comharthaíochta agus rialaithe tráchta (ERTMS, etc.) a chur chun feidhme. • Teileachumarsáid. Áirítear leis sin tionscadail a bhaineann le teileachumarsáid fhosaithe agus mhóibíleach ar línte iarnróid (amhail snáithín optúil, GSM-R)

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										•Stáisiúin. Áirítear leis sin uasghrádú agus athshlánú stáisiún atá ann cheana, chomh maith le stáisiúin nua a thógáil.
87	C6.I1	M	Croíghréasán TEN-T: conarthaí a comhlíonadh	Deimhnithe glactha, ráitis chomhréireachta nó a gcoibhéis lena ndeimhnítear go ndearnadh conarthaí nó ionstraimí dlí eile				R2	2026	Deimhniú ón riarachán go ndearnadh conarthaí nó ionstraimí dlí eile, nó codanna comhfhreagracha díobh, a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí agus na conairí mar a shainítear i Sprioc 85, lena gcumhdaítear 1400 ciliméadar ar chonairí chroíghréasán TEN-T.
88	C6.I2	T	Conarthaí arna ndámhachtain maidir le hiompar d'iarnród agus gréasán bóithre stáit ghréasán TEN-T		Conradh nó ionstraim dlí eile	0	188	R4	2022	188 gconradh nó ionstraim dlí eile arna ndámhachtain ar a laghad lena n-áirítear idirghabhálacha i modhanna iompair éagsúla: le haghaidh idirghabhálacha iarnróid i ngréasán TEN-T nach croíghréasán é agus le haghaidh bóithre i ngréasán bóithre an stáit maidir le hiarnróid, is le ceann amháin nó níos mó de na cineálacha idirghabhála seo a leanas a bhainfidh na hidirghabhálacha: • Feabhas a chur ar an mbonneagar teicneolaíochta chun trácht iarnróid a bhainistiú • Slándáil (amhail cibearshlándáil, suiteáil brathadóirí tuairte) • Cosaintí fuaime/Léarscáileanna torainn • Forbairt na teicneolaíochta satailíte a chuirtear i bhfeidhm maidir le comharthaíocht iarnróid ERTMS • Leictriú codanna (amhail Monforte-Lugo) • Athnuachan rianta (amhail Soria-Torralba agus Monforte-Lugo) • Feabhas a chur ar an bhfochóras um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht (amhail Soria-Torralba agus Ávila-Salamanca) • Codanna nó athraithigh nua a chruthú (amhail Palencia-Santander, athraitheach Rincón de Soto agus athraitheach de Ourense) i gcás bóithre, is le ceann amháin nó níos mó de na cineálacha idirghabhála seo a leanas a bhainfidh na hidirghabhálacha: • Sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú: sábháilteacht ar bhóithre i dtolláin a chur san áireamh, fiadhúlra leochaileach a chosaint agus úsáideoirí leochaileacha a chosaint • Inbhuanaitheacht: feabhas a chur ar cháilíocht an aeir, cineálacha nua soghluaisteachta uirbí, bithéagsúlacht a chosaint, rioscaí aeráide a chosc, éifeachtúlacht fuinnimh, laghdú torainn • Digitiú: Córais faireacháin a chur chun feidhme le haghaidh droichead, tollán, agus úsáid á baint as anailísíocht Mhórshonraí agus Idirlíon na Rudaí

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										Nithiúla; bóithre a dhigitiú le haghaidh faireacháin agus cothabhála • Córais Chliste Iompair a chur chun feidhme i lánaí bus-VAO • Nuashonrú ar réamhdhréacht príomha an naisc sheasta ar fud Chaolas Ghiobráltar.
91	C6.I2	M	Gníomhaíochtaí digitithe: conarthaí a comhlíonadh	Deimhnithe glactha, ráitis chomhréireachta nó a gcoibhéis lena ndeimhnítear go ndearnadh conarthaí nó ionstraimí dlí eile				R4	2025	Deimhniú ón riarachán go ndearnadh 40 conradh nó ionstraim dlí eile a bhaineann le gníomhaíochtaí digitithe.
92	C6.I2	M	Gréasán TEN-T, diomaite de chonairí: conarthaí a comhlíonadh	Deimhnithe glactha, ráitis chomhréireachta nó a gcoibhéis lena ndeimhnítear go ndearnadh conarthaí nó ionstraimí dlí eile				R2	2026	Deimhniú ón riarachán go ndearnadh conarthaí nó ionstraimí dlí eile, nó codanna comhfhreagracha díobh, a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na hidirghabhálacha a shainítear i Sprioc 88 pointe a), lena gcumhdaítear 900 ciliméadar ar ghréasán iarnróid TEN-T seachas conairí.
93	C6.I2	M	Bainistíocht aerthráchta: conarthaí a comhlíonadh	Deimhnithe glactha, ráitis chomhréireachta nó a gcoibhéis lena ndeimhnítear gur cuireadh conarthaí i gcrích				R2	2026	Deimhniú ón riarachán go ndearnadh 35 chonradh a bhaineann le bainistíocht aerthráchta.
94	C6.I2	M	Gréasán Bóithre an Stáit: conarthaí a comhlíonadh	Deimhnithe glactha, ráitis chomhréireachta nó a gcoibhéis lena ndeimhnítear go ndearnadh				R2	2026	Deimhniú ón riarachán nó ó eintiteas poiblí go ndearnadh 92 chonradh nó ionstraim dlí eile a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na cineálacha idirghabhála a shainmhínítear i Sprioc 88 pointe b). Rinneadh oibreacha i 70 tollán.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
				conarthaí nó ionstraimí dlí nó oibreacha eile						
95	C6.I3	T	T1: líon na gconarthaí nó na n-ionstraimí dlí eile arna ndámhachtain chun feabhas a chur ar bhonneagair idirmhódúla agus lóistíochta		Conradh nó ionstraim dlí eile	0	66	R4	2022	Dámhadh 66 chonradh nó ionstraim dlí eile ar a laghad, lena n-áirítear idirghabhálacha chun feabhas a chur ar bhonneagair idirmhódúla agus lóistíochta. Bainfidh idirghabhálacha le ceann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas: críochfoirt straitéiseacha idirmhódúla agus lóistíochtúla a fhorbairt agus a uasghrádú i gceann amháin nó níos mó de na háiteanna seo a leanas: • Vicálvaro i Maidrid; • La Llagosta in Barcelona • San Luis in Valencia • Júndiz in Álava. •Saoráid lóistíochta Can Tunis (Barcelona) • Críochfort Orduña (Bizkaia) • Saoráid lóistíochta in Lezo (Gipuzkoa) • Muriedas (Santander) • Críochfort Escombreras (Murcia); (b) taobhlaigh a fhoirgniú nó a mhéadú go fad 750 méadar ar a laghad; rochtain iarnróid ar Chalafort A Coruña agus ar Chalafort Castellón a fheabhsú; feabhas a chur ar ród-rochtain ar Chalafort Algeciras; agus inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht fheabhsaithe i gcalafoirt, lena n-áirítear: • Inrochtaineacht: oibreacha rochtana iarnróid, lena n-áirítear oibreacha chun athchóiriú agus uasghrádú a dhéanamh, chomh maith le rochtain nua agus feabhas a chur ar thrácht inmheánach i gcalafoirt, tríd an mbonneagar a leanann dá rochtain sheachtrach ar talamh a oiriúnú. • Inbhuanaitheacht: lena n-áirítear leordhóthanacht an tsoláthair uisce agus na gcóras sláintíochta; pleananna chun cáilíocht an aeir a fheabhsú; líonraí fuinnimh níos éifeachtúla a shuiteáil; suiteálacha fótavoltacha gréine; líonraí soilsithe a athchóiriú agus teicneolaíocht LED a shuiteáil; córais rialaithe ídithe cumhachta; córais phróiseála a athchóiriú.
97	C6.I3	M	Críochfoirt idirmhódúla agus lóistíochta, calafoirt nó taobhlaigh 750 méadar: conarthaí a comhlíonadh	Deimhnithe glactha, ráitis chomhréireachta, deimhnithe iontrála i seirbhís nó a gcoibhéis lena				R2	2026	Deimhniú ón riarachán nó ó eintiteas poiblí go ndearnadh conarthaí nó ionstraimí dlí eile, nó codanna comhfhreagracha díobh, le haghaidh méid carnach iomlán EUR 877.1 milliún, a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na cineálacha idirghabhála a shainmhínítear i Sprioc 95, nó gur féidir iad a chur i seirbhís.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
				ndeimhnítear go ndearnadh conarthaí nó ionstraimí dlí eile nó gur féidir iad a chur i seirbhís, deimhnithe díshealbhaithe a bhaineann le hoibreacha a rinneadh faoi cheann amháin nó níos mó de na cineálacha idirghabhála a shainítear i Sprioc 95						
99	C6.I4	M	Tacaíocht don chlár iompair inbhuanaithe agus dhigitigh.	Foilsiú san Iris Oifigiúil agus glacadh na rún oifigiúil				R4	2022	Dearlaic EUR 800000000 faoin gClár Tacaíochta um Iompar Inbhuanaithe agus Digiteach tríd an méid seo a leanas: na foilseacháin in Iris Oifigiúil an Ordaithe nó na nOrduithe ón Aire lena mbunaítear an scéim tacaíochta le haghaidh iompair lasta inmharthana bunaithe ar ECO-INCENTIVES chun críocha iarnróid agus muirí; na rúin oifigiúla ag ceadú na n-aistrithe a bunaíodh san Fhoraithne Ríoga lena leithroinntear aistriú cistí ar Phobail Fhéinrialaitheacha chun deontais a dhámhachtain do thionscadail chun seirbhísí iompair paisinéirí agus lasta a dhigitiú ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil; na rúin oifigiúla ag ceadú na n-aistrithe arna mbunú sa rún ag an Rúnaíocht Stáit um Iompar, Soghluaisteacht agus an Clár Oibre Uirbeach d'aistriú cistí chuig na Comhphobail Fhéinrialaitheacha chun conarthaí nó ionstraimí dlí eile a dhámhachtain le haghaidh tionscadal chun seirbhísí iompair paisinéirí agus lasta a dhigitiú ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil; agus an rún ón Rúnaíocht Stáit Iompair, Soghluaisteachta agus Cláir Oibre Uirbigh maidir le tionscadail a dhámhachtain le haghaidh na ngníomhartha seo a leanas: Líne ghníomhaíochta 1. Idir-inoibritheacht in iompar lasta iarnróid 1. Córais Eorpacha um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS) ar bord 2. Gníomhaíochtaí lena mbaintear bacainní ar idir-inoibritheacht iarnróid i gcomhréir leis na STInna. 3. Nuálaíocht agus forbairt na haise leithid athraithí in innill fhéinghluaiste. Líne ghníomhaíochta 2. Idirmhódúlacht iompair a chur chun cinn

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										4. Tógáil, oiriúnú nó uasghrádú lastaí agus críochfort iarnróid idirmhódúil agus a nasc talún Líne ghníomhaíochta 3. Trealamh lasta iarnróid a nuachóiriú 5. Gníomhaíochtaí lena dtacaítear le hathchóiriú nó uasghrádú vaigíní le haghaidh lasta iarnróid, lena n-áirítear chun seirbhísí mórbhealaigh iarnróid a bhunú. 6. Gníomhaíochtaí chun tacú le trealamh tarracóra iarnróid a athchóiriú nó a oiriúnú le hábhar eile a úsáideann breoslaí malartacha (hidrigin nó leictreachas). Líne ghníomhaíochta 4. Iompar de bhóthar atá sábháilte, inbhuanaithe agus nasctha 7. Limistéir pháirceála shlána d'fheithiclí tráchtála a thógáil agus a uasghrádú agus seirbhísí faisnéise a sholáthar (Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 885/2013). 8. Seirbhísí Cliste Iompair d'Earnáil na mBóithre (ITS) i lamháltais dola-mhótarbhealaí agus i seirbhísí eile sábháilteachta ar bhóithre agus caomhnaithe. 9. Gníomhaíochtaí lena dtacaítear le bonneagar athbhreoslaithe breoslaí malartacha a imscaradh i bhfeithiclí tromshaothair ar an ngréasán bóithre 10. Gníomhaíochtaí chun tacú le hathchóiriú nó oiriúnú modhanna agus innealra chun pábháil inbhuanaithe a bhaint amach: lorg carbóin laghdaithe agus laghdaitheoirí fuaime laghdaithe Líne ghníomhaíochta 5. Inbhuanaitheacht an mhuiriompair agus an aeriompair 11. Tacaíocht d'úsáid breoslaí malartacha i gCalafoirt agus in Aerfoirt. 12. Tacaíocht do ghlacadh teicneolaíochtaí fuinnimh mhalartaigh thiomántacha san earnáil mhuirí. Líne ghníomhaíochta 6. Iompar a dhigitiú 13. Tionscadail chun seirbhísí iompair paisinéirí agus lasta a dhigitiú ar an leibhéal náisiúnta. Maidir le gníomhaíochtaí 9 agus 11, comhlíonfaidh critéir roghnúcháin an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), lena n-áiritheofar go gcumasófar an bonneagar tráth na tógála chun gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin a iompar.
101	C6.I4	M	Gníomhaíochtaí a bhaineann le hiompar inbhuanaithe agus digiteach	Rúin dámhachtana; deimhnithe glactha, ráitis chomhréireachta nó a gcoibhéis lena ndeimhnítear				R2	2026	I ndáil le litir a) a shainítear i gcloch mhíle 99, deimhniú ón riarachán nó ó eintiteas poiblí ar ghníomhaíochtaí a rinneadh ar mhéid carnach iomlán EUR 104,8 milliún a bhaineann le dámhachtain ECO-INCENTIVES fabhraithe chun críoch iarnróid agus muirí. I ndáil le litir c) a shainítear sa tuairisc ar gharsprioc 99, c deimhniú ón riarachán nó ó eintiteas poiblí go ndearnadh 73 chonradh nó ionstraim dlí eile, nó codanna

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
				gur cuireadh conarthaí i gcrích; tuarascálacha críochnaitheacha maidir le deontais						comhfhreagracha díobh, a bhaineann le digitiú seirbhísí iompair paisinéirí agus lasta ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil. I ndáil le litir d) a shainítear sa tuairisc ar gharsprioc 99, cuirfidh eintitis is faighteoirí isteach 47 dtuarascáil chríochnaitheach lena ndeimhnítear tabhairt chun críche na dtionscadal arna ndámhachtain le haghaidh deontas, i ndáil le ceann amháin nó níos mó de na línte gníomhaíochta dá dtagraítear i gcloch mhíle 99.

F.3. Tuairisc ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht iasachta

Athchóiriú 3 (C6.R3) — Straitéis Éifeachtúlachta Fuinnimh ar an Líonra Náisiúnta Mórbhealaí

Is é is cuspóir don athchóiriú seo foilsiú na Straitéise maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh i Líonra Bóithre an Stáit agus bunú sraithe beart arb é is aidhm dóibh éifeachtúlacht fuinnimh i Líonra Bóithre an Stáit a fheabhsú.

Cumhdóidh an Straitéis seo na heilimintí seo a leanas ar a laghad:

a) anailís ar sholáthar fuinnimh an Ghréasáin Bóithre Náisiúnta;
b) anailís ar an staid reatha ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta maidir lena shoilsiú agus an bonn cirt atá leis na réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann;
c) liosta beart nó gníomhaíochtaí a bheidh le déanamh sa Líonra Bóithre Náisiúnta; agus
d) plean infheistíochta agus maoiniúcháin le haghaidh na mbeart nó na ngníomhaíochtaí is gá i gcóras soilsithe an ghréasáin bóithre mar aon le hamlínte chun iad a chur chun feidhme.

Foilseofar an Straitéis sa chéad ráithe de 2024.

F.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme le haghaidh tacaíocht iasachta

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra dáta na bonnlíne le haghaidh na dtáscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
L15	C6.R3	M	Straitéis Éifeachtúlachta Fuinnimh	Foilsiú san Iris Oifigiúil				RÁITHE 1	2024	Formheas na Straitéise um Éifeachtúlacht Fuinnimh don Líonra Bóithre Náisiúnta, lena gcumhdaítear na heilimintí i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart, a fhoilsiú san Iris Oifigiúil.

G. COMHCHUID 07: FOINSÍ FUINNIMH IN-ATHNUAITE A CHUR IN ÚSÁID AGUS A CHOMHTHÁTHÚ

Tuartar i bPlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide (PNFA) na Spáinne le haghaidh 2021-2030 go dtiocfaidh fás suntasach ar threá fuinnimh in-athnuaite sa Spáinn, ag sroicheadh 74 % in earnáil an leictreachais agus 42 % in úsáid deiridh in 2030. Sa chomhthéacs sin, is é is cuspóir don chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne úsáid an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú trí na gnéithe seo a leanas:

a) creat rialála soiléir intuartha a fhorbairt lena gcuirfear infheistíocht i bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh chun cinn;

b) an slabhra luacha tionsclaíoch i réimse na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh a bhunú agus a chomhdhlúthú;

c) tacaíocht d'fhoinsí nuálacha teicneolaíochtaí giniúna in-athnuaite, lena n-áirítear iad a chomhtháthú in úsáidí deiridh; agus

d) scileanna glasa a fhorbairt. Ina theannta sin, féachann an chomhpháirt go sonrach le húsáid fuinnimh in-athnuaite ar oileáin na Spáinne a chur chun cinn, chomh maith le rannpháirtíocht na saoránach trí chomhphobail fuinnimh in-athnuaite.

Baineann an chomhpháirt le hinfheistíochtaí sa nuálaíocht agus san éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn (Moladh Sonrach Tír 3 2019). Cuireann sé infheistíocht phoiblí agus phríobháideach chun cinn freisin agus cothaíonn sé an t-aistriú glas (Moladh Sonrach Tír 3 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

G.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C7.R1) — Creat rialála chun giniúint in-athnuaite a chur chun cinn

Is é is cuspóir don bheart seo an creat rialála maidir le giniúint in-athnuaite a chur chun cinn a neartú, chun deimhneacht a mhéadú agus infheistíocht phríobháideach san fhuinneamh in-athnuaite a spreagadh, chun deireadh a chur le bacainní ar chur in úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh agus chun feabhas a chur ar a gcomhtháthú sa chomhshaol, sa chóras leictreach agus in earnálacha éagsúla.

Áireofar leis an mbeart roinnt céimeanna reachtacha agus rialála lena n-áirítear:

- glacadh Dhlí Foraithne Ríoga 23/2020 i mí an Mheithimh 2020, lena mbunaítear córas ceantála nua le haghaidh giniúint in-athnuaite agus lena bhfeabhsaítear an sásra chun rochtain a fháil ar ghiniúint in-athnuaite ar an eangach leictreachais;

- glacadh Fhoraithne Ríoga 960/2020 i mí na Samhna 2020, lena bhfeabhsaítear intuarthacht na n-ioncam atá le fáil trí ghiniúint in-athnuaite sna ceantanna nua;

- Foraithne Ríoga 1183/2020 i mí na Nollag 2020, lena rialaítear na coinníollacha rochtana agus nasctha le haghaidh giniúint in-athnuaite, i gcomhréir le forálacha Dhlí Foraithne Ríoga 23/2020; agus

- An Dlí maidir leis an Athrú Aeráide agus an tAistriú Fuinnimh, atá beartaithe lena ghlacadh sa chéad leath de 2021, lena mbunófar sa dlí na spriocanna in-athnuaite do 2030 agus cuspóir na haeráidneodrachta faoi 2050 (lena n-áirítear córas leictreachais in-athnuaite 100 %). Áirítear sa dlí sin freisin eilimintí atá ábhartha do chomhpháirteanna eile sa phlean (amhail laghdú ar bhacainní riaracháin agus ar cheanglais maidir le pointí athluchtaithe poiblí a shuiteáil).

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 30 Meitheamh 2023.

Athchóiriú 2 (C7.R2) — Straitéis náisiúnta féintomhaltais

Is é is cuspóir don bheart seo borradh a chur faoin bhféintomhaltas mar chineál malartach giniúna in-athnuaite, spriocanna a leagan síos sa réimse sin don tréimhse 2021-2030 agus bearta a shainaithint agus a fhorbairt chun na príomhbhacainní ar a n-imscaradh a mhaolú. Cuireann féintomhaltas le comhtháthú na giniúna in-athnuaite i bhfoirgnimh agus i dtimpeallachtaí uirbeacha, agus cuireann sé borradh faoin bhfostaíocht áitiúil.

Áireofar leis an mbeart go nglacfaidh rialtas na Spáinne Straitéis Náisiúnta féintomhaltais le linn an dara leath de 2021 chun bacainní riaracháin ar fhéintomhaltas a laghdú. Leis an straitéis, déanfar an staid reatha agus an staid a d'fhéadfadh a bheith ann sa Spáinn a dhiagnóisiú, agus sainaithneofar bearta atá dírithe ar an méid seo a leanas: (a) comhordú níos fearr idir riaracháin; faisnéis a scaipeadh ar thomhaltóirí agus feasacht a mhúscailt; (C) scileanna ábhartha atá ann cheana a shainaithint, chomh maith le deiseanna oiliúna breise a bhaineann le féintomhaltas a chur in úsáid.

Leis an mbeart, tabharfar aghaidh ar chur chun feidhme phríomheilimintí na Straitéise Náisiúnta Féintomhaltais, lena n-áirítear treoraíocht a fhoilsiú maidir le conas féintomhaltas a chothú agus oiliúint a thabhairt chun críche arb é is aidhm di feabhas a chur ar na scileanna is gá.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 30 Meitheamh 2023.

Athchóiriú 3 (C7.R3) — Pobail fuinnimh a fhorbairt

Is é is cuspóir don bheart seo pobail fuinnimh a fhorbairt chun borradh a chur faoi rannpháirtíocht na saoránach san aistriú fuinnimh, trí phobail fuinnimh in-athnuaite agus trí phobail fuinnimh saoránach. Is éard atá i gceist leis an mbeart sin tacaíocht a thabhairt do threoirthionscadail nó d'oifigí le haghaidh pobail fuinnimh a bhaineann le fuinneamh.

Athchóiriú 4 (C7.R4) — Creat le haghaidh nuálaíochta agus forbairt theicneolaíoch san fhuinneamh in-athnuaite

Leis an mbeart sin, neartófar an creat don nuálaíocht agus don fhorbairt theicneolaíoch a bhaineann le roinnt foinsí in-athnuaite fuinnimh, agus rannchuideofar leis an dul chun cinn i dtreo na sprice 100 % d'fhoinsí in-athnuaite san éileamh ar fhuinneamh. Áireofar ar na foinsí in-athnuaite a chumhdaítear sa bheart seo fuinneamh gaoithe amach ón gcósta agus bithghás. Éascóidh an beart T & F i dteicneolaíochtaí in-athnuaite freisin.

Áireofar sa bheart treochlár a fhoilsiú le haghaidh fuinneamh gaoithe amach ón gcósta agus fuinneamh muirí eile. Is é is aidhm don treochlár seo bacainní riaracháin ar fhorbairt na foinse fuinnimh in-athnuaite sin a laghdú. Go sonrach, féachfar leis an méid seo a leanas a dhéanamh leis an treochlár: (a) taighde, forbairt agus nuálaíocht a chur chun cinn trí chreat rialála níos sofhreagrúla, agus trí lárionaid teicneolaíochta agus ardáin tástála a neartú le haghaidh fréamhshamhlacha nua; (b)

deiseanna agus sineirgí le príomhearnálacha tionsclaíocha a shainaithint; (C) creat rialála iomchuí a fhorbairt le haghaidh imscaradh sa Spáinn (go háirithe teicneolaíocht shnámhach); agus (d) bearta a shainaithint chun éifeachtaí comhshaoil a íoslaghdú (agus ag an am céanna féachaint le nósanna imeachta riaracháin a shimpliú). Leis an mbeart, cuirfear chun feidhme na príomhbhearta rialála a shainaithnítear sa treochlár chun feirmeacha gaoithe amach ón gcósta a chur chun cinn, borradh a chur faoin taighde agus faoin bhforbairt agus chun tacú le teicneolaíochtaí ar snámh a chur in úsáid.

Is é an dara gné den bheart seo treochlár le haghaidh bithgháis a fhoilsiú, ina ndéanfar anailís ar na huirlisí rialála agus earnála iomchuí chun bithghás a chur chun cinn, agus béim á leagan ar úsáid éifeachtúil na foinse fuinnimh sin (amhail i bhfeidhmeanna agraithionsclaíocha, agus d'fheithiclí tromshaothair i gcás nach rogha mhalartach fós é an leictriú). Leis an gcuid sin den athchóiriú, tabharfar aghaidh ar chur chun feidhme na bpríomhghníomhaíochtaí ón treochlár bithgháis, lena n-áirítear: (a) córas ráthaíochtaí tionscnaimh a bhunú do gháis in-athnuaite, arb é is aidhm dó infheistíocht sa bhithghás a chothú agus earnálacha amhail tionscal agus iompar a dhícharbónú; (b) uirlis a fhorbairt chun rannchuidiú an bhithgháis leis an dícharbónú a ríomh; agus (c) staidéir réamh-indéantachta chun cur chun feidhme saoráidí táirgthe bithgháis a chur chun cinn.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 30 Meitheamh 2023.

Infheistíocht 1 (C7.I1) — Fuinneamh in-athnuaite agus stóráil a fhorbairt

Is é is cuspóir don bheart seo forbairt fuinnimh in-athnuaite agus stórála a chothú. Is éard atá sa bheart seo infheistíocht in acmhainneacht le haghaidh táirgeadh agus stóráil fuinnimh in-athnuaite.

Infheistíocht 2 (C7.I2) — Fuinneamh inbhuanaithe ar oileáin

Is é cuspóir an bhirt seo fuinneamh inbhuanaithe a mhéadú ar oileáin na Spáinne (na hOileáin Chanáracha agus Bhailéaracha), agus go háirithe tacú le tionscadail maidir le dul i bhfód agus comhtháthú fuinnimh in-athnuaite agus stórála in oileáin.

Is éard atá sa bheart seo gníomhaíochtaí chun tacú leis an aistriú fuinnimh agus le hacmhainneacht táirgeachta bhreise le haghaidh fuinneamh in-athnuaite agus stóráil ar na hoileáin.

G.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne le haghaidh gach táscaire, mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
102	C7.R1	M	Teacht i bhfeidhm Dhlí Foraithne Ríoga 23/2020 (bearta fuinnimh)	Foráil i nDlí Foraithne Ríoga 23/2020 maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2020	Le Dlí Foraithne Ríoga 23/2020, formheastar bearta fuinnimh arb é is aidhm dóibh an bunús dlí a leagan síos le haghaidh scéim ceantála nua, rannpháirtithe nua in earnáil an fhuinnimh a shainiú, amhail comhbhailitheoirí neamhspleácha agus pobail fuinnimh in-athnuaite, agus rannchuidiú le ceadanna rochtana agus nasctha a chuíchóiriú.
103	C7.R1	M	Teacht i bhfeidhm Dhlí Foraithne Ríoga 960/2020 (córas eacnamaíoch le haghaidh fuinneamh in-athnuaite)	Foráil i bhForaithne Ríoga 960/2020 maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2020	Le Foraithne Ríoga 960/2020, rialaítear an córas eacnamaíoch le haghaidh fuinneamh in-athnuaite.
104	C7.R1	M	Teacht i bhfeidhm Dhlí Foraithne Ríoga 1183/2020 (foinsí fuinnimh in-athnuaite a nascadh leis an eangach leictreachais)	Foráil i bhForaithne Ríoga 1183/2020 maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2020	Le Foraithne Ríoga 1183/2020, rialaítear hibridiú agus ordú rochtana ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh agus nascadh foinsí in-athnuaite fuinnimh leis an eangach leictreachais.
Is é is cuspóir don bheart seo aghaidh a thabhairt ar laigí i mbeartais fostaíochta na riarachán poiblí, comhar agus comhordú a neartú i measc leibhéil éagsúla rialtais, agus feabhas a chur ar an gcaoi a gcuireann an rialtas láir beartais phoiblí chun feidhme. Is éard atá sa bheart seo teacht i bhfeidhm reachtaíochta maidir le ráta na bhfostaithe poiblí sealadacha agus ábhair a bhaineann le hacmhainní daonna sa státseirbhís a laghdú, maidir le meastóireacht beartais ex ante a fhorbairt a thuilleadh agus trédhearcacht agus rannpháirtíocht na saoránach i gceapadh beartas poiblí a mhéadú, maidir le trédhearcacht agus sláine i ngníomhaíochtaí grúpaí leasmhara, i dteacht i bhfeidhm gnímh dlí lena bhformheastar Reacht nua na Comhairle um Thrédhearcacht agus Dea-Rialachas, i dteacht i bhfeidhm reachtaíochta lena mbunaítear an méid seo a leanas: féadfaidh tréimhse mharana éigeantach sula bhféadfaidh breithiúna nó giúistísí a fhilleann ó oifigí poiblí ceaptha agus tofa áirithe feidhmeanna breithiúnacha a atosú; tréimhse neamhcháilitheachta chun a gceaptha mar Ard-Ionchúisitheoir dóibh

siúd a shealbhaigh oifigí poiblí áirithe nó oifigí poiblí tofa áirithe; agus (iii) toirmeasc ar an Ard-Ionchúisitheoir agus ar chomhaltaí Oifig an Ionchúisitheora páirt a ghlacadh i gcásanna ina bhfuil feidhm ag aon cheann de na forais le breithiúna a scaoileadh arna mbunú le dlí maidir leo, maidir leis an gcomhar a threisiú idir leibhéil éagsúla rialtais agus maidir le hidirnascadh agus idir-inoibritheacht a n-ardán TF, agus maidir leis an gCreat Slándála Náisiúnta a thabhairt cothrom le dáta.

Athchóiriú 2 (C11.R2) — Athchóiriú chun borradh a chur faoin smacht reachta agus faoi éifeachtúlacht an chórais cheartais

Le Dlí 3/2020 an 18 Meán Fómhair, agus leis an gclár um Cheartas 2030, leagtar amach treochlár chun riar an cheartais sa Spáinn a athchóiriú. Sa chomhthéacs sin, leis an mbeart sin, déanfar an córas ceartais a nuachóiriú faoin teacht i bhfeidhm (agus an '*vacatio legis*' arna bhunú i ngach dlí á chur san áireamh),

faoin 31 Nollaig 2022 an:

(a) Dlí Foraithne Ríoga maidir le héifeachtúlacht nós imeachta, lena ngiorrófar fad na nósanna imeachta i ngach dlínse agus ráthaíochtaí nós imeachta na saoránach á gcaomhnú ag an am céanna;

(b) Dlí Foraithne Ríoga maidir le héifeachtúlacht dhigiteach, lena gcuirfear ailtireacht shonraíbhunaithe chun cinn chun faisnéis a bhainistiú.

faoin 31 Nollaig 2024 an:

(c) Dlí maidir le héifeachtúlacht eagraíochtúil agus nós imeachta an chórais ceartais, lena leasófar eagrú na léarscáile breithiúnaí agus lena mbunófar modhanna malartacha chun díospóidí a réiteach. Leis an dlí seo, cuirfear 431 orgán coláisteacha (Tribunales *de Instancia*) in ionad líon ard na gcúirteanna céadchéime neamhphearsanta agus cuirfear an Oifig Bhreithiúnach chun feidhme.

(d) Dlí maidir leis an gceart chun cosanta lena bhforbrófar agus lena bhfeabhsófar an ceart bunúsach chun triail chóir a fháil agus lena rannchuideofar ar deireadh le borradh a chur faoin smacht reachta.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 30 Meitheamh 2023.

Athchóiriú 3 (C11.R3) — Athchóiriú chun struchtúr institiúideach an rialachais eacnamaíoch a nuachóiriú

Leis an mbeart sin, déanfar athchóiriú ar ghnéithe den chreat rialachais eacnamaíoch institiúideach, lena n-áirítear trí dhigitiú na bpróiseas a bhrostú agus a chur chun cinn. Áireofar san fhaisnéis sin: athchóiriú ar an gcaoi a láimhseálann an *Caja General de Depósitos* (an Ciste Taiscí Ginearálta) ráthaíochtaí, chun iad a dhéanamh leictreonach; (b) nuachóiriú a dhéanamh ar mhaoirseacht na réimsí airgeadais agus iniúchóireachta, trí athchóiriú a dhéanamh ar an bPlean Cuntasaíochta Ginearálta agus ar an Rialachán Iniúchóireachta; agus c) leabhar glas a fhoilsiú chun airgeadas inbhuanaithe a chur chun cinn sa Spáinn.

Athchóiriú 4 (C11.R4) — Straitéis náisiúnta um sholáthar poiblí

Leis an athchóiriú sin, tabharfar chun críche cur chun feidhme an athchóirithe ar an soláthar poiblí dá bhforáiltear i nDlí 9/2017 maidir le conarthaí san earnáil phoiblí (mar phríomhghníomh trasuí Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE Téacs atá ábhartha maidir le LEE). Bunófar leis sin

struchtúr rialachais chun aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le creat comhsheasmhach soláthair phoiblí lena n-áiritheofar trédhearcacht, sásraí rialaithe éifeachtacha, idirnascadh bunachar sonraí soláthair phoiblí i measc gach leibhéil Rialtais, agus comhordú ar fud leibhéil rialtais, chun an méid seo a leanas a dhéanamh: an Oifig Náisiúnta Meastóireachta a dhéanamh lánoibríochtúil agus ii) an Straitéis Náisiúnta um Sholáthar Poiblí a ghlacadh.

Chruthaigh an Spáinn an Oifig neamhspleách um Rialáil agus Maoirseacht ar Sholáthar Poiblí agus an Oifig Náisiúnta Meastóireachta cheana féin. Leis an athchóiriú sin, tabharfar aghaidh freisin ar fhadhbanna a bhaineann le soláthar teoranta faisnéise agus bunachar sonraí soláthair phoiblí, chomh maith le laigí i struchtúr na conraitheoireachta soláthair phoiblí. Chuige sin, déanfar an méid seo a leanas leis an athchóiriú: éifeachtúlacht an tsoláthair phoiblí a fheabhsú (próisis, torthaí, sonraí agus faisnéis); gairmiúlú gníomhaithe a chur chun cinn (de réir mholadh an Choimisiúin ó Dheireadh Fómhair 2017); rochtain FBManna a fheabhsú; agus d) creat dlíthiúil an tsoláthair phoiblí dhigitigh a threisiú.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

Athchóiriú 5 (C11.R5) — Acmhainneacht riaracháin

Leis an athchóiriú sin, déanfar nuachóiriú ar fheidhmiú inmheánach na riarachán poiblí chun feabhas a chur ar chur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne, d'fhonn tionchar fadtéarmach a imirt ar chur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí a dhéanfaidh riarachán poiblí na Spáinne amach anseo. Ar an iomlán, déanfaidh sé, in éineacht le hInfheistíocht 5, athchóiriú ar chumas na riarachán poiblí cur chun feidhme cuí an phlean téarnaimh agus athléimneachta a áirithiú.

Déanfar rialachas, tuairisciú agus faireachán na ngníomhaíochtaí a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta a imscaradh trí shamhail nua bainistíochta riaracháin agus airgeadais chun a áirithiú go ndéanfar na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme i gceart. Tá an tsamhail aonfhoirmeach sin le lárú laistigh d'Ardrúnaíocht na gCistí Eorpacha agus úsáidfear í chuig aireachtaí tuairiscithe, chuig a n-aonaid chomhfhreagracha TFC agus, b'fhéidir, chuig piar-riaracháin sna réigiúin (Pobail Fhéinrialaitheacha). Chuige sin, ghlac an rialtas láir Dlí Foraithne Ríoga 36/2020.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2021.

Infheistíocht 1 (C11.I1) — Nuachóiriú ar Riarachán Ginearálta an Stáit

Is é is cuspóir don bheart seo Riarachán Ginearálta an Stáit a nuachóiriú trí chlaochlú digiteach. Is éard atá ann idirnascadh breise idir na hardáin soláthair phoiblí uile atá ann cheana (rialtas lárnach agus réigiúnach,) agus feidhmíocht conarthaí sna réimsí seo a leanas: 1. Riarachán dírithe ar shaoránaigh, 2. Oibríochtaí cliste, 3. Rialtas sonraí, 4. Bonneagair dhigiteacha, agus 5. Cibearshlándáil (lena n-áirítear an Lárionad Oibríochtaí Cibearshlándála a chur ar bun).

Infheistíocht 2 (C11.I2) — Tionscadail shonracha chun an rialtas láir a dhigitiú

Is é is cuspóir don bheart seo dlús a chur le claochlú digiteach an rialtais láir. Is éard atá ann feidhmiú conarthaí a bhaineann le digitiú an riaracháin phoiblí lárnaigh nó na hearnála poiblí institiúidí nó le hoiliúint nó gníomhaíochtaí eile a thacaíonn leis an riarachán poiblí lárnach nó leis an earnáil phoiblí institiúideach maidir lena dhigitiú.

Infheistíocht 3 (C11.I3) — Claochlú digiteach agus nuachóiriú na hAireachta um Beartas Críochach agus um Chuimhne Dhaonlathach, na hAireachta um Chlaochlú Digiteach agus um an tSeirbhís Phoiblí, agus na riarachán réigiúnach agus áitiúil, chomh maith leis an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte.

Is é is cuspóir don bheart seo nuachóiriú a dhéanamh ar an Aireacht um Beartas Críochach agus Cuimhne Dhaonlathach, ar an Aireacht um Chlaochlú Digiteach agus an tSeirbhís Phoiblí, ar na riaracháin réigiúnacha agus áitiúla, chomh maith leis an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte. Is éard atá ann tuarascáil a fhoilsiú maidir le 17 dtreoirthionscadal faoin bPlean Cúraim Dhigitigh Phearsanta, agus in infheistíochtaí i ndigitiú riarachán poiblí réigiúnach agus áitiúil, chomh maith leis an Aireacht um Chlaochlú Digiteach agus an tSeirbhís Phoiblí agus an Aireacht um Beartas Críochach agus um Chuimhne Dhaonlathach. .

Infheistíocht 4 (C11.I4) — Plean aistrithe fuinnimh sa Riarachán Poiblí Lárnach

Is é is cuspóir don bheart seo feabhas a chur ar choigilteas fuinnimh agus astaíochtaí ón riarachán poiblí lárnach nó ó eintitis phoiblí a laghdú. Is éard atá san infheistíocht sin

- Laghdú 30 % ar an meán ar ídiú fuinnimh phríomhúil neamh-in-athnuaite arna ualú de réir dromchla ináitrithe carnach i bhfoirgnimh atá cláraithe sa Lár-Oifig Faisnéise um Shócmhainní Fardail Stáit (CIBI),
- Córais fhótavoltacha gréine a shuiteáil,
- Bearta coigilte fuinnimh a chur chun feidhme,
- Pointí luchtaithe a shuiteáil le haghaidh feithiclí leictreacha, agus
- Samhlacha astaíochtaí nialasacha nó ísle a chur in ionad feithiclí poiblí19.

Infheistíocht 5 (C11.I5) — Claochlú an riaracháin chun Plean Téarnaimh agus Athléimneachta na Spáinne a chur chun feidhme

Is é is cuspóir don bheart seo feidhmiú an riaracháin phoiblí a oiriúnú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta agus le faireachán a dhéanamh air. Is éard atá i gceist leis córas comhtháite faisnéise agus bainistíochta a chruthú, ardán oiliúna, oiliúint maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, agus gníomhaíochtaí cumarsáide a chur in úsáid chun riaracháin, saoránaigh agus gnólachtaí a chur ar an eolas faoi na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta.

Infheistíocht 6 (C11.I6) — An Chibearshlándáil

Is é is cuspóir don bheart seo cumais chibearshlándála an riaracháin phoiblí a threisiú. Is éard a bheidh sa bheart sin conarthaí a dhéanamh chun cumais chibearshlándála an Riaracháin Phoiblí a threisiú sna réimsí seo a leanas: acmhainneachtaí a fhorbairt chun freagairt do chibearbhagairtí; slándáil agus athléimneacht sócmhainní straitéiseacha a áirithiú; inniúlachtaí a neartú chun cibearchoireacht a imscrúdú agus a ionchúiseamh; IV) borradh a chur faoin gcibearshlándáil do shaoránaigh agus do ghnólachtaí; V) borradh a chur faoi thionscal na cibearshlándála; agus vi) cultúr cibearshlándála a fhorbairt.

K.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne le haghaidh gach táscaire mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

[19] Faoi bhun 50 gCO2/km i gcomhréir le catagóir na 'bhfeithiclí glana' i dTreoir athbhreithnithe 2009/33/CE maidir le Feithiclí Glana.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
144	C11.R1	M	Teacht i bhfeidhm gnímh reachtaigh chun fostaíocht shealadach i riaracháin phoiblí a laghdú	Foráil sa ghníomh reachtach lena léirítear teacht i bhfeidhm an ghnímh				R2	2021	Teacht i bhfeidhm Gníomh Reachtach lena sonraítear bearta chun fostaíocht shealadach i bhfostaíocht phoiblí a laghdú agus forálacha éifeachtacha chun mí-úsáidí a chosc agus pionós a ghearradh ina leith, lena n-áirítear an oibleagáid gach glao ar nósanna imeachta cobhsaíochta d'fhoireann shealadach a fhoilsiú faoin 31 Nollaig 2022. Beidh an tAcht Reachtach seo infheidhme maidir le riaracháin phoiblí Stáit, réigiúnacha agus áitiúla.
145	C11.R1	M	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar Dhlí 40/2015 agus na n-orduithe aireachta lena neartaítear an comhar idir-chríochach	Foráil sa ghníomh dlí agus orduithe aireachta lena léirítear a dteacht i bhfeidhm				R4	2022	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar Dhlí 40/2015 agus ar orduithe aireachta chun comhar idir-chríochach a neartú lena gcumhdófar na heilimintí seo a leanas: cruthú comhdhálacha ilearnálacha a cheadú, ii) nósanna imeachta cinnteoireachta a leagan amach sna Comhdhálacha Earnála, lena n-áirítear nuair a ghineann siad comhaontuithe maidir le comhlíonadh éigeantach; Comhdháil na nUachtarán a threisiú trí bhuanrúnaíocht a chruthú; IV) foráil a dhéanamh maidir le hullmhú, formheas agus foilsiú éigeantach cuspóirí beartais ilbhliantúla agus táscairí toraidh chomh maith le sásraí trédhearcacha faireacháin agus meastóireachta; agus v) idirnasc agus idir-inoibritheacht dhigiteach idirriaracháin a bhunú idir ardáin TF an rialtais láir agus réigiúnaigh. Maidir le cuspóirí i), ii) agus iv), rachfar i gcomhairle leis na Pobail Fhéinrialaitheacha maidir leis na horduithe aireachta i bpróiseas

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										rannpháirteach, cuimsitheach agus trédhearcach.
146	C11.R1	M	Teacht i bhfeidhm an dlí chun an mheastóireacht ar bheartais phoiblí a threisiú	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an dlí				R4	2022	Teacht i bhfeidhm an Dlí Meastóireachta le sraith gníomhaíochtaí chun beartais phoiblí a threisiú bunaithe ar mheastóireacht ex ante. Is iad seo a leanas na cuspóirí: córas na hInstitiúide Náisiúnta Meastóireachta atá ann faoi láthair (Instituto de Evaluación de Políticas Públicas) a threisiú chun neamhspleáchas eagraíochtúil agus feidhmiúil a dheonú di; an cumas agus an acmhainn a sholáthar don Institiúid chun a feidhmeanna a fheidhmiú; (III) lena n-áirítear prionsabal na meastóireachta córasaí ex-ante ar bheartais; agus iv) sainordú comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile a chaomhnú, lena n-áirítear AIReF.
147	C11.R1	M	Teacht i bhfeidhm an athchóirithe ar Dhlí 7/1985 maidir le córais riaracháin áitiúla agus an leasaithe ar Fhoraithne Ríoga 1690/1986, an 11 Iúil, lena bhformheastar an Rialachán maidir le Daonra agus Críochú Críochach Eintiteas Áitiúil	Foráil sa dlí agus san fhoraithne ríoga lena gcuirtear na hathchóirithe chun feidhme lena léirítear a dteacht i bhfeidhm				R4	2022	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar Dhlí 7/1985 lena rialaítear córais riaracháin áitiúla agus an leasaithe ar Fhoraithne Ríoga 1690/1986, an 11 Iúil, lena bhformheastar an Rialachán maidir le Daonra agus Críochú Críochach Eintiteas Áitiúil. Rannchuideoidh an leasú ar Dhlí 7/1985 lena rialaítear córais riaracháin áitiúla leis an méid seo a leanas: dlús a chur le húsáid seirbhísí poiblí áitiúla agus iad a leathnú, lena n-áirítear trí mhodhanna digiteacha amhail aipeanna, agus ii) tacú le bailte beaga agus seirbhísí poiblí á soláthar acu. Leis an leasú ar Fhoraithne Ríoga 1690/1986, an Iúil 11, lena bhformheastar an Rialachán maidir le Daonra agus Críochú Críochach Eintiteas Áitiúil, tabharfar

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										daonáireamh bardasach na n-áitritheoirí atá á mbainistiú ag na bardais cothrom le dáta agus cuirfear feabhas air. Beidh measúnú tionchair ag gabháil leis na hathchóirithe, lena n-áirítear gnéithe den inbhuanaitheacht fhioscach.
148	C11.R1	M	Teacht i bhfeidhm beart rialála a bhaineann le státseirbhís an Riaracháin Stáit	Foráil i ndlí na foraithne ríoga nó sna foraitheanta ríoga agus san ordú aireachta nó sna horduithe aireachta lena gcuirtear chun feidhme gnéithe an athchóirithe lena léirítear a dteacht i bhfeidhm				R4	2022	Teacht i bhfeidhm beart rialála a bhaineann le státseirbhís an Riaracháin Stáit. Treiseoidh na bearta cumas an riaracháin an tallann is gá a mhealladh agus a choinneáil chun a chúraimí reatha a chomhlíonadh, lena n-áirítear i réimsí na faisnéise agus na teileachumarsáide. Áireofar na heilimintí seo a leanas sna bearta: (i) athbheochan na n-ionstraimí chun acmhainní daonna a phleanáil, a eagrú agus a bhainistiú; éifeachtacht phrionsabail an chomhionannais, an fhiúntais agus na hacmhainne rochtana, mar aon le trédhearcacht agus lúfaireacht na bpróiseas roghnóireachta, a ráthú; III) measúnú agus feidhmíocht a rialáil de réir creata atá bunaithe ar inniúlachtaí, lena n-áirítear le haghaidh earcaíocht nua; agus iv) rochtain ar phoist státseirbhísigh shinsearacha (eadhon, fo- *stiúrthóirí ginearálta* agus poist chomhchosúla) bunaithe ar fhiúntas agus ar iomaíocht. Beidh na bearta rialála i bhfoirm dlí foraithne ríoga le haghaidh eilimintí ii) agus iii); agus an ordaithe nó na n-orduithe aireachta d'eilimintí i) agus iv).
149	C11.R1	M	Reachtanna an chomhlachta phoiblí	Foráil san fhoraithne ríoga lena léirítear teacht i				R3	2023	Teacht i bhfeidhm gnímh dlí lena bhformheastar Reachtanna na

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			meastóireachta nua	bhfeidhm an ghnímh dlí						Gníomhaireachta Náisiúnta um Meastóireacht ar Bheartais Phoiblí.
150	C11.R1	T	Cobhsaíocht na fostaíochta poiblí		Líon	0	300 000	R4	2024	Rúin maidir le nósanna imeachta earcaíochta a fhoilsiú san iris oifigiúil chun fostaíocht phoiblí ar théarma seasta a chobhsú (Procesos de Estabilización de empleo time) lena gcumhdaítear 300000 duine ar éirigh leo.
432	C11.R1	M	Teacht i bhfeidhm beart chun feabhas a chur ar chur chun feidhme beartas poiblí i réimsí an cheartais agus an fhrithéillithe	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an dlí				R2	2026	a) Teacht i bhfeidhm reachtaíochta lena rialaítear an caidreamh idir brústocairí (lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha, meithleacha machnaimh, comhlachais ghnó agus ceardchumainn — ach amháin i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna bunreachtúla — comhlachais bhrabúsacha agus neamhbhrabúsacha, eagraíochtaí gnó, agus dlíodóirí nuair is é is cuspóir dóibh tionchar a imirt ar bheartas seachas cúnamh dlíthiúil a sholáthar) agus an earnáil phoiblí. Bunófar leis an reachtaíocht clár poiblí éigeantach de ghrúpaí sainleasa a ndéanfaidh comhlacht neamhspleách a mbeidh cumhachtaí maoirseachta agus smachtbhannaí aige faireachán air. Leis an dlí, cuirfear bearta chun cinn chun an clár nua a idirnascadh leis na cláir réigiúnacha de ghrúpaí sainleasa atá ann cheana.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										b) Teacht i bhfeidhm gnímh dlí lena bhformheastar Reacht nua na Comhairle um Thrédhearcacht agus Dea-Rialachas (CTBG) c) Teacht i bhfeidhm reachtaíochta lena mbunaítear: féadfaidh tréimhse mharana éigeantach sula bhféadfaidh breithiúna nó giúistísí a fhilleann ó oifigí poiblí ceaptha agus tofa áirithe feidhmeanna breithiúnacha a atosú; tréimhse neamhcháilitheachta chun a gceaptha mar Ard-Ionchúisitheoir dóibh siúd a shealbhaigh oifigí poiblí áirithe nó oifigí poiblí tofa áirithe; agus (iii) toirmeasc ar an Ard-Ionchúisitheoir agus ar chomhaltaí Oifig an Ionchúisitheora páirt a ghlacadh i gcásanna ina bhfuil feidhm maidir leo ag aon cheann de na forais le breithiúna a scaoileadh ó chás arna mbunú le dlí.
433	C11.R1	M	Nuashonrú ar an gCreat Slándála Náisiúnta	Foráil san fhoraithne ríoga lena léirítear a teacht i bhfeidhm				R2	2023	Teacht i bhfeidhm foraithne ríoga lena nuashonraítear an Creat Slándála Náisiúnta. Maidir leis an bhforaithne ríoga: ceanglais an Chreata Slándála Náisiúnta a choigeartú de réir réaltacht grúpaí nó cineálacha áirithe córas, agus coincheap na ‘próifíle comhlíonta sonraí’ a thabhairt isteach; an Creat Slándála Náisiúnta a ailíniú leis an gcreat rialála agus leis an gcomhthéacs straitéiseach chun slándáil sa riarachán poiblí digiteach a ráthú, i gcomhréir leis an Straitéis Náisiúnta

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										Chibearshlándála 2019 agus leis an bPlean Náisiúnta Cibearshlándála; agus iii) freagairt níos fearr ar threochtaí cibearshlándála a éascú, leochaileachtaí a laghdú agus forairdeall leanúnach a chur chun cinn trí athbhreithniú a dhéanamh ar na bunphrionsabail, ar na híoscheanglais agus ar na bearta slándála.
151	C11.R2	M	Teacht i bhfeidhm Dhlí 3/2020 maidir le bearta nós imeachta agus eagraíochtúla i réimse an Cheartais	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an dlí				R3	2020	Teacht i bhfeidhm Dhlí 3/2020 an 18 Meán Fómhair maidir le bearta nós imeachta agus eagraíochtúla chun déileáil le COVID-19 i réimse an Riaracháin Dlí agus Cirt.
152	C11.R2	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí Foraithne Ríoga lena bhfeabhsaítear éifeachtúlacht nósanna imeachta breithiúnacha agus an Dlí Foraithne Ríoga maidir le héifeachtúlacht dhigiteach	Foráil/forálacha sa dlí/sna dlíthe lena léirítear a dteacht i bhfeidhm				R4	2022	Teacht i bhfeidhm an Dlí Foraithne Ríoga lena bhfeabhsaítear éifeachtúlacht nósanna imeachta sa chóras ceartais náisiúnta agus an Dlí Foraithne Ríoga maidir le héifeachtúlacht dhigiteach, lena ndéanfar an méid seo a leanas: (i) úsáid níos déine a bhaint as an teicneolaíocht chun seirbhís phoiblí éifeachtúil ar ardchaighdeán a sholáthar; (II) athchóirithe a thabhairt isteach i ndlíthe nós imeachta chun luas na nósanna imeachta sna dlínsí riaracháin agus sóisialta a mhéadú; agus (iiii) na próisis achomhairc (‘*procesos de casación’)* a leasú chun moilleanna míchuí a sheachaint.
434	C11.R2	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le héifeachtúlacht	Foráil sa dlí lena léirítear a				R2	2023	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le hÉifeachtúlacht Eagraíochtúil agus Nós Imeachta chun eagrú na léarscáile breithiúnaí

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			eagraíochtúil agus nós imeachta	theacht i bhfeidhm						a leasú i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart agus chun éifeachtúlacht nós imeachta an chórais ceartais a fheabhsú a thuilleadh tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) athchóirithe a thabhairt isteach i ndlíthe nós imeachta chun luas na nósanna imeachta sna dlínsí nach gcumhdaítear le Garsprioc 152 a mhéadú (ii) modhanna malartacha um réiteach díospóidí a thabhairt isteach; (III) athchóirithe a thabhairt isteach sna dlíthe nós imeachta lena réiteofar díospóidí sula dtabharfar os comhair na gcúirteanna iad; (IV) bainistíocht níos éifeachtúla agus freagairt níos tapúla ar éilimh na saoránach agus na gcuideachtaí a bhaint amach a thuilleadh; agus (v) ar an iomlán, Riarachán Ceartais níos solúbtha, níos éifeachtúla, níos fabhraí do shaoránaigh, níos inbhuanaithe agus níos trédhearcaí a bhaint amach.
435	C11.R2	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir leis an gCeart chun Cosanta	Foráil sa dlí lena léirítear a theacht i bhfeidhm				R2	2023	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir leis an gceart chun cosanta chun an ceart bunúsach chun triail chóir a fháil a fhorbairt agus a fheabhsú.
153	C11.R3	M	Teacht i bhfeidhm Fhoraithne Ríoga 937/2020 maidir le rialáil Caja General de Depósitos	Foráil san fhoraithne lena léirítear teacht i bhfeidhm na foraithne				R4	2020	Teacht i bhfeidhm Fhoraithne Ríoga 937/2020 an 27 Deireadh Fómhair lena bhformheastar Rialachán Caja General de Depósitos chun bainistiú digiteach ráthaíochtaí agus taiscí a cuireadh chun cinn don Caja a chur chun feidhme, rud a chuireann deireadh le doiciméadacht fhisiciúil. Leis an bhForaithne Ríoga, tabharfar cothrom le dáta an nós imeachta maidir le bunú, cealú agus forfheidhmiú ráthaíochtaí agus tráthchodanna

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										airgid arna dtaisceadh in Caja. Déanfaidh sé cur chun feidhme nósanna imeachta leictreonacha in Caja a chur chun cinn freisin, trí na rialacha agus na bealaí chun doiciméid leictreonacha a chur isteach a shainiú, agus soláthróidh sé an creat dlíthiúil is gá chun an nós imeachta a dhigitiú.
154	C11.R3	M	Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga lena bhformheastar an Rialachán lena gcuirtear chun feidhme Dlí 22/2015 an 20 Iúil maidir le hiniúchtaí ar chuntais	Foráil san fhoraithne ríoga lena léirítear teacht i bhfeidhm na foraithne ríoga				RÁITHE 1	2021	Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga lena bhformheastar an Rialachán lena gcuirtear chun feidhme Dlí 22/2015 an 20 Iúil 2015 maidir le hIniúchóireacht Cuntas. Beidh sé de chuspóir ag an athchóiriú sin an creat dlíthiúil don ghníomhaíocht iniúchóireachta a sholáthar le deimhneacht dhlíthiúil níos airde ionas go mbainfear cáilíocht leordhóthanach na gníomhaíochta iniúchóireachta amach. Dá bhrí sin, tugtar ráthaíocht agus slándáil níos airde d'iniúchóirí, do ghnólachtaí iniúchóireachta agus do gach ábhar a ndéanann an Rialachán seo difear dóibh, agus na forálacha a áirítear sa Dlí Iniúchóireachta á léirmhíniú agus á gcur i bhfeidhm acu, rud a fhágann go ndéantar iniúchtaí ar bhealach níos fearr agus go gcomhlíontar na hoibleagáidí a áirítear sa reachtaíocht an tráth céanna.
437	C11.R3	M	Foilsiú na Tuarascála Débhliantúla ar Riosca maidir leis an Athrú Aeráide le haghaidh an Chórais Airgeadais	Foilsiú na tuarascála agus an phlean gníomhaíochta don Chomhairle				R2	2023	Foilseoidh na húdaráis Leabhar Glas chun maoiniú inbhuanaithe a chur chun cinn. Ina theannta sin, críochnófar an dá bheart seo a leanas: foilsiú an chéad eagráin den Tuarascáil Dhébhliantúil ar Rioscaí Athraithe Aeráide don Chóras Airgeadais ar shuíomh gréasáin Bhord um Chobhsaíocht Airgeadais an

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			agus cruthú na Comhairle Airgeadais Inbhuanaithe							Údaráis Macrastuamachta (AMCESFI), i gcomhréir le hAirteagal 33 de Dhlí 7/2021 an 20 Bealtaine maidir le hathrú aeráide agus aistriú fuinnimh; agus ii) Comhairle Airgeadais Inbhuanaithe a chruthú agus a chur i bhfeidhm (lena n-áirítear ionadaithe ón riarachán poiblí, ó mhaoirseoirí airgeadais agus ón earnáil phríobháideach) mar fhóram chun comhar poiblí-príobháideach i réimse an airgeadais inbhuanaithe a chur chun cinn. Ag an gcéad chruinniú a bheidh aici, formheasfaidh an Chomhairle plean gníomhaíochta, ina mbeidh amlíne agus spriocanna insoláthartha.
155	C11.R4	M	Teacht i bhfeidhm an ordaithe aireachta lena mbunaítear an Oifig Náisiúnta Meastóireachta	Foráil san ordú aireachta lena léirítear teacht i bhfeidhm an ordaithe				R4	2021	Teacht i bhfeidhm an ordaithe aireachta lena mbunaítear an Oifig Náisiúnta Meastóireachta (*Oficina Nacional de Evaluación*) laistigh den Oifig Neamhspleách um Rialáil agus Maoirseacht ar Sholáthar Poiblí (OIReScon). I gcomhréir le hAirteagal 333 de Dhlí 9/2017 maidir le Soláthar Poiblí, déanfaidh an Oifig sin measúnú ar inbhuanaitheacht airgeadais na gconarthaí lamháltais, mar a shainmhínítear in Airteagail 14 agus 15 de Dhlí 9/2017 maidir le Soláthar Poiblí. Tabharfaidh an t-ordú aireachta an cumas agus na modhanna don Oifig chun a feidhmeanna a fheidhmiú.
156	C11.R4	M	Straitéis Náisiúnta Soláthair	Glacadh na Straitéise Náisiúnta um Sholáthar ag an Oifig Neamhspleách				R4	2022	I gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 334 de Ley 9/2017, beidh sé de chuspóir ag an Straitéis Náisiúnta Soláthair éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht an tsoláthair phoiblí a fheabhsú. Áireofar na gnéithe seo a leanas sa Straitéis: (i) soláthar

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
				um Rialáil agus Maoirseacht ar Sholáthar Poiblí						poiblí straitéiseach a chur chun cinn; (II) gairmiúlú; (III) rochtain FBManna ar sholáthar poiblí a éascú; (IV) feabhas a chur ar na sonraí atá ar fáil; (V) éifeachtúlacht sa soláthar poiblí a chothú; (VI) Claochlú digiteach iomlán an tsoláthair phoiblí; (VII) deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú; (VIII) feabhas a chur ar mhaoirseacht agus ar rialú an tsoláthair phoiblí, lena n-áirítear cosc ar éilliú ar bhonn léarscáil de rioscaí sainaitheanta.
157	C11.R5	M	Teacht i bhfeidhm Dhlí Foraithne Ríoga 36/2020 maidir le cur chun feidhme an Phlean Téarnaimh, Claochlaithe agus Athléimneachta	Foráil san fhoraithne ríoga lena léirítear teacht i bhfeidhm na foraithne ríoga				RÁITHE 1	2021	Teacht i bhfeidhm Dhlí Foraithne Ríoga 36/2020 an 30 Nollaig lena bhformheastar bearta práinneacha chun an riarachán poiblí a nuachóiriú agus chun plean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne a chur chun feidhme, lena dtugtar na modhanna do riaracháin phoiblí sa Spáinn, lena n-áirítear ionstraimí dlí, chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme, go tráthúil agus i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n-áirítear Rialachán RRF. Leis an Dlí Foraithne Ríoga, tabharfar isteach athchóirithe rialála lena gcuirfear dlús le cur chun feidhme tionscadal agus lena gceadófar éifeachtúlacht níos fearr sa chaiteachas poiblí, lena gcoinneofar ar bun i gcónaí na ráthaíochtaí agus na rialuithe a cheanglaítear le creat rialála an Aontais.
158	C11.R5	M	Comhlachtaí nua a chruthú laistigh den rialtas láir chun obair	Foilsiú san Iris Oifigiúil				R2	2021	Cruthú Ard-Rúnaí na gCistí Eorpacha (Secretaría General de Fondos Europeos) agus rannáin nua in Oifig Faisnéisíochta an Bhuiséid (Oficina de Informática

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			leantach a dhéanamh ar chur chun feidhme, rialú agus iniúchadh an Phlean							Presupuestaria) agus in Oifig Iniúchóireachta Náisiúnta (Oficina Nacional de Auditoría) Ard-Reachtaire an Riaracháin Stáit (Intervención General de la Administración del Estado), chun cultúr riaracháin pleanála agus rialaithe feidhmíochtbhunaithe fadtéarmach a chothú tríd an taithí a fuarthas agus an Plean á bhainistiú agus á rialú agus i gcomhréir le forálacha Fhoraithne Ríoga 1182/2020.
159	C11.R5	M	Ordú lena sainítear nósanna imeachta agus formáid na faisnéise atá le comhroinnt chun faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus ar fhorghníomhú cuntasaíochta an chaiteachais	Foráil san ordú lena léirítear teacht i bhfeidhm an Ordaithe				R3	2021	Teacht i bhfeidhm an Ordaithe lena sainítear na nósanna imeachta agus an fhormáid don fhaisnéis atá le comhroinnt le haghaidh faireachán an RRP agus le haghaidh forghníomhú cuntasaíochta an chaiteachais.
160	C11.I1	M	Ardáin náisiúnta soláthair phoiblí a idirnascadh	Cuirfear tacar comhad sonraí atá inrochtana don phobal agus a ghintear go huathoibríoch ón ardán soláthair phoiblí ar fáil, rud a				R2	2023	Idirnascadh breise (malartú sonraí) idir na hardáin soláthair phoiblí uile atá ann cheana (rialtas lárnach agus réigiúnach): 142 réimse sonraí oscailte agus 52 réimse sonraí comhiomlánaithe ar a laghad in ardán an rialtais láir. Bonnlíne: Líon na réimsí sonraí oscailte ar ardán an rialtais láir i mí Eanáir 2021: 119

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
				chumasóidh aisghabháil réimsí sonraí oscailte agus comhiomlánaithe araon.						Líon na réimsí sonraí comhiomlánaithe in ardán an rialtais láir i mí Eanáir 2021: 42 Déanfar réimsí sonraí comhiomlánaithe agus oscailte a shainmhíniú go heisiach mar na réimsí sin a ndearnadh malartú sonraí ina leith i mí Eanáir 2021 (bunlíne) agus i mí Eanáir 2025 (sprioc).
162	C11.I1	M	Claochlú digiteach an Riaracháin Phoiblí Lárnaigh	Deimhnithe glactha, ráitis chomhréireacht a nó a gcoibhéis lena ndeimhnítear go ndearnadh conarthaí (nó codanna díobh)				R4	2025	Deimhniú ón riarachán go ndearnadh conarthaí (lena n-áirítear leasuithe), nó na codanna comhfhreagracha díobh, a bhaineann le claochlú digiteach an Riaracháin Phoiblí Lárnaigh, ar mhéid iomlán EUR 737881472. Cumhdóidh na conarthaí na réimsí seo a leanas: 1. Riarachán dírithe ar shaoránaigh, 2. Oibríochtaí cliste, 3. Rialtas sonraí, 4. Bonneagair dhigiteacha, agus 5. Cibearshlándáil (lena n-áirítear an Lárionad Oibríochtaí Cibearshlándála a chur ar bun).
163	C11.I2	M	Córais faisnéise sláinte a fhorbairt tuilleadh	Fógra oifigiúil maidir le cur i gcrích na hoibre				R2	2023	Déanfaidh an riarachán lárnach tuilleadh forbartha ar fheidhmiúlachtaí na gcroí-fheidhmchlár agus na gcóras faisnéise sláinte seo a leanas: 1) '*Historia Clínica Digital del Sistema Nacional de Salud' (HCDSNS)*; 2) '*receta Electrónica' (RESNS);* agus 3) *'Registro de Profesionales Sanitarios (REPS)*'.
164	C11.I2	T	Imeachtaí breithiúnacha atá le déanamh go leictreonach		Líon	0	2 839	R4	2022	Beidh an bonneagar is gá ag 2839 gcomhlacht breithiúnach breise ar a laghad chun gur féidir 30 % ar a laghad de na himeachtaí a reáchtáil go leictreonach. Is éard atá i gceist leis sin gníomhaíochtaí breithiúnacha teileamaitice a

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										dhéanamh sna comhlachtaí dlínsiúla éagsúla le deimhneacht dhlíthiúil iomlán. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, ní mór do na rannpháirtithe uile a bheith in ann rochtain a fháil ar na seomraí cúirte trí fhíschomhdháil. Thairis sin, beifear in ann seomraí cúirte lánfhíorúla a chruthú, a mbeidh rochtain ag na rannpháirtithe uile orthu trí fhíschomhdháil. Cruthófar ardán neasachta chun samhlacha nua a bhunú le haghaidh caidreamh agus próiseáil nach ndéantar duine le duine. Cuirfidh sé sin feabhas ar chianrochtain na saoránach ar na seirbhísí a sholáthraíonn an riarachán poiblí.
166	C11.I2	M	Digitiú an Riaracháin Phoiblí Lárnaigh (seachas iad siúd a chumhdaítear le garsprioc 163 agus sprioc 164)	Deimhnithe glactha, ráitis chomhréireacht a nó a gcoibhéis lena ndeimhnítear go ndearnadh conarthaí (nó codanna díobh).				R4	2025	Deimhniú ón riarachán go ndearnadh conarthaí (lena n-áirítear leasuithe), nó na codanna comhfhreagracha díobh, a bhaineann le digitiú an riaracháin phoiblí lárnaigh nó na hearnála poiblí institiúidí nó le hoiliúint nó gníomhaíochtaí eile a thacaíonn leis an riarachán poiblí lárnach nó leis an earnáil phoiblí institiúideach maidir lena dhigitiú, ar mhéid iomlán EUR 1078000000. Eisiafar leo sin na conarthaí sin a cuireadh san áireamh chun garsprioc 163 agus sprioc 164 a chomhlíonadh.
167	C11.I3	M	Eintitis réigiúnacha agus áitiúla a dhigitiú	Soláthraíonn an Aireacht Beartais Chríochaigh agus Státseirbhíse				R2	2023	Tá tionscadail curtha i gcrích ag pobail fhéinrialaitheacha agus ag rialtais áitiúla laistigh de na línte straitéiseacha seo a leanas de Straitéis Dhigiteach 2025, den Phlean Digiteála do Riaracháin Phoiblí, agus den chuid eile den ghníomhaíocht nuachóirithe atá

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
				deimhniú sínithe lena ndeimhnítear gur baineadh an sprioc amach						beartaithe don Earnáil Phoiblí: riarachán atá dírithe ar shaoránaigh; oibríochtaí cliste; Rialtas sonraí; IV) bonneagair dhigiteacha, agus v) Cibearshlándáil. Go háirithe: (a) Tá tionscadal amháin ar a laghad curtha i gcrích ag gach Pobal Uathrialach i gceann amháin de na cúig líne straitéiseacha a luaitear thuas; ceadaíonn 60 % de na nósanna imeachta digiteacha a ndearnadh anailís orthu i dtuarascáil CAE ó riaracháin réigiúnacha (*Comunidades Autónomas*) a n-úsáid trí fhóin phóca (Faoi láthair: 48 %).
169	C11.I3	M	Claochlú digiteach na riarachán poiblí réigiúnach agus áitiúil, chomh maith leis an Aireacht um Chlaochlú Digiteach agus an tSeirbhís Phoiblí agus an Aireacht um Beartas Críochach agus um Chuimhne Dhaonlathach	Tuarascálacha fíorúcháin agus deimhnithe glactha, ráitis chomhréireachta nó a gcoibhéis lena ndeimhnítear go ndearnadh conarthaí (nó codanna díobh)				R2	2026	I réimse dhigiteáil na riarachán poiblí réigiúnach agus áitiúil, chomh maith leis an Aireacht um Chlaochlú Digiteach agus an tSeirbhís Phoiblí agus an Aireacht um Beartas Críochach agus um Chuimhne Dhaonlathach, ar mhéid carnach iomlán EUR 693420000: - Deimhniú ón riarachán nó ó eintiteas poiblí go ndearnadh conarthaí (lena n-áirítear leasuithe), nó na codanna comhfhreagracha díobh. Is éard a bheidh sa ranníocaíocht i dtreo an mhéid charnaigh iomláin an méid a fheidhmeofar mar a shainmhínítear i ndeimhnithe glactha, i ráitis chomhréireachta, i ndeimhnithe íocaíochta nó i ndoiciméid choibhéiseacha. - Fíorú arna dhéanamh ag an riarachán nó ag eintiteas poiblí ar an údar doiciméadach atá le

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										híocaíochtaí deontais. Is éard a bheidh sa ranníocaíocht i dtreo an mhéid charnaigh iomláin an méid atá le fóirdheonú san fhíorú sin. Eisiafar leo sin na conarthaí agus na deontais sin a cuireadh san áireamh chun garsprioc 167 agus 438 a chomhlíonadh.
438	C11.I3	M	Treoirthionscadail arna gcur chun feidhme faoin bPlean Cúraim Dhigitigh Phearsanta	Nasc chuig foilsiú na tuarascála ar shuíomh gréasáin na Roinne Sláinte				R2	2026	Foilseofar tuarascáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Sláinte maidir le 17 dtreoirthionscadal faoin bPlean Cúraim Dhigitigh Pearsanta. Áireofar na nithe seo a leanas sa tuarascáil: tuairisc ar na treoirthionscadail, b) tuairisc ar aon dea-chleachtais nó réimsí feabhsúcháin a aithníodh i ngach treoirthionscadail, agus c) moltaí beartais.
170	C11.I4	T	Feithiclí a dhiúscairt agus a cheannach		Líon	0	5 500	R4	2024	(i) Deimhnithe maidir le diúscairt 5500 feithicil bunaithe ar bhreoslaí iontaise arna n-eisiúint.(ii) Deimhniú ón riarachán gur ceannaíodh 5500 feithicil astaíochtaí nialasacha nó ísle CO2 (feithiclí ceallra-leictreacha, feithiclí fuinnimh in-athnuaite, feithiclí hibrideacha inluchtaithe, feithiclí breosla-chille hibrideacha).
172	C11.I4	T	Laghdú ar thomhaltas fuinnimh phríomhúil neamh-in-athnuaite i bhfoirgnimh atá cláraithe sa Lár-Oifig Faisnéise um		Uimhir (m ^{2})	0	1 050 000	R2	2026	Teastais feidhmíochta fuinnimh i bhfoirgnimh atá cláraithe sa Lár-Oifig Faisnéise um Shócmhainní Fardail Stáit (CIBI), ag a bhfuil dromchla ináitrithe carnach 1 050 000 m 2, a ^{léiríonn} laghdú 30 % ar an meán ar thomhaltas fuinnimh phríomhúil neamh-inathnuaite, ualaithe de réir dromchla ináitrithe mar a léirítear sa deimhniú feidhmíochta fuinnimh.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			Shócmhainní Fardail Stáit (CIBI)							
439	C11.I4	M	Córais fhótavoltacha gréine a shuiteáil, pointí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha a shuiteáil agus bearta eile a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar choigilteas fuinnimh arna chonrú ag an riarachán poiblí lárnach nó ag eintitis phoiblí	Deimhnithe oibre deiridh, nó deimhnithe glactha, deimhnithe críochnaithe oibreacha, ráitis chomhréireachta nó a gcoibhéis lena ndeimhnítear go ndearnadh conarthaí (nó codanna díobh)				R2	2026	Sa réimse a bhaineann le córais fhótavoltacha gréine a shuiteáil, pointí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha a shuiteáil agus bearta coigilte fuinnimh eile a chur chun feidhme, ar mhéid carnach iomlán EUR 80000000 , arna chonrú ag an riarachán poiblí lárnach nó ag eintitis phoiblí: • Deimhniú ón riarachán nó ó eintiteas poiblí go ndearnadh conarthaí nó comhaontuithe (lena n-áirítear aon leasú), nó codanna comhfhreagracha díobh; nó • Deimhnithe ar chur i gcrích oibreacha (certificado final de obra) arna síniú ag bainisteoir an láithreáin (stiúrthóir de obra) Is éard a bheidh sa ranníocaíocht i dtreo an mhéid charnaigh iomláin an méid a fheidhmeofar mar a shainmhínítear sna deimhnithe glactha, sna deimhnithe um chur i gcrích oibreacha, sna ráitis chomhréireachta, sna deimhnithe íocaíochta, nó sna doiciméid choibhéiseacha.
173	C11.I5	M	Córas Comhtháite Faisnéise na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta	Tuarascáil iniúchóireachta				R3	2021	Córas a chur chun feidhme lena bhféadfar (a) uaslódáil a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus ar an bhfaisnéis maidir le cur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh ar bhaint amach na ngarspriocanna agus na spriocanna; (b) chun dearbhuithe bainistíochta agus an achoimre

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										iniúchóireachta a ullmhú mar aon le héilimh ar íocaíocht agus (c) chun sonraí a bhailiú agus a stóráil maidir le tairbhithe, conraitheoirí, fochonraitheoirí agus úinéirí tairbhiúla i gcomhréir le hAirteagal 22 den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Déanfar tuarascáil iniúchóireachta ar leith maidir leis an gcóras atá in úsáid. Sa chás go sainaithnítear laige ar bith sa tuarascáil, molfar gníomhaíochtaí ceartaitheacha sa tuarascáil iniúchóireachta.
174	C11.I5	T	Uirlisí agus gníomhaíochtaí cumarsáide nua		Líon	0	4	R4	2022	Fostaíodh beirt bhainisteoirí pobail ar a laghad chun láithreacht ar na meáin shóisialta a mhéadú, rud a chuirfeadh feabhas ar líon na rannpháirtithe agus na dtairbhithe a d'fhéadfadh a bheith sa Phlean chun a bheith ar an eolas faoi na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil leis an bPlean; agus tá 2 shuíomh gréasáin oibríochtúil chun rannchuidiú le hionsú acmhainní a uasmhéadú.
175	C11.I5	T	Oiliúint maidir leis an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta		Líon	0	3 150	R4	2025	Beidh ardán oiliúna ar líne. Deimhnithe rannpháirtíochta oiliúna nó rún oifigiúil lena ndeimhnítear rannpháirtíocht oiliúna arna n-eisiúint maidir le 3150 rannpháirtí in oiliúint maidir leis an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta. Déantar duine a ghlacann páirt i roinnt cúrsaí oiliúna a chomhaireamh ar leithligh le haghaidh gach oiliúna a nglacann sé páirt inti.
175b	C11.I6	M	Cumais chibearshlándála	Deimhnithe glactha, ráitis chomhréireacht				R2	2026	Deimhniú ón riarachán go ndearnadh conarthaí (lena n-áirítear aon leasú), nó na codanna comhfhreagracha díobh, ar mhéid

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			an Riaracháin Phoiblí	a nó a gcoibhéis lena ndeimhnítear go ndearnadh conarthaí (nó codanna díobh)						iomlán EUR 850000000 chun cumais chibearshlándála an Riaracháin Phoiblí a threisiú. Cumhdóidh na conarthaí ceann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas: acmhainneachtaí a fhorbairt chun freagairt do chibearbhagairtí; slándáil agus athléimneacht sócmhainní straitéiseacha a áirithiú; inniúlachtaí a neartú chun cibearchoireacht a imscrúdú agus a ionchúiseamh; IV) borradh a chur faoin gcibearshlándáil do shaoránaigh agus do ghnólachtaí; V) borradh a chur faoi thionscal na cibearshlándála; agus vi) cultúr cibearshlándála a fhorbairt.

L. COMHCHUID 12: BEARTAS TIONSCLAÍOCH

Is é is cuspóir do Chomhchuid 12 de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne borradh a chur faoi nuachóiriú agus táirgiúlacht éiceachóras seirbhísí tionscail na Spáinne trí ghlacadh níos tapúla leis an aistriú digiteach agus glas.

Cuidíonn an chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne le haghaidh a thabhairt ar Mholadh Tírshonrach 3 2019, maidir le hinfheistíochtaí sa nuálaíocht agus san éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn. Tá sé ailínithe freisin le Moladh Tírshonrach 3 2020 (trí infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a chur chun cinn agus an t-aistriú glas a chothú). Cuideoidh an chomhpháirt freisin le haghaidh a thabhairt ar Mholadh Tírshonrach 2 2019 maidir le comhar a chothú idir gnó agus oideachas chun scileanna atá ábhartha don mhargadh saothair a sholáthar, agus Moladh Tírshonrach 1 2020 maidir le hathléimneacht an chórais sláinte a neartú. Rannchuidíonn an chomhpháirt freisin le haghaidh a thabhairt ar Mholadh Tírshonrach 3 2022 maidir le rátaí athchúrsála a mhéadú chun spriocanna an Aontais a bhaint amach agus an geilleagar ciorclach a chur chun cinn trí chomhordú a fheabhsú i measc gach leibhéil rialtais agus trí thuilleadh infheistíochta a dhéanamh chun oibleagáidí maidir le bailiú ar leithligh dramhaíola agus athchúrsáil a chomhlíonadh. Rannchuidíonn an chomhpháirt freisin le haghaidh a thabhairt ar Mholadh Tírshonrach 3 2023 chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, dlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite agus le dul i bhfód na leictrea-shoghluaisteachta.

Ceann de chuspóirí na mbeart a áirítear sa chomhpháirt is ea rannpháirtíocht ghnólachtaí na Spáinne i dTionscadal Tábhachtach ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI) atá beartaithe a éascú.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

L.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 2 (C12.R2) — Beartas dramhaíola agus borradh a chur faoin ngeilleagar ciorclach

Is é is aidhm don bheart samhlacha táirgthe agus tomhaltais a chur chun cinn lena gcoimeádtar táirgí, ábhair agus acmhainní nádúrtha sa gheilleagar chomh fada agus is féidir. Is éard atá san athchóiriú sin gníomhaíochtaí reachtacha agus neamhreachtacha i réimse an bheartais dramhaíola agus an bheartais maidir leis an ngeilleagar ciorclach.

Infheistíocht (C12.I1) — Spásanna sonraí earnála chun earnálacha agus gníomhaíochtaí T & F & N a dhigitiú

Is é cuspóir an bhirt seo digitiú ceithre earnáil a chothú. Is éard atá ann spásanna sonraí a fhorbairt agus gníomhaíochtaí a bhaineann le T & F & N a mhaoiniú.

Infheistíocht 2 (C12.I2) — Clár chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin inbhuanaitheacht thionsclaíoch

Is é is cuspóir don bheart seo claochlú earnálacha straitéiseacha atá ríthábhachtach d'aistriú tionsclaíoch na Spáinne a chur chun cinn. Is éard atá ann tionscadail a mhaoiniú i réimsí na

héifeachtúlachta fuinnimh, na hinbhuanaitheachta agus an chlaochlaithe dhigitigh, i measc nithe eile, lena n-áirítear i dtrí mhórthionscadal straitéiseacha (ar a dtugtar 'PERTEnna').

Infheistíocht 3 (C12.I3) — Plean chun tacú le cur chun feidhme na reachtaíochta dramhaíola agus le cur chun cinn an gheilleagair chiorclaigh

Is é is cuspóir don bheart seo an geilleagar ciorclach a chothú sa Spáinn. Is éard atá i gceist leis tionscadail deontais a thabhairt chun críche agus conarthaí nó comhaontuithe a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach, bainistiú dramhaíola nó réitigh dhigiteacha le haghaidh bainistiú comhshaoil a fheidhmiú.

Infheistíocht 4 (C12.I4) — Tionscal an tslabhra luacha leathsheoltóirí a threisiú

Is é cuspóir an bhirt tacaíocht a chur ar fáil do thionscal an tslabhra luacha leathsheoltóirí chun an t-éiceachóras náisiúnta micrileictreonaice a threisiú agus tionchar rannpháirtíocht chuideachtaí na Spáinne in IPCEI maidir le Micrileictreonaic agus Teicneolaíochtaí Cumarsáide (IPCEI ME-TC) a leathnú. Is éard atá ann cistiú chun páirt a ghlacadh in IPCEI ME-TC agus chun tionscadail a fhorbairt i slabhra luacha thionscal leathsheoltóirí na Spáinne ag céim T & F & N.

Infheistíocht 5 (C12.I5) — Scéim fóirdheontais chun tacú leis an ngeilleagar ciorclach

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i scéim fóirdheontais chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus chun tacú le cur chun cinn an gheilleagair chiorclaigh ar leibhéal gnólachta, i dtrí phríomhearnáil do gheilleagar na Spáinne: teicstílí agus faisean, plaistigh agus trealamh fuinnimh in-athnuaite. Feidhmeoidh an scéim trí dhreasachtaí airgeadais a sholáthar don earnáil phríobháideach trí dheontais nó infheistíochtaí cothromais, lena n-áirítear caipiteal fiontair agus cistí cothromais, a dhámhachtain.

Déanfaidh Instituto de Diversificación y Ahorro de la Energía (IDAE) agus Fundacion Biodiversidad an scéim a bhainistiú mar na comhpháirtithe cur chun feidhme. Chun an infheistíocht sa scéim a chur chun feidhme, glacfaidh an rialtas ionstraim dlí amháin nó níos mó (i gcás infheistíochtaí cothromais, beartas infheistíochta a bheadh le formheas ag IDAE a bheadh san ionstraim sin), lena mbunófar an scéim ina n-áireofar na gnéithe seo a leanas:

1. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na scéime. Déanfaidh comhlacht meastóireachta meastóireacht ar na hiarratais agus ar roghnú na dtairbhithe atá le cur san áireamh sna cinntí dámhachtana deiridh nó sna cinntí infheistíochta faoin scéim agus formheasfaidh tromlach na vótaí iad ó chomhaltaí atá neamhspleách ar Rialtas na Spáinne, rud a chiallaíonn nach mór dóibh a bheith ina mbaill foirne atá fostaithe ag na comhpháirtithe cur chun feidhme agus/nó ina saineolaithe neamhspleácha eile. Beidh cinneadh infheistíochta críochnaitheach na scéime teoranta d'fhormheas (gan mhodhnuithe) nó d'fheidhmiú cirt chrosta ar chinneadh infheistíochta arna mholadh ag an gcoiste infheistíochta nó ag an gcomhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha. I gcás ina nglacann IDAE páirt in aon cheann de na hiarratasóirí agus nach leor an buiséad don ghlao sin chun na hiarratais uile a fhaightear a chumhdach, déanfar iniúchadh seachtrach ar an bpróiseas meastóireachta mar a bheartaítear in 'Plan de Mitigación de Potenciales Conflictos de Interés en Sociedades Participadas' de chuid IDAE.
2. Liosta na ngníomhaíochtaí a bheidh incháilithe le haghaidh tacaíochta, arb éard a bheidh ann an méid seo a leanas:
    a. Teicstílí agus faisean agus plaistigh (EUR 195000000 ar a laghad arna bhainistiú ag Fundación Biodiversidad): infheistíochtaí i mbonneagar, i dteicneolaíochtaí agus in T & F & N chun laghdú, athúsáid agus athchúrsáil agus/nó athluacháil ábhar a éascú.
    b. Trealamh fuinnimh in-athnuaite (EUR 100000000 ar a laghad arna bhainistiú ag IDAE): infheistíochtaí in éicidhearthóireacht, bonneagar, teicneolaíochtaí, T & F & N

agus/nó i bhforbairt suiteálacha agus córas chun laghdú, athúsáid agus athchúrsáil agus/nó athluacháil ábhar a éascú.

3. An ceanglas an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (DNSH) a chomhlíonadh. Go háirithe, eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas ón ionstraim dlí nó ó na hionstraimí dlí: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola20 agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla21. Maidir le hinnealra próiseála dramhaíola agus trealamh comhlántach, úsáidfear na teicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil a bhfuil an tionchar is lú acu ar an gcomhshaol san earnáil. I gcás tacaíocht ghinearálta do chorparáidí (lena n-áirítear cothromas agus caipiteal fiontair), eisiafar leis an ionstraim dlí nó leis na hionstraimí dlí cuideachtaí a bhfuil fócas suntasach acu22 sna hearnálacha seo a leanas: (i) táirgeadh fuinnimh atá bunaithe ar bhreosla iontaise agus gníomhaíochtaí gaolmhara23; (II) tionscail dianfhuinnimh agus/nó tionscail ard-astaíochta CO224; (III) feithiclí truaillitheacha a tháirgeadh, a ligean ar cíos nó a dhíol25; (IV) bailiú dramhaíola, cóireáil dramhaíola agus diúscairt dramhaíola26, (v) breosla núicléach a phróiseáil, fuinneamh núicléach a tháirgeadh.
4. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na scéimeanna fóirdheontais tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.
5. An méid a chumhdaítear leis an scéim agus an ceanglas aon fháltais nár úsáideadh ón scéim fóirdheontais a athinfheistiú sna gníomhaíochtaí mar a liostaítear thuas, lena n-áirítear tar éis 2026.
6. Ceanglais tuairiscithe maidir le hinfheistíochtaí aeráide le haghaidh na scéimeanna fóirdheontais[27].

---

[20] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[21] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola na ngléasraí ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[22] Meastar go bhfuil ‘fócas substaintiúil’ ag Tairbhí Críochnaitheach ar earnáil nó ar ghníomhaíocht ghnó más mó ná 50 % den ollioncam an t-ollioncam a ghintear ón earnáil nó ón ngníomhaíocht shrianta.

[23] Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[24] Lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha. I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[25] Sainmhínítear feithiclí truaillitheacha mar fheithiclí nach feithiclí astaíochtaí nialasacha iad.

[26]Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le gléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

[27] Ceanglófar ar thairbhithe deiridh a bhaineann le tionscadail shonracha údar a thabhairt leis an réimse idirghabhála roghnaithe le haghaidh gach tionscadail a fhaigheann tacaíocht, mar aon le tuairisc ar an tionscadal, chun an rannchuidiú aeráide a ríomh. Chun an ranníocaíocht aeráide a ríomh, i gcás cothromais, cuasachothromais, bannaí corparáideacha nó ionstraimí coibhéiseacha nach bhfuil dírithe ar thionscadail shonracha, úsáidfear critéir chun a cheangal go nginfear/go

7. Maidir le hinfheistíochtaí cothromais, lena n-áirítear caipiteal fiontair, áireofar ar phríomhcheanglais an bheartais infheistíochta maidir le dámhachtain fhéideartha cistí:
    a. An tuairisc ar línte na dtáirgí airgeadais agus na dtairbhithe deiridh incháilithe
    b. Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a dtacaítear leo inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.
8. I gcás infheistíochtaí cothromais, lena n-áirítear caipiteal fiontair, na ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe seo a leanas, lena n-áirítear:

    a. An tuairisc ar chóras faireacháin IDAE chun tuairisciú a dhéanamh ar an infheistíocht a slógadh.
    b. An tuairisc ar nósanna imeachta IDAE lena n-áiritheofar go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.
    c. An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme sula ngeallfaidh sé oibríocht a mhaoiniú.
    d. An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta IDAE. Fíorófar leis na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; II) comhlíonadh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’, na rialacha maidir le Státchabhair, na ceanglais maidir le sprioc aeráide; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas atá ar IDEA a fhíorú go dtíolacann an tairbhí deiridh dearbhú freagrach chun rialú a dhéanamh ar cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear an costas céanna le hionstraim eile de chuid an Aontais. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha na hionstraime dlí nó na n-ionstraimí dlí nó an bheartais infheistíochta is infheidhme lena mbunaítear an scéim á n-urramú.

<u>Infheistíocht 6 (C12.I6) — Scéim fóirdheontais chun tacú le tionscadail straitéiseacha i slabhra luacha na ngluaisteán leictreach agus in earnálacha tionsclaíocha eile (deontais)</u>

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i scéim fóirdheontais chun infheistíocht phríobháideach i slabhra luacha na ngluaisteán leictreach agus in earnálacha tionsclaíocha eile a dhreasú trí dheontais. Oibreoidh an Scéim trí fhóirdheontais a sholáthar go díreach don earnáil phríobháideach agus d’eintitis san earnáil phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla.

Is é SEPIDES, ina cháil mar chomhpháirtí cur chun feidhme, a bhainisteoidh an scéim. Le gníomh dlí ábhartha, déanfar gnóthas poiblí de SEPIDES chun an infheistíocht sin a chur chun feidhme (is garsprioc é sin faoi Infheistíocht 6 de Chomhchuid 31 de Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Spáinne).

Chun an infheistíocht sa scéim a chur chun feidhme, glacfaidh an rialtas ionstraim dlí amháin nó níos mó lena mbunófar an scéim, lena n-áireofar na heilimintí seo a leanas:

1. Tuairisc ar an bpróiseas cinnteoireachta don scéim: Déanfaidh coiste meastóireachta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile meastóireacht ar na hiarratais agus ar roghnú na dtairbhithe atá le cur san áireamh i gcinntí dámhachtana críochnaitheacha nó i gcinntí

nginfear 90 % ar a laghad d’ioncam an fhaighteora le linn na bliana airgeadais roimhe sin nó d’ioncam amach anseo de réir plean gnó ó ghníomhaíocht a chomhlíonann na critéir ábhartha a eascraíonn as na réimsí idirghabhála is infheidhme in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF. Tabharfaidh tairbhithe deiridh ó chothromas, cuasachothromas, bannaí corparáideacha nó ionstraimí coibhéiseacha nach bhfuil dírithe ar thionscadail shonracha údar cuí leis an réimse idirghabhála nó leis na réimsí idirghabhála a roghnaíodh. Ceanglófar ar an gcomhpháirtí cur chun feidhme freisin tuarascáil leathbhliantúil a sholáthar don Bhallstát maidir le cur chun feidhme gach tionscadail/gníomhaíochta.

infheistíochta faoin scéim agus formheasfaidh tromlach na vótaí iad ó chomhaltaí atá neamhspleách ar Rialtas na Spáinne, rud a chiallaíonn nach mór dóibh a bheith ina mbaill foirne atá fostaithe ag SEPIDES agus/nó ina saineolaithe neamhspleácha eile. Beidh cinneadh infheistíochta críochnaitheach na scéime teoranta d'fhormheas (gan mhodhnuithe) nó d'fheidhmiú cirt chrosta ar chinneadh infheistíochta arna mholadh ag an gcoiste meastóireachta nó ag comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha.

2. An tuairisc ar na fóirdheontais a soláthraíodh agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe.

3. An ceanglas an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh. Go háirithe, eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas ón ionstraim dlí nó ó na hionstraimí dlí: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach28; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha29; agus (iii) gníomhaíochtaí a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola30 agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla31. Measfar na gníomhaíochtaí T & F & N seo a leanas faoin infheistíocht seo a bheith i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01): Gníomhaíochtaí T & F & N faoin infheistíocht seo atá dírithe ar inbhuanaitheacht chomhshaoil cuideachtaí a mhéadú go suntasach (amhail dícharbónú, laghdú ar thruailliú agus an geilleagar ciorclach) más é príomhfhócas ghníomhaíochtaí T & F & N faoin infheistíocht seo roghanna malartacha a fhorbairt nó a oiriúnú a bhfuil an tionchar is ísle is féidir acu ar an gcomhshaol san earnáil.

4. Ceanglais maidir le hinfheistíochtaí aeráide a dhéanann SEPIDES: rannchuideoidh EUR 206000000 ar a laghad d'infheistíocht RRF isteach sa scéim leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF.[32]

5. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na scéime fóirdheontais tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun na costais chéanna a chumhdach.

---

[28] Seachas (a) tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar gaolmhar tarchurtha agus dáileacháin, a úsáideann gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith chun aistriú tráthúil a dhéanamh i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[29] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[30] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[31] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola na ngléasraí ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[32] Maidir le tairbhithe deiridh ó iasachtaí, iasachtaí rannpháirtíochta, bannaí tionscadail, ráthaíochtaí nó ionstraimí coibhéiseacha atá bainteach le tionscadail shonracha, ceanglófar orthu údar cuí a thabhairt leis an réimse idirghabhála roghnaithe le haghaidh gach tionscadail a dtacaítear leis, mar aon le tuairisc ar an tionscadal. Ceanglófar ar an gcomhpháirtí cur chun feidhme freisin tuarascáil leathbhliantúil a sholáthar don Bhallstát maidir le cur chun feidhme gach tionscadail/gníomhaíochta.

6. An méid a chumhdaítear leis an scéim agus an ceanglas aon fháltais nár úsáideadh ón scéim fóirdheontais a athinfheistiú sna gníomhaíochtaí mar a liostaítear thuas, lena n-áirítear tar éis 2026.

L.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne le haghaidh gach táscaire mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
177	C12.R2	M	Straitéis na Spáinne maidir leis an nGeilleagar Ciorclach (EEEC)	Formheas ó Chomhairle na nAirí				R2	2020	Formheas Straitéis na Spáinne maidir leis an nGeilleagar Ciorclach (ECEE). Leagtar síos ann an bunús chun samhail nua táirgthe agus tomhaltais a chur chun cinn ina gcoinnítear luach na dtáirgí, na n-ábhar agus na n-acmhainní chomh fada agus is féidir, ina n-íoslaghdaítear giniúint dramhaíola agus ina ndéantar saothrú iomlán ar an dramhaíl nach bhféadfaí a sheachaint.
178	C12.R2	M	Teacht i bhfeidhm na ngníomhartha atá mar chuid de phacáiste beartais an gheilleagair chiorclaigh	Forálacha sna Foraitheanta Ríoga lena léirítear teacht i bhfeidhm na ndlíthe				R4	2022	Áirítear an méid seo a leanas sa phacáiste beartais don gheilleagar ciorclach: Foraithne Ríoga 731/2020 an 4 Lúnasa lena leasaítear Foraithne Ríoga 1619/2005 an 30 Nollaig maidir le bainistiú bonn a bhfuil a ré caite. Foraithne Ríoga 646/2020 an 7 Iúil lena rialaítear diúscairt dramhaíola trí líonadh talún. Foraithne Ríoga 553/2020 an 2 Meitheamh lena rialaítear loingsiú dramhaíola laistigh de chríoch an Stáit. Foraitheanta Ríoga 27/2021, an 19 Eanáir agus 265/2021, an 13 Aibreán. Formheas na mbeart rialála maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht atá le teacht ag Comhairle na nAirí le linn 2022.
179	C12.R2	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le Dramhaíl agus Ithir Éillithe	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an dlí				R4	2022	Áireofar an méid seo a leanas sa Dlí: (i) Cur chun feidhme na treorach réime dramhaíola agus na treorach maidir le plaistigh aon úsáide, agus nuashonrú a dhéanamh freisin ar rialacháin na Spáinne i bhfianaise na taithí a fuarthas le deich mbliana anuas; (II) Cuspóirí an Aontais maidir le dramhaíl a thabhairt isteach, agus oibleagáidí maidir le bailiú ar leithligh a eascraíonn as rialacháin an Aontais, lena réamh-mheastar a gcur chun feidhme i mbithdhramhaíl i mbardais ina bhfuil níos mó ná 5000 áitritheoir. Thairis sin, tabharfar isteach leis an mbeart oibleagáidí maidir le bailiú ar leithligh a théann níos faide ná na ceanglais a bhunaítear le dlí an Aontais; (III) An t-athbhreithniú ar rialáil na freagrachta leathnaithe táirgeora, lena mbunaítear cinn nua a théann thar a gceanglaítear le dlí an Aontais; (IV) Cánachas stáit a thabhairt isteach ar dhramhaíl (lena n-áirítear líonadh talún, loscadh agus comhloscadh agus ar choimeádáin phlaisteacha aon úsáide).
440	C12.R2	M	Meitheal an Choimisiúin um Chomhordú Dramhaíola chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na	Formheas ón gCoiste Comhordúcháin Dramhaíola				R4	2025	Meitheal a bhunú laistigh den Choiste Comhordúcháin Dramhaíola chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta dramhaíola agus ar fhormheas na mbeart chun comhlíonadh na reachtaíochta náisiúnta comhchuibhithe maidir le bainistiú dramhaíola a éascú. Foilseofar na bearta comhaontaithe ar shuíomh gréasáin na hAireachta.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			reachtaíochta dramhaíola							
441	C12.R2	M	Teacht i bhfeidhm na ngníomhartha dlí i réimse an gheilleagair chiorclaigh	Forálacha sna Gníomhartha Dlí lena mbunaítear teacht i bhfeidhm gníomhartha				R4	2025	Teacht i bhfeidhm gníomhartha dlí i réimse an gheilleagair chiorclaigh. Is iad seo a leanas na gníomhartha sin: – Gníomh dlí maidir le ráthaíochtaí airgeadais i ndáil le dramhaíl – Gníomh dlí maidir le boinn a bhfuil a ré caite. – Gníomh dlí lena leagtar síos íoscheanglais maidir le cóireáil roimh dhramhaíl chathrach a chur i líonadh talún
180	C12.I1	M	Spásanna sonraí earnála agus gníomhaíochtaí a bhaineann le T & F	Fíorú arna dhéanamh ag an riarachán nó ag eintiteas poiblí; nó deimhnithe glactha, ráitis chomhréireachta, tuarascáil chríochnaitheach an choiste faireacháin nó a choibhéis lena ndeimhnítear go ndearnadh conarthaí agus comhaontuithe (venios*)*. Doiciméad réitigh dámhachtana agus íocaíochta le haghaidh tionscadail T & F & N				R2	2026	Sa réimse a bhaineann le spásanna sonraí a fhorbairt, lena n-áirítear gníomhaíochtaí cumasúcháin, le haghaidh méid carnach iomlán EUR 95277692: - Deimhniú ón riarachán, ó eintiteas poiblí nó, i gcás ina ndéantar foráil sa chomhaontú maidir le ról den sórt sin, ón gcoiste faireacháin *comhfhreagrach* go ndearnadh conarthaí (lena n-áirítear leasuithe) agus comhaontuithe (comvenios), nó na codanna comhfhreagracha díobh. Is éard a bheidh sa ranníocaíocht leis an méid carnach iomlán an méid a rinneadh mar a shainmhínítear i ndeimhnithe glactha, i ráitis chomhréireachta, i ndeimhnithe íocaíochta nó i ndoiciméid choibhéiseacha lena ndeimhnítear go ndearnadh conarthaí agus comhaontuithe (comvenios). - Fíorú arna dhéanamh ag an riarachán nó ag eintiteas poiblí ar an údar doiciméadach atá le híocaíochtaí deontais. Is éard a bheidh sa ranníocaíocht i dtreo an mhéid charnaigh iomláin an méid atá le fóirdheonú san fhíorú sin. Cistí a eisíoc le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le T & F & N lena gcumhdaítear méid carnach iomlán EUR 151119139.
181	C12.I2	M	Plean chun Borradh a chur faoi Shlabhra Luacha Thionscal na nGluaisteán i dtreo Soghluaisteacht Inbhuanaithe agus Nasctha	Formheas ó Chomhairle na nAirí				R2	2020	Formheas Chomhairle na nAirí ar an bPlean chun Borradh a chur faoi Shlabhra Luacha Thionscal na nGluaisteán i dtreo Soghluaisteacht Inbhuanaithe Nasctha. Féadfaidh Comhairle na nAirí formheas a dhéanamh mar chomhaontú foirmiúil nó mar thuarascáil chuig Comhairle na nAirí. Nuair a dhéanfar comhaontú foirmiúil, déanfaidh an Spáinn foráil maidir leis an gcomhaontú sin. Nuair a chuirfear Comhairle na nAirí ar an eolas trí thuarascáil, cuirfidh an Spáinn doiciméid ar fáil maidir le (i) dáta an chruinnithe, (ii) pointe ar an gclár oibre agus (iii) deimhniú lena gcruthaítear gur tuairiscíodh an mhír do Chomhairle na nAirí.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
182	C12.I2	M	PERTE i réimse na bhfeithiclí leictreacha	Formheas ó Chomhairle na nAirí				R3	2022	Formheas ag Comhairle na nAirí ar Thionscadal Straitéiseach don Téarnamh agus don Chlaochlú Eacnamaíoch (PERTE) i réimse straitéiseach na bhfeithiclí leictreacha, agus leithdháileadh EUR 400000000 ar a laghad den bhuiséad mar chabhair. Beidh critéir roghnúcháin mhionsonraithe sa chinneadh formheasa PERTE chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Ina theannta sin, léireoidh na critéir roghnúcháin ceanglais na réimsí idirghabhála is infheidhme maidir le cuspóirí an athraithe aeráide, i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.
183	C12.I2	M	PERTEnna i réimsí straitéiseacha a shainítear sa Phlean	Formheas ó Chomhairle na nAirí				R4	2022	Formheas ó Chomhairle na nAirí ar dhá PERTE ar a laghad agus leithdháileadh iomlán EUR 800000000 ar a laghad den bhuiséad i gcabhair, i réimsí straitéiseacha eile, amhail an t-agraibhia, an tsláinte, na hearnálacha aerloingseoireachta agus cabhlaigh, agus earnálacha tionsclaíocha atá nasctha le fuinneamh in-athnuaite, agus i gcumais chun próiseálaithe agus teicneolaíochtaí leathsheoltóra a dhearadh agus a tháirgeadh. Beidh critéir roghnúcháin mhionsonraithe sa chinneadh formheasa PERTE chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Ina theannta sin, léireoidh na critéir roghnúcháin ceanglais na réimsí idirghabhála is infheidhme maidir le cuspóirí an athraithe aeráide, i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.
184	C12.I2	T	Tionscadail nuálacha le haghaidh chlaochlú na tionsclaíochta ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh, inbhuanaitheachta agus digitithe de	—	Líon	0	78	R4	2022	Dámhachtain EUR 1200000000 ar a laghad ón Aire Tionscail ar 78 dtionscadal nuálacha ar a laghad, lena n-áirítear iad siúd atá nasctha le PERTEnna formheasta (3 ar a laghad), lena mbaineann claochlú suntasach tionscail ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh, inbhuanaitheacht agus claochlú digiteach de. Tionscadail a roghnú tar éis glao a foilsíodh in IO agus bunaithe ar chritéir roghnúcháin chun an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) a chomhlíonadh trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Ina theannta sin, léireoidh na critéir roghnúcháin ceanglais

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										na réimsí idirghabhála is infheidhme maidir le cuspóirí an athraithe aeráide, i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.
185	C12.I2	M	PERTEnna agus tionscadail eile: cistí a eisíoc	Deimhniú eisíocaíochta				R4	2025	Cistí dar luach EUR 2242693082 a eisíoc i réimsí na héifeachtúlachta fuinnimh, na hinbhuanaitheachta agus an chlaochlaithe dhigitigh, i measc réimsí eile, lena n-áirítear le haghaidh trí PERTEnna formheasta.
186	C12.I2	M	PERTEnna agus tionscadail eile: Tuarascálacha críochnaitheacha	Tuarascálacha críochnaitheacha				R2	2026	Déanfaidh eintitis is faighteoirí nó daoine aonair is faighteoirí 210 dtuarascáil chríochnaitheach lena ndeimhnítear tabhairt chun críche na dtionscadal arna ndámhachtain a chur isteach le haghaidh deontais a bhaineann le réimsí na héifeachtúlachta fuinnimh, na hinbhuanaitheachta agus an chlaochlaithe dhigitigh, i measc nithe eile, lena n-áirítear iad siúd atá nasctha le trí PERTE formheasta.
187	C12.I3	T	Geilleagar ciorclach agus bainistiú dramhaíola: deontais, conarthaí nó comhaontuithe		Líon	0	1 450	R2	2026	I réimse an gheilleagair chiorclaigh, an bhainistithe dramhaíola nó na réiteach digiteach le haghaidh bainistiú comhshaoil, le haghaidh líon carnach iomlán 1450 deontas nó conradh arna ndámhachtain nó comhaontuithe arna síniú: • Déanfaidh eintitis is faighteoirí nó daoine aonair is faighteoirí tuarascálacha críochnaitheacha lena ndeimhnítear tabhairt chun críche na dtionscadal arna ndámhachtain a chur isteach le haghaidh deontas; nó • Deimhniú ón riarachán nó ó eintiteas poiblí go ndearnadh conarthaí nó comhaontuithe (lena n-áirítear aon leasú), nó codanna comhfhreagracha díobh.
442	C12.I3	T	Deontais a dháileadh chun tionscadail cur chun feidhme dramhaíola a chur chun feidhme.		EUR milliún	0	300	R2	2023	Formheas an Chomhaontaithe maidir leis an gComhdháil Earnála maidir leis an gComhshaol lena bhformheastar na critéir leithdháilte agus dáileadh críochach deontas, nó formheas deontas díreach i gcomhréir leis an Dlí Ginearálta maidir le Fóirdheontais 38/2003, a bhaineann leis an bPlean chun tacú le cur chun feidhme na reachtaíochta dramhaíola 2024 chun tionscadail a mhaoiniú arb é is aidhm dóibh an creat náisiúnta um rialáil dramhaíola a chur chun feidhme agus cuspóirí an Aontais a bhaint amach. Is éard a bheidh sna tionscadail gníomhaíochtaí chun córais bailithe ar leithligh dramhaíola a chur chun feidhme agus a fheabhsú, infheistíochtaí i bpointí bailithe chun athchúrsáil a fheabhsú, agus gléasra cóireála dramhaíola nua a bhailítear ar leithligh a thógáil.
445	C12.I4	M	An slabhra luacha le haghaidh leathsheoltóirí a	Deimhniú eisíocaíochta				R2	2026	Eisíocaíocht EUR 153000000 le tairbhithe deiridh a fhaigheann tacaíocht airgeadais: (1) páirt a ghlacadh in IPCEI-Micrileictreonaic agus Nascacht agus (2) tionscadail a fhorbairt i slabhra luacha thionscal leathsheoltóirí na Spáinne ag céim T & F & N.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			threisiú: cistí a eisíoc							
446	C12.I5	M	Scéim fóirdheontais chun tacú leis an ngeilleagar ciorclach: An scéim fóirdheontais a bhunú	Teacht i bhfeidhm na hionstraime/na n-ionstraimí dlí ábhartha				R4	2025	Teacht i bhfeidhm na hionstraime dlí nó na n-ionstraimí dlí lena mbunaítear an scéim i gcomhréir leis na ceanglais a shonraítear sa tuairisc ar an mbeart.
447	C12.I5	T	Scéim fóirdheontais chun tacú leis an ngeilleagar ciorclach: Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh nó rúin dhámhachtana chríochnaitheacha arna bhfoilsiú	Teacht i bhfeidhm comhaontuithe maoiniúcháin dlíthiúla nó rún dámhachtana críochnaitheach a foilsíodh agus Deimhniú eisíocaíochta le IDAE agus Fundación Biodiversidad		0 %	100 %	R4	2025	Beidh rúin dhámhachtana chríochnaitheacha foilsithe ag IDAE agus Fundación Biodiversidad nó beidh comhaontuithe maoiniúcháin dlíthiúla déanta acu le tairbhithe deiridh le haghaidh méid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF sa scéim a úsáid. Aistreoidh an Spáinn EUR 100000000 chuig IDAE agus EUR 195000000 chuig Fundación Biodiversidad le haghaidh na scéime
448b	C12.I6	M	Scéim fóirdheontais d'earnáil na bhfeithiclí leictreacha agus d'earnálacha tionsclaíocha eile (deontais); An scéim fóirdheontais a bhunú	Teacht i bhfeidhm na hionstraime dlí ábhartha nó na n-ionstraimí dlí ábhartha				R4	2025	Teacht i bhfeidhm na hionstraime dlí nó na n-ionstraimí dlí lena mbunaítear an scéim fóirdheontais i gcomhréir leis na ceanglais a shonraítear sa tuairisc ar an mbeart.
448c	C12.I6	T	Scéim fóirdheontais d'earnáil na bhfeithiclí leictreacha agus d'earnálacha tionsclaíocha eile	Teacht i bhfeidhm comhaontuithe maoiniúcháin dlíthiúla nó rún dámhachtana críochnaitheach a foilsíodh agus		0	100 %	R2	2026	Beidh rúin dhámhachtana chríochnaitheacha foilsithe ag SEPIDES nó beidh comhaontuithe maoiniúcháin dlíthiúla déanta aige le tairbhithe deiridh le haghaidh méid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF sa scéim a úsáid. Áiritheofar le SEPIDES go rannchuideoidh 40 % ar a laghad den mhaoiniú sin le cuspóirí aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			(deontais): Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh nó rúin dhámhachtana chríochnaitheacha arna bhfoilsiú. Tá an infheistíocht curtha i gcrích ag an Aireacht	Deimhniú eisíocaíochta le SEPIDES						Aistreoidh an Spáinn EUR 513970000 chuig SEPIDES le haghaidh na scéime.

L.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na tacaíochta iasachta

Infheistíocht 7 (C12.I7) — Scéim tacaíochta do thionscadail straitéiseacha i slabhra luacha na ngluaisteán leictreach (iasachtaí)

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i scéim tacaíochta chun infheistíocht phríobháideach i slabhra luacha na ngluaisteán leictreach a dhreasú, trí iasachtaí. Oibreoidh an Scéim trí iasachtaí a sholáthar go díreach don earnáil phríobháideach.

Is é SEPIDES, ina cháil mar chomhpháirtí cur chun feidhme, a bhainisteoidh an scéim.

Chun an infheistíocht sa scéim a chur chun feidhme, glacfaidh an rialtas ionstraim dlí amháin nó níos mó lena mbunófar an scéim iasachta, lena n-áireofar na heilimintí seo a leanas:

1. Tuairisc ar an bpróiseas cinnteoireachta don scéim: Déanfaidh coiste infheistíochta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile meastóireacht ar na hiarratais agus ar roghnú na dtairbhithe atá le cur san áireamh i gcinntí dámhachtana críochnaitheacha nó i gcinntí infheistíochta faoin scéim agus formheasfaidh tromlach na vótaí iad ó chomhaltaí atá neamhspleách ar Rialtas na Spáinne, rud a chiallaíonn nach mór dóibh a bheith ina mbaill foirne atá fostaithe ag SEPIDES agus/nó ina saineolaithe neamhspleácha eile. Beidh cinneadh infheistíochta críochnaitheach na scéime teoranta d'fhormheas (gan mhodhnuithe) nó d'fheidhmiú cirt chrosta ar chinneadh infheistíochta arna mholadh ag an gcoiste infheistíochta nó ag an gcomhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha.
2. An tuairisc ar na hiasachtaí a soláthraíodh agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe.
3. An ceanglas an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[33], (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[34], (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí[35] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[36]. Measfar na gníomhaíochtaí T & F & N seo a leanas faoin infheistíocht seo a bheith i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01): Gníomhaíochtaí T & F & N faoin infheistíocht seo atá dírithe ar inbhuanaitheacht chomhshaoil cuideachtaí a

[33]Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[34] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[35]Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Níl feidhm ag an eisiamh 36 sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola na ngléasraí ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

mhéadú go suntasach (amhail dícharbónú, laghdú ar thruailliú agus an geilleagar ciorclach) más é príomhfhócas ghníomhaíochtaí T & F & N faoin infheistíocht seo roghanna malartacha a fhorbairt nó a oiriúnú a bhfuil an tionchar is ísle is féidir acu ar an gcomhshaol san earnáil.

4. Ceanglais maidir le hinfheistíochtaí aeráide a dhéanann SEPIDES: rannchuideoidh EUR 17782000 ar a laghad d'infheistíocht RRF isteach sa scéim leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF. [37]
5. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na scéime iasachta tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun na costais chéanna a chumhdach.
6. An méid a chumhdaítear leis an scéim agus an ceanglas aon fháltais nár úsáideadh ón scéim iasachta a athinfheistiú sna gníomhaíochtaí mar a liostaítear thuas, lena n-áirítear tar éis 2026.

L.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an tacaíocht iasachta

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne le haghaidh gach táscaire mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

[37] Ceanglófar ar thairbhithe deiridh údar cuí a thabhairt leis an réimse idirghabhála roghnaithe le haghaidh gach tionscadail a dtacaítear leis, mar aon le tuairisc ar an tionscadal. Ceanglófar ar an gcomhpháirtí cur chun feidhme freisin tuarascáil leathbhliantúil a sholáthar don Bhallstát maidir le cur chun feidhme gach tionscadail/gníomhaíochta.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
L23	C12.I7	M	Scéim tacaíochta do thionscadail straitéiseacha i slabhra luacha na ngluaisteán leictreach (iasachtaí): Bunú na scéime	Teacht i bhfeidhm na hionstraime dlí ábhartha nó na n-ionstraimí dlí ábhartha				R4	2025	Teacht i bhfeidhm na hionstraime dlí nó na n-ionstraimí dlí lena mbunaítear an scéim iasachta i gcomhréir leis na ceanglais a shonraítear sa tuairisc ar an mbeart.
L24	C12.I7	T	Scéim tacaíochta do thionscadail straitéiseacha i slabhra luacha na ngluaisteán leictreach (iasachtaí): Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh nó rúin dhámhachtana chríochnaitheacha arna bhfoilsiú agus críochnú na hinfheistíochta	Teacht i bhfeidhm comhaontuithe maoiniúcháin dlíthiúla nó rún dámhachtana críochnaitheach a foilsíodh agus deimhniú eisíocaíochta le SEPIDES		0	100 %	R2	2026	Beidh rúin dhámhachtana chríochnaitheacha foilsithe ag SEPIDES nó beidh comhaontuithe maoiniúcháin dlíthiúla déanta aige le tairbhithe deiridh le haghaidh méid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF sa scéim a úsáid. Áiritheofar le SEPIDES go rannchuideoidh 40 % ar a laghad den mhaoiniú sin le cuspóirí aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF. Aistreoidh an Spáinn EUR 44457000 chuig SEPIDES le haghaidh na scéime.

M. COMHCHUID 13: TACAÍOCHT DO FBMANNA

Tá ról lárnach ag fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) i ngeilleagar an Aontais agus na Spáinne, go háirithe i gcás ina gcuireann FBManna níos mó leis an OTI náisiúnta agus i gcás ina bhfuil meánmhéid na ngnólachtaí níos lú i gcomparáid le meán an Aontais.

Leis an ngné sin de Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Spáinne, tugtar aghaidh ar na dúshláin atá roimh fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) (lena n-áirítear daoine féinfhostaithe) agus é mar aidhm léi borradh a chur faoi iomaíochas gheilleagar na Spáinne agus fás agus fostaíocht a chur chun cinn. Is iad seo a leanas na dúshláin sin: an deacracht a bhaineann le rochtain ar mhaoiniú don fhiontraíocht, d'fhás gnó agus don nuálaíocht; an easpa scileanna digiteacha agus an easpa glactha le teicneolaíochtaí digiteacha a chuireann bac ar tháirgiúlacht agus iomaíochas FBManna; beagmhéid na ngnólachtaí, rud a chuireann bac ar shaothrú barainneachtaí scála agus ar idirnáisiúnú; agus an leochaileacht ard i leith suaití seachtracha agus barainneachtaí ísle scála a chuireann bac ar infheistíocht agus ar nuálaíocht.

Is iad cuspóirí na comhpháirte sin athchóirithe agus infheistíochtaí a thabhairt isteach arb é is aidhm dóibh cruthú gnó, fás agus athstruchtúrú gnólachtaí a éascú, feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó (go háirithe trí fheidhmiú mhargadh inmheánach na Spáinne a neartú), chomh maith le borradh breise a chur faoi phróisis thábhachtacha na ngnóthachan táirgiúlachta trí dhigitiú, nuálaíocht agus idirnáisiúnú. Tá an chomhpháirt sin dírithe go mór ar dhigitiú le cur chuige cothrománach chun pacáiste bunúsach digitithe a sholáthar do chéatadán suntasach FBManna agus cur chuige ingearach chun borradh a chur faoi dhigitiú próiseas agus nuálaíocht theicneolaíoch in FBManna áirithe.

Tugann an chomhpháirt sin aghaidh go páirteach ar na Moltaí Tírshonracha maidir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme an Dlí maidir le hAontachas Margaidh (Moladh Sonrach Tíre 4 2019) agus maidir le cur chun feidhme éifeachtach na mbeart atá dírithe ar leachtacht a sholáthar do FBManna agus do dhaoine féinfhostaithe a áirithiú, go háirithe trí íocaíochtaí déanacha a sheachaint (Moladh Sonrach Tíre 3 2020). Tugtar aghaidh ann freisin ar na Moltaí Tírshonracha maidir le hinfheistíochtaí a dhíriú ar an aistriú digiteach (Moladh Tírshonrach 3 2020) agus maidir le rochtain ar fhoghlaim dhigiteach a fheabhsú (Moladh Tírshonrach 2 2020). Cothaíonn sé infheistíocht san aistriú glas freisin (Moladh Sonrach Tíre 1 2023 agus 1 2022).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

M.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C13.R1) — Rialáil ghnó agus an aeráid a fheabhsú

Is iad cuspóirí an athchóirithe feabhas a chur ar an gcreat ina dtarlaíonn gníomhaíocht eacnamaíoch trí rialáil níos fearr agus timpeallacht ghnó níos fearr a áirithiú lena n-éascaítear cruthú agus fás gnólachtaí, agus a n-athstruchtúrú más gá, trí roinnt beart a ghlacadh.

Is éard a bheidh san athchóiriú:

a) Glacadh an Dlí maidir le Cruthú agus Fás Gnólachtaí. Is é is aidhm don reachtaíocht seo:

i. Simpliú a dhéanamh ar na nósanna imeachta chun gnólacht a bhunú. Bainfear é sin amach tríd an íoscheanglas caipitil a laghdú chun gnólacht a bhunú, agus trí na hardáin sluachistiúcháin agus ionstraimí cistiúcháin phoiblí eile a neartú;

ii. Bearta dlíthiúla chun cultúr luathíocaíochta a chothú. Cuirfidh an dlí sin feabhas ar éifeachtacht chur chun feidhme Threoir (AE) 2011/7 maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála. Tá coinne leis go laghdóidh an dlí na meántréimhsí íocaíochta in idirbhearta tráchtála. Chuideodh sé sin le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin leachtachta atá os comhair FBManna is creidiúnaithe nach n-íoctar in am trátha, agus bheadh éifeachtaí iarmharta dearfacha aige sin ar a ngníomhaíochtaí agus ar a bhfás. I measc na samplaí de bhearta atá le cur chun feidhme chun cultúr luathíocaíochta a chothú tá treoirlínte maidir le poiblíocht agus trédhearcacht tréimhsí íocaíochta, dea-chleachtais ghnó agus sásraí le haghaidh forfheidhmiú níos fearr amhail córas um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt;

iii. Forálacha áirithe den Dlí maidir le hAontacht an Mhargaidh a leasú chun tuilleadh soiléireachta a sholáthar i réimsí inar eascair fadhbanna cur chun feidhme as débhríochtaí. Is é is aidhm don Dlí maidir le hAontachas Margaidh deireadh a chur le bacainní neamhriachtanacha, díréireacha nó idirdhealaitheacha ar rochtain ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha, ar shaothrú na ngníomhaíochtaí sin agus ar an tsaoirse bhunaíochta ar fud na críche. Is é is cuspóir don athchóiriú seo freisin éifeachtúlacht agus trédhearcacht na sásraí dá bhforáiltear sa Dlí maidir le hAontachas Margaidh a fheabhsú chun oibreoirí a ndéanann bacainní arna bhforchur ag an riarachán poiblí difear dá ngníomhaíocht a chosaint. Ina theannta sin, neartóidh an t-athchóiriú an comhar chun rialáil níos fearr a chur chun cinn ar fud na tíre;

b) Bunófar Comhdháil Earnála nua um Fheabhsú Rialála agus um an Aeráid Ghnó. Is é is cuspóir dó cur i bhfeidhm ceart phrionsabail na dea-rialála ag na riaracháin phoiblí uile a éascú agus comhordú optamach na riarachán éagsúil a áirithiú, lena n-áirítear i mbearta a bheidh ag gabháil leis an téarnamh. Déanfaidh an chomhdháil earnála obair leantach freisin laistigh de chomhdhálacha earnála eile, rud a fhágfaidh go bhféadfar comhordú, faireachán agus cur chun cinn feabhsaithe a dhéanamh ar rialáil níos fearr, le béim chothrománach agus earnálach araon;

c) Athchóiriú ar an dlí dócmhainneachta chun Treoir (AE) 2019/1023 maidir le creataí um athstruchtúrú coisctheach, urscaoileadh fiachais agus dícháilíochtaí, agus maidir le bearta chun éifeachtúlacht nósanna imeachta dócmhainneachta a mhéadú, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 (an Treoir maidir le hAthstruchtúrú agus Dócmhainneacht) a thrasuí. Áireofar san athchóiriú nós imeachta dara deis níos éifeachtúla a bhunú do dhaoine nádúrtha, lena gceadófar faoiseamh fiachais gan sócmhainní an pháirtí dhócmhainnigh a leachtú roimh ré. Ina theannta sin, tabharfar isteach na pleananna athstruchtúraithe a cheanglaítear le Treoir (AE) 2019/1023 maidir le Dócmhainneacht mar ionstraim réamhdhócmhainneachta nua lena gcuirfear feabhas ar éifeachtacht na n-ionstraimí réamhdhócmhainneachta is infheidhme faoi láthair chun dócmhainneacht agus féimheacht ina dhiaidh sin a chosc. Tabharfar isteach freisin nós imeachta speisialta do mhicreafhiontair bheaga agus mheánmhéide, a phróiseálfar go hiomlán trí mheán leictreonach, chun fad agus costais an phróisis a laghdú.

d) Is éard a bheidh san athchóiriú sin freisin Dlí a ghlacadh lena leasófar trí théacs reachtacha, go háirithe Dlí 34/2006, a bhaineann le cleachtas gairmiúil dlíodóirí agus *procuradores*. Le córas nua, soláthrófar aon rochtain amháin ar ghairmeacha dlíodóirí agus *procuradores*, ós rud é go dtabharfar rochtain ar fheidhmiú an dá ghairm leis an gcáilíocht chéanna. Beidh cead ag cumainn ghairmiúla ildisciplíneacha seirbhísí cosanta dlíthiúla agus ionadaíochta dlíthiúla a thairiscint go comhpháirteach sa chúirt. Déanfar an córas taraifí is infheidhme maidir le seirbhísí *procuradores* a leasú freisin: bunófar táillí uasta, ach ní táillí íosta, chun a áirithiú gur féidir le faighteoirí

seirbhíse rochtain a fháil ar sheirbhísí a thairgtear ar phraghsanna iomaíocha. Leis an athchóiriú sin, áiritheoidh an Spáinn go ndéanfar an reachtaíocht sa réimse sin a ailíniú le hAirteagail 15, 16 agus 25 de Threoir 2006/123/C ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach, agus le hAirteagail 49 agus 56 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Maidir leis an athchóiriú sin, d'fhormheas Comhairle na nAirí na dréacht-tograí reachtacha dá dtagraítear thuas i mí Mheán Fómhair 2020.

Athchóiriú 2 (C13.R2) — Straitéis Náisiúin Fiontraíochta na Spáinne

Is é cuspóir an bhirt Straitéis Fiontraíochta na Spáinne a chur chun cinn. Is éard a bheidh san athchóiriú dlí nuathionscanta a ghlacadh, creat fabhrach a chruthú chun gnólachtaí nuathionscanta an-nuálach a chruthú agus a fhás, ciste poiblí-príobháideach NEXT-TECH a chur ar bun chun gnólachtaí nuathionscanta a mhéadú i dteicneolaíochtaí suaiteacha, agus an t-athbhreithniú ar an gcóras imirce d'oibrithe chun tallann a mhealladh agus aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna.

Le glacadh Dlí maidir le Gnólachtaí Nuathionscanta, faoi dheireadh 2022, déanfar an méid seo a leanas: sainmhíniú dlíthiúil a sholáthar ar ghnólachtaí nuathionscanta; dreasachtaí cánach a shainaithint chun a gcruthú a chothú agus chun daoine tréitheacha a mhealladh; bearta a leagan amach chun infheisteoirí agus fiontraithe coigríche a mhealladh; agus sásraí a ghlacadh chun cur chun feidhme an dlí agus an gaol atá aige leis na bearta a bhaineann le héiceachóras na bhfiontraithe digiteacha a éascú.

Is éard a bheidh san athchóiriú freisin leasú ar rialachán Dhlí Orgánach 4/2000 an 11 Eanáir maidir le cearta agus saoirsí eachtrannach sa Spáinn agus a lánpháirtiú sóisialta agus ar Dhlí 14/2013 an 27 Meán Fómhair maidir le tacaíocht d'fhiontraithe agus dá n-idirnáisiúnú.

Leis an leasú ar rialachán Dhlí Orgánach 4/2000 an 11 Eanáir maidir le cearta agus saoirsí eachtrannach sa Spáinn agus a lánpháirtiú sóisialta, simpleofar na nósanna imeachta riaracháin a bhaineann leis an imirce lena n-áirítear trí líon na n-údaruithe a laghdú agus síneadh a chur lena mbailíocht, dlús a chur le nósanna imeachta, rochtain ar mhargadh an tsaothair a éascú do náisiúnaigh tríú tír, agus feabhas a chur ar an gcóras fruilithe ag an bhfoinse. Go háirithe, tabharfar isteach leis na leasuithe rochtain níos solúbtha do mhic léinn ar mhargadh an tsaothair, scéim ilbhliantúil um imirce chiorclach d'oibrithe séasúracha, rialacha nua chun measúnú a dhéanamh ar an staid fostaíochta náisiúnta agus aonad riaracháin nua (UTEX) a bhunú chun feabhas a chur ar phróiseáil comhad náisiúnach eachtrach.

Leis an leasú ar Dhlí 14/2013 an 27 Meán Fómhair maidir le tacaíocht d'fhiontraithe agus dá n-idirnáisiúnú, éascófar earcú náisiúnach eachtrach a bhfuil scileanna agus inniúlachtaí an-sonrach acu trí nós imeachta níos simplí agus níos solúbtha ná an nós imeachta caighdeánach a shainítear sa rialachán maidir le Dlí Orgánach 4/2000. Leis an leasú ar Dhlí 14/2013, tabharfar isteach scéim nua imirce le haghaidh fánaithe digiteacha, critéir nua nuálaíochta le haghaidh ceadanna cónaithe agus oibre d'fhiontraithe, raon feidhme na scéime náisiúnta imirce le haghaidh gairmithe ardcháilithe a leathnú chuig FBManna agus sealbhóirí deimhnithe gairmoideachais agus gairmoiliúna níos airde, agus tréimhsí bailíochta níos faide agus simpliú nósanna imeachta le haghaidh ceadanna cónaithe agus oibre i ndáil leo siúd i nDlí 14/2013 roimh an leasú.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Athchóiriú 3 (C13.R3) — Athbhreithniú ar an Dlí maidir le Margaí Urrús agus Seirbhísí Infheistíochta

Is é is cuspóir don bheart seo feabhas a chur ar an reachtaíocht maidir le margaí urrús agus seirbhísí infheistíochta. Is éard atá sa bheart teacht i bhfeidhm reachtaíochta chun an próiseas maidir le hurrúis ioncaim sheasta a ligean isteach chun a dtrádála a shimpliú, chun clárú Saoráidí Trádála Iltaobhacha

áirithe mar mhargaí fáis FBManna a cheadú agus chun deireadh a chur leis an gcóras faisnéise chun faireachán a dhéanamh ar imréiteach, socrú agus clárú urrús inaistrithe.

Infheistíocht 1 (C13.I1) — Fiontraíocht

Is é cuspóir an bhirt seo fiontraíocht agus nuálaíocht dhigiteach a chur chun cinn chomh maith le tacú le forbairt scileanna agus rochtain níos fearr ar mhaoiniú. Is éard atá sa bheart seo tionscadail a fhaigheann tacaíocht ón gClár Scileanna Fiontraíochta ('Emprende y Acelera'), ón gClár 'Luasghéarú Gnólachtaí Nuathionscanta' ('Acelera Startup'), ón gClár 'BREAK', ón gClár 'Activa Crecimiento', ón gClár 'Activa Industria', ón gClár 'Activa Cybersecurity', agus ón gClár 'Activa Startups'. Is éard atá ann freisin imeachtaí a chur i gcrích, iasachtaí rannpháirtíochta a sholáthar agus in ardán inrochtana ar líne de chuid na hOifige Fiontraíochta Náisiúnta ('ONE').

Infheistíocht 2 (C13.I2) — Fás

Is é cuspóir an bhirt fás FBManna a chur chun cinn.

Is éard a bheidh san infheistíocht gníomhaíochtaí maidir leis an méid seo a leanas:

1) Tacaíocht airgeadais arna dámhachtain ar thionscadail thionsclaíocha (1500) arna bhforbairt ag FBManna, le haghaidh gníomhaíochtaí faoin infheistíocht sin i saoráidí tionsclaíocha nua nó chun saoráidí tionsclaíocha atá ann cheana a leathnú, nó aon fheabhsú ar an gcóras táirgthe arb é is aidhm dó iomaíochas a mhéadú, agus an acmhainneacht rannchuidiú le maolú ar an athrú aeráide á cur san áireamh.

2) Feabhas a chur ar rochtain ar mhaoiniú do FBManna, trí thacaíocht i bhfoirm ráthaíochtaí airgeadais, tráchtála agus teicniúla a sholáthar trí Compañia *Española de Reafianzamiento SME S.A.* (CERSA) a neartú, Mar chuid den líne ghníomhaíochta seo, soláthróidh CERSA tacaíocht fhadtéarmach trína chumhdach frithráthaíochta do na Cumainn Réigiúnacha um Ráthaíocht Fhrithpháirteach, ag tacú leis an riosca atá orthu. Le CERSA, cuirfear iomaíochas agus athléimneacht FBManna chun cinn trí bhíthin trí líne thiomnaithe lena dtabharfar rochtain ar mhaoiniú fadtéarmach agus ar oibríochtaí caipitil oibre le haghaidh gníomhaíochtaí faoin infheistíocht sin sna réimsí seo a leanas: digitiú; inbhuanaitheacht; fás agus téarnamh, (athléimneacht a threisiú, go príomha do FBManna a ndearna paindéim COVID-19 difear dóibh, atá réidh le tabhairt faoi phleananna suntasacha claochlaithe agus fáis).

Ina theannta sin, chun an ionstraim ráthaíochta airgeadais a chur chun feidhme, ní mór comhaontú a tharraingt suas idir an Aireacht atá freagrach as infheistíocht agus an comhpháirtí cur chun feidhme nó an t-eintiteas iontaoibhe. Sonrófar sa chomhaontú an creat dlíthiúil agus na hoibleagáidí is infheidhme maidir le státchabhair chomh maith le hoibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe na ráthóirí agus na FBManna, lena n-áirítear an gá atá ann go n-údaródh FBManna go sainráite don Choimisiún, do OLAF, do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus do OIPE cuairteanna a thabhairt i gcomhthéacs na rialuithe nó na n-iniúchtaí. Thairis sin, geallfaidh CERSA go n-athinfheisteoidh sé aon athshreabha (i.e. ús ar an iasacht, toradh ar chothromas, nó an phríomhshuim a aisíoctar, lúide costais ghaolmhara) atá nasctha leis an ionstraim airgeadais le haghaidh na gcuspóirí beartais céanna, lena n-áirítear tar éis 2026. Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), déanfar an méid seo a leanas sa chomhaontú dlíthiúil idir údaráis na Spáinne agus an t-eintiteas iontaoibhe nó an t-idirghabhálaí airgeadais atá i gceannas ar an ionstraim airgeadais agus ar bheartas infheistíochta na hionstraime airgeadais ina dhiaidh sin:

i. cur i bhfeidhm threoir theicniúil an Choimisiúin maidir le díonadh inbhuanaitheachta do Chiste InvestEU a éileamh;

ii. an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas a eisiamh ó incháilitheacht: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach; (II) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha; (III) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla; agus (iv) gníomhaíochtaí agus sócmhainní ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol; agus

iii. a cheangal go bhfíoróidh an t-eintiteas iontaoibhe/an t-idirghabhálaí airgeadais comhlíonadh dlíthiúil reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha na dtionscadal le haghaidh gach idirbhirt, lena n-áirítear iad siúd atá díolmhaithe ó dhíonadh inbhuanaitheachta.

I gcás tairiscintí, chun a áirithiú go gcomhlíonann an beart an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail atá le teacht: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.

Infheistíocht 3 (C13.I3) Digitiú agus Nuálaíocht agus scéim fóirdheontais chun cuideachtaí a dhigitiú

Is é cuspóir an bhirt seo claochlú digiteach agus iomaíochas FBManna a chur chun cinn. Is éard atá sa bheart seo cur chun feidhme gníomhaíochtaí faoin gClár 'Tacaíocht do Bhraislí Gnó Nuálacha', soláthar seirbhísí ag Moil Nuálaíochta Digití agus tacaíocht do Mhoil Nuálaíochta Digití a chistítear freisin leis an gClár don Eoraip Dhigiteach. Is éard a bheidh sa bheart sin freisin infheistíocht phoiblí i scéim fóirdheontais chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus chun tacú le digitiú cuideachtaí faoin gClár 'Sraith Straitéisí Digiteacha' agus faoin gClár 'Kit Consulting'. Feidhmeoidh an scéim trí dhreasachtaí airgeadais a sholáthar trí fhóirdheontais a dhámhachtain.

Áireofar sa liosta de chatagóirí na Réiteach Digitithe faoin gClár "Sraith Uirlisí Digiteacha" an méid seo a leanas ar a laghad: i) suíomh gréasáin agus láithreacht idirlín, ii) tráchtáil leictreonach, iii) bainistiú na meán sóisialta, iv) bainistiú custaiméirí, v) faisnéis ghnó agus anailísíocht, vi) bainistiú próisis, vii) sonrasc leictreonach, viii) seirbhísí agus uirlisí fiorúla oifige, ix) cumarsáid shlán, x) cibearshlándáil.

Áireofar an méid seo a leanas ar a laghad i liosta na seirbhísí comhairleacha faoin gClár "Kit Consulting": i) Seirbhís chomhairleach um an Intleacht Shaorga, ii) seirbhís chomhairleach um anailís sonraí (bunúsach), iii) seirbhís chomhairleach um anailís sonraí (ardleibhéal), iv) seirbhís chomhairleach um dhíolacháin dhigiteacha, v) seirbhís chomhairleach um próisis ghnó nó um próiseas táirgthe, vi) seirbhís chomhairleach um straitéis agus feidhmíocht ghnó, vii) seirbhís chomhairleach um chibearshlándáil (bunúsach), viii) seirbhís chomhairleach um chibearshlándáil (ardleibhéal), ix) seirbhís chomhairleach um chibearshlándáil (ullmhúchán le haghaidh deimhniúcháin), x) seirbhís chomhairleach um '360' um chlaochlú digiteach.

Is é Red.es, ina cháil mar chomhpháirtí cur chun feidhme, a bhainisteoidh an scéim.

Chun an infheistíocht sa scéim a chur chun feidhme, glacfaidh an Spáinn ionstraim dlí amháin nó níos mó lena mbunófar an scéim, lena n-áireofar an t-ábhar seo a leanas:

1. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na scéime. Is é Ard- Stiúrthóir Red.es a dhéanfaidh cinneadh críochnaitheach dámhachtana na scéime.

2. Príomhcheanglais an bheartais fóirdheontais ghaolmhair, lena n-áireofar:

a) An tuairisc ar na fóirdheontais a soláthraíodh agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe
b) An ceanglas an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, eisiafar an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht leis an mbeartas fóirdheontais: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach38, (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha39, (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí[40] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[41].
C) An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na scéimeanna fóirdheontais tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

3. An méid a chumhdaítear leis na hionstraimí dlí, agus an ceanglas aon fháltais ón scéim nár úsáideadh a úsáid, lena n-áirítear tar éis 2026, chun na gcríoch beartais céanna.

Infheistíocht 4 (C13.I4) Tacaíocht don Trádáil

Is é is cuspóir don bheart seo cabhrú le gnólachtaí beaga iad féin a chur in oiriúint do dhigitiú na hearnála trádála agus d'iompraíocht athraithe na dtomhaltóirí. Is éard atá sa bheart seo tacaíocht deontais do 200 FBM nó comhlachas gnó ar a laghad tríd an gCiste Teicneolaíoch do thionscadail digitithe, chun ardán digiteach a chruthú chun digitiú na hearnála a chothú agus chun tacaíocht a

[38] Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[39] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[40] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[41] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

dheonú do ghníomhaíochtaí a bhaineann le margaí, limistéir thráchtála uirbeacha, trádáil taistil agus slabhraí soláthair gairide, nó le gníomhaíocht tráchtála i gceantair thuaithe.

Infheistíocht 5 (C13.I5) Idirnáisiúnú

Is é is cuspóir don bheart seo na hacmhainneachtaí agus na hionstraimí a neartú chun cabhrú le cuideachtaí Spáinneacha leathnú sna margaí domhanda. Is éard atá i gceist leis an mbeart seo gníomhaíochtaí a chur chun feidhme lena dtacaítear le hidirnáisiúnú cuideachtaí.

Infheistíocht 11 (C13.I11) Ionstraim ráthaíochta SGR-CERSA

Is é is cuspóir don bheart seo feabhas a chur ar an rochtain atá ag cuideachtaí ar mhaoiniú. Is éard a bheidh sa bheart sin tacaíocht a chur ar fáil i bhfoirm frithráthaíochtaí arna ndeonú ag CERSA lena gcuirfear ar chumas cuideachtaí ráthaíochtaí a fháil le haghaidh infheistíochtaí fadtéarmacha agus caipiteal oibre.

Infheistíocht 14 (C13.I14): Instealladh cothromais in ICO

Is é is aidhm don bheart seo tacú le hacmhainneacht fáis gheilleagar na Spáinne trí choigeartú struchtúrach a dhéanamh ar leibhéal na tacaíochta poiblí atá ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh agus ar neamhéifeachtúlachtaí laistigh den gheilleagar. Is éard a bheidh sa bheart instealladh cothromais EUR 4190484983 in Instituto de Crédito Oficial (ICO).

Glacfaidh ICO beartas infheistíochta nua chun an cothromas breise a úsáid. Áireofar sa bheartas infheistíochta tuairisc ar an táirge/na táirgí airgeadais mar aon leis an gcineál tairbhithe deiridh incháilithe a bhfuil coinne leis go dtacóidh an cothromas breise leo ar dtús, lena n-áirítear an amlíne a bhfuil coinne léi maidir le cur chun feidhme agus méid ionchasach gach táirge airgeadais. Maidir leis an gcothromas breise, úsáidfidh ICO an córas iniúchóireachta agus rialaithe céanna a ndearna an Coimisiún measúnú dearfach air i gcomhréir le hAirteagal 157 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

Ceanglófar leis an mBeartas Infheistíochta go gcomhlíonfaidh an táirge airgeadais nó na táirgí airgeadais a dtacaíonn an tacaíocht chothromais bhreise leo an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, eisiafaidh an beartas infheistíochta an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach42, (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha43, (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún

[42] Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[43] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

dramhaíola, loisceoirí[44] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[45]. Ina theannta sin, i gcás tacaíocht ghinearálta do chorparáidí, eisiafar leis an mbeartas infheistíochta cuideachtaí a bhfuil fócas suntasach acu46 sna hearnálacha seo a leanas: (i) táirgeadh fuinnimh atá bunaithe ar bhreosla iontaise agus gníomhaíochtaí gaolmhara47; (II) tionscail dianfhuinnimh agus/nó tionscail ard-astaíochta CO248; (III) feithiclí truaillitheacha a tháirgeadh, a ligean ar cíos nó a dhíol49; (IV) bailiú dramhaíola, cóireáil dramhaíola agus diúscairt dramhaíola50, (v) breosla núicléach a phróiseáil, fuinneamh núicléach a tháirgeadh. Thairis sin, ceanglófar leis an mbeartas infheistíochta go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha na dtairbhithe deiridh.

M.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne le haghaidh gach táscaire mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

[44] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[45] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[46] Meastar go bhfuil 'fócas substaintiúil' ag Tairbhí Críochnaitheach ar earnáil nó ar ghníomhaíocht ghnó má shainaithnítear an earnáil nó an ghníomhaíocht sin mar chuid fhíor-riachtanach de ghníomhaíocht ghnó an Tairbhí Deiridh faoi seach i ndáil le hollioncam, brabús nó bonn cliant an Tairbhí Deiridh. Ní rachaidh an t-ollioncam a ghinfear ón earnáil nó ón ngníomhaíocht shrianta, in aon chás, thar 50 % den ollioncam.

[47] Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[48] Lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha. I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

49 Sainmhínítear feithiclí truaillitheacha mar fheithiclí nach feithiclí astaíochtaí nialasacha iad.

[50] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le gléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
189	C13.R1	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí lena leasaítear Dlí 34/2006 maidir le rochtain ar ghairmeacha dlíodóirí agus *procuradores*	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an dlí				R4	2021	Le teacht i bhfeidhm an Dlí lena leasaítear Dlí 34/2006 maidir le rochtain ar ghairmeacha dlíodóirí agus *procuradores*, déanfar an méid seo a leanas: — Córas reatha na dtáillí íosta a athchóiriú ina chóras táillí uasta agus oibleagáid nua meastachán costais a chur faoi bhráid an chustaiméara mar chomhairle. — Gníomhaíochtaí ildisciplíneacha a cheadú maidir le gairmeacha dlíodóirí agus *procuradores* laistigh den eintiteas dlíthiúil céanna — Rochtain aonair ar ghairmeacha an dlíodóra agus an *procuradores*.
190	C13.R1	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí chun an Dlí Dócmhainneachta a athchóiriú	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an dlí				R2	2022	Teacht i bhfeidhm an Athchóirithe ar an 'Dlí Dócmhainneachta'. Le hAthchóiriú an Dlí Dócmhainneachta thar cheanglais na Treorach, déanfar an méid seo a leanas: — bunófar nós imeachta dara deis níos éifeachtúla do dhaoine nádúrtha, lena gceadófar faoiseamh fiachais gan sócmhainní an pháirtí dhócmhainnigh a leachtú roimh ré — nós imeachta speisialta a bhunú do mhicrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide, lena laghdófar fad agus costas agus a phróiseálfar go hiomlán trí mheán leictreonach.
191	C13.R1	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le Cruthú agus Fás Gnólachtaí	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an dlí				R4	2022	Teacht i bhfeidhm an 'Dlí maidir le Cruthú agus Fás Gnólachtaí' nua chun nósanna imeachta a shimpliú chun gnólacht a chur ar bun agus chun foinsí éagsúlaithe airgeadais a chur chun cinn le haghaidh fás gnó. Áireofar freisin sa Dlí maidir le Cruthú agus Fás Gnó bearta chun cultúr luathíocaíochta a chothú, go háirithe chun leachtacht a sholáthar do FBManna agus do dhaoine féinfhostaithe trí íocaíochtaí déanacha a sheachaint. Áirítear ar na bearta atá le cur chun feidhme chun cultúr luathíocaíochta a chothú treoirlínte maidir le poiblíocht agus trédhearcacht tréimhsí íocaíochta, dea-chleachtais ghnó agus sásraí le haghaidh forfheidhmiú níos fearr amhail córas um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt. Áireofar freisin sa Dlí maidir le Cruthú agus Fás Gnó leasuithe ar an 'Dlí maidir le hAontachas sa Mhargadh' chun a chur chun feidhme a éascú agus chun na sásraí atá ar fáil d'oibreoirí margaidh a ndéanann bacainní margaidh difear dóibh a neartú. Bunófar Comhdháil Earnála nua um Fheabhsú Rialála agus um Aeráid Ghnó chun cur i bhfeidhm ceart phrionsabail na dea-rialála ag gach riarachán poiblí a éascú agus chun comhordú optamach na riarachán éagsúil a áirithiú.
450	C13.R2	M	Teacht i bhfeidhm Fhoraithne Ríoga 629/2022 an 26 Iúil	Foráil den Fhoraithne Ríoga lena léirítear				R3	2022	Teacht i bhfeidhm fhorálacha ábhartha Fhoraithne Ríoga 629/2022 an 26 Iúil lena leasaítear rialachán an Dlí Orgánaigh 4/2000 maidir le

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			lena leasaítear rialachán an Dlí Orgánaigh 4/2000 maidir le cearta agus saoirsí eachtrannach sa Spáinn agus a lánpháirtiú sóisialta	teacht i bhfeidhm na bhforálacha ábhartha						cearta agus saoirsí eachtrannach sa Spáinn agus a lánpháirtiú sóisialta i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart.
192	C13.R2	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí um Ghnólachtaí Nuathionscanta	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an dlí				R4	2022	Teacht i bhfeidhm an 'Dlí um Ghnólachtaí Nuathionscanta' lena gcruthaítear creat fabhrach chun gnólachtaí nuathionscanta an-nuálach a chruthú agus a fhás. Leis an Dlí um Ghnólachtaí Nuathionscanta, tabharfar isteach athchóirithe ar ranníocaíochtaí cánach i bhfoirm dreasachtaí chun forbairt gnólachtaí nuathionscanta a spreagadh agus a éascú, chomh maith le fiontraithe agus infheisteoirí eachtracha a mhealladh, i gcomhréir le cuspóirí an chomhdhlúthaithe fhioscaigh. Leis an Dlí um Ghnólachtaí Nuathionscanta, glacfar sásraí freisin chun a chur chun feidhme agus a chaidreamh leis na bearta a bhaineann le héiceachóras na bhfiontraithe digiteacha a éascú.
451	C13.R2	M	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar Dhlí 14/2013 an 27 Meán Fómhair maidir le tacaíocht d'fhiontraithe agus dá idirnáisiúnú	Foráil sa leasú ar an dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm na bhforálacha ábhartha				R2	2023	Teacht i bhfeidhm fhorálacha ábhartha an leasaithe ar Dhlí 14/2013 an 27 Meán Fómhair maidir le tacaíocht d'fhiontraithe agus dá idirnáisiúnú i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart.
452	C13.R3	M	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta maidir le margaí urrús agus seirbhísí infheistíochta	Foráil lena léirítear an teacht i bhfeidhm				R4	2025	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta maidir le margaí urrús agus seirbhísí infheistíochta. Simpleoidh sé an próiseas chun urrúis ioncaim sheasta a ligean isteach chun a dtrádála, ceadóidh sé Saoráidí Trádála Iltaobhacha áirithe a chlárú mar mhargaí fáis FBManna agus cuirfidh sé deireadh leis an gcóras faisnéise chun faireachán a dhéanamh ar imréiteach, socrú agus clárú urrús inaistrithe.
193a	C13.I1	T	Tairbhithe a chuireann gníomhaíochtaí i gcrích faoi aon cheann de na Cláir Tacaíochta	—	Líon	0	12 503	R2	2026	1) Eiseofar tuarascálacha críochnaitheacha lena ndeimhnítear tabhairt chun críche na dtionscadal arna ndámhachtain ag eintitis nó daoine aonair is faighteoirí le haghaidh deontas nó 2) Eiseofar deimhnithe rannpháirtíochta, le haghaidh líon carnach iomlán 12503 tairbhí in aon cheann de na cláir seo a leanas: an 'Clár Scileanna Fiontraíochta' ('Emprende y Acelera'), an Clár 'Luasghéarú Gnólachtaí Nuathionscanta' ('Acelera Startup'), an Clár 'BREAK', an Clár

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										'Activa Crecimiento', an Clár 'Activa Industria', an Clár 'Activa Ciberseguridad', an Clár 'Activa Startups' I gcás ina gcuireann eintiteas nó duine aonair níos mó ná tuarascáil chríochnaitheach amháin nó deimhniú rannpháirtíochta amháin isteach, déanfar an rannchuidiú i dtreo na sprice deiridh a mheas ar leithligh le haghaidh gach tuarascála críochnaithí nó deimhnithe críochnaithí.'
194	C13.I1	M	Ardán na hOifige Náisiúnta Fiontraíochta ('ONE') ar Líne	Nasc chuig an ardán.				R4	2025	Nasc chuig ardán na hOifige Náisiúnta Fiontraíochta ('ONE') ar líne.
195a	C13.I1	T	Síniú comhaontuithe iasachta rannpháirteacha	—	Líon	0	200	R4	2025	Síniú 200 comhaontú iasachta rannpháirtíoch (Polizza de Prestamo Participativo) le ENISA faoin líne thacaíochta 'Linea emprendedoras Digitales'.
195b	C13.I1	T	Clár um Chur Chun Cinn an Éiceachórais Fiontraíochta Nuálaigh	—	Líon	0	20	R4	2025	Fíorú ag an Riarachán ar an mbonn cirt doiciméadach le híocaíochtaí deontais a bhaineann le 20 imeacht san iomlán faoin gClár um Chur Chun Cinn an Éiceachórais Fiontraíochta Nuálaigh.
196	C13.I2	T	Ráthaíocht CERSA	—	EUR (milliún)	0	1 000	R2	2023	Ráthaíocht CERSA: EUR 1000000000 ar a laghad de ráthaíochtaí arna ndeonú ag CERSA lenar féidir le FBManna ráthaíochtaí a fháil le haghaidh infheistíochtaí fadtéarmacha agus caipiteal oibre. Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) maidir le hidirbhearta dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart seo trí úsáid a bhaint as díonadh inbhuanaitheachta, trí liosta eisiaimh a úsáid, agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Go dtí go mbainfear sprioc STA amach go sásúil, má bhaineann tacaíocht CERSA do FBManna tairbhe as ionstraimí eile de chuid an Aontais, ní chuirfear san áireamh sa ranníocaíocht i dtreo sprioc EUR 1000000000 ach méideanna na ráthaíochtaí airgeadais, tráchtála agus teicniúla a gineadh le ranníocaíocht STA. Déanfar é sin a ríomh faoi mhodheolaíocht chomhaontaithe, agus idirdhealú á dhéanamh idir méideanna arna nginiúint ag an tSaoráid Téarnaimh agus

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										Athléimneachta agus méideanna arna nginiúint ag ionstraimí eile de chuid an Aontais.
198	C13.I2	T	FBManna a fhaigheann tacaíocht ón gClár Tacaíochta um Fhiontraíocht Thionsclaíoch	—	Líon	0	1 500	R2	2023	Dámhfar tacaíocht airgeadais ar FBManna le haghaidh tionscadail infheistíochta tionsclaíche faoin gClár Tacaíochta um Fhiontraíocht Thionsclaíoch. Cumhdófar leis an tacaíocht airgeadais arna dámhachtain costais a bhaineann leis an táille ráthaíochta a ghearrann Sociedades de Garantia Reciproca (SGRanna), ús na hiasachta, agus na costais a bhaineann leis an oibríocht ráthaíochta a mheasúnú agus a oscailt agus an iasacht chun fiontair thionsclaíocha a chruthú nó chun saoráidí atá ann cheana a leathnú, nó aon fheabhas ar a gcóras táirgthe arb é is aidhm dó iomaíochas a mhéadú. Féadfaidh an infheistíocht sin tacaíocht a fháil freisin ó Chláir nó ó ionstraimí eile de chuid an Aontais le haghaidh costais nach dtacaíonn an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta leo. Bliain amháin ar a laghad a bheidh in aibíocht na hiasachta. Bronnadh tacaíocht airgeadais ar 1500 oibríocht ar a laghad ó MINTUR trí CERSA ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2023. Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid, agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. (Bunlíne: 1 Eanáir 2021)
199	C13.I3	M	Plean 2021-2025 maidir le digiteáil FBManna	Foilsiú				RÁITHE 1	2021	Formheas ó Chomhairle na nAirí maidir le Plean 2021-2025 um Dhigitiú FBManna lena bhforáiltear do shraith ionstraimí chun na huirlisí digiteacha atá ar fáil cheana féin a ionchorprú i micrifhiontair agus i bhfiontair uathrialacha, borradh a chur faoi dhigitiú gnólachtaí beaga agus nuálaíocht theicneolaíoch a chur chun cinn
200	C13.I3	T	Buiséad geallta don Chlár um Fhoireann Uirlisí Digiteacha	—	%	0	30	R4	2022	Ar a laghad 30 % de bhuiséad EUR 3067000000 geallta, dírithe ar ghníomhaíochtaí chun FBManna, micrifhiontair agus daoine féinfhostaithe a dhigitiú tríd an gClár Uirlisí Digiteacha, i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
201	C13.I3	T	Buiséad geallta do Ghníomhairí um an gClár Athruithe	—	%	0	30	R4	2022	Ar a laghad 30 % den bhuiséad EUR 300000000 geallta, dírithe ar FBManna i ‘gClár um Ghníomhairí don Athrú’. Áireofar sna glaonna ar thograí lena ngabhann téarmaí tagartha critéir incháilitheachta lena n-áiritheofar go gcomhlíonfaidh na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
202	C13.I3	T	Buiséad geallta don Chlár Tacaíochta um Braislí Gnó Nuálacha	—	%	0	30	R4	2022	30 % ar a laghad den bhuiséad EUR 115000000 geallta, sa 'Chlár Tacaíochta do Bhraislí Gnó Nuálacha'. Áireofar sna téarmaí agus sna coinníollacha orduithe *(ordenes de bases)* agus glaonna ar thograí critéir incháilitheachta lena n-áiritheofar go gcomhlíonfaidh na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
203	C13.I3	T	Buiséad geallta do Chlár na Mol Nuálaíochta Digití	—	%	0	30	R4	2022	30 % ar a laghad den bhuiséad EUR 37590000 geallta, i 'gClár na Mol Nuálaíochta Digití'. Áireofar sna téarmaí agus sna coinníollacha orduithe *(ordenes de bases)* agus glaonna ar thograí critéir incháilitheachta lena n-áiritheofar go gcomhlíonfaidh na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
208a	C13.I3	M	Scéim fóirdheontais	Forálacha ábhartha na gcomhaontuithe dlíthiúla Cruthúnas ar aistriú				R4	2025	Teacht i bhfeidhm na hionstraime dlí nó na n-ionstraimí dlí lena mbunaítear an scéim tacaíochta. Aistreoidh an Spáinn EUR 2841316379 chuig Red.es.
208	C13.I3	T	Scéim Fóirdheontais		EUR	1 010 100 000	2 841 316 379	R4	2025	D'fhoilsigh Red.es na rúin dhámhachtana chríochnaitheacha nó teacht i bhfeidhm comhaontuithe maoiniúcháin le tairbhithe deiridh, le haghaidh 100 % d'infheistíocht STA sa scéim tacaíochta.
209a	C13.I3	T	Clár Tacaíochta do Bhraislí Gnó Nuálacha	Deimhniú deiridh	Líon		650	R4	2025	Fíorú ag an Riarachán ar an mbonn cirt doiciméadach le híocaíochtaí deontais le haghaidh líon carnach iomlán 650 tionscadal a bhaineann leis an gClár 'Tacaíocht do Bhraislí Gnó Nuálacha'.
209b	C13.I3	T	Clár na Mol Nuálaíochta Digití		EUR (milliún)		33 418	R2	2026	Le haghaidh méid carnach iomlán EUR 22360000 arna dhámhachtain mar dheontais: Déanfaidh eintitis nó daoine aonair is faighteoirí tuarascálacha críochnaitheacha lena ndeimhnítear tabhairt chun críche an tionscadail a dámhadh a chur isteach, ar tuarascálacha iad a bhaineann le soláthar seirbhísí ag EDIH maidir le haon cheann de na nithe seo a leanas:

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										a) Comhairliúchán tosaigh chun teicneolaíocht a chur chun feidhme b) Tástáil agus turgnamh, lena n-áirítear trialacha ar chruthúnas coincheapa teicneolaíoch oiliúint chun eolas bunúsach a fháil le teicneolaíocht a chur i ngníomh agus le haghaidh bainistí ina dhiaidh sin sainchomhairle faoi mhaoiniú a fháil le teicneolaíocht a chur i ngníomh (e) Tacaíocht do rochtain ar líonraí agus éiceachórais nuálaíochta Ar mhéid carnach iomlán EUR 11058000 arna dhámhachtain mar dheontais a bhaineann le tionscadail a thacaíonn le MNDEnna arna gcistiú freisin ag an gClár don Eoraip Dhigiteach: Bailchríoch a chur ar phacáistí oibre arna deimhniú le tuarascálacha críochnaitheacha. Pacáistí Oibre arna gcistiú ag an gClár don Eoraip Dhigiteach agus na méideanna a dámhadh dóibh, beidh siad lasmuigh de raon feidhme na sprice sin. Áireofar sna glaonna ar thograí le haghaidh tionscadail arna gcistiú freisin ag an gClár don Eoraip Dhigiteach critéir incháilitheachta lena n-áiritheofar go gcomhlíonfaidh na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
210	C13.I4	T	FBManna agus comhlachais ghnó a fuair tacaíocht ón gCiste Teicneolaíoch	—	Líon	0	200	R2	2023	200 FBM nó comhlachas gnó ar a laghad san earnáil tráchtála a fuair tacaíocht deontais ón gCiste Teicneolaíoch, i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Bhí sé d'aidhm ag tionscadail in earnáil na trádála bige teicneolaíochtaí nua a ionchorprú lena gcumasaítear don trádáil áitiúil freagairt do nósanna nua tomhaltais, faoin 'gCiste Teicneolaíoch' (200 tionscadal). Áirítear an méid seo a leanas ar na tionscadail incháilithe faoin gciste sin: a. Tionscadail i dteicneolaíochtaí nua arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar straitéis tráchtála agus chumarsáide ar líne, ar shamhlacha gnó nó ar eispéireas siopadóireachta.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										b. Tionscadail i dteicneolaíochtaí nua chun eispéireas na siopadóireachta fisiciúla a chur in oiriúint do riachtanais agus nósanna nua tomhaltóirí agus do shamhlacha nua bainistíochta. C. Tionscadail i réitigh theicneolaíocha chun éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht lóistíocht an mhíle deiridh a fheabhsú. d. Tionscadail chun réitigh theicneolaíocha a chur chun feidhme chun éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainní a fheabhsú. Cuirfear an infheistíocht i gcrích trí ardán digiteach a chruthú (*Plataforma Comercio Conectado*) chun digitiú na hearnála a chothú.
211	C13.I4	T	Gníomhaíochtaí i margaí, i limistéir tráchtála uirbeacha nó i limistéir thuaithe	—	Líon	0	130	R4	2025	Deimhniú ón Riarachán gur baineadh amach na bunchoinníollacha agus na bunchuspóirí le haghaidh 130 gníomhaíocht a bhaineann leis an tacaíocht do mhargaí, do limistéir tráchtála uirbeacha, don trádáil taistil agus do shlabhraí soláthair gairide, nó don tacaíocht do ghníomhaíocht tráchtála i limistéir thuaithe. Beidh fóirdheontais dáfa do na gníomhaíochtaí faoi ghníomh dlí lena suífear nach mbeidh gníomhaíochtaí nach gcomhlíonann go hiomlán caighdeáin agus tosaíochtaí aeráide agus comhshaoil an Aontais Eorpaigh agus an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 lena mbunaítear creat chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 incháilithe. Forálfar leis an ngníomh dlí freisin go n-eisiafar an méid seo a leanas ó mhaoiniú, a mhéid atá siad infheidhme maidir leis na hítimí ina bhfuil an caiteachas arb é an chabhair atá i gceist leis beartaithe: (a) Infheistíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise (lena n-áirítear úsáid iartheachtach). (b) Gníomhaíochtaí faoin gCóras Trádála Astaíochtaí (CTA) le hastaíochtaí gás ceaptha teasa réamh-mheasta nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na luachanna tagartha arna mbunú don leithdháileadh saor in aisce. (C) Cóireáil dramhaíola a ghintear trí chóireáil bhitheolaíoch mheicniúil (BMT), loscadh nó dumpáil. (d) Gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt dramhaíola fhadtéarmach damáiste fadtéarmach a dhéanamh don chomhshaol (e.g. dramhaíl núicléach). Ceanglófar leis an ngníomh dlí freisin nach féidir ach na gníomhaíochtaí sin a chomhlíonann an reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta agus Eorpach ábhartha a roghnú.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
213	C13.I5	T	Tacaíocht do chuideachtaí le haghaidh a n-idirnáisiúnaithe	—	Líon	0	3 000	R4	2025	I gcás líon carnach 3000 cuideachta, i gcás gach cuideachta: (i) Tuarascáil deimhniúcháin ó ICEX maidir le comhlíonadh chuspóirí na ngníomhaíochtaí faoin gClár "Innova Invest"; nó (ii) Tuarascáil iniúchóra sheachtraigh lena ndeimhnítear cur i gcrích na ngníomhaíochtaí faoin gClár 'Idirnáisiúnaithe agus Meantóireachta' i gcomhréir le Rún an 23 Feabhra 2023 ón Státrúnaí Trádála lena bhfoilsítear an Comhaontú le Comhlachas Oifigiúil Tráchtála, Tionscail, Seirbhísí agus Loingseoireachta na Spáinne, lena dtreoraítear an fóirdheontas ainmniúil dá bhforáiltear i mBuiséad Ginearálta an Stáit do 2022, chun an Clár Meantóireachta agus Tacaíochta don Idirnáisiúnú a fhorbairt, faoi chuimsiú an Phlean Téarnaimh, Claochlaithe agus Athléimneachta; nó (iii) Gur chuir eintitis is faighteoirí nó cuideachtaí aonair tuarascálacha críochnaitheacha isteach lena ndeimhnítear cur i gcrích na ngníomhaíochtaí a dámhadh le haghaidh deontas faoin gClár 'VIVES'; nó (iv) Tá an dearbhú freagrach sínithe ag tríú tír lena ndeimhnítear cur i gcrích na gníomhaíochta ag an gcuideachta faoi chlár FIEM; nó (v) Dréachtaíodh tuarascáil dhiagnóiseach faoin gclár PABE lena ndéantar measúnú ar acmhainneacht onnmhairiúcháin na cuideachta.
510	C13.I11	T	Ráthaíocht CERSA		EUR Milliún		2 100	R4	2025	Suim EUR 2100000000 de fhrithráthaíochtaí arna ndeonú ag CERSA lena gceadaítear do chuideachtaí ráthaíochtaí a fháil le haghaidh infheistíochtaí fadtéarmacha agus caipiteal oibre. I gcás ina dtairbheoidh tacaíocht CERSA d'ionstraimí eile de chuid an Aontais, ní chuirfear san áireamh sa ranníocaíocht leis an sprioc ach méideanna na bhfrithráthaíochtaí arna nginiúint le ranníocaíocht STA. Déanfar é sin a ríomh faoi mhodheolaíocht chomhaontaithe, agus idirdhealú á dhéanamh idir méideanna arna nginiúint ag an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus méideanna arna nginiúint ag ionstraimí eile de chuid an Aontais.
508	C13.I14	M	Beartas infheistíochta	Beartas infheistíochta a ghlacadh				R2	2026	Beartas infheistíochta nua a ghlacadh do ICO chun an cothromas agus na cistí breise a úsáid.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										Áiritheofar leis an mBeartas Infheistíochta go dtiomnófar EUR 600000000 den chothromas breise agus de na cistí breise chun tacú le hinfheistíochtaí glasa, atá ailínithe leis na réimsí idirghabhála ar sannadh comhéifeacht aeráide 100 % dóibh faoi Iarscríbhinn VI de Rialachán (AE) 2021/241, lena bhféadfar tacaíocht d'acmhainneacht nua na nithe seo a leanas a áireamh, ach gan a bheith teoranta di: (i) Fuinneamh inathnuaite: an ghaoth (ii) Fuinneamh inathnuaite: grianfhuinneamh (iii) Rothstoc iompair uirbigh a ghlanadh Áiritheofar leis an mBeartas Infheistíochta go dtiomnófar EUR 1000000000 den chothromas breise agus de na cistí breise chun tacú le hinfheistíochtaí glasa, arna n-ailíniú leis na réimsí idirghabhála ar sannadh comhéifeacht aeráide 40 % dóibh faoi Iarscríbhinn VI de Rialachán (AE) 2021/241, lena bhféadfar tacaíocht d'acmhainneacht nua na nithe seo a leanas a áireamh, ach gan a bheith teoranta di: (i) Tógáil foirgneamh nua fuinneamhéifeachtúil (ii) Éifeachtúlacht fuinnimh agus tionscadail taispeántais in FBManna agus bearta tacaíochta (iii) Tacaíocht do phróisis táirgthe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus d'éifeachtúlacht acmhainní in FBManna.
509	C13.I14	M	Instealladh Cothromais	Deimhniú aistrithe				R2	2026	Aistreofar EUR 2800000000 chuig cuntas tiomnaithe laistigh de ICO chun tacú lena chlár ráthaíochta agus le táirgí airgeadais eile, agus aistreoidh an Spáinn EUR 1390484983 chuig ICO chun a cothromas a mhéadú. Sa bhreis ar an instealladh cothromais in ICO agus ar aistriú na gcistí arb ionann iad agus infheistíocht RRF, tarchuirfidh an Spáinn tuarascáil ina leagfar amach na gníomhaíochtaí a rinne ICO faoin 31 Lúnasa 2026 chun an beartas infheistíochta a chur chun feidhme, lena n-áirítear na bearta a rinneadh chun na táirgí airgeadais a chur chun feidhme a bhfuil coinne leis go dtacóidh an cothromas breise leo ar dtús, chomh maith leis na bearta a bhfuil coinne leis go ndéanfar iad chun na táirgí sin a chur chun feidhme a thuilleadh.

M.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na tacaíochta iasachta

Infheistíocht 6 (C13.I6) — Líne Ghlas ICO agus Líne na bhFiontar agus na bhFiontraithe

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht in dhá líne airgeadais: líne Ghlas ICO agus Líne Fiontair agus Fiontraithe ICO.

Líne Ghlas ICO

Is éard a bheidh sa ghné sin den bheart seo infheistíocht phoiblí i Saoráid, Líne Ghlas ICO, chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú in earnálacha glasa na Spáinne agus chun margaí caipitil a fhorbairt sa réimse sin, go háirithe lena gcumhdaítear seacht réimse éagsúla: iompar inmharthana, lena n-áirítear iarnród; éifeachtúlacht fuinnimh; fuinneamh in-athnuaite, lena n-áirítear stóráil fuinnimh agus gréasán leictreachais; IV) dícharbónú tionsclaíoch agus slabhraí luacha tionsclaíocha ísealcharbóin atá nasctha leis an aistriú fuinnimh; bainistíocht uisce; an geilleagar ciorclach; VII) oiriúnú don athrú aeráide. Feidhmeoidh an tSaoráid trí mhaoiniú díreach, ceannacháin bannaí corparáideacha agus infheistíochtaí cothromais agus cuasachothromais a sholáthar, go díreach nó trí idirghabhálaithe, don earnáil phríobháideach agus do theaghlaigh, agus d'eintitis san earnáil phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d'aidhm ag an tSaoráid maoiniú EUR 300000000 ar a laghad a chur ar fáil ar dtús.

Is iad Instituto de Crédito Oficial (ICO) agus Axis (bainisteoir caipitil fiontair/príobháideach ICO) a bhainisteoidh an tSaoráid mar chomhpháirtithe cur chun feidhme. Áireofar sa tSaoráid na línte táirgí seo a leanas:

- Líne Idirghabhála: is éard a bheidh sa líne idirghabhála iasachtaí arna dtabhairt ag ICO do bhainc thráchtála, a dhámhfaidh iasachtaí do thairbhithe deiridh chun tionscadail ghlasa a mhaoiniú. Is iad cuideachtaí príobháideacha (amhail FBManna, cuideachtaí lárchaipitlithe beaga, corparáid mhór nó fiontraithe) agus teaghlaigh a bheidh ina dtairbhithe deiridh.
- Maoiniú díreach ICO: leis an líne sin, cuirfear iasachtaí díreacha ar fáil do chuideachtaí príobháideacha (amhail cuideachtaí meánchaipitlithe) agus do chuideachtaí poiblí chun tionscadail ghlasa a mhaoiniú. Soláthróidh ICO na hiasachtaí go díreach agus déanfaidh infheisteoir príobháideach tríú páirtí nó infheisteoirí príobháideacha tríú páirtí gach tionscadal a chómhaoiniú. 70 % de mhéid carnach iomlán na tacaíochta don infheistíocht a bheidh sna cistí a sholáthróidh ICO. Cumhdóidh infheisteoirí príobháideacha 30 % ar a laghad de mhéid carnach iomlán na tacaíochta infheistíochta.
- Ceannacháin bannaí corparáide: faoin líne sin, ceannóidh ICO urrúis ioncaim sheasta mheántéarmacha agus fhadtéarmacha shinsearacha arna n-eisiúint ag cuideachtaí Spáinneacha sna margaí tánaisteacha eagraithe (amhail margadh ioncaim sheasta malartach (MARF) nó Comhlachas Idirghabhálaithe le haghaidh Sócmhainní Airgeadais (AIAF)). Beidh na hurrúis nasctha le tionscadal infheistíochta glaise sonrach de chuid na cuideachta a eisíonn an t-urrús.
- Infheistíochtaí cothromais agus infheistíochtaí cuasachothromais: is éard a bheidh sa líne sin infheistíochtaí cothromais dhírigh a sholáthar trí Axis (bainisteoir caipitil fiontair/príobháideach ICO) agus/nó cistí a aistriú chuig cistí cothromais nó meáin infheistíochta eile arna mbainistiú ag idirghabhálaithe airgeadais príobháideacha a dhéanann oibríochtaí infheistíochta cothromais i gcuideachtaí a dhéanann tionscadail ghlasa. Ní rachaidh rannpháirtíocht uasta na Líne thar 49 % de chistí na meán infheistíochta. Ní bheidh na hinfheistíochtaí cothromais ón Líne ina gcúis le sárú a bheith á dhéanamh ag sciar an chothromais faoi úinéireacht phoiblí i dtairbhí deiridh ar 49 % den chothromas iomlán.

Chun an infheistíocht sa tSaoráid a chur chun feidhme, síneoidh an Spáinn agus ICO Comhaontú Cur Chun Feidhme ina mbeidh an t-ábhar seo a leanas:

1. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na Saoráide: Déanfaidh coiste infheistíochta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile cinneadh infheistíochta críochnaitheach na Saoráide agus formheasfaidh tromlach na vótaí é ó chomhaltaí atá neamhspleách ar rialtas na Spáinne. I gcás infheistíochtaí idirghafa, is iad na hidirghabhálaithe a dhéanfaidh an cinneadh infheistíochta deiridh.

2. Príomhcheanglais an bheartais infheistíochta ghaolmhair, lena n-áireofar:

    a. An tuairisc ar an táirge/na táirgí airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart.

    b. Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a dtacaítear leo inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de**.**

    c. Toirmeasc ar aon iasacht gan íoc a athmhaoiniú.

    d. An ceanglas an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01), go háirithe:

        i. I gcás iasachtaí, bannaí tionscadail nó ionstraimí coibhéiseacha: eisiafar an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht leis an mbeartas infheistíochta: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[51], (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[52], (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí[53] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[54].

        ii. I gcás cothromais, cuasachothromais, bannaí corparáide nó ionstraimí coibhéiseacha: leis an mbeartas infheistíochta, ceanglófar ar chuideachtaí pleananna aistrithe glasa a ghlacadh i gcomhréir leis an sainmhíniú a leagtar amach

---

[51]Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[52] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[53]Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Níl feidhm ag an eisiamh 54 sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola na ngléasraí ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

in Airteagal 19a(2)(a)(iii) de Threoir 2013/34/AE[55] má dhíorthaítear níos mó ná 50 % dá n-ioncam díreach le linn na bliana airgeadais roimhe sin ón liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[56], (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[57], (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí[58] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[59].

iii. Thairis sin, ceanglófar leis an mbeartas infheistíochta go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha thairbhithe deiridh na Saoráide.

e. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

3. An méid a chumhdaítear leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme, an struchtúr táillí le haghaidh an Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme agus an ceanglas aon athshreabha a athinfheistiú de réir bheartas infheistíochta na Saoráide mura n-úsáidtear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.

4. Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:
    1. An tuairisc ar chóras faireacháin an chomhpháirtí cur chun feidhme chun tuairisciú a dhéanamh ar an infheistíocht a slógadh.
    2. An tuairisc ar nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme lena n-áiritheofar go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.
    3. An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as liosta dearbhaithe dearfach agus/nó féindearbhú le haghaidh oibríochtaí faoi bhun EUR 10000000, sula ngeallfaidh sé oibríocht a mhaoiniú.

---

[55] Leasaítear Treoir 2013/34/AE le Treoir (AE) 2022/2464 i dtaca leis an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach.

[56] Cé is moite de (a) thionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar gaolmhar tarchurtha agus dáileacháin, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith don aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreoslaí iontaise, agus deireadh á chur de réir a chéile le breoslaí iontaise go hiomlán le himeacht ama.

[57] I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, tabharfar míniú ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[58] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[59] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

4. An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta ICO. Fióróidh na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; II) comhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh', na rialacha maidir le Státchabhair, na ceanglais maidir le sprioc aeráide; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas atá ar an idirghabhálaí a fhíorú go dtíolacann an tairbhí deiridh dearbhú freagrach chun rialú a dhéanamh ar cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear an costas céanna le hionstraim eile de chuid an Aontais. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme agus na gComhaontuithe Cistiúcháin is infheidhme á n-urramú, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as liosta dearbhaithe dearfach agus/nó féindearbhuithe le haghaidh oibríochtaí faoi bhun EUR 10000000, sula ngeallfaidh siad oibríocht a mhaoiniú.

5. Ceanglais maidir le hinfheistíochtaí aeráide arna ndéanamh ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme: rannchuideoidh EUR 242727272 ar a laghad d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid leis na cuspóirí aeráide i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF60.

6. Ceanglais maidir le hidirghabhálaithe airgeadais a roghnú: Roghnóidh ICO idirghabhálaithe airgeadais ar bhealach oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Déanfar rialuithe maidir le heaspa coinbhleachta leasa ar idirghabhálaithe airgeadais agus déanfar iad ex-ante trí chóras TF amhail Minerva do na gníomhaithe airgeadais uile lena mbaineann.
7. Ceanglas chun Comhaontuithe Cistiúcháin a shíniú: Síneoidh ICO Comhaontuithe Cistiúcháin leis na hidirghabhálaithe airgeadais i gcomhréir leis na príomhcheanglais a sholáthrófar mar iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme. Áireofar i bpríomhcheanglais an Chomhaontaithe Cistiúcháin na ceanglais uile faoina n-oibríonn an tSaoráid, lena n-áirítear:

    1. An oibleagáid atá ar an idirghabhálaí airgeadais a chinntí a dhéanamh *mutatis mutandis i gcomhréir leis na ceanglais maidir* le cinnteoireacht agus beartas infheistíochta a shonraítear thuas, lena n-áirítear maidir le hurramú an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh'.

    2. An tuairisc ar an gcreat faireacháin agus iniúchóireachta agus rialaithe a chuirfidh an t-idirghabhálaí airgeadais i bhfeidhm, a bheidh *mutatis mutandis* faoi réir na gceanglas faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe uile a shonraítear thuas.

ICO — Líne na bhFiontar agus na bhFiontraithe

Is éard a bheidh sa ghné sin den bheart infheistíocht phoiblí i Saoráid, Líne na bhFiontar agus na bhFiontraithe ICO, chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú in earnálacha a bhaineann le gníomhaíocht eacnamaíoch an fhiontair agus chun margaí caipitil a fhorbairt sna réimsí sin, tionscadail a bhaineann le digitiú ollscoileanna poiblí agus príobháideacha,

[60] Maidir le tairbhithe deiridh ó iasachtaí, iasachtaí rannpháirtíochta, bannaí tionscadail, ráthaíochtaí nó ionstraimí coibhéiseacha atá bainteach le tionscadail shonracha, ceanglófar orthu údar cuí a thabhairt leis an réimse idirghabhála roghnaithe le haghaidh gach tionscadail a dtacaítear leis, mar aon le tuairisc ar an tionscadal. Chun an ranníocaíocht aeráide a ríomh, i gcás cothromais, cuasachothromais, bannaí corparáideacha nó ionstraimí coibhéiseacha nach bhfuil dírithe ar thionscadail shonracha, úsáidfear critéir chun a cheangal go nginfear/go nginfear 90 % ar a laghad d'ioncam an fhaighteora le linn na bliana airgeadais roimhe sin nó d'ioncam amach anseo de réir plean gnó ó ghníomhaíocht a chomhlíonann na critéir ábhartha a eascraíonn as na réimsí idirghabhála is infheidhme in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF. Tabharfaidh tairbhithe deiridh ó chothromas, cuasachothromas, bannaí corparáideacha nó ionstraimí coibhéiseacha nach bhfuil dírithe ar thionscadail shonracha údar cuí leis an réimse idirghabhála nó leis na réimsí idirghabhála a roghnaíodh. Ceanglófar ar an gcomhpháirtí cur chun feidhme freisin tuarascáil leathbhliantúil a sholáthar don Bhallstát maidir le cur chun feidhme gach tionscadail/gníomhaíochta.

mar chuid de Gheilleagar Nua na Teanga PERTE, agus tionscadail cuideachtaí in earnáil na turasóireachta a bhaineann le hinbhuanaitheacht, digitiú, scéimeanna uas-scilithe le haghaidh acmhainní daonna agus trealaimh, agus a iomaíochas agus a athléimneacht a neartú. Cumhdófar leis an Líne freisin riachtanais caipitil oibre a chuirfidh ar chumas cuideachtaí na cuspóirí thuasluaite a chomhlíonadh. Feidhmeoidh an tSaoráid trí mhaoiniú díreach, ceannacháin bannaí corparáideacha agus infheistíochtaí cothromais agus cuasachothromais a sholáthar, go díreach nó trí idirghabhálaithe, don earnáil phríobháideach, agus d'eintitis san earnáil phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d'aidhm ag an tSaoráid maoiniú EUR 600000000 ar a laghad a chur ar fáil ar dtús.

Is iad Instituto de Crédito Oficial (ICO) agus Axis (bainisteoir caipitil fiontair/príobháideach ICO) a bhainisteoidh an tSaoráid mar chomhpháirtithe cur chun feidhme. Áireofar sa tSaoráid na línte táirgí seo a leanas:

- Líne Idirghabhála: is éard a bheidh sa líne idirghabhála iasachtaí arna dtabhairt ag ICO do bhainc thráchtála, a dhámhfaidh iasachtaí do thairbhithe deiridh chun tionscadail a bhaineann lena ngníomhaíocht eacnamaíoch a mhaoiniú; digitiú agus intleacht shaorga d'ollscoileanna; agus scéimeanna inbhuanaitheachta, digitithe, athscilithe agus uas-scilithe le haghaidh acmhainní daonna agus trealaimh, agus tionscadail chun iomaíochas agus athléimneacht earnáil na turasóireachta a neartú. Is iad na tairbhithe deiridh cuideachtaí príobháideacha (amhail daoine féinfhostaithe, FBManna, cuideachtaí meánchaipitlithe beaga, corparáidí móra nó fiontraithe) agus eintitis phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla.
- Maoiniú díreach ICO: leis an líne sin, soláthrófar iasachtaí díreacha do chuideachtaí príobháideacha (amhail cuideachtaí meánchaipitlithe agus corparáidí móra) agus do chuideachtaí poiblí chun tionscadail a bhaineann lena ngníomhaíocht eacnamaíoch a mhaoiniú. Soláthróidh ICO na hiasachtaí go díreach agus déanfaidh infheisteoir príobháideach tríú páirtí nó infheisteoirí príobháideacha tríú páirtí gach tionscadal a chómhaoiniú. 70 % de mhéid carnach iomlán na tacaíochta don infheistíocht a bheidh sna cistí a sholáthróidh ICO. Cumhdóidh infheisteoirí príobháideacha 30 % ar a laghad de mhéid carnach iomlán na tacaíochta infheistíochta.
- Ceannacháin bannaí corparáide: faoin líne sin, ceannóidh ICO urrúis ioncaim sheasta mheántéarmacha agus fhadtéarmacha shinsearacha arna n-eisiúint ag cuideachtaí Spáinneacha sna margaí tánaisteacha eagraithe (amhail margadh ioncaim sheasta malartach (MARF) nó Comhlachas Idirghabhálaithe le haghaidh Sócmhainní Airgeadais (AIAF)). Beidh na hurrúis nasctha le tionscadal infheistíochta sonrach de chuid na cuideachta a eisíonn an t-urrús.
- Infheistíochtaí cothromais agus infheistíochtaí cuasachothromais: is éard a bheidh sa líne sin infheistíochtaí cothromais dhírigh a sholáthar trí Axis (bainisteoir caipitil fiontair/príobháideach ICO) agus/nó cistí a aistriú chuig cistí cothromais nó meáin infheistíochta eile arna mbainistiú ag idirghabhálaithe airgeadais príobháideacha a dhéanann oibríochtaí infheistíochta cothromais i gcuideachtaí (gnólachtaí nuathionscanta, FBManna, cuideachtaí meánchaipitlithe agus mórchorparáidí). Ní rachaidh rannpháirtíocht uasta na Líne thar 49 % de chistí na meán infheistíochta. Ní bheidh na hinfheistíochtaí cothromais ón Líne ina gcúis le sárú a bheith á dhéanamh ag sciar an chothromais faoi úinéireacht phoiblí i dtairbhí deiridh ar 49 % den chothromas iomlán.

Chun an infheistíocht sa tSaoráid a chur chun feidhme, síneoidh an Spáinn agus ICO Comhaontú Cur Chun Feidhme ina mbeidh an t-ábhar seo a leanas:

1. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na Saoráide: Déanfaidh coiste infheistíochta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile cinneadh infheistíochta críochnaitheach na Saoráide agus déanfar é a fhormheas le tromlach na vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar

an rialtas. I gcás infheistíochtaí idirghafa, is iad na hidirghabhálaithe a dhéanfaidh an cinneadh infheistíochta deiridh.

2. Príomhcheanglais an bheartais infheistíochta ghaolmhair, lena n-áireofar:

    a. An tuairisc ar an táirge/na táirgí airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart.

    b. Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a dtacaítear leo inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de**.**

    c. Toirmeasc ar aon iasacht gan íoc a athmhaoiniú.

    d. An ceanglas an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01), go háirithe:

        i. I gcás iasachtaí, bannaí tionscadail nó ionstraimí coibhéiseacha: eisiafar an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht leis an mbeartas infheistíochta: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[61], (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[62], (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí[63] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[64].

        ii. I gcás cothromais, cuasachothromais, bannaí corparáide nó ionstraimí coibhéiseacha: leis an mbeartas infheistíochta, ceanglófar ar chuideachtaí pleananna aistrithe glasa a ghlacadh i gcomhréir leis an sainmhíniú a leagtar amach in Airteagal 19a(2)(a)(iii) de Threoir 2013/34/AE[65] má dhíorthaítear níos mó ná 50 % dá n-ioncam díreach le linn na bliana airgeadais roimhe sin ón liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní

---

[61]Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[62] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[63]Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Níl feidhm ag an eisiamh 64 sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola na ngléasraí ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[65] Leasaítear Treoir 2013/34/AE le Treoir (AE) 2022/2464 i dtaca leis an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach.

a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[66], (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[67], (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí[68] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[69].

iii. Thairis sin, ceanglófar leis an mbeartas infheistíochta go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha thairbhithe deiridh na Saoráide.

e. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

3. An méid a chumhdaítear leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme, an struchtúr táillí le haghaidh an Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme agus an ceanglas aon athshreabha a athinfheistiú de réir bheartas infheistíochta na Saoráide mura n-úsáidtear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.

4. Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:
    1. An tuairisc ar chóras faireacháin an chomhpháirtí cur chun feidhme chun tuairisciú a dhéanamh ar an infheistíocht a slógadh.
    2. An tuairisc ar nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme lena n-áiritheofar go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.
    3. An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme, lena n-áirítear trí fhéindearbhú a úsáid le haghaidh oibríochtaí faoi bhun EUR 10000000, sula ngeallfaidh sé oibríocht a mhaoiniú.

    4. An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta ICO. Fíoróidh na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; II) comhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh', na rialacha maidir le Státchabhair, na sprioc-cheanglais dhigiteacha; agus iii) go n-urramaítear an

---

[66]Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[67] I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, tabharfar míniú ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[68] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[69] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

ceanglas atá ar an idirghabhálaí a fhíorú go dtíolacann an tairbhí deiridh dearbhú freagrach chun rialú a dhéanamh ar cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear an costas céanna le hionstraim eile de chuid an Aontais. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme agus na gComhaontuithe Cistiúcháin is infheidhme á n-urramú, lena n-áirítear trí fhéindearbhuithe a úsáid le haghaidh oibríochtaí faoi bhun EUR 10000000, sula ngeallfaidh siad oibríocht a mhaoiniú.

5. Ceanglais maidir le hidirghabhálaithe airgeadais a roghnú: Roghnóidh ICO idirghabhálaithe airgeadais ar bhealach oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Déanfar rialuithe maidir le heaspa coinbhleachta leasa ar idirghabhálaithe airgeadais agus déanfar iad ex-ante trí chóras TF amhail Minerva do na gníomhaithe airgeadais uile lena mbaineann.
6. Ceanglas chun Comhaontuithe Cistiúcháin a shíniú: Síneoidh ICO Comhaontuithe Cistiúcháin leis na hidirghabhálaithe airgeadais i gcomhréir leis na príomhcheanglais a sholáthrófar mar iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme. Áireofar i bpríomhcheanglais an Chomhaontaithe Cistiúcháin na ceanglais uile faoina n-oibríonn an tSaoráid, lena n-áirítear:

    1. An oibleagáid atá ar an idirghabhálaí airgeadais a chinntí a dhéanamh *mutatis mutandis i gcomhréir leis na ceanglais maidir* le cinnteoireacht agus beartas infheistíochta a shonraítear thuas, lena n-áirítear maidir le hurramú an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’.

    2. An tuairisc ar an gcreat faireacháin agus iniúchóireachta agus rialaithe a chuirfidh an t-idirghabhálaí airgeadais i bhfeidhm, a bheidh *mutatis mutandis* faoi réir na gceanglas faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe uile a shonraítear thuas.

Infheistíocht 7 (C13.I7) — An Ciste um an gCéad Teicneolaíocht Eile

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i Saoráid, an Ciste Next Tech, chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus chun rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú in earnálacha straitéiseacha na Spáinne atá ceangailte leis an aistriú digiteach agus chun margaí caipitil a fhorbairt sa réimse sin. Feidhmeoidh an tSaoráid trí dhreasachtaí airgeadais a sholáthar trí chomhinfheistíocht le cistí eile, go díreach nó trí idirghabhálaithe don earnáil phríobháideach, agus d'eintitis san earnáil phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d'aidhm ag an tSaoráid maoiniú EUR 1445260000 ar a laghad a chur ar fáil ar dtús.

Is é Sociedad Española para la Transformación Tecnológica (SETT), ina cháil mar chomhpháirtí cur chun feidhme, a bhainisteoidh an tSaoráid. Áireofar sa tSaoráid na línte táirgí seo a leanas:

- Líne dhíreach: is éard a bheidh sa líne sin infheistíochtaí díreacha cothromais nó cuasachothromais a sholáthar trí SETT do chuideachtaí atá corpraithe sa Spáinn, gan beann ar a méid agus ar a n-úinéireacht ar an gcaipiteal, a thugann gealltanas tionscadail teicneolaíochta nua a dhéanamh. Ní bheidh na hinfheistíochtaí cothromais ón gCiste ina gcúis le sárú a bheith á dhéanamh ag sciar an chothromais faoi úinéireacht phoiblí i dtairbhí deiridh ar 49 % den chothromas iomlán.
- Líne indíreach: is éard a bheidh sa líne sin cistí a aistriú chuig meáin infheistíochta atá ann cheana arna mbainistiú ag idirghabhálaithe airgeadais príobháideacha, lena n-áirítear cistí caipitil fiontair, a dhéanann oibríochtaí infheistíochta cothromais agus/nó cuasachothromais sna réimsí teicneolaíochta ar a bhfuil an Ciste dírithe. Ní rachaidh rannpháirtíocht uasta na Saoráide thar 49 % d'aon chiste ná d'aon mheán infheistíochta eile agus ní bheidh sí ina cúis le sárú a dhéanamh ar 49 % den chothromas iomlán ar an sciar den chothromas atá faoi úinéireacht phoiblí i gciste nó i meán infheistíochta.

Chun an infheistíocht sa tSaoráid a chur chun feidhme, síneoidh an Spáinn agus SETT Comhaontú Cur Chun Feidhme nó formheasfaidh an Spáinn an ionstraim dlí chomhfhreagrach agus na doiciméid ghaolmhara ina mbeidh an t-ábhar seo a leanas:

1. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na Saoráide: Maidir leis an líne dhíreach, déanfaidh coiste infheistíochta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile cinneadh infheistíochta tosaigh na Saoráide agus formheasfaidh tromlach na vótaí é ó chomhaltaí atá neamhspleách ar rialtas na Spáinne. I gcás na líne dírí, beidh cinneadh infheistíochta críochnaitheach na Saoráide teoranta d'fhormheas (gan mhodhnú) nó d'fheidhmiú cirt crosta ar chinneadh infheistíochta arna mholadh ag an gcoiste infheistíochta nó ag an gcomhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha. I gcás infheistíochtaí idirghafa tríd an líne indíreach, is iad idirghabhálaithe a dhéanfaidh an cinneadh infheistíochta deiridh.

2. Príomhcheanglais an bheartais infheistíochta ghaolmhair, lena n-áireofar:

    a. An tuairisc ar an táirge/na táirgí airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart.

    b. Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a dtacaítear leo inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.

    c. Toirmeasc ar aon iasacht gan íoc a athmhaoiniú.

    d. An ceanglas an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01), go háirithe:

- I gcás cothromais, cuasachothromais, bannaí corparáide nó ionstraimí coibhéiseacha: leis an mbeartas infheistíochta, ceanglófar ar chuideachtaí pleananna aistrithe glasa a ghlacadh i gcomhréir leis an sainmhíniú a leagtar amach in Airteagal 19a(2)(a)(iii) de Threoir 2013/34/AE[70] má dhíorthaítear níos mó ná 50 % dá n-ioncam díreach le linn na bliana airgeadais roimhe sin ón liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[71], (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[72], (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí[73] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[74].
- Thairis sin, ceanglófar leis an mbeartas infheistíochta go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha thairbhithe deiridh na Saoráide.

e. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

3. An méid a chumhdaítear leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme agus/nó leis an ionstraim dlí agus doiciméid ghaolmhara lena mbunaítear an tSaoráid, an struchtúr táillí le haghaidh an Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme agus an ceanglas aon athshreabha a athinfheistiú de réir bheartas infheistíochta na Saoráide mura n-úsáidtear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.

4. Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:
   a. An tuairisc ar chóras faireacháin an chomhpháirtí cur chun feidhme chun tuairisciú a dhéanamh ar an infheistíocht a slógadh.

   b. An tuairisc ar nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme lena n-áiritheofar go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.

---

[70] Leasaítear Treoir 2013/34/AE le Treoir (AE) 2022/2464 i dtaca leis an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach.

[71] Cé is moite de (a) thionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar gaolmhar tarchurtha agus dáileacháin, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith don aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreoslaí iontaise, agus deireadh á chur de réir a chéile le breoslaí iontaise go hiomlán le himeacht ama.

[72] I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, tabharfar míniú ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[73] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[74] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

c. An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme agus/nó san ionstraim dlí agus sna doiciméid ghaolmhara lena mbunaítear an tSaoráid, lena n-áirítear trí fhéindearbhú a úsáid le haghaidh oibríochtaí faoi bhun EUR 10000000, sula ngeallfaidh sé oibríocht a mhaoiniú.

d. An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta SETT. Fíoróidh na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; II) comhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh', na rialacha maidir le Státchabhair, na sprioc-cheanglais dhigiteacha; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas atá ar an idirghabhálaí a fhíorú go dtíolacann an tairbhí deiridh dearbhú freagrach chun rialú a dhéanamh ar cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear an costas céanna le hionstraim eile de chuid an Aontais. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme is infheidhme agus/nó na hionstraime dlí agus na ndoiciméad gaolmhar lena mbunaítear an tSaoráid agus na Comhaontuithe Cistiúcháin á n-urramú, lena n-áirítear trí fhéindearbhuithe a úsáid le haghaidh oibríochtaí faoi bhun EUR 10000000, sula ngeallfaidh siad oibríocht a mhaoiniú.

5. Ceanglais maidir le hinfheistíochtaí digiteacha arna ndéanamh ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme: rannchuideoidh EUR 1445260000 ar a laghad d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid le cuspóirí an athraithe dhigitigh i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF.[75]

6. Ceanglais maidir le hidirghabhálaithe airgeadais a roghnú: Roghnóidh SETT idirghabhálaithe airgeadais ar bhealach oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Déanfar rialuithe maidir le heaspa coinbhleachta leasa ar idirghabhálaithe airgeadais agus déanfar iad ex-ante trí chóras TF amhail Minerva do na gníomhaithe airgeadais uile lena mbaineann.

7. Ceanglas chun Comhaontuithe Cistiúcháin a shíniú: Síneoidh SETT Comhaontuithe Cistiúcháin leis na hidirghabhálaithe airgeadais i gcomhréir leis na príomhcheanglais a sholáthrófar mar iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme nó leis an ionstraim dlí agus doiciméid ghaolmhara lena mbunaítear an tSaoráid. Áireofar i bpríomhcheanglais an Chomhaontaithe Cistiúcháin na ceanglais uile faoina n-oibríonn an tSaoráid, lena n-áirítear:

    1. An oibleagáid atá ar an idirghabhálaí airgeadais a chinntí a dhéanamh mutatis mutandis i gcomhréir leis na ceanglais maidir le cinnteoireacht agus beartas infheistíochta a shonraítear thuas, lena n-áirítear maidir le hurramú an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh'.

    2. An tuairisc ar an gcreat faireacháin agus iniúchóireachta agus rialaithe a chuirfidh an t-idirghabhálaí airgeadais i bhfeidhm, a bheidh mutatis mutandis faoi réir na gceanglas faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe uile a shonraítear thuas.

[75] Chun an ranníocaíocht dhigiteach a ríomh, i gcás cothromais, cuasachothromais, bannaí corparáideacha nó ionstraimí coibhéiseacha nach bhfuil dírithe ar thionscadail shonracha, úsáidfear critéir chun a cheangal go nginfear/go nginfear 90 % ar a laghad d'ioncam an fhaighteora le linn na bliana airgeadais roimhe sin nó d'ioncam amach anseo de réir plean gnó ó ghníomhaíocht a chomhlíonann na critéir ábhartha a eascraíonn as na réimsí idirghabhála is infheidhme in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF.

Infheistíocht 8 (C13.I8) — An Ciste Comhinfheistíochta (FOCO)

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i Saoráid, an Ciste Comhinfheistíochta, chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú in earnálacha straitéiseacha na Spáinne, go háirithe iad siúd a bhaineann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach agus leis na PERTEnna, agus chun margaí caipitil a fhorbairt sna réimsí sin. Oibreoidh an tSaoráid sin trí iasachtaí, infheistíochtaí cothromais agus infheistíochtaí cuasachothromais a sholáthar trí chomhinfheistíochtaí le hinfheisteoirí coigríche agus infheisteoirí institiúideacha iltaobhacha tríú páirtí, go díreach nó trí idirghabhálaithe don earnáil phríobháideach. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d'aidhm ag an tSaoráid maoiniú EUR 2000000000 ar a laghad a chur ar fáil ar dtús.

Is é Compañía Española de Financiación del Desarrollo (COFIDES) a bhainisteoidh an tSaoráid mar chomhpháirtí cur chun feidhme. Ionchorprófar na línte táirgí seo a leanas sa tSaoráid:

- Líne dhíreach: Déanfaidh an tSaoráid comhinfheistíocht dhíreach le hinfheisteoirí institiúideacha eachtracha tríú páirtí i gcuideachtaí a bhfuil gealltanas tugtha acu tionscadail nua a dhéanamh in earnálacha eacnamaíocha straitéiseacha na Spáinne, lena n-áirítear iad siúd atá ceangailte leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach agus leis na PERTEnna. Beidh an tSaoráid in ann infheistiú trí ionstraimí iasachta, cothromais agus cuasachothromais a úsáid. Ní bheidh na hinfheistíochtaí cothromais ón gCiste ina gcúis le sárú a bheith á dhéanamh ag sciar an chothromais faoi úinéireacht phoiblí i dtairbhí deiridh ar 49 % den chothromas iomlán
- Líne indíreach: Infheisteoidh an tSaoráid i gcistí atá ann cheana lena n-infheistítear sna hearnálacha ar a bhfuil an tSaoráid dírithe agus beidh sí in ann meáin mhaoiniúcháin shaincheaptha a chruthú lena ndíreofar ar na hearnálacha céanna. Ní rachaidh rannpháirtíocht uasta na Saoráide thar 49 % d'aon chiste ná d'aon mheán infheistíochta eile agus ní bheidh sí ina cúis le sárú a dhéanamh ar 49 % den chothromas iomlán ar an sciar den chothromas atá faoi úinéireacht phoiblí i gciste nó i meán infheistíochta.

Beidh an chomhinfheistíocht ó infheisteoirí tríú páirtí coibhéiseach ar a laghad le ranníocaíocht na Saoráide agus infheisteoidh sí ar théarmaí pari passu. Féadfar na nithe seo a leanas, i measc nithe eile, a áireamh ar chomhinfheisteoirí tríú páirtí:

- Institiúidí poiblí eachtracha, amhail cistí pinsin poiblí, cistí ceannasacha agus focheannasacha, institiúidí iltaobhacha a infheistíonn i margaí caipitil príobháideacha (amhail an Ciste Eorpach Infheistíochta).
- Infheisteoirí institiúideacha fadtéarmacha príobháideacha eachtracha amhail cistí infheistíochta, cistí pinsin nó cuideachtaí árachais.
- Meáin agus eintitis infheistíochta príobháidí intíre, ar choinníoll go slógfaidh siad acmhainní airgeadais ó infheisteoirí príobháideacha coigríche.
- Cuideachtaí cothromais eachtracha atá rannpháirteach i bhfigiúirí cuideachta sa Spáinn chun tionscadail infheistíochta agus gníomhaíochtaí táirgiúla a dhéanamh a bhféadfadh an ciste tacú leo.

Chun an infheistíocht sa tSaoráid a chur chun feidhme, formheasfaidh an Spáinn rialachán, agus aon doiciméad gaolmhar, chun an tSaoráid a chruthú agus a bhainistiú ina mbeidh an t-ábhar seo a leanas:

1. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na Saoráide: Déanfaidh coiste infheistíochta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile cinneadh infheistíochta tosaigh na Saoráide agus formheasfaidh tromlach na vótaí é ó chomhaltaí atá neamhspleách ar Rialtas na Spáinne. Beidh cinneadh infheistíochta críochnaitheach na Saoráide teoranta d'fhormheas (gan mhodhnuithe) nó d'fheidhmiú cirt crosta ar chinneadh infheistíochta arna mholadh ag an gcoiste infheistíochta

nó ag an gcomhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha. I gcás infheistíochtaí idirghafa, is iad na hidirghabhálaithe a dhéanfaidh an cinneadh infheistíochta deiridh.

2. Príomhcheanglais an bheartais infheistíochta ghaolmhair, lena n-áireofar:

   a. An tuairisc ar na táirgí airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart. I gcás infheistíochtaí straitéiseacha, i.e. infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí cosanta agus i dtáirgí cosanta a shainaithnítear sa chlár oibre bliantúil don Chiste Eorpach Cosanta; infheistíochtaí spáis i gcloig adamhacha, lainseálaithe straitéiseacha; agus táirgí spáis; agus infheistíochtaí lena ndírítear go hiomlán ar uirlisí agus réitigh chibearshlándála a fhorbairt agus a chur in úsáid, lena n-áirítear nuair atá siad sin mar chuid d'imscaradh nó d'uasghrádú líonraí digiteacha agus bonneagair sonraí; ní bheidh tairbhithe deiridh faoi rialú tríú tír ná eintiteas tríú tír agus beidh a mbainistíocht feidhmiúcháin san Aontas cé is moite d'infheistíochtaí faoi bhun EUR 10000000. Má tá baint ag an tairbhí deiridh le hinfheistíocht straitéiseach i réimse na nascachta 5G,[76] beidh feidhm ag na bearta agus na pleananna maolaithe riosca, de bhun Bhosca Uirlisí Cibearshlándála 5G, maidir lena sholáthróirí freisin. Áirítear ar na soláthróirí sin go háirithe díoltóirí trealamh teileachumarsáide agus monaróirí agus soláthraithe eile tríú páirtí, amhail soláthraithe néalbhonneagair, soláthraithe seirbhísí bainistithe, slánaitheoirí córas, conraitheoirí slándála agus cothabhála agus monaróirí trealamh tarchurtha. I gcás ina bhfuil baint ag an tairbhí deiridh le hinfheistíocht straitéiseach i réimse na cosanta, beidh feidhm ag an teorannú sin freisin maidir lena sholáthróirí agus lena fhochonraitheoirí. Níl feidhm ag na teorainneacha a bhaineann leis an easpa rialaithe ag tríú tír nó ag eintiteas tríú tír a leagtar amach sna trí mhír thuas maidir le hoibríocht mhaoiniúcháin ná infheistíochta ar leith i gcás inar féidir leis an tairbhí deiridh a léiriú gur eintiteas dlítheanach é ar fhormheas an Ballstát ina bhfuil sé bunaithe ráthaíocht ina leith i gcomhréir leis na prionsabail a bhaineann le heintitis incháilithe a leagtar amach i bhforálacha ábhartha Rialachán an Chiste Eorpaigh Cosanta ('EDF')[77] nó i gcomhréir leis an tarscaoileadh ón gCoimisiún a deonaíodh i gcomhréir leis na prionsabail a bhaineann le heintitis incháilithe a leagtar amach i bhforálacha ábhartha an Rialacháin Spáis[78]. Ní mór don chomhpháirtí cur chun feidhme fógra a thabhairt don rialtas faoi aon mhaolú a dheonaítear ar na teorainneacha.

   b. Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a dtacaítear leo inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.
   c. Toirmeasc ar aon iasacht gan íoc a athmhaoiniú.
   d. An ceanglas an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01), go háirithe:

      i. I gcás iasachtaí, bannaí tionscadail nó ionstraimí coibhéiseacha: eisiafar an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht leis an mbeartas infheistíochta: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[79], (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí

[76] An Grúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise, Cibearshlándáil líonraí 5G Bosca Uirlisí an Aontais de bhearta maolaithe riosca, 01/2020, https://ec.europa.eu/newsroom/dae/document.cfm?doc_id=64468.

[77] Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta.

[78] Rialachán (AE) 2021/696 lena mbunaítear clár spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis.

[79] Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[80], (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí[81] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[82]. I gcás cothromais, cuasachothromais, bannaí corparáide nó ionstraimí coibhéiseacha: ní áireofar sa bheartas infheistíochta cuideachtaí a bhfuil fócas suntasach acu[83] sna hearnálacha seo a leanas: (i) táirgeadh fuinnimh atá bunaithe ar bhreosla iontaise agus gníomhaíochtaí gaolmhara[84]; (II) tionscail dianfhuinnimh agus/nó tionscail ard-astaíochta CO2[85]; (III) feithiclí truaillitheacha a tháirgeadh, a ligean ar cíos nó a dhíol[86]; (IV) bailiú dramhaíola, cóireáil dramhaíola agus diúscairt dramhaíola[87], (v) breosla núicléach a phróiseáil, fuinneamh núicléach a tháirgeadh.

ii. Thairis sin, ceanglófar leis an mbeartas infheistíochta go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha thairbhithe deiridh na Saoráide.

e. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

---

[80] Lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha. I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[81] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[82] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[83] Meastar go bhfuil 'fócas substaintiúil' ag Tairbhí Críochnaitheach ar earnáil nó ar ghníomhaíocht ghnó má shainaithnítear an earnáil nó an ghníomhaíocht sin mar chuid fhíor-riachtanach de ghníomhaíocht ghnó an Tairbhí Deiridh faoi seach i ndáil le hollioncam, brabús nó bonn cliant an Tairbhí Deiridh. Ní rachaidh an t-ollioncam a ghinfear ón earnáil nó ón ngníomhaíocht shrianta, in aon chás, thar 50 % den ollioncam.

[84] Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[85] Lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha. I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[86] Sainmhínítear feithiclí truaillitheacha mar fheithiclí nach feithiclí astaíochtaí nialasacha iad.

[87] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le gléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

3. An méid a chumhdaítear leis na rialacháin agus aon doiciméad gaolmhar lena mbunaítear an tSaoráid, an struchtúr táillí le haghaidh an Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme agus an ceanglas aon athshreabha a athinfheistiú de réir bheartas infheistíochta na Saoráide mura n-úsáidtear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.
4. Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:
   a. An tuairisc ar chóras faireacháin an chomhpháirtí cur chun feidhme chun tuairisciú a dhéanamh ar an infheistíocht a slógadh.
   b. An tuairisc ar nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme lena n-áiritheofar go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.
   c. An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sna rialacháin lena mbunaítear an tSaoráid sula ngeallfaidh sé oibríocht a mhaoiniú.
   d. An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta COFIDES. Fióróidh na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; II) comhlíonadh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’, na rialacha maidir le Státchabhair, na ceanglais maidir leis an aeráid agus maidir leis an sprioc dhigiteach; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas atá ar an idirghabhálaí a fhíorú go dtíolacann an tairbhí deiridh dearbhú freagrach chun rialú a dhéanamh ar cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear an costas céanna le hionstraim eile de chuid an Aontais. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha an rialacháin is infheidhme agus na ndoiciméad gaolmhar lena mbunaítear an tSaoráid agus na Comhaontuithe Cistiúcháin á n-urramú.
5. Ceanglais maidir le hidirghabhálaithe airgeadais a roghnú: Roghnóidh COFIDES idirghabhálaithe airgeadais ar bhealach oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Déanfar rialuithe maidir le heaspa coinbhleachta leasa ar idirghabhálaithe airgeadais agus déanfar iad ex-ante trí chóras TF amhail Minerva do na gníomhaithe airgeadais uile lena mbaineann.
6. Ceanglas chun Comhaontuithe Cistiúcháin a shíniú: Síneoidh COFIDES Comhaontuithe Cistiúcháin leis na hidirghabhálaithe airgeadais i gcomhréir leis na príomhcheanglais a sholáthrófar mar chuid de na doiciméid ghaolmhara lena mbunaítear an tSaoráid. Áireofar i bpríomhcheanglais an Chomhaontaithe Cistiúcháin na ceanglais uile faoina n-oibríonn an tSaoráid, lena n-áirítear:
   a. An oibleagáid atá ar an idirghabhálaí airgeadais a chinntí a dhéanamh *mutatis mutandis i gcomhréir leis na ceanglais maidir* le cinnteoireacht agus beartas infheistíochta a shonraítear thuas, lena n-áirítear maidir le hurramú an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’.
   b. An tuairisc ar an gcreat faireacháin agus iniúchóireachta agus rialaithe a chuirfidh an t-idirghabhálaí airgeadais i bhfeidhm, a bheidh *mutatis mutandis* faoi réir na gceanglas faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe uile a shonraítear thuas.

Infheistíocht 10 (C13.I10) — An Ciste um Athchaipitliú Gnó COVID-19 (FONREC)

Is é is aidhm don bheart seo tacú le cuideachtaí atá thíos le tionchar phaindéim COVID-19. Is éard atá i gceist leis an mbeart seo tacaíocht a sholáthar do chuideachtaí faoin gCiste um Athchaipitliú Gnó COVID-19.

Infheistíocht 12 (C13.I12) — Ciste Fiontraíochta agus FBManna ENISA

Is éard a bheidh sa bheart seo infheistíocht phoiblí i Saoráid, i gCiste Fiontraíochta agus FBManna ENISA, chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) chun infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail agus i

dtionscadail inmharthana agus nuálacha a bhaineann le Teicneolaíocht Teanga. Feidhmeoidh an tSaoráid trí iasachtaí rannpháirtíochta a sholáthar go díreach don earnáil phríobháideach, agus d'eintitis san earnáil phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d'aidhm ag an tSaoráid maoiniú EUR 81755530 ar a laghad a chur ar fáil ar dtús.

Is é an Fiontar Nuálaíochta Stáit (Empresa Nacional de Innovación, SA — ENISA) a bhainisteoidh an tSaoráid mar chomhpháirtí cur chun feidhme.

Chun an infheistíocht sa tSaoráid a chur chun feidhme, síneoidh an Spáinn agus ENISA Comhaontú Cur Chun Feidhme nó formheasfaidh an Spáinn an ionstraim dlí chomhfhreagrach agus na doiciméid ghaolmhara ina mbeidh an t-ábhar seo a leanas:

1. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na Saoráide: Déanfaidh coiste infheistíochta cinneadh infheistíochta tosaigh na Saoráide agus formheasfaidh tromlach na vótaí é ó chomhaltaí atá neamhspleách ar Rialtas na Spáinne. I gcás ENISA, déanfaidh baill foirne ENISA (atá neamhspleách ar an rialtas) an coiste infheistíochta a chomhtháthú. Beidh cinneadh infheistíochta críochnaitheach na Saoráide teoranta d'fhormheas (gan mhodhnuithe) nó d'fheidhmiú cirt crosta ar chinneadh infheistíochta arna mholadh ag an gcoiste infheistíochta nó ag an gcomhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha.
2. Príomhcheanglais an bheartais infheistíochta ghaolmhair, lena n-áireofar:
    1. An tuairisc ar an táirge airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart.
    2. Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a dtacaítear leo inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de**.**
    3. Toirmeasc ar aon iasacht gan íoc a athmhaoiniú.
    4. Leis an gceanglas an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh go háirithe, eisiafar an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht leis an mbeartas infheistíochta: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[88], (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[89], (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla.
    5. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

[88] Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[89] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

3. An méid a chumhdaítear leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme, an struchtúr táillí le haghaidh an Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme agus an ceanglas aon athshreabha a athinfheistiú de réir bheartas infheistíochta na Saoráide mura n-úsáidtear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.

4. Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:

    1. An tuairisc ar chóras faireacháin an chomhpháirtí cur chun feidhme chun tuairisciú a dhéanamh ar an infheistíocht a slógadh.

    2. An tuairisc ar nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme lena n-áiritheofar go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.

    3. An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme sula ngeallfaidh sé oibríocht a mhaoiniú.

    4. An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta ENISA. Fíoróidh na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; II) comhlíonadh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’, na rialacha maidir le Státchabhair, na sprioc-cheanglais dhigiteacha; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas atá ar an idirghabhálaí a fhíorú go dtíolacann an tairbhí deiridh dearbhú freagrach chun rialú a dhéanamh ar cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear an costas céanna le hionstraim eile de chuid an Aontais. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme agus na gComhaontuithe Cistiúcháin is infheidhme á n-urramú.

5. Ceanglais maidir le hinfheistíochtaí digiteacha arna ndéanamh ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme: rannchuideoidh EUR 5395865 ar a laghad d’infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid leis na cuspóirí digiteacha i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF.

Infheistíocht 13 (C13.I13) — An Ciste Athléimneachta Réigiúnach (FRA)

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí in urrann an Bhallstáit de InvestEU, agus sa Chiste Athléimneachta Réigiúnach, chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú i bPobail Fhéinrialaitheacha na Spáinne sna réimsí tosaíochta seo a leanas: tithíocht shóisialta agus inacmhainne agus athghiniúint uirbeach; iompar inbhuanaithe; iomaíochas tionsclaíoch agus FBManna; taighde, forbairt agus nuálaíocht; turasóireacht inbhuanaithe; geilleagar an chúraim; bainistiú uisce agus dramhaíola; agus an t-aistriú fuinnimh; chomh maith le margaí caipitil a fhorbairt sna réimsí sin.

Feidhmeoidh an tSaoráid trí mhaoiniú a sholáthar go díreach nó trí idirghabhálaithe, don earnáil phríobháideach, d’eintitis san earnáil phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla, agus d’eintitis phoiblí, i measc eintitis eile, rialtais réigiúnacha nó áitiúla. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d’aidhm ag an tSaoráid maoiniú EUR 4389892216 ar a laghad a chur ar fáil. Le EUR 500000000 breise, rannchuideofar le hurrann an Bhallstáit de InvestEU.

Is é Grúpa BEI, ina cháil mar chomhpháirtí cur chun feidhme, a bhainisteoidh an tSaoráid. Ionchorprófar na línte táirgí seo a leanas sa tSaoráid:

- Líne Phoiblí Dhíreach (EUR 151217424): Ionstraim iasachta dírí chun tionscadail ó eintitis phoiblí, i measc eintitis eile, rialtais réigiúnacha nó áitiúla, a mhaoiniú.
- Línte Eile (EUR 4238674792): Línte lena ndírítear ar eintitis phríobháideacha nó ar eintitis phoiblí i ngníomhaíochtaí comhchosúla, go háirithe:

- Ionstraim chómhaoinithe dhírigh chun tionscadail a mhaoiniú trí iasachtaí, sócmhainní a fháil, nó rannpháirtíocht i maoiniú tionscadail.
- Maoiniú idirghafa do FBManna, do chuideachtaí meánchaipitlithe, do thionscadail bhonneagair nó do dhaoine aonair, lena n-áirítear trí infheistíochtaí cothromais, cuasachothromas, iasachtaí, creidmheas príobháideach sinsearach, nó ceannach urrús de bhun sócmhainní arna n-eisiúint ag eintitis airgeadais a ghineann punann iasachta incháilithe nua.

Chun an infheistíocht sa tSaoráid a chur chun feidhme, síneoidh an Spáinn agus Grúpa BEI Comhaontú Cur Chun Feidhme ina mbeidh an t-ábhar seo a leanas:

1. Déanfaidh Grúpa BEI cinneadh infheistíochta tosaigh na Saoráide go neamhspleách ar Rialtas na Spáinne. Beidh cinneadh infheistíochta críochnaitheach na Saoráide teoranta d'fhormheas (gan mhodhnuithe) nó d'fheidhmiú cirt crosta ar chinneadh infheistíochta arna mholadh ag an gcoiste infheistíochta nó ag an gcomhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha. I gcás infheistíochtaí idirghafa is iad na hidirghabhálaithe a dhéanfaidh an cinneadh deiridh maidir le hinfheistíocht.
2. Príomhcheanglais an bheartais infheistíochta ghaolmhair, lena n-áireofar:
   a. An tuairisc ar na táirgí airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart.
   b. Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a dtacaítear leo inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.
   c. Toirmeasc ar aon iasacht gan íoc a athmhaoiniú.
   d. An ceanglas an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01), go háirithe:

      i. I gcás iasachtaí, bannaí tionscadail nó ionstraimí coibhéiseacha: eisiafar an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht leis an mbeartas infheistíochta: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[90], (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[91], (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí[92] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[93].

---

[90] Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[91] Lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha. I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[92] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[93] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le

ii. I gcás cothromais, cuasachothromais, bannaí corparáide nó ionstraimí coibhéiseacha: leis an mbeartas infheistíochta, ceanglófar ar chuideachtaí pleananna aistrithe glasa a ghlacadh i gcomhréir leis an sainmhíniú a leagtar amach in Airteagal 19a(2)(a)(iii) de Threoir 2013/34/AE[94] má dhíorthaítear níos mó ná 50 % dá n-ioncam díreach le linn na bliana airgeadais roimhe sin ón liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[95], (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[96], (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí[97] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[98].

iii. Thairis sin, ceanglófar leis an mbeartas infheistíochta go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha thairbhithe deiridh na Saoráide.

e. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

3. An méid a chumhdaítear leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme, an struchtúr táillí le haghaidh an Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme agus an ceanglas aon athshreabha a athinfheistiú de réir bheartas infheistíochta na Saoráide mura n-úsáidtear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.

4. Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:

a. An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sna rialacháin lena mbunaítear an tSaoráid sula ngeallfaidh sé oibríocht a mhaoiniú.

b. An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta Ghrúpa BEI. Fíoróidh na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; II) comhlíonadh

---

saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[94] Leasaítear Treoir 2013/34/AE le Treoir (AE) 2022/2464 i dtaca leis an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach.

[95] Cé is moite de (a) thionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar gaolmhar tarchurtha agus dáileacháin, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith don aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreoslaí iontaise, agus deireadh á chur de réir a chéile le breoslaí iontaise go hiomlán le himeacht ama.

[96] I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, tabharfar míniú ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[97] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[98] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’, na rialacha maidir le Státchabhair, na ceanglais maidir leis an aeráid agus maidir leis an sprioc dhigiteach; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas atá ar an idirghabhálaí a fhíorú go dtíolacann an tairbhí deiridh dearbhú freagrach chun rialú a dhéanamh ar cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear an costas céanna le hionstraim eile de chuid an Aontais. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme agus na gComhaontuithe Cistiúcháin is infheidhme á n-urramú.

c. An oibleagáid atá ar Ghrúpa BEI tuarascáil iniúchóireachta bhliantúil arna tarraingt suas ag a n-iniúchóirí seachtracha a chur ar fáil do Rialaitheoir Ginearálta an rialtais láir (‘IGAE’).

5. Ceanglais maidir le hinfheistíochtaí aeráide arna ndéanamh ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme: rannchuideoidh 50 % ar a laghad d’infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF[99].

6. Ceanglais maidir le hidirghabhálaithe airgeadais a roghnú: Roghnóidh Grúpa BEI idirghabhálaithe airgeadais ar bhealach oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Déanfar rialuithe maidir le heaspa coinbhleachta leasa ar idirghabhálaithe airgeadais agus déanfar iad ex-ante do na gníomhaithe airgeadais uile lena mbaineann.
7. Ceanglas chun Comhaontuithe Cistiúcháin a shíniú: Síneoidh Grúpa BEI Comhaontuithe Cistiúcháin leis na hidirghabhálaithe airgeadais i gcomhréir leis na príomhcheanglais a sholáthrófar mar iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme. Áireofar i bpríomhcheanglais an Chomhaontaithe Cistiúcháin na ceanglais uile faoina n-oibríonn an tSaoráid, lena n-áirítear:
   a. An oibleagáid atá ar an idirghabhálaí airgeadais a chinntí a dhéanamh *mutatis mutandis i gcomhréir leis na ceanglais maidir* le cinnteoireacht agus beartas infheistíochta a shonraítear thuas, lena n-áirítear maidir le hurramú an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’.
   b. An tuairisc ar an gcreat faireacháin agus iniúchóireachta agus rialaithe a chuirfidh an t-idirghabhálaí airgeadais i bhfeidhm, a bheidh *mutatis mutandis* faoi réir na gceanglas faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe uile a shonraítear thuas.

Úsáidfear an ranníocaíocht le hurrann an Bhallstáit de InvestEU (EUR 500000000) chun FBManna, cuideachtaí meánchaipitlithe agus daoine aonair a mhaoiniú, lena n-áirítear trí bhannaí, iasachtaí, léasú, fofhiachas, fachtóireacht, ráthaíochtaí bainc nó maoiniú trádála.

Comhaontú Ráthaíochta idir an Coimisiún agus an comhpháirtí cur chun feidhme, arna roghnú i gcomhréir le forálacha ábhartha Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017, tiocfaidh sé i bhfeidhm. Mhol an Spáinn CEI mar Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme chun an beart sin a chur chun feidhme.

[99] Maidir le tairbhithe deiridh ó iasachtaí, iasachtaí rannpháirtíochta, bannaí tionscadail, ráthaíochtaí nó ionstraimí coibhéiseacha atá bainteach le tionscadail shonracha, ceanglófar orthu údar cuí a thabhairt leis an réimse idirghabhála roghnaithe le haghaidh gach tionscadail a dtacaítear leis, mar aon le tuairisc ar an tionscadal. Chun an ranníocaíocht aeráide a ríomh, i gcás cothromais, cuasachothromais, bannaí corparáideacha nó ionstraimí coibhéiseacha nach bhfuil dírithe ar thionscadail shonracha, úsáidfear critéir chun a cheangal go nginfear/go nginfear 90 % ar a laghad d’ioncam an fhaighteora le linn na bliana airgeadais roimhe sin nó d’ioncam amach anseo de réir plean gnó ó ghníomhaíocht a chomhlíonann na critéir ábhartha a eascraíonn as na réimsí idirghabhála is infheidhme in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF. Tabharfaidh tairbhithe deiridh ó chothromas, cuasachothromas, bannaí corparáideacha nó ionstraimí coibhéiseacha nach bhfuil dírithe ar thionscadail shonracha údar cuí leis an réimse idirghabhála nó leis na réimsí idirghabhála a roghnaíodh. Ceanglófar ar an gcomhpháirtí cur chun feidhme freisin tuarascáil leathbhliantúil a sholáthar don Bhallstát maidir le cur chun feidhme gach tionscadail/gníomhaíochta.

Síneoidh an Spáinn comhaontú ranníocaíochta leis an gCoimisiún Eorpach ina mbeidh an méid seo a leanas:

- An Comhpháirtí Cur Chun Feidhme atá beartaithe.
- An ceanglas go gcomhlíonfar Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Más gá, eisiafar an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht sa Chomhaontú Ráthaíochta: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[100]; (II) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[101]; (III) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola[102] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[103].

Infheistíocht 15 (C13.I15): Instealladh cothromais in ICO

Is é is aidhm don bheart seo tacú le hacmhainneacht fáis gheilleagar na Spáinne trí choigeartú struchtúrach a dhéanamh ar leibhéal na tacaíochta poiblí atá ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh agus ar neamhéifeachtúlachtaí laistigh den gheilleagar. Is éard a bheidh sa bheart instealladh cothromais EUR 9500515077 in Instituto de Crédito Oficial (ICO).

Glacfaidh ICO beartas infheistíochta nua chun an cothromas breise a úsáid. Áireofar sa bheartas infheistíochta tuairisc ar an táirge/na táirgí airgeadais mar aon leis an gcineál tairbhithe deiridh incháilithe a bhfuil coinne leis go dtacóidh an cothromas breise leo ar dtús, lena n-áirítear an amlíne a bhfuil coinne léi maidir le cur chun feidhme agus méid ionchasach gach táirge airgeadais. Maidir leis an gcothromas breise, úsáidfidh ICO an córas iniúchóireachta agus rialaithe céanna a ndearna an Coimisiún measúnú dearfach air i gcomhréir le hAirteagal 157 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

Ceanglófar leis an mBeartas Infheistíochta go gcomhlíonfaidh an táirge airgeadais nó na táirgí airgeadais a dtacaíonn an tacaíocht chothromais bhreise leo an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, eisiafaidh an beartas infheistíochta an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid

[100] Seachas (a) tionscadail i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith don aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[101] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[102] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le gléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[103] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola na ngléasraí ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

iartheachtach104, (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha105, (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí106 agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla107. Ina theannta sin, i gcás tacaíocht ghinearálta do chorparáidí, eisiafar leis an mbeartas infheistíochta cuideachtaí a bhfuil fócas suntasach acu108 sna hearnálacha seo a leanas: (i) táirgeadh fuinnimh atá bunaithe ar bhreosla iontaise agus gníomhaíochtaí gaolmhara109; (II) tionscail dianfhuinnimh agus/nó tionscail ard-astaíochta CO2110; (III) feithiclí truaillitheacha a tháirgeadh, a ligean ar cíos nó a dhíol111; (IV) bailiú dramhaíola, cóireáil dramhaíola agus diúscairt dramhaíola112, (v) breosla núicléach a phróiseáil, fuinneamh núicléach a tháirgeadh. Thairis sin, ceanglófar leis an mbeartas infheistíochta go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha na dtairbhithe deiridh.

M.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme le haghaidh tacaíocht iasachta

104 Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

105 I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

106 Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

107 Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

108 Meastar go bhfuil 'fócas substaintiúil' ag Tairbhí Críochnaitheach ar earnáil nó ar ghníomhaíocht ghnó má shainaithnítear an earnáil nó an ghníomhaíocht sin mar chuid fhíor-riachtanach de ghníomhaíocht ghnó an Tairbhí Deiridh faoi seach i ndáil le hollioncam, brabús nó bonn cliant an Tairbhí Deiridh. Ní rachaidh an t-ollioncam a ghinfear ón earnáil nó ón ngníomhaíocht shrianta, in aon chás, thar 50 % den ollioncam.

109 Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

110 Lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha. I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

111 Sainmhínítear feithiclí truaillitheacha mar fheithiclí nach feithiclí astaíochtaí nialasacha iad.

112 Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le gléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne le haghaidh gach táscaire mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
L25	C13.I6	M	Comhaontú Cur Chun Feidhme le ICO le haghaidh Líne Ghlas ICO	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme				R4	2023	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme.
L28	C13.I6	M	Líne Ghlas ICO — Comhaontuithe dlíthiúla sínithe le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) agus cur i gcrích na hinfheistíochta	Comhaontuithe maoiniúcháin dlíthiúla agus deimhniú aistrithe				R2	2026	Beidh comhaontuithe maoiniúcháin dlíthiúla déanta ag ICO/Axis, agus idirghabhálaithe arna roghnú ag ICO, le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) ar mhéid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Rannchuideoidh 80.9 % ar a laghad den mhaoiniú sin le cuspóirí aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF. Aistreoidh an Spáinn EUR 300000000 chuig ICO le haghaidh na Saoráide.
L30	C13.I6	M	Comhaontú Cur Chun Feidhme do Líne Fiontair agus Fiontraithe ICO	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme				R4	2023	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme.
L33	C13.I6	M	ICO Enterprises and Entrepreneurs Line — Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) agus cur i gcrích na hinfheistíochta	Comhaontuithe maoiniúcháin dlíthiúla agus Deimhniú aistrithe				R2	2026	Beidh comhaontuithe maoiniúcháin dlíthiúla déanta ag ICO/Axis, agus idirghabhálaithe arna roghnú ag ICO, le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) ar mhéid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Aistreoidh an Spáinn EUR 600000000 chuig ICO le haghaidh na Saoráide.
L35	C13.I7	M	An chéad Chiste Teicneolaíochta eile — Comhaontú Cur Chun Feidhme le SETT	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme nó an rialacháin agus na ndoiciméad gaolmhar lena mbunaítear an tSaoráid				R4	2023	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme nó an rialacháin agus na ndoiciméad gaolmhar lena mbunaítear an tSaoráid.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
L38	C13.I7	M	Next Tech — Comhaontuithe dlíthiúla sínithe le tairbhithe deiridh agus cistí cothromais agus cur i gcrích na hinfheistíochta	Comhaontuithe dlíthiúla sínithe agus deimhniú aistrithe				R2	2026	Beidh comhaontú maoiniúcháin dlíthiúil déanta ag SETT, agus ag idirghabhálaithe arna roghnú ag SETT, le tairbhithe deiridh agus le cistí cothromais le haghaidh méid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Rannchuideoidh 100 % den mhaoiniú sin le cuspóirí digiteacha trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF. Aistreoidh an Spáinn EUR 1445260000 chuig SETT le haghaidh na Saoráide.
L40	C13.I8	M	FOCO — Rialacháin lena mbunaítear an Ciste	Teacht i bhfeidhm na rialachán lena mbunaítear an tSaoráid				R4	2025	Teacht i bhfeidhm an rialacháin, agus aon doiciméad gaolmhar, lena mbunaítear an tSaoráid.
L42	C13.I8	M	FOCO — Comhaontuithe dlíthiúla sínithe le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) agus cur i gcrích na hinfheistíochta	Comhaontuithe dlíthiúla le tairbhithe deiridh agus deimhniú aistrithe				R2	2026	Beidh comhaontuithe maoiniúcháin dlíthiúla déanta ag an tSaoráid, agus ag idirghabhálaithe arna roghnú ag COFIDES, le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) ar mhéid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Aistreoidh an Spáinn EUR 2000000000 chuig an tSaoráid.
L45	C13.I10	T	FONREC		Milliún EUR	0	448	R4	2025	Eisíocadh EUR 4 48 000 000. Déanfaidh iniúchóir neamhspleách iniúchadh ex post chun a fhíorú (i) gur cuideachtaí meánmhéide inmharthana iad cuideachtaí a fhaigheann tacaíocht (idir EUR 10 milliún agus 400 milliún i láimhdeachas, (ii) gur bailíodh sonraí maidir leis na hoibríochtaí mar a leagtar amach in Airteagal 22(d)(i) go (iii) de Rialachán STA, agus (iii) go gcomhlíonann infheistíochtaí Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01), rialacha maidir le státchabhair, easpa calaoise, éillithe, coinbhleachta leasa agus cistiú dúbailte. Úsáidfear aon athshreabhadh chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.
L47	C13.I12	M	Ciste Fiontraíochta agus FBManna ENISA — Comhaontú Cur Chun Feidhme	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme nó an rialacháin agus na ndoiciméad				R4	2025	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme nó an rialacháin agus na ndoiciméad gaolmhar lena mbunaítear an tSaoráid.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
				gaolmhar lena mbunaítear an tSaoráid						
L49	C13.I12	M	Ciste Fiontraíochta agus FBManna ENISA — Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh agus cur i gcrích na hinfheistíochta	Comhaontuithe maoiniúcháin dlíthiúla agus deimhniú aistrithe				R2	2026	Beidh comhaontuithe maoinithe dlíthiúla déanta ag ENISA le tairbhithe deiridh le haghaidh méid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Le sciar 6.6 % ar a laghad den mhaoiniú sin, rannchuideofar le cuspóirí digiteacha trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF. Aistreoidh an Spáinn EUR 81755530 chuig ENISA le haghaidh na Saoráide.
L51	C13.I13	M	An Ciste Athléimneachta Réigiúnach — InvestEU: Síniú an Chomhaontaithe Ranníocaíochta idir rialtas na Spáinne agus an Coimisiún Eorpach	Síniú an Chomhaontaithe Ranníocaíochta				R2	2023	Síniú an Chomhaontaithe Ranníocaíochta idir rialtas na Spáinne agus an Coimisiún Eorpach ar mhéid EUR 500000000.
L52	C13.I13	T	An Ciste Athléimneachta Réigiúnach — InvestEU: Oibríochtaí maoiniúcháin nó infheistíochta dar luach 500 milliún ar a laghad arna leithdháileadh ar an ionstraim arna formheas ag Coiste Infheistíochta InvestEU.			0	100 %	R4	2025	Beidh oibríochtaí maoiniúcháin nó infheistíochta arb ionann iad agus 100 % de mhéid iomlán acmhainní RRF arna leithdháileadh ar an ionstraim formheasta ag Coiste Infheistíochta InvestEU.
L53	C13.I13	M	An Ciste Athléimneachta Réigiúnach: Comhaontú Cur Chun Feidhme	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme				R4	2025	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme, le comhaontuithe gaolmhara le haghaidh trí ionstraim ar a laghad.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
L57	C13.I13	T	An Ciste Athléimneachta Réigiúnach — Línte Eile: Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) nó tuarascálacha ar dhul chun cinn			0 %	100 %	R2	2026	Le haghaidh méid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF isteach sna Línte Eile a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh): • Beidh comhaontuithe maoinithe dlíthiúla déanta ag Grúpa BEI, agus ag idirghabhálaithe arna roghnú ag Grúpa BEI, le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais), nó • Eiseoidh Grúpa BEI tuarascálacha ar dhul chun cinn chun a dheimhniú go bhfuil comhaontuithe maoinithe dlíthiúla déanta ag Grúpa BEI, agus ag idirghabhálaithe arna roghnú ag Grúpa BEI, le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais). Ní áireofar méideanna a úsáidtear chun urrúis de bhun sócmhainní a cheannach ach amháin a mhéid atá gealltanas airgeadais comhfhreagrach ón eintiteas airgeadais do FBM, do chuideachta mheánchaipitlithe nó do dhuine aonair mar chuid den phunann iasachta incháilithe nua.
L59	C13.I13	M	An Ciste Athléimneachta Réigiúnach — Líne Phoiblí Dhíreach: Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh nó tuarascálacha ar dhul chun cinn, deimhniú ón riarachán nó ó eintiteas poiblí, nó deimhnithe íocaíochta oibre, nó fianaise dhoiciméadach ar tháillí bainistíochta gaolmhara	Comhaontuithe dlíthiúla nó tuarascálacha ar dhul chun cinn agus deimhniú ón riarachán nó ó eintiteas poiblí, nó deimhnithe íocaíochta oibre, nó fianaise dhoiciméadach ar tháillí bainistíochta gaolmhara				R2	2026	Le haghaidh méid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF isteach sa Líne Phoiblí Dhíreach a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh): • Beidh comhaontuithe maoinithe dlíthiúla déanta ag Grúpa BEI le tairbhithe deiridh, nó • Eiseoidh Grúpa BEI tuarascálacha ar dhul chun cinn chun a dheimhniú go bhfuil comhaontuithe maoinithe dlíthiúla déanta ag Grúpa BEI le tairbhithe deiridh. I réimse an bhonneagair oideachais, an chúraim sláinte nó an bhonneagair uisce, le haghaidh méid carnach iomlán EUR 136095682: • Deimhniú ón riarachán nó ó eintiteas poiblí go ndearnadh conarthaí, nó codanna díobh, • Deimhnithe íocaíochta oibre ('*certificados de obra*') arna síniú ag an riarachán poiblí nó • Fianaise dhoiciméadach ar tháillí bainistíochta gaolmhara.
L60	C13.I13	M	An Ciste Athléimneachta Réigiúnach — ranníocaíocht aeráide					R2	2026	Rannchuideoidh EUR 2194946108 ar a laghad d'infheistíocht chomhcheangailte STA isteach sa tSaoráid le cuspóirí aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán STA.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
L62	C13.I13	M	An Ciste Athléimneachta Réigiúnach — Tá an infheistíocht curtha i gcrích ag an Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha agus Aistrithe Dhigitigh	Deimhniú eisíocaíochta leis an gCiste				R2	2026	Aistreoidh an Spáinn EUR 4389892216 chuig Grúpa BEI le haghaidh na Saoráide.
L90	C13.I15	M	Beartas infheistíochta	Beartas infheistíochta a ghlacadh				R2	2026	Beartas infheistíochta nua a ghlacadh le haghaidh ICO chun an cothromas breise a úsáid. Áiritheofar leis an mBeartas Infheistíochta go mbeidh EUR 1 552 380 057 den chothromas breise tiomnaithe do thacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí glasa, atá ailínithe leis na réimsí idirghabhála ar sannadh comhéifeacht aeráide 100 % dóibh faoi Iarscríbhinn VI de Rialachán (AE) 2021/241, lena bhféadfar tacaíocht d'acmhainneacht nua na nithe seo a leanas a áireamh, ach gan a bheith teoranta di: (i) Fuinneamh inathnuaite: an ghaoth (ii) Fuinneamh inathnuaite: grianfhuinneamh (iii) Rolladh glan an iompair uirbigh Áiritheofar leis an mBeartas Infheistíochta go dtiomnófar EUR 1850000000 den chothromas breise chun tacú le hinfheistíochtaí glasa, atá ailínithe leis na réimsí idirghabhála ar sannadh comhéifeacht aeráide 40 % dóibh faoi Iarscríbhinn VI de Rialachán (AE) 2021/241, lena bhféadfar tacaíocht d'acmhainneacht nua na nithe seo a leanas a áireamh, ach gan a bheith teoranta di: (i) Tógáil foirgneamh nua fuinneamhéifeachtúil (ii) Éifeachtúlacht fuinnimh agus tionscadail taispeántais in FBManna agus bearta tacaíochta (iii) Tacaíocht do phróisis táirgthe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus d'éifeachtúlacht acmhainní in FBManna.
L91	C13.I15	M	Instealladh cothromais	Deimhniú aistrithe				R2	2026	Aistreoidh an Spáinn EUR 9500515077 chuig ICO chun a cothromas a mhéadú. Sa bhreis ar an instealladh cothromais in ICO arb é atá ann infheistíocht RRF, tarchuirfidh an Spáinn tuarascáil ina leagfar amach na gníomhaíochtaí a rinne ICO faoin 31 Lúnasa 2026 chun an beartas infheistíochta a chur chun feidhme, lena n-áirítear na bearta a rinneadh chun na táirgí airgeadais a bhfuil coinne leis go

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										dtacóidh an cothromas breise leo ar dtús a chur chun feidhme, chomh maith leis na bearta a mheastar a dhéanfar chun na táirgí sin a chur chun feidhme a thuilleadh.

N. COMHCHUID 14: TURASÓIREACHT

Leis an gcomhpháirt de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne, tabharfar aghaidh ar na dúshláin seo a leanas:

- Tá staid an-íogair os comhair earnáil turasóireachta na Spáinne, mar thoradh ar an ngéarchéim a tharla mar thoradh ar phaindéim COVID-19, agus tá gá le gníomhaíocht phráinneach chun a hinbhuanaitheacht agus a hiomaíochas a mhéadú.
- Tá gníomhaíocht speisialta de dhíth ar na hOileáin Chanáracha agus ar na hOileáin Bhailéaracha, atá ina spreagadh do thionscal turasóireachta na Spáinne, chun seachtrachtaí agus a spleáchas ard ar ghníomhaíocht saoire a mhaolú.
- Tá an Spáinn sa [27ú] háit i dteicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide, ullmhacht de réir Thuarascáil Iomaíochais Turasóireachta an Fhóraim Eacnamaíoch Dhomhanda. Thairis sin, tá a infheistíocht phoiblí agus phríobháideach in T & F réasúnta íseal. Ina theannta sin, tugtar le fios i roinnt mhaith tuarascálacha go bhfuil an earnáil taistil ar cheann de na hearnálacha is mó a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as an Intleacht Shaorga (méadú 128 % ar bhreisluach na gníomhaíochta trí fheidhmchlár IS).

Is é is aidhm don chomhpháirt sin earnáil na turasóireachta sa Spáinn a chlaochlú agus a nuachóiriú trína hiomaíochas agus a hathléimneacht a mhéadú.

Tugann an chomhpháirt aghaidh ar na Moltaí Tírshonracha maidir le hinfheistíochtaí sa nuálaíocht agus san éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus éifeachtacht na mbeartas lena dtacaítear le taighde agus nuálaíocht a fheabhsú (Moladh Sonrach Tír 3 2019), an geilleagar a chothú (Moladh Sonrach Tír 1 2020), tacú le fostaíocht trí bhearta chun poist agus forbairt scileanna a chaomhnú agus rochtain ar fhoghlaim dhigiteach a fheabhsú (Moladh Sonrach Tír 2 2020), infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a chur chun cinn agus an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú (Moladh Sonrach Tír 3 2020) agus comhordú idir leibhéil éagsúla den riarachán a fheabhsú (Moladh Sonrach Tír 4 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

N.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C14.R1) — Foraithne Ríoga lena gcuirtear chun feidhme Ciste Airgeadais an Stáit um Iomaíochas Turasóireachta (FOCIT)

Is é is cuspóir don athchóiriú feabhas a chur ar iomaíochas earnáil na turasóireachta trí nuálaíocht a chothú agus trí thacú le héifeachtúlacht fuinnimh agus leis an ngeilleagar ciorclach.

Leis an athchóiriú, leasófar na gníomhartha dlí atá ann cheana lena rialaítear cuspóirí, cineál, oibríochtaí agus tionscadail incháilithe an Chiste Airgeadais Stáit um Iomaíochas Turasóireachta.

Cuirfidh an gníomh dlí leasaithe ar chumas an Chiste Airgeadais Stáit um Iomaíochas Turasóireachta gnólachtaí turasóireachta a mhaoiniú chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, leibhéal an tomhaltais acmhainní agus an táirgthe dramhaíola a laghdú agus athúsáid agus athchúrsáil dramhaíola a mhéadú. I réimse na héifeachtúlachta fuinnimh agus an gheilleagair chiorclaigh, maoineofar tionscadail nuálaíochta leis an gCiste.

Féadfaidh an ionstraim chistiúcháin scéimeanna measctha a úsáid lena gcomhcheanglaítear iasachtaí le cineálacha eile tacaíochta. Maoineofar an ionstraim tríd an mbuiséad náisiúnta.

Áireofar san athchóiriú freisin na bearta sonracha seo a leanas:

- plean chun earnáil na turasóireachta a chur chun cinn ina ndéantar cur síos ar bhearta chun borradh a chur faoi earnáil na turasóireachta agus ina sainítear an creat chun bearta a bhaineann le turasóireacht a chur chun feidhme.
- seoladh suímh gréasáin ar a mbailítear sonraí ó fhoinsí éagsúla staidrimh turasóireachta lena n-áirítear comhlachtaí poiblí agus príobháideacha amhail INE, *Turespaña*, Banc na Spáinne, AENA agus RENFE.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2021.

Infheistíocht 1 (C14.I1) — Athrú na samhla turasóireachta i dtreo na hinbhuanaitheachta

Is é is cuspóir don infheistíocht seo inbhuanaitheacht chomhshaoil, shocheacnamaíoch agus chríochach na turasóireachta a neartú agus díriú ar chinn scríbe turasóireachta, ar chomhpháirtithe sóisialta agus ar oibreoirí príobháideacha san earnáil.

Is éard atá sa bheart seo gníomhaíochtaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht turasóireachta.

Infheistíocht 2 (C14.I2) — Ardán cinn scríbe chliste agus digitiú earnáil na turasóireachta

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo ardán cinn scríbe cliste a fhorbairt lena gcuirfear seirbhísí idir-inoibritheacha poiblí agus príobháideacha ar fáil do thurasóirí. Is éard atá i gceist le tves tment ardán na gceann scríbe cliste a chur ar líne agus tionscadail a chur i gcrích a bhaineann leis an Intleacht Shaorga agus le teicneolaíochtaí cumasúcháin eile in earnáil na turasóireachta.

Infheistíocht 3 (C14.I3) — Athléimneacht na turasóireachta le haghaidh críocha seachleithniseacha

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shonracha atá os comhair thionscal na turasóireachta sna hOileáin Bhailéaracha, sna hOileáin Chanáracha, in Ceuta agus Melilla. Is éard atá san infheistíocht gníomhaíochtaí chun tacú leis an turasóireacht sna hOileáin Bhailéaracha, sna hOileáin Chanáracha, in Ceuta agus Melilla.

Infheistíocht 4 (C14.I4) — Gníomhaíochtaí speisialta i réimse an iomaíochais

Is é is cuspóir don infheistíocht seo feabhas a chur ar iomaíochas earnáil na turasóireachta. Is éard atá san infheistíocht (i) gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gClár ‘Experiencias Turismo España’; (II) gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta i mbunaíochtaí turasóireachta; agus (iii) idirghabhálacha i láithreáin oidhreachta stairiúla nó i sócmhainní leasa chultúrtha (‘Bienes de Interés Cultural’).

N.2 Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne le haghaidh gach táscaire mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
214	C14.R1	M	Plean chun earnáil na turasóireachta a chur chun cinn	Leathanach gréasáin an fhoilseacháin				R2	2020	Tabharfar tuairisc sa phlean ar bhearta chun borradh a chur faoi earnáil na turasóireachta agus saineofar ann an creat chun bearta a bhaineann leis an turasóireacht a chur chun feidhme.
215	C14.R1	M	Seoladh shuíomh gréasáin ‘DATAESTUR’ lena mbailítear sonraí faoin turasóireacht	Nasc chuig suíomh gréasáin Dataestur				R4	2020	Baileoidh an suíomh gréasáin sonraí ar thurasóireacht sa Spáinn ó fhoinsí éagsúla staidrimh turasóireachta lena n-áirítear comhlachtaí poiblí agus príobháideacha amhail INE, Turespaña, Banc na Spáinne, AENA nó RENFE, agus beidh sé oibríochtúil.
216	C14.R1	M	Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga lena gcuirtear chun feidhme Ciste Airgeadais an Stáit um Iomaíochas Turasóireachta	Foráil san Fhoraithne Ríoga lena léirítear teacht i bhfeidhm an dlí				R4	2021	Leis an bhForaithne Ríoga lena gcuirtear chun feidhme Ciste Airgeadais an Stáit um Iomaíochas Turasóireachta, cuirfear feabhas ar rochtain ar chistiú poiblí do ghnólachtaí i réimsí an gheilleagair chiorclaigh agus na héifeachtúlachta fuinnimh.
217	C14.I1	T	Dámhachtain bhuiséadach pleananna lena gcuirtear inbhuanaitheacht na turasóireachta chun cinn ag a gceann scríbe	—	EUR (milliún)	0	561	R4	2021	Foilsiú in IO na dámhachtana tacaíochta d’údaráis áitiúla chun ‘Pleananna Críochacha le haghaidh Inbhuanaitheacht Turasóireachta ag an gCeann Scríbe’ a chur chun feidhme, le haghaidh EUR 561000000 ar a laghad agus le 35 % de na cistí chun bearta lena dtugtar aghaidh ar an aistriú glas, ar an inbhuanaitheacht agus ar éifeachtúlacht fuinnimh/leictri-shoghluaisteacht ag cinn scríbe a chur san áireamh. Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin, as an mbuiséad iomlán críochnaitheach arna dhámhachtain don bheart, go rannchuideoidh EUR 359000000 ar a laghad den bheart leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide le comhéifeacht aeráide 100 % agus EUR 519000000 ar a laghad le comhéifeacht aeráide 40 %, i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. De rogha air sin, áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go rannchuideoidh EUR 1 788 6 mhilliún ar a laghad le cuspóirí an athraithe aeráide ag a bhfuil meán-chomhéifeacht aeráide 31.7 % ar a laghad i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Féadfar an meánráta ranníocaíochta sin a bhaint amach ar bhonn na réimsí idirghabhála a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
218	C14.I1	T	Dámhachtain bhuiséadach pleananna lena gcuirtear inbhuanaitheacht na turasóireachta chun cinn ag a gceann scríbe	—	EUR (milliún)	561	1 173	R4	2022	Foilsiú in IO na dámhachtana tacaíochta d'údaráis áitiúla chun 'Pleananna Críochacha le haghaidh Inbhuanaitheacht Turasóireachta ag an gCeann Scríbe' a chur chun feidhme, ar fiú EUR 1173000000 ar a laghad iad (bunlíne: 31 Nollaig 2021) agus le 35 % de na cistí chun aghaidh a thabhairt ar bhearta lena dtugtar aghaidh ar an aistriú glas, ar an inbhuanaitheacht agus ar éifeachtúlacht fuinnimh/leictri-shoghluaisteacht ag cinn scríbe. Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin, as an mbuiséad iomlán críochnaitheach arna dhámhachtain don bheart, go rannchuideoidh EUR 359000000 ar a laghad den bheart leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide le comhéifeacht aeráide 100 % agus EUR 519000000 ar a laghad le comhéifeacht aeráide 40 %, i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. De rogha air sin, áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go rannchuideoidh EUR 1788.6 milliún ar a laghad le cuspóirí an athraithe aeráide ag a bhfuil meán-chomhéifeacht aeráide 31.7 % ar a laghad i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Féadfar an meánráta ranníocaíochta sin a bhaint amach ar bhonn na réimsí idirghabhála a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.
219	C14.I1	T	Dámhachtain bhuiséadach pleananna lena gcuirtear inbhuanaitheacht na turasóireachta chun cinn ag a gceann scríbe	—	EUR (milliún)	1 173	1 788,6	R2	2023	Foilsiú in IO na dámhachtana tacaíochta d'údaráis áitiúla chun 'Pleananna Críochacha le haghaidh Inbhuanaitheacht Turasóireachta ag an gCeann Scríbe' a chur chun feidhme ar feadh EUR 1788600000 ar a laghad (bunlíne: An 31 Nollaig 2022) agus le 35 % de na cistí chun bearta lena dtugtar aghaidh ar an aistriú glas, ar an inbhuanaitheacht agus ar an éifeachtúlacht fuinnimh/an leictrea-shoghluaisteacht ag cinn scríbe a chur san áireamh. Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin, as an mbuiséad iomlán críochnaitheach arna dhámhachtain don bheart, go rannchuideoidh EUR 359000000 ar a laghad den bheart leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide le comhéifeacht aeráide 100 % agus EUR 519000000 ar a laghad le comhéifeacht aeráide 40 %, i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. De rogha air sin, áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go rannchuideoidh EUR 1788.6 milliún ar a laghad le cuspóirí an athraithe aeráide ag a bhfuil meán-chomhéifeacht aeráide 31.7 % ar a laghad i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Féadfar an meánráta

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										ranníocaíochta sin a bhaint amach ar bhonn na réimsí idirghabhála a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.
221	C14.I1	M	Gníomhaíochtaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht turasóireachta	Tuarascálacha críochnaitheacha nó tuarascálacha socraíochta le haghaidh íocaíochtaí deontais; deimhnithe glactha, ráitis chomhréireachta nó a gcoibhéis lena ndeimhnítear go ndearnadh conarthaí nó comhaontuithe (convenios); nó deimhnithe maidir le hoibreacha a chríochnú				R2	2026	I réimse na hinbhuanaitheachta turasóireachta, le haghaidh líon carnach iomlán 4200 gníomhaíocht ina bhfuil 15000 deontas nó conradh a dámhadh nó comhaontuithe a síníodh: • Gur chuir eintitis is faighteoirí nó daoine aonair is faighteoirí, nó tuarascálacha socraíochta, le haghaidh deontas, tuarascálacha críochnaitheacha isteach lena ndeimhnítear tabhairt chun críche na dtionscadal a dámhadh, nó • Deimhniú ón riarachán nó ó eintiteas poiblí gur comhlíonadh conarthaí nó comhaontuithe, nó • Deimhnithe críochnaithe oibreacha a sholáthar.
222	C14.I2	M	Tá an tArdán um Cheann Scríbe Cliste ar líne	Nasc chuig an Ardán				R4	2025	Tá Ardán Cinn Scríbe Cliste ar líne.
223	C14.I2	M	Tionscadail a bhaineann leis an Intleacht Shaorga agus teicneolaíochtaí cumasúcháin eile in earnáil na turasóireachta	Tuarascálacha críochnaitheacha lena ndeimhnítear tabhairt chun críche na dtionscadal a dámhadh				R4	2025	Déanfaidh eintitis is faighteoirí nó daoine aonair is faighteoirí 331 thuarascáil deiridh lena ndeimhnítear tabhairt chun críche na dtionscadal arna ndámhachtain a chur isteach le haghaidh deontais a bhaineann leis an Intleacht Shaorga agus le teicneolaíochtaí cumasúcháin eile in earnáil na turasóireachta.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
224	C14.I3	M	Gníomhaíochtaí i réimse na turasóireachta sna hOileáin Bhailéaracha, sna hOileáin Chanáracha, Ceuta agus Melilla	Tuarascálacha críochnaitheacha nó tuarascálacha socraíochta le haghaidh íocaíochtaí deontais; nó deimhnithe glactha, ráitis chomhréireachta, deimhnithe maidir le hoibreacha a chur i gcrích nó a gcoibhéis lena ndeimhnítear gur cuireadh conarthaí i gcrích				R4	2025	Rinneadh 400 gníomhaíocht i réimse na turasóireachta sna hOileáin Bhailéaracha, sna hOileáin Chanáracha, Ceuta agus Melilla.
226	C14.I4	M	Gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gClár “Experiencias Turismo España”	Tuarascálacha críochnaitheacha lena ndeimhnítear cur i gcrích na ngníomhaíochtaí a dámhadh				R4	2025	Maidir le deontais a bhaineann leis an gClár ‘Experiencias Turismo España’, tíolacfaidh eintitis nó daoine aonair is faighteoirí iad 45 thuarascáil deiridh lena ndeimhnítear cur i gcrích na ngníomhaíochtaí a dámhadh.
227	C14.I4	M	Gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta i mbunaíochtaí turasóireachta	Tuarascálacha críochnaitheacha lena ndeimhnítear tabhairt chun críche na ngníomhaíochtaí a dámhadh le haghaidh deontas; nó deimhnithe seachadta do na deontais				R2	2026	I réimse na hinbhuanaitheachta, i gcás líon carnach iomlán 2800 bunaíocht turasóireachta: • Gur chuir eintitis nó daoine aonair is faighteoirí tuarascálacha críochnaitheacha isteach lena ndeimhnítear tabhairt chun críche na ngníomhaíochtaí a dámhadh, nó • Deimhniú ón riarachán nó ó eintiteas poiblí go ndearnadh conarthaí nó comhaontuithe.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
				dhíreacha chomhchineáil; nó tuarascálacha socraíochta, ráitis chomhréireachta, sonraisc arna síniú go cuí mar shonraisc a chomhlíonann an riarachán, doiciméid lena bhfianaítear aitheantas na hoibleagáide comhfhreagraí íocaíochta, nó a gcoibhéis lena ndeimhnítear go ndearnadh conarthaí nó comhaontuithe inmheánacha; nó deimhnithe glactha nó deimhnithe maidir le hoibreacha nó a gcoibhéis a chur i gcrích lena ndeimhnítear gur cuireadh conarthaí i gcrích						
228	C14.I4	M	Idirghabhálacha i láithreáin oidhreachta stairiúla nó i sócmhainní leasa chultúrtha	Deimhnithe ar chríochnú na n-oibreacha; deimhnithe glactha, ráitis chomhréireachta				R2	2026	240 deimhniú gur críochnaíodh oibreacha, deimhnithe glactha nó ráitis chomhréireachta a eisíodh, a bhaineann le hidirghabhálacha i láithreáin oidhreachta stairiúla nó i sócmhainní leasa chultúrtha (‘Bienes de Interés Cultural’).

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			(‘Bienes de Interés Cultural’)	, nó a gcoibhéis lena ndeimhnítear go ndearnadh conarthaí nó comhaontuithe inmheánacha						

O. COMHCHUID 15: NASCACHT DHIGITEACH

Is príomhthoisc í an nascacht dhigiteach chun gníomhaíocht eacnamaíoch a fhorbairt, chun táirgiúlacht a mhéadú, chun borradh a chur faoin nuálaíocht agus chun comhtháthú críochach agus sóisialta a bhaint amach. Tá gá níos mó ná riamh le rochtain ar líonraí digiteacha chun bheith in ann rochtain a fháil ar sheirbhísí poiblí, chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha a fhorbairt, agus chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa tsochaí.

Leis an gcomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne, tugtar aghaidh ar dhúshláin don nascacht maidir le cumhdach na líonraí fosaithe sárthapa, ag a bhfuil níos mó ná 100 Mbps/s, agus 5G sa Spáinn agus go háirithe i gceantair thuaithe agus sna príomhchonairí iompair trasteorann a thabhairt isteach. Ó thaobh na cibearshlándála de, is é an príomhdhúshlán a dtugann an chomhpháirt aghaidh air timpeallacht iontaofa shlán a chur i bhfeidhm do shaoránaigh agus do ghnólachtaí chun rannchuidiú le próiseas an digitithe agus na hipearnascachta a bhaineann le cur chun feidhme 5G agus na seirbhísí a thiocfaidh leis an teicneolaíocht sin amhail feidhmchláir Idirlíon na Rudaí Nithiúla (IoT).

Is iad cuspóirí na comhpháirte sin an earnáil teileachumarsáide a chur i gcomhréir le ceanglais na Straitéise Eorpaí Digití agus comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú trí bhearnaí digiteacha a dhúnadh agus rochtain ar chumhdach sárthapa a mhéadú ar fud na críche náisiúnta. Tacaíonn an chomhpháirt le húsáid luathaithe theicneolaíocht 5G, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: 1) na hacmhainní speictrim is gá a chur ar fáil sna bandaí tosaíochta 5G; 2) timpeallacht imscartha iontaofa agus shlán a fhorbairt agus 3) forbairt feidhmchlár teicneolaíochta 5G a chothú. Tá sé d'aidhm aige freisin tacú le cultúr cibearshlándála inbhuanaithe do shaoránaigh agus do ghnólachtaí.

Tugann an chomhpháirt aghaidh ar na Moltaí Tírshonracha maidir le beartas eacnamaíoch infheistíochta a dhíriú ar nuálaíocht a chothú (Moladh Tírshonrach 3 2019) agus tionscadail infheistíochta poiblí aibí a thús-ualú agus infheistíochtaí a dhíriú ar an aistriú digiteach (Moltaí Tírshonracha 3 2020, 1 2022, 1 2023).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

O.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C15.R1) — Athchóiriú ar an gcreat rialála teileachumarsáide: Dlí Ginearálta, Ionstraimí Rialála agus Ionstraimí Cur Chun Feidhme

Is iad cuspóirí an bhirt Treoir 2018/1972 den Chód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach a thrasuí, dea-chleachtais a fhorbairt maidir le líonraí ardacmhainneachta agus líonraí fosaithe agus móibíleacha 5G a imscaradh, agus na gníomhaíochtaí is gá a fhorbairt chun an bosca uirlisí a eascraíonn as an Moladh ón gCoimisiún Eorpach maidir le Nascacht C (2020) 6270 a chur chun feidhme sa chreat náisiúnta.

Déanfar an bosca uirlisí a eascraíonn as cur chun feidhme an Mholta ón gCoimisiún Eorpach maidir le Nascacht C (2020) 6270 a ionchorprú i gcreat dlíthiúil na Spáinne laistigh de dhlí ginearálta na teileachumarsáide sna heilimintí sin a dteastaíonn stádas dlí uathu.

Críochnófar cur chun feidhme an bhirt faoin 30 Meitheamh 2022.

Athchóiriú 2 (C15.R2) — Treochlár 5G: Bainistiú agus sannadh speictrim, laghdú ar an ualach imscartha, an Gníomh um Chibearshlándáil 5G agus Tacaíocht d'Údaráis Áitiúla

Is iad seo a leanas cuspóirí an bhirt: 1) an 'Dara Díbhinn Dhigiteach' agus an nós imeachta ceantála le haghaidh banda minicíochta 700 MHz agus banda minicíochta 26 GHz a chur i gcrích; 2) an cánachas speictrim d'oibreoirí teileachumarsáide le haghaidh 2022 agus 2023 a laghdú ar bhonn sealadach chun dlús a chur le himscaradh 5G; 3) bosca uirlisí an Aontais le haghaidh Chibearshlándáil 5G a ionchorprú sa chorpas náisiúnta reachtaíochta; agus 4) dea-chleachtais a scaipeadh ar riaracháin phoiblí áitiúla maidir le teileachumarsáid agus pleanáil uirbeach.

Maidir le cur chun feidhme, sainaithnítear na céimeanna seo a leanas:

- An 'Dara díbhinn dhigiteach' a chur i gcrích
- Straitéis chun teicneolaíocht 5G a chur chun cinn
- Ceant le haghaidh an bhanda 700 MHz
- Glao ar thairiscintí don bhanda 26 GHz
- Laghdú sealadach ar chánachas speictrim
- An Gníomh um Chibearshlándáil 5G

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

Infheistíocht 1 (C15.I1) — Cur in úsáid leathanbhanda

Is é cuspóir an bhirt cumhdach na nascachta leathanbhanda a uasghrádú.

Is éard atá i gceist leis an mbeart nascacht leathanbhanda a sholáthar, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a éascú.

Infheistíocht 2 (C15.I2) Nascacht a fheabhsú i lárionaid tagartha

Is é cuspóir an bhirt digitiú a chur chun cinn i lárionaid tagartha.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht gníomhaíochtaí feabhsaithe nascachta a dhéanamh in ionaid phoiblí agus i seirbhísí poiblí, chomh maith le láithreáin thionsclaíocha agus ghnó agus pointí nasctha a chur ar fáil do shuíomhanna atá nasctha leis an gcosaint.

Infheistíocht 3 (C15.I3) — Dearbháin nascachta

Is é cuspóir an bhirt nascacht a éascú do dhaoine aonair agus do FBManna.

Is éard atá san infheistíocht dearbháin nascachta faoin gclár UNICO Bono Social agus faoin gclár UNICO Bono PYME.

Infheistíocht 5 (C15.I5) — Bonneagar digiteach a chur in úsáid

Is é is cuspóir don bheart seo feabhas a chur ar an mbonneagar digiteach. Is éard atá i gceist leis an mbeart infheistíocht a dhéanamh i gcáblaí fomhuirí agus i gcumarsáid chandamach agus satailíte, agus cistiú do thionscadail T & F in (i) néalbhonneagar agus (ii) ardphróiseálaithe agus leathsheoltóirí.

Infheistíocht 6 (C15.I6) — Cur in úsáid 5G: líonraí, athrú teicneolaíochta agus nuálaíocht

Is é cuspóir an bhirt seo tacú le teicneolaíochtaí 5G ar fud na Spáinne.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht 5G a chur in úsáid agus tacaíocht a thabhairt do thionscadail T & F 5G agus 6G.

Infheistíocht 7 (C15.I7) An Chibearshlándáil: Acmhainneachtaí saoránach, FBManna agus gairmithe a fheabhsú; éiceachóras na hearnála a fheabhsú

Is é cuspóir an bhirt acmhainneachtaí cibearshlándála agus tionscal na cibearshlándála a chothú.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht acmhainneachtaí cibearshlándála saoránach agus gnólachtaí araon a fhorbairt agus borradh a chur faoi éiceachóras cibearshlándála na Spáinne.

Infheistíocht 8 (C15.I8) — An t-éiceachóras eolaíoch agus teicneolaíoch a fheabhsú. Cumais dearaidh mhéadaithe

Is é is aidhm don bheart seo tionscal na micrileictreonaice agus na leathsheoltóirí a chothú sa Spáinn.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht sin tionscadail T & F a chistiú i réimse na micrileictreonaice agus na leathsheoltóirí agus cathaoireacha acadúla a chruthú.

O.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne le haghaidh gach táscaire mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
229	C15.R1	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le Teileachumarsáid	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an dlí				R2	2022	Leis an dlí maidir le Teileachumarsáid, déanfar Treoir 2018/1972 den Chód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (CCLE) a thrasuí freisin. Ionchorprófar sa dlí freisin na moltaí maidir le bosca uirlisí nascachta an Aontais nach mór a bheith i ndlí de réir chreat dlíthiúil na Spáinne. Lasmuigh de thrasuí Threoir 2018/1972 den Chód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach, áireofar an méid seo a leanas sa dlí: (i) forálacha maidir le fardal na gcáblaí fomhuirí agus IXP/lárionaid sonraí; (II) chomh maith le scéim fhioscach shimplithe le haghaidh cánacha áitiúla ar imscaradh gréasáin; agus (iii) pointe teagmhála aonair a chur chun feidhme chun na ceadúnais agus na ceadanna arna ndeonú ag leibhéil éagsúla rialtas chun líonraí a chur in úsáid a chur i bhfeidhm.
230	C15.R2	M	Plean agus Straitéis 2025 um an Spáinn Dhigiteach chun teicneolaíocht 5G a chur chun cinn	Foilsiú				R4	2020	Foilsiú Phlean 2025 — An Spáinn Dhigiteach agus formheas Chomhairle na nAirí maidir le 'Straitéis chun teicneolaíocht 5G a chur chun cinn' Féadfaidh Comhairle na nAirí formheas a dhéanamh mar chomhaontú foirmiúil nó mar thuarascáil chuig Comhairle na nAirí. Nuair a dhéanfar comhaontú foirmiúil, déanfaidh an Spáinn foráil maidir leis an gcomhaontú sin. Nuair a chuirfear Comhairle na nAirí ar an eolas trí thuarascáil, cuirfidh an Spáinn doiciméid ar fáil maidir le (i) dáta an chruinnithe, (ii) pointe ar an gclár oibre agus (iii) deimhniú lena gcruthaítear gur tuairiscíodh an mhír do Chomhairle na nAirí.
231	C15.R2	M	An banda minicíochta 700 MHz a scaoileadh	Fógra a thabhairt don Choimisiún Eorpach				R4	2020	An próiseas maidir le scaoileadh bhanda minicíochta 700 MHz a thabhairt chun críche, i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2017/899 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le húsáid an bhanda minicíochta 470-790 MHz san Aontas.
232	C15.R2	M	Sannadh an bhanda speictrim 700 MHz	Foilsiú san Iris Oifigiúil				R4	2021	Dámhachtain bhanda speictrim 700 MHz de thoradh an cheant a fhoilsiú san Iris Oifigiúil. Meastar gur táscaire cáilíochtúil maidir leis an teacht i bhfeidhm é formheas atá sínithe ag an údarás inniúil nó foilsiú ar an suíomh gréasáin oifigiúil ábhartha.
233	C15.R2	M	Teacht i bhfeidhm gnímh dlí maidir le cánachas speictrim 5G a laghdú	Foráil sa ghníomh dlí maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2021	Gníomh dlí a ghlacadh chun cánachas speictrim 5G a laghdú chun dlús a chur le himscaradh 5G, lena sainítear an dlús comhfhreagrach le himscaradh 5G a bhfuil coinne leis ó gach tairbhí. Leagfar amach sa ghníomh dlí na céimeanna dlíthiúla agus rialála is gá chun an tionscadal a imscaradh.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
234	C15.R2	M	Banda speictrim 26 GHz a shannadh	Foilsiú san Iris Oifigiúil				R4	2022	Dámhachtain bhanda speictrim 26 GHz de thoradh an cheant a fhoilsiú san Iris Oifigiúil. Meastar gur táscaire cáilíochtúil maidir leis an teacht i bhfeidhm é formheas atá sínithe ag an údarás inniúil nó foilsiú ar an suíomh gréasáin oifigiúil ábhartha.
235	C15.R2	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir leis an gCibearshlándáil 5G	Foráil sa Dlí maidir le Cibearshlándáil 5G maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2022	Leis an dlí maidir leis an gCibearshlándáil 5G, déantar an moladh maidir le bosca uirlisí an Aontais don chibearshlándáil 5G a ionchorprú agus a chur chun feidhme. Beidh na gnéithe seo a leanas ar a laghad sa dlí: — Oibleagáidí measúnaithe agus bainistithe riosca slándála d'oibreoirí teileachumarsáide; — Oibleagáidí maidir le héagsúlú sa slabhra soláthair chun spleáchas teicneolaíoch a sheachaint; — Modhanna chun díoltóirí ardriosca agus meánriosca a shainaithint agus teorainneacha féideartha ar a n-úsáid.
237	C15.I1	M	Leathanbhanda a chur in úsáid	Tuarascálacha críochnaitheacha maidir le híocaíochtaí deontais; nó deimhnithe glactha, ráitis chomhréireachta, deimhnithe íocaíochta nó a gcoibhéis lena ndeimhnítear gur cuireadh conarthaí i gcrích				R2	2026	I réimse chur in úsáid na nascachta leathanbhanda, lena n-áirítear gníomhaíochtaí éascaithe, le haghaidh méid carnach iomlán EUR 299766464: • Déanfaidh eintitis is faighteoirí tuarascálacha críochnaitheacha lena ndeimhnítear tabhairt chun críche na dtionscadal arna ndámhachtain a thíolacadh le haghaidh deontas. Is é an méid a dhámhfar ar an tionscadal a bheidh sa ranníocaíocht i dtreo an mhéid charnaigh iomláin; agus • Deimhniú ón riarachán nó ó eintiteas poiblí go ndearnadh conarthaí (lena n-áirítear aon leasú), nó codanna díobh. Is éard a bheidh sa ranníocaíocht i dtreo an mhéid charnaigh iomláin an méid a fheidhmeofar mar a shainmhínítear i ndeimhnithe glactha, i ráitis chomhréireachta, i ndeimhnithe íocaíochta nó i ndoiciméid choibhéiseacha.
238	C15.I2	M	Nascacht i lárionaid phoiblí agus seirbhísí poiblí, láithreáin thionsclaíocha agus ghnó agus pointí nasctha le haghaidh suíomhanna atá nasctha leis an gcosaint	Fíorú arna dhéanamh ag an riarachán ar íocaíochtaí deontais; nó deimhnithe glactha, ráitis chomhréireacht				R4	2025	Fíorú arna dhéanamh ag an riarachán ar an údar doiciméadach atá le híocaíochtaí deontais, nó deimhniú ón riarachán go ndearnadh conarthaí, nó codanna díobh, lena gcumhdaítear an méid seo a leanas: — 9000 gníomhaíocht feabhsaithe nascachta le haghaidh lárionaid phoiblí agus seirbhísí poiblí — 600 gníomhaíocht feabhsaithe nascachta le haghaidh láithreáin

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
				a, sonraisc arna síniú go cuí mar shonraisc a chomhlíonann an riarachán, doiciméid lena bhfianaítear aitheantas na hoibleagáide comhfhreagraí íocaíochta, deimhnithe íocaíochta nó a gcoibhéis lena ndeimhnítear gur comhlíonadh conarthaí, nó codanna díobh.						thionsclaíocha agus ghnó; — 5500 pointe nasctha curtha ar fáil le haghaidh suíomhanna atá nasctha leis an gcosaint.
239	C15.I3	M	Dearbháin nascachta faoi UNICO Bono social agus dearbháin faoi UNICO Bono PYME	Fíorú ag an riarachán nó ag eintiteas poiblí ar an údar doiciméadach atá le deontais				R2	2026	Fíorú arna dhéanamh ag an riarachán nó ag eintiteas poiblí ar an údar doiciméadach le híocaíochtaí deontais a bhaineann le 5000 dearbhán nascachta a bhaineann le 'Unico Bono Social'. Fíorú arna dhéanamh ag an riarachán nó ag eintiteas poiblí ar an údar doiciméadach le híocaíochtaí deontais a bhaineann le 600 dearbhán nascachta a bhaineann le 'Unico Bono PYME'.
242	C15.I5	M	Cáblaí feadánacha, cumarsáid chandamach agus satailíte agus tionscadail T & F	Tuarascálacha críochnaitheacha maidir le híocaíochtaí deontais; nó deimhnithe glactha, ráitis chomhréireachta, deimhnithe íocaíochta nó a				R2	2026	I réimse na gcáblaí fomhuirí agus na cumarsáide candamaí agus satailíte, le haghaidh méid carnach iomlán EUR 168800000: • Déanfaidh eintitis is faighteoirí tuarascálacha críochnaitheacha lena ndeimhnítear tabhairt chun críche na dtionscadal arna ndámhachtain a thíolacadh le haghaidh deontas. Is é an méid a dhámhfar ar an tionscadal a bheidh sa ranníocaíocht i dtreo an mhéid charnaigh iomláin; agus • Deimhniú ón riarachán nó ó eintiteas poiblí go ndearnadh conarthaí (lena n-áirítear aon leasú), nó codanna díobh. Is éard a bheidh sa ranníocaíocht i dtreo an mhéid charnaigh iomláin an méid a fheidhmeofar mar a shainmhínítear i ndeimhnithe glactha, i ráitis

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
				gcoibhéis lena ndeimhnítear gur comhlíonadh conarthaí. Réiteach dámhachtana agus cruthúnas ar dhoiciméad íocaíochta le haghaidh tionscadail T & F						chomhréireachta, i ndeimhnithe íocaíochta nó i ndoiciméid choibhéiseacha. Eisíocaíocht EUR 281200000 le haghaidh tionscadail T & F in (i) néalbhonneagar agus (ii) ardphróiseálaithe agus leathsheoltóirí.
243	C15.I6	M	Teicneolaíocht 5G a chur in úsáid: dámhachtain	Dámhachtain na ndeontas a fhoilsiú go hoifigiúil; agus conarthaí				R4	2025	Dámhachtain conarthaí agus deontas (an buiséad iomlán a dámhadh EUR 1171000000) le haghaidh: (a) imscaradh 5G ar chonairí iompair náisiúnta nó trasteorann; (b) 5G a chur in úsáid i mbardais ina bhfuil níos lú ná 10000 áitritheoir; (C) imscaradh 5G i dtionscadail trí chlár SECTORIAL 5G UNICO agus i dtionscadail ag eintitis phoiblí; agus (d) tionscadail T & F 5G agus 6G agus lárionad cibearshlándála 5G a chur ar bun.
244	C15.I6	M	Teicneolaíocht 5G a chur in úsáid Tionscadail T & F: eisíocaíocht	Tuarascálacha críochnaitheach a maidir le híocaíochtaí deontais; nó deimhnithe glactha, ráitis chomhréireachta, deimhnithe íocaíochta nó a gcoibhéis lena ndeimhnítear gur				R2	2026	I réimse chur in úsáid 5G agus chun lárionad cibearshlándála 5G a chur ar bun, le haghaidh méid carnach iomlán EUR 838900000: • Déanfaidh eintitis is faighteoirí nó daoine aonair is faighteoirí tuarascálacha críochnaitheacha lena ndeimhnítear tabhairt chun críche na dtionscadal arna ndámhachtain a chur isteach le haghaidh deontas. Is é an méid a dhámhfar ar an tionscadal a bheidh sa ranníocaíocht i dtreo an mhéid charnaigh iomláin; agus/nó • deimhniú ón riarachán, nó ó aon eintiteas poiblí, gur comhlíonadh conarthaí (lena n-áirítear aon leasuithe), nó codanna díobh. Is éard a bheidh sa ranníocaíocht i dtreo an mhéid charnaigh iomláin an méid a fheidhmeofar mar a shainmhínítear i ndeimhnithe glactha, i ráitis chomhréireachta, i ndeimhnithe íocaíochta nó i ndoiciméid choibhéiseacha.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
				comhlíonadh conarthaí. Cruthúnas ar íocaíocht le haghaidh tionscadail T & F						Eisíocaíocht EUR 215000000 le haghaidh tionscadail T & F in (a) imscaradh 5G; agus (b) teicneolaíochtaí 5G agus 6G.
245	C15.I7	M	Seoladh an chláir Tacaíochta Náisiúnta don Tionscal Cibearshlándála, an Chláir Nuálaíochta um Shlándáil Dhomhanda agus gníomhaíochtaí gaolmhara.	Foilsiú na gclár				R4	2022	Seoladh an chláir Tacaíochta Náisiúnta don Tionscal Cibearshlándála agus an Chláir Nuálaíochta um Shlándáil Dhomhanda, agus gníomhaíochtaí gaolmhara eile (le buiséad arna dhámhachtain de EUR 311000000), a ghníomhaíonn ar phríomhghnéithe an tionscail, amhail: — borradh a chur faoin tionscal cibearshlándála náisiúnta ar mhaithe le teacht chun cinn, fás agus forbairt gnólachtaí san earnáil sin — réitigh agus seirbhísí ard-bhreisluacha a fhorbairt i réimse na cibearshlándála — oiliúint a chur ar dhaoine tréitheacha atá speisialaithe i réimse na cibearshlándála agus iad a fhorbairt — Gníomhaíochtaí idirnáisiúnaithe i réimse na cibearshlándála — lárionad taispeántais a bhunú chun bonneagar cibearshlándála a fhorbairt agus seirbhísí cibearshlándála nua a chruthú, lena n-áirítear saotharlanna tástála agus ionsamhlóirí ionsaithe cibearshlándála — deimhnithe lipéid cibearshlándála a fhorbairt. Leis an Lipéad Cibearshlándála, tabharfar aitheantas do rannpháirtithe sa Chlár Tacaíochta Tionscail Náisiúnta (gníomhaíochtaí fiontraithe). Ní próiseas deimhniúcháin ná caighdeánaithe é.
453	C15.I7	M	Seoladh an chláir Tacaíochta Náisiúnta don Tionscal Cibearshlándála, an Chláir Nuálaíochta um Shlándáil Dhomhanda agus gníomhaíochtaí gaolmhara	Foilsiú na gclár				R2	2023	Leanúint ó Gharsprioc 245 d'imscaradh an Chláir Tacaíochta Náisiúnta um Chibearthionscal agus an Chláir Nuálaíochta um Shlándáil Dhomhanda agus gníomhaíochtaí gaolmhara eile (le buiséad arna dhámhachtain de EUR 107000000, sa bhreis ar an EUR 311000000 faoi Gharsprioc 245 le haghaidh dámhachtain iomlán EUR 418000000), a ghníomhaíonn ar phríomhghnéithe tionscail, amhail:

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										— borradh a chur faoin tionscal náisiúnta cibearshlándála ar mhaithe le teacht chun cinn, fás agus forbairt gnólachtaí san earnáil sin; — réitigh agus seirbhísí ard-bhreisluacha a fhorbairt i réimse na cibearshlándála — oiliúint a chur ar dhaoine tréitheacha atá speisialaithe i réimse na cibearshlándála agus iad a fhorbairt — gníomhaíochtaí idirnáisiúnaithe i réimse na cibearshlándála; — lárionad taispeántais a bhunú chun bonneagar cibearshlándála a fhorbairt agus seirbhísí cibearshlándála nua a chruthú, lena n-áirítear saotharlanna tástála agus ionsamhlóirí ionsaithe cibearshlándála — deimhnithe lipéid cibearshlándála a fhorbairt.
246	C15.I7	T	Acmhainneachtaí Cibearshlándála a neartú agus a fheabhsú: Acmhainní	—	Líon	0	100	R2	2023	Acmhainneachtaí Cibearshlándála a neartú agus a fheabhsú trí 100 acmhainn ar a laghad a chur ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí feasachta agus cumarsáide i réimse na cibearshlándála. Déanfar scileanna digiteacha sa chibearshlándáil a fhorbairt ar gach leibhéal oideachais, trí acmhainní, uirlisí agus ábhair shonracha a fhorbairt. Thairis sin, bunófar mol idirnáisiúnta cibearshlándála a bheidh rannpháirteach i Líonra Eorpach na lárionad cibearshlándála.
247	C15.I7	T	Acmhainneachtaí Cibearshlándála a neartú agus a fheabhsú: Líne Chabhrach Chibearshlándála		Líon	5 000	20 000	R4	2022	Acmhainneachtaí Cibearshlándála a Neartú trí fheabhas a chur ar Líne Chabhrach Chibearshlándála na hInstitiúide Náisiúnta um Chibearshlándáil (INCIBE), le hacmhainneacht mhíosúil 20000 glao ar a laghad a phróiseáiltear in aghaidh na míosa. Tacóidh an líne chabhrach sin freisin le hábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí le haghaidh acmhainní gréasáin (ÁMGL) a bhaint.
248	C15.I7	M	An chibearshlándáil agus nuálaíocht slándála	Deimhnithe glactha, ráitis chomhréireachta, deimhnithe íocaíochta nó a gcoibhéis lena ndeimhnítear go ndearnadh conarthaí agus				R2	2026	Deimhniú ón riarachán nó ó eintiteas poiblí nó ón gcoiste faireacháin comhfhreagrach go ndearnadh conarthaí agus comhaontuithe *(*venios), nó codanna díobh, i réimse na cibearshlándála nó na nuálaíochta slándála, ar mhéid carnach iomlán EUR 321533051. Is éard a bheidh sa ranníocaíocht i dtreo an mhéid charnaigh iomláin an méid a fheidhmeofar mar a shainmhínítear i ndeimhnithe glactha, i ráitis chomhréireachta, i ndeimhnithe íocaíochta nó i ndoiciméid choibhéiseacha.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
				comhaontuithe (venios*)*						
455	C15.I8	M	T & F i micrileictreonaic agus leathsheoltóirí	Réiteach dámhachtana agus cruthúnas íocaíochta				R2	2026	Eisíocaíocht EUR 75820000 le haghaidh tionscadail T & F i réimse na micrileictreonaice agus na leathsheoltóirí.
455a	C15.I8	M	Instealladh cothromais	Deimhniú aistrithe				R2	2026	Deontas EUR 368452000 a sholáthar do SETT lena bhfeabhsaítear staid chothromais SETT.
455b	C15.I8	M	Rannchuidiú le bonneagar (bonneagair) seomra íonghlain a bhunú: conarthaí sínithe.	Conradh/conarthaí sínithe agus Meabhrán Tuisceana nó tionóla sínithe.				R2	2026	Síniú an chonartha/na gconarthaí ag SETT leis an gconraitheoir/na conraitheoirí a rannchuidíonn le bonneagar/bonneagair seomraí íonghlana a bhunú, arb ionann é/iad agus EUR 331606800. Féadfar a chumhdach le conradh/conarthaí den sórt sin a rannchuidíonn leis an mbunaíocht, mar shampla, (a) tógáil, (b) forbairt tionscadail, (c) cúnamh teicniúil, agus/nó (d) bainistiú tionscadal. Meabhrán Tuisceana sínithe nó tionólta sínithe le húsáideoir/úsáideoirí an bhonneagair/na mbonneagar.
456	C15.I8	M	Cruthú cathaoireacha acadúla a dhíríonn ar mhicrileictreonaic	Réiteach dámhachtana, cruthúnas ar eisíocaíocht				R2	2026	Cruthú 13 chathaoirleach acadúla ollscoile ar mhicrileictreonaic

O.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht iasachta

Infheistíocht 9 (C15.I9) — Saoráid Mhaoiniúcháin CHIP

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i Saoráid, Saoráid Mhaoiniúcháin CHIP, chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus chun rochtain ar mhaoiniú in earnáil leathsheoltóirí na Spáinne a fheabhsú, lena n-áirítear saoráidí monaraíochta ar mhórscála. Oibreoidh an tSaoráid sin trí iasachtaí, infheistíochtaí cothromais agus infheistíochtaí cuasachothromais (nó meascán díobh) a sholáthar don earnáil phríobháideach, agus d'eintitis san earnáil phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d'aidhm ag an tSaoráid maoiniú EUR 878150000 ar a laghad a chur ar fáil ar dtús.

Is é Sociedad Española para la Transformación Tecnológica (SETT), ina cháil mar chomhpháirtí cur chun feidhme, a bhainisteoidh an tSaoráid. Cuimseofar na línte táirgí seo a leanas sa Chiste:

- Líne dhíreach: Infheistíochtaí díreacha i gcuideachtaí a úsáideann gnáthiasachtaí, iasachtaí rannpháirtíochta, agus rannpháirtíocht i gcaipiteal sealadach agus mionlaigh. Ní bheidh na hinfheistíochtaí cothromais ón gCiste ina gcúis le sárú a bheith á dhéanamh ag sciar an chothromais faoi úinéireacht phoiblí i dtairbhí deiridh ar 49 % den chothromas iomlán.
- Comhinfheistíocht in 'Teilgcheártaí oscailte AE' agus 'Saoráidí táirgeachta comhtháite': Chun tacú leis an tionscal monaraithe leathsheoltóirí sa Spáinn, beidh an Ciste in ann tacaíocht a sholáthar d'ionstraimí airgeadais cumaiscthe, trí iasachtaí, cothromas, agus cuasachothromas (nó meascán díobh sin), lena gcomhtháthaítear caipiteal príobháideach agus poiblí i gcomhordú le cláir tacaíochta poiblí, faoi réir na gceanglas rialachais a leagtar amach thíos.

Chun an infheistíocht sa tSaoráid a chur chun feidhme, síneoidh an Spáinn agus SETT Comhaontú Cur Chun Feidhme, nó formheasfaidh an Spáinn an ionstraim dlí chomhfhreagrach agus na doiciméid ghaolmhara, ina mbeidh an t-ábhar seo a leanas:

1. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na Saoráide: Déanfaidh coiste infheistíochta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile cinneadh infheistíochta tosaigh na Saoráide agus formheasfaidh tromlach na vótaí é ó chomhaltaí atá neamhspleách ar Rialtas na Spáinne. Beidh cinneadh infheistíochta críochnaitheach na Saoráide teoranta d'fhormheas (gan mhodhnuithe) nó d'fheidhmiú cirt crosta ar chinneadh infheistíochta arna mholadh ag an gcoiste infheistíochta nó ag an gcomhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha.

2. Príomhcheanglais an bheartais infheistíochta ghaolmhair, lena n-áireofar:
   a. An tuairisc ar na táirgí airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart.
   b. Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a dtacaítear leo inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.
   c. Toirmeasc ar aon iasacht gan íoc a athmhaoiniú.
   d. Maidir leis an gceanglas an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01), go háirithe infheistíochtaí i saoráidí nua, bainfidh siad úsáid as an teicneolaíocht is fearr atá ar fáil a bhfuil an tionchar is ísle aici ar an gcomhshaol san earnáil. Thairis sin, ceanglófar leis an mbeartas infheistíochta go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha thairbhithe deiridh na Saoráide.
   e. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.
3. An méid a chumhdaítear leis an ionstraim dlí agus le doiciméid ghaolmhara lena mbunaítear an tSaoráid, an struchtúr táillí don Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme agus an ceanglas aon

athshreabha a athinfheistiú de réir bheartas infheistíochta na Saoráide mura n-úsáidtear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.

4. Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:
   a. An tuairisc ar chóras faireacháin an chomhpháirtí cur chun feidhme chun tuairisciú a dhéanamh ar an infheistíocht a slógadh.
   b. An tuairisc ar nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme lena n-áiritheofar go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.
   c. An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sna rialacháin lena mbunaítear an tSaoráid sula ngeallfaidh sé oibríocht a mhaoiniú.
   d. An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta SETT. Fíoróidh na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; II) comhlíonadh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’, na rialacha maidir le Státchabhair, na ceanglais maidir leis an aeráid agus maidir leis an sprioc dhigiteach; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas atá ar an idirghabhálaí a fhíorú go dtíolacann an tairbhí deiridh dearbhú freagrach chun rialú a dhéanamh ar cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear an costas céanna le hionstraim eile de chuid an Aontais. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme is infheidhme, nó an rialacháin agus na ndoiciméad gaolmhar lena mbunaítear an tSaoráid, agus na gComhaontuithe Cistiúcháin á n-urramú.

5. Ceanglais maidir le hinfheistíochtaí digiteacha arna ndéanamh ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme: rannchuideoidh EUR 878150000 ar a laghad d’infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid le cuspóirí an aistrithe dhigitigh i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF.[113]

285	C19.R1	M	Formheas an Phlean Náisiúnta Inniúlachtaí Digiteacha ag Comhairle na nAirí	Tagairt Chomhairle na nAirí				RÁITHE 1	2021	Formheas an Phlean Náisiúnta Inniúlachtaí Digiteacha ag Comhairle na nAirí. Tá na cuspóirí seo a leanas ag an bPlean: (1) oiliúint i scileanna digiteacha a chur ar fáil don phobal i gcoitinne; (2) an bhearna dhigiteach idir na hinscní a dhúnadh; (3) an córas oideachais a dhigitiú agus scileanna digiteacha don fhoghlaim a fhorbairt; (4, 5) scileanna digiteacha a sholáthar le haghaidh infhostaitheacht níos fearr oibrithe príobháideacha agus poiblí; (6) scileanna digiteacha a fhorbairt in FBManna; agus (7) an líon speisialtóirí TFC a mhéadú, gan a bheith ceangailteach ar réigiúin ná ar eintitis áitiúla. Féadfaidh Comhairle na nAirí formheas a dhéanamh mar chomhaontú foirmiúil nó mar thuarascáil chuig Comhairle na nAirí. Nuair a dhéanfar comhaontú foirmiúil, déanfaidh an Spáinn foráil maidir leis an gcomhaontú sin. Nuair a chuirfear Comhairle na nAirí ar an eolas trí thuarascáil, cuirfidh an Spáinn doiciméid ar fáil maidir le (i) dáta an chruinnithe, (ii) pointe ar an gclár oibre agus (iii) deimhniú lena gcruthaítear gur tuairiscíodh an mhír do Chomhairle na nAirí.
287	C19.I1	M	Líonra náisiúnta le haghaidh scileanna digiteacha	Foilsiú an líonra ar *Thairseach na n-ardán digiteach TodoFP*				R4	2025	Tá liosta de 1252 ionad oiliúna digití atá ina líonra náisiúnta d'ionaid oiliúna digití, le fáil ar Thairseach na n-ardán digiteach TodoFP (https://todofp.es/).
288	C19.I1	M	Saoránaigh maidir le scileanna digiteacha	Deimhnithe rannpháirtíochta oiliúna nó rúin oifigiúla agus dearbhú ón riarachán nó ó eintiteas poiblí le haghaidh conarthaí a rinneadh				R2	2026	Deimhnithe rannpháirtíochta oiliúna arna n-eisiúint nó rúin oifigiúla arna bhfoilsiú lena ndeimhnítear rannpháirtíocht oiliúna maidir le scileanna digiteacha i ndáil le 1565412 duine. Beidh 7.5 uair an chloig oiliúna charnacha ar a laghad nó a choibhéis in ECTS ag gach rannpháirtí oiliúna. Déanfar duine a ghlacann páirt i roinnt cúrsaí oiliúna a chomhaireamh ar leithligh le haghaidh gach oiliúna ar ghlac siad páirt inti. I réimse chur chun feidhme Phlean um Chlaochlú Digiteach na gCerive, le haghaidh méid carnach iomlán EUR 35900000: • Deimhniú ón riarachán nó ó eintiteas poiblí go ndearnadh conarthaí (lena n-áirítear aon leasú), nó codanna díobh. Is éard a bheidh sa ranníocaíocht i dtreo an mhéid charnaigh iomláin an méid a fheidhmeofar mar a shainmhínítear i ndeimhnithe glactha, i ráitis chomhréireachta, i ndeimhnithe íocaíochta nó i ndoiciméid choibhéiseacha.
289	C19.I2	M	Clár chun uirlisí digiteacha a thabhairt do scoileanna poiblí agus	Foilsiú san Iris Oifigiúil				R4	2021	Formheas an chláir chun 240000 seomra ranga ar a laghad a fheistiú, oiliúint a chur ar 700000 múinteoir agus an straitéis dhigiteach a

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			scoileanna a fhaigheann fóirdheontais phoiblí							ullmhú nó a athbhreithniú le haghaidh 22000 ionad scoile poiblí agus fóirdheonaithe go poiblí ar a laghad, agus 300000 gaireas digiteach nasctha (ríomhairí glúine, táibléid) a sholáthar i scoileanna poiblí agus fóirdheonaithe go poiblí, i gcomhar leis na Pobail Fhéinrialaitheacha. Beidh an clár ina cheangal ar Phobail Fhéinrialaitheacha. Meastar gur fianaise ar an teacht i bhfeidhm é an formheas arna shíniú ag an údarás inniúil agus foilsiú ar an suíomh gréasáin oifigiúil ábhartha. Beidh oiliúint ar fáil do 100 % de na múinteoirí (700000), agus beidh 80 % díobh ar a laghad deimhnithe (567744).
290	C19.I2	M	Gníomhaíochtaí maidir le claochlú digiteach an oideachais	Teastais aonair agus straitéisí digiteacha do scoileanna				R2	2026	Eisíodh 560000 teastas aonair maidir le creidiúnú scileanna digiteacha le haghaidh teagaisc. Foilsíodh 22000 straitéis dhigiteach d'ionaid scoile.
291	C19.I2	M	Trealamh digiteach do scoileanna	Tuarascálacha deiridh ó Phobail Fhéinrialaitheacha				R2	2026	Déanfaidh Pobail Fhéinrialaitheacha tuarascálacha críochnaitheacha lena ndeimhnítear tabhairt chun críche na ngníomhaíochtaí arna ndámhachtain a chur isteach, ar tuarascálacha iad a bhaineann le líon carnach 300000 gléas digiteach a fuarthas agus 240000 seomra ranga atá feistithe go digiteach.
292	C19.I3	T	Oiliúint dhigiteach don fhostaíocht	Deimhnithe rannpháirtíochta oiliúna nó rúin oifigiúla	Líon	0	206 114	R2	2026	Deimhnithe rannpháirtíochta oiliúna a eisíodh nó rúin oifigiúla a foilsíodh lena ndeimhnítear rannpháirtíocht oiliúna maidir le scileanna digiteacha le haghaidh fostaíochta maidir le 206114 duine. Beidh 150 uair an chloig oiliúna charnacha ar a laghad nó a choibhéis in ECTS ag gach rannpháirtí oiliúna. Déanfar duine a ghlacann páirt i roinnt cúrsaí oiliúna a chomhaireamh ar leithligh le haghaidh gach oiliúna ar ghlac siad páirt inti.
292a	C19.I3	T	Oiliúint dhigiteach don fhostaíocht	Deimhnithe rannpháirtíochta oiliúna	Líon	0	401 000	R2	2026	Deimhnithe rannpháirtíochta oiliúna maidir le scileanna digiteacha le haghaidh fostaíochta a eisítear maidir le 401000 duine. Beidh 25 uair an chloig oiliúna charnacha ar a laghad nó a choibhéis in ECTS ag gach rannpháirtí oiliúna. Déanfar duine a ghlacann páirt i roinnt cúrsaí oiliúna a chomhaireamh ar leithligh le haghaidh gach oiliúna ar ghlac siad páirt inti.
293	C19.I4	M	Scoláireachtaí nó conarthaí fostaíochta le haghaidh tallann dhigiteach	Foilsiú na dámhachtana/na ndámhachtainí lena ndeonaítear scoláireacht				R4	2025	Foilsiú an rúin/na rún lena ndámhtar 300 scoláireacht nó conradh fostaíochta d'eintitis ar leibhéal an stáit.

T. COMHCHUID 20: PLEAN STRAITÉISEACH CHUN BORRADH A CHUR FAOIN NGAIRMOILIÚINT

Is é is aidhm don chomhpháirt de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne an córas gairmoideachais agus gairmoiliúna a chlaochlú agus a nuachóiriú, agus é a oiriúnú chun freagairt do na hathruithe in earnálacha táirgiúla an gheilleagair. Chuige sin, féachann an chomhpháirt le rannchuidiú le hinfhostaitheacht agus soghluaisteacht fostaíochta oibrithe a fheabhsú, agus dá réir sin táirgiúlacht agus iomaíochas a mhéadú.

Tabharfar aghaidh ar mhímheaitseáil scileanna atá ann cheana chun feabhas a chur ar an gcothromaíocht idir leibhéal oideachais agus oiliúna an daonra agus riachtanais mhargadh an tsaothair, go háirithe trí thacú le huas-sciliú daoine ar bheagán oiliúna i dtreo scileanna agus athsciliú níos idirmheánaí. Tabharfar aird ar leith ar scileanna teicniúla agus digiteacha, lena dtabharfar aghaidh ar an mbearna scileanna idir na hinscní agus lena méadófar tarraingteacht clár gairmoideachais agus gairmoiliúna níos airde chun clárú a fheabhsú. Déanfar foráil leis an gcomhpháirt freisin maidir le haitheantas a thabhairt do scileanna atá ann cheana, d'fhonn rochtain a chur ar fáil ar dheiseanna oiliúna nua agus ar cháilíochtaí nua i gcóras gairmoideachais agus gairmoiliúna níos comhtháite a ghabhann le daoine san oideachas éigeantach — rud a rannchuidíonn le luathfhágáil na scoile a laghdú — agus ar feadh an tsaoil oibre araon.

Rannchuidíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar na Moltaí Tírshonracha a bhaineann le luathfhágáil na scoile a laghdú (Moladh Tírshonrach 2 2019); an comhar idir oideachas agus gnó a mhéadú d'fhonn feabhas a chur ar sholáthar scileanna agus cáilíochtaí atá ábhartha don mhargadh saothair, go háirithe i gcás teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (Moladh Sonrach Tír 2 2019); tacú le fostaíocht trí bhearta chun poist a chaomhnú, dreasachtaí éifeachtacha le haghaidh earcaíochta agus forbairt scileanna (Moladh Sonrach Tír 2 2020); rochtain ar fhoghlaim dhigiteach a fheabhsú (Moladh Sonrach Tíre 2 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

T.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C20.R1) — Plean um Nuachóiriú na Gairmoiliúna

Is éard a bheidh san athchóiriú sin Plean um Nuachóiriú na Gairmoiliúna a ghlacadh agus a chur chun feidhme. Cuireadh an plean i láthair an 22 Iúil 2020. Is é is aidhm dó a áirithiú go bhfreagróidh an córas gairmoiliúna (VET) do mhargadh fostaíochta a bhfuil cáilíocht idirmheánach ag teastáil ina leith, agus ar an gcaoi sin freastal ar riachtanais na hearnála táirgiúla (go háirithe teicneoirí/teicneoirí sinsearacha) agus a áirithiú go gcuirfidh an ghairmoiliúint agus cáilíochtaí feabhas ar na hionchais infhostaitheachta. Sainaithneofar an ghairmoiliúint mar phríomhghné chun borradh a chur faoin spreagadh eacnamaíoch agus sóisialta i ndiaidh na paindéime.

Díreofar sa phlean ar aon chóras comhtháite gairmoideachais agus gairmoiliúna amháin a bhunú lena soláthraítear oiliúint agus cáilíochtaí gairmiúla don daonra ar fad, lena n-áirítear mic léinn gairmoideachais agus gairmoiliúna sa chóras oideachais agus gairmoideachas agus gairmoiliúint le haghaidh fostaíochta. Déanfaidh sé an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint a shuí mar ghné chaighdeánach athfhillteach den fhorbairt ghairmiúil do gach oibrí ar feadh a saoil oibre.

Is í an Chatalóg Náisiúnta um Cháilíochtaí Gairmiúla príomhionstraim an phlean, agus déanfar í a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta, lena n-áirítear trí chur i bhfeidhm an aistrithe dhigitigh agus an aistrithe ghlais a chomhtháthú. Áireofar leis cáilíocht ghairmoiliúna nua a dhearadh i ngach earnáil, ach béim á leagan ar an dá earnáil straitéiseacha déag ina gcuirfear dlús leis an ngairmoiliúint, agus riachtanais réigiúnacha á gcur san áireamh.

Cuirfear an plean chun feidhme trí roinnt Dlíthe Foraithne Ríoga a ghlacadh, a chomhfhreagraíonn do churaclaim nua céime a bhunú. San iomlán, tá sé beartaithe 42 chéim nua a bhunú de réir a chéile le linn na tréimhse 2021-2023 lena gcumhdófar meánchéimeanna, céimeanna níos airde agus céimeanna speisialaithe. Is éard a bheidh i gceist leis an athchóiriú freisin athbhreithniú athfhillteach ar chéimeanna gairmoiliúna, céimeanna nua gairmoiliúna a dhearadh lena bhfreagrófar do riachtanais na n-earnálacha táirgiúla, ag díriú go háirithe ar na hearnálacha ar tugadh tosaíocht dóibh sa Phlean Straitéiseach um Ghairmoiliúint.

Áireofar ar línte tosaíochta eile an phlean nuálaíocht, taighde feidhmeach, fiontraíocht, digitiú agus inbhuanaitheacht a ionchorprú mar phríomhghnéithe den ghairmoiliúint; agus cuideachtaí a shuí mar dhlúthchuid den ghairmoiliúint agus comhar poiblí-príobháideach a chur chun cinn sa chóras, go háirithe cineál déach na gairmoiliúna a chur chun cinn. Chuige sin, cuirfidh an t-athchóiriú leis an obair chomhpháirteach idir aireachtaí, gnólachtaí agus comhpháirtithe sóisialta chun na scileanna is gá don gheilleagar a shainaithint.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2020.

<u>Athchóiriú 2 (C20.R2) — Dlí lena rialaítear an córas comhtháite gairmoideachais agus gairmoiliúna atá nasctha leis an gCóras Náisiúnta Cáilíochtaí</u>

I gcomhréir le haidhmeanna an Phlean um Nuachóiriú na Gairmoiliúna agus le creat Chóras Náisiúnta Cáilíochtaí na Spáinne, déanfaidh an Spáinn Dlí a thíolacadh agus a ghlacadh lena rialófar an córas comhtháite gairmoiliúna (VET). Leis an dlí nua, déanfar an dá chóras gairmoiliúna ar leithligh atá ann faoi láthair, an ceann sa chóras oideachais agus an ceann atá dírithe ar oiliúint le haghaidh fostaíochta, a ionchorprú in aon chóras amháin. Leagfar amach ann córas comhtháite foghlama ar feadh an tsaoil don daonra ag aon aois agus in aon staid phearsanta nó oibre, lena dtairgfear cúrsaí comhlántacha agus carnacha as a dtiocfaidh cáilíochtaí nua. Beidh próiseas treoshuímh ar feadh an tsaoil ag gabháil leis freisin.

Sa chéad chéim den ullmhúchán, ullmhóidh an Aireacht Oideachais agus Gairmoiliúna dréachtdlí, le comhdhearcadh na gComhpháirtithe Sóisialta agus na Rialtas Réigiúnach. Meastar go bhformheasfaidh Comhairle na nAirí an dréachtdlí roimh an 31 Nollaig 2021 agus glacfar sa Pharlaimint é faoin 30 Meitheamh 2022.

Beidh sé d'aidhm ag an dlí a formheasadh ar deireadh, agus lena n-aontaítear an dá chóras Gairmoiliúna a bhí ann cheana, an córas a nuachóiriú, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) díriú ar uas-sciliú daoine ar bheagán oiliúna agus a n-infhostaitheacht a fheabhsú;
b) aghaidh a thabhairt ar mhí-oiriúnuithe scileanna;
c) an Chatalóg Náisiúnta um Cháilíochtaí Gairmiúla a thabhairt cothrom le dáta, í a chur in oiriúint do riachtanais an gheilleagair amach anseo, lena n-áirítear tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach; agus
d) feabhas a chur ar tharraingteacht clár ardoideachais gairmoideachais agus gairmoiliúna d'fhonn clárú a fheabhsú.

Críochnófar cur chun feidhme an bhirt faoin 30 Meitheamh 2022.

Infheistíocht 1 (C20.I1) — Forbairt scileanna

Is é cuspóir an bhirt seo scileanna gairmiúla an daonra a chothabháil agus a fheabhsú. Is éard atá sa bheart seo meastóireacht a dhéanamh ar aonaid inniúlachta gairmiúla (cáilíochtaí gairmiúla lena dtugtar tuairisc ar scileanna agus ar eolas aonair) agus rannpháirtíocht daoine aonair i ngníomhaíochtaí oiliúna.

Infheistíocht 2 (C20.I2): Claochlú digiteach na gairmoiliúna

Is é cuspóir an bhirt seo an ghairmoiliúint a chlaochlú agus a nuachóiriú. Is éard atá i gceist leis an mbeart seo lárionaid a chomhtháthú i Líonra Náisiúnta na nIonad Barr Feabhais don Ghairmoiliúint, teacht i bhfeidhm Ordaithe Aireachta lena gcruthaítear Clár Líonra Stáit na seomraí ranga Teicneolaíochta Feidhmeacha (‘aulas ATECA’) chomh maith le rannpháirtíocht múinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna san oiliúint dhigiteach agus ghlas.

Infheistíocht 3 (C20.I3): Leathnú agus idirnáisiúnú na gairmoiliúna a thairiscint

Is é cuspóir an bhirt seo soláthar na gairmoiliúna a mhéadú. Is éard atá i gceist leis an mbeart seo gairmoiliúint a thairiscint i bhformáidí dátheangacha, chomh maith le grúpaí breise gairmoideachais agus gairmoiliúna a chruthú.

T.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne le haghaidh gach táscaire mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
295	C20.R1	M	Plean um Nuachóiriú na Gairmoiliúna agus Dlíthe Foraithne Ríoga gaolmhara	Foilsiú ar leathanach gréasáin MEFP agus tíolacadh ag an bPríomh-Aire				R4	2020	Cur i láthair ón bPríomh-Aire ar an bPlean um Nuachóiriú na Gairmoiliúna agus foilsiú 8 nDlí Foraithne Ríoga san Iris Oifigiúil chun an Plean a chur chun feidhme, a chomhfhreagraíonn do 5 churaclam speisialaithe, 2 churaclam mheánchéime agus 1 churaclam céime níos airde.
296	C20.R2	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le Córas Comhtháite Aonair Gairmoiliúna, agus é mar chuspóir leis sin go ndéanfar an córas a nuachóiriú	Foilsiú san Iris Oifigiúil				R2	2022	Teacht i bhfeidhm an dlí maidir leis an gCóras Gairmoiliúna comhtháite aonair, arb é is cuspóir dó an córas a nuachóiriú. Leis an dlí, déanfar an dá chóras Gairmoiliúna a bhí ann roimhe seo a aontú agus a nuachóiriú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: díriú ar dhaoine ar bheagán oiliúna a uas-sciliú agus a n-infhostaitheacht a fheabhsú; II) aghaidh a thabhairt ar mhímheaitseáil scileanna; III) an Chatalóg Náisiúnta um Cháilíochtaí Gairmiúla a thabhairt cothrom le dáta, í a chur in oiriúint do riachtanais an gheilleagair amach anseo, lena n-áirítear tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach; IV) feabhas a chur ar tharraingteacht clár ardoideachais gairmoideachais agus gairmoiliúna d'fhonn clárú a fheabhsú.
297	C20.I1	T	Meastóireacht ar aonaid inniúlachta	—	Líon	0	1 050 000	R2	2026	Tuarascálacha meastóireachta a eisiúint lena ndeimhnítear an mheastóireacht ar 1050000 aonad d'inniúlacht ghairmiúil.
298	C20.I1	T	Gníomhaíochtaí oiliúna	—	Líon	0	625 000	R4	2025	625000 deimhniú rannpháirtíochta oiliúna eisithe. Déantar duine a ghlacann páirt i roinnt cúrsaí oiliúna a chomhaireamh ar leithligh le haghaidh gach oiliúna a nglacann sé páirt inti.
299	C20.I2	T	Ionaid barr feabhais agus nuálaíochta sa ghairmoiliúint	—	Líon	0	50	R2	2023	50 ionad ar a laghad comhtháite sa Líonra Náisiúnta nuachruthaithe d'Ionaid Barr Feabhais don Ghairmoiliúint
467	C20.I2	M	Clár líonra Stáit na seomraí ranga Teicneolaíochta Feidhmí ('aulas ATECA')	Foráil sa ghníomh dlí lena léirítear a theacht i bhfeidhm				R2	2026	Teacht i bhfeidhm Ordaithe ón Aire lena gcruthaítear Clár Líonra Stáit na seomraí ranga Teicneolaíochta Feidhmeacha ('aulas ATECA'), ina bhfuil 1253 seomra ranga ATECA. Beidh rochtain ag an bpobal ar an gclár trí Thairseach TodoFP.
467b	C20.I2	T	Oiliúint ghlas do mhúinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna a chur i gcrích	—	Líon	0	25 281	R2	2023	25281 deimhniú oiliúna a eisiúint maidir le 30 uair an chloig d'oiliúint dhigiteach agus ghlas a chur i gcrích. Féadfaidh an múinteoir céanna níos mó ná oiliúint amháin a dhéanamh.
300	C20.I3	T	Ar a laghad 1667 ngrúpa nua gairmoideachais agus gairmoiliúna i gcomparáid leis an mbliain acadúil 2019/2020.	—	Líon	37 070	38 737	R4	2022	Cruthú carntha 1667 ngrúpa nua gairmoideachais agus gairmoiliúna ar a laghad i gcomparáid leis an mbliain acadúil 2019/2020. Beidh dáileadh críochach an chistithe chun an tairiscint ghairmoideachais agus ghairmoiliúna a mhéadú bunaithe ar mheasúnú ar riachtanais agus leanfaidh sé an plé le páirtithe leasmhara ábhartha chun a áirithiú go bhfreagraíonn an tairiscint go héifeachtach do riachtanais earnála mar a leagtar

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										amach sa Phlean don Nuachóiriú Gairmoiliúna agus do bhearnaí réigiúnacha. Dáta na bonnlíne: An bhliain acadúil 2019/2020.
301	C20.I3	T	Gairmoiliúint dhátheangach	—	Líon	0	3 631	R2	2026	3631 ghrúpa gairmoiliúna a cruthaíodh i bhformáid dhátheangach nó a tiontaíodh go formáid dhátheangach.
302	C20.I3	T	Grúpaí breise gairmoideachais agus gairmoiliúna	—	Líon	38 737	45 322	R2	2026	6585 ghrúpa breise gairmoideachais agus gairmoiliúna, lena n-áirítear grúpaí gairmoideachais agus gairmoiliúna cianfhoghlama agus gan grúpaí dátheangacha nuachruthaithe a chumhdaítear faoi sprioc 301 a áireamh.

U. COMHCHUID 21: AN TOIDEACHAS A NUACHÓIRIÚ AGUS A DHIGITIÚ, LENA N-ÁIRÍTEAR LUATHOIDEACHAS 0-3

Díríonn an chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne ar an gcóras oideachais a nuachóiriú agus ar bhonneagar oideachais a fheabhsú. Is é is aidhm dó córas níos solúbtha agus níos cuimsithí a chur in oiriúint níos fearr do riachtanais gach dalta agus teicnící nua teagaisc agus foghlama a thabhairt isteach, teicnící digiteacha san áireamh. Is iad seo a leanas na príomhchuspóirí ag gach céim oideachais:

a) Oideachas agus cúram na luath-óige Is é is aidhm don chomhpháirt clárú in ECEC a mhéadú de réir a chéile trí thosaíocht a thabhairt d'áiteanna poiblí nua a sholáthar do leanaí i limistéir ina bhfuil baol níos airde bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta agus i limistéir thuaithe. Díreofar ar leanaí 0-3 bliana agus tabharfar aird ar rochtain agus ar inacmhainneacht araon, chun tús áite a thabhairt go háirithe do lánpháirtiú na mban i margadh an tsaothair agus chun an bealach a réiteach chun torthaí oideachais a fheabhsú agus luathfhágáil na scoile ag céimeanna níos déanaí a chosc.
b) Bunoideachas agus meánoideachas. Is é is aidhm don chomhpháirt torthaí oideachais a fheabhsú trí luathfhágáil na scoile agus rátaí arda athdhéanta a laghdú, trí thacaíocht bhreise a thabhairt do dhaltaí tearcfheidhmíochta, agus curaclam nua a fhorbairt le haghaidh príomhinniúlachtaí (lena n-áirítear inniúlachtaí digiteacha) san oideachas éigeantach bunscoile agus meánscoile agus baccalaureate.
c) Córas ollscoile. Is é is aidhm don chomhpháirt an córas ollscoile a nuachóiriú, trí eagrú cúrsaí ollscoile a chur in oiriúint do riachtanais shochaíocha an lae inniu, ábharthacht an ardoideachais don mhargadh saothair a fheabhsú agus tacú leis an gclaochlú teicneolaíoch. Tá sé d'aidhm aige freisin rochtain ar an ardoideachas a mhéadú agus inacmhainneacht an ardoideachais a fheabhsú.

Rannchuidíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar na Moltaí Tírshonracha a bhaineann le luathfhágáil na scoile a laghdú agus torthaí oideachais a fheabhsú, agus éagothromaíochtaí réigiúnacha á gcur san áireamh (Moltaí Tírshonracha 2 2019) agus feabhas a chur ar an rochtain ar fhoghlaim dhigiteach (Moladh Tírshonrach 2 2020). Cuidíonn sé freisin le haghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha a rinneadh roimhe seo a bhaineann le tacaíocht níos fearr a thabhairt d'oiliúint mac léinn agus múinteoirí, chomh maith le feabhas a chur ar thacaíocht do theaghlaigh (Moltaí Tírshonracha 2 2019), lena n-áirítear rochtain ar chúram leanaí ar ardchaighdeán.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

U.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C21.R1) — Dlí orgánach nua maidir le hoideachas

Leis an athchóiriú sin, áirítear glacadh dlí nua maidir le hoideachas lena gcumhdaítear oideachas luath-óige, bunoideachas agus meánoideachas éigeantach agus baccalaureate. Bunófar leis an bonn chun deiseanna oideachais agus oiliúna a mhéadú don daonra ar fad, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar thorthaí oideachais agus ar luathbhrath deacrachtaí agus trí neamhspleáchas scoileanna a threisiú. Díreoidh sé ar leithscaradh de réir chúlra na mac léinn a laghdú agus ar chumas cuimsitheach an chórais a fheabhsú. Thairis sin, is é an aidhm atá ann inniúlachtaí digiteacha a neartú ar gach leibhéal

oideachais, agus ar an gcaoi sin freagairt don gheilleagar atá ag éirí níos digitithe. Glacadh Dlí nua (LOMLOE) an 29 Nollaig 2020.

Tá forbairt rialála an Dlí Oideachais le cur in úsáid trí bhíthin na nithe seo a leanas:

a) curaclam nua atá bunaithe ar inniúlachtaí a rialáil;
b) meastóireacht, go háirithe an mheastóireacht ghinearálta ar an gcóras oideachais chomh maith leis na meastóireachtaí diagnóiseacha;
c) forbairt ghairm na múinteoireachta; agus
d) aithint agus bailíochtú deimhnithe agus staidéar eachtrach neamh-ollscoile a rialáil.

Chuige sin, réitíonn sé an bealach d'Athchóiriú 2 agus d'infheistíochtaí éagsúla a áirítear sa chomhpháirt.

Ar deireadh, meastar go gcothófar leis an athchóiriú príomhshruthú mac léinn a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu i ngnáthscoileanna, agus beidh plean rollach 10 mbliana ag gabháil leis a chomhaontófar le húdaráis réigiúnacha lena gcuirfear acmhainní breise ar fáil chun tacú le scoileanna a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Márta 2021.

Athchóiriú 2 (C21.R2) — Samhail curaclaim nua chun cáilíocht an oideachais a fheabhsú

Is é is cuspóir don athchóiriú seo feabhas a chur ar cháilíocht an oideachais. Is éard atá i gceist leis an mbeart sin rannpháirtíocht saineolaithe i bhforbairt an churaclaim nó na gcreataí meastóireachta, foilsiú ábhair teagaisc, chomh maith le hoiliúint múinteoirí chun an curaclam nua nó an Dlí Orgánach nua maidir le hoideachas a chur i bhfeidhm.

Athchóiriú 3 (C21.R3) — Athchóiriú cuimsitheach ar chóras na n-ollscoileanna

Díríonn an t-athchóiriú ar athchóiriú cuimsitheach ar chóras na n-ollscoileanna bunaithe ar cheithre phríomhchuspóir:

a) Rochtain ar ardoideachas a chur chun cinn. Méadófar scoláireachtaí agus dálaí socheacnamaíocha á gcur san áireamh agus áiritheofar comhdheiseanna trí scoláireachtaí do mhic léinn faoi mhíchumas a fheabhsú. Rinneadh athchóiriú ar an gcóras scoláireachta in 2020, ach déanfar tuilleadh forbartha air in 2021 agus 2022. Laghdófar táillí ollscoile poiblí freisin, lena n-áirítear trí thairseacha a bhunú agus trí éagothromaíochtaí móra réigiúnacha a laghdú.

b) Eagrú cúrsaí ollscoile a ghlacadh. Glacfar dlí foraithne chun eagrú cúrsaí ollscoile a athchóiriú agus chun a gcáilíocht agus a n-ábharthacht don mhargadh saothair a áirithiú. Chuige sin, cothófar comhar ollscoile le gnó san oideachas treasach trí dhéchéimeanna baitsiléara agus máistreachta a rialáil, lena n-áirítear cláir oiliúna i gcuideachtaí faoi mhaoirseacht ollscoileanna. I gcomhréir le haidhmeanna an Limistéir Eorpaigh Oideachais, déanfar aitheantas uathoibríoch dioplómaí a áirithiú. Neartófar freisin na próisis fíorúcháin, leantacha agus chreidiúnaithe maidir le teagasc aghaidh ar aghaidh nó teagasc duine le duine, lena gcomhcheanglófar dearbhú cáilíochta na tairisceana oideachais ollscoile agus laghdú an mhaorlathais sna nósanna imeachta lena mbaineann. Déanfar teagasc nuálach a chur chun cinn freisin.

c) Dea-rialachas institiúidí ollscoile a chur ar fáil agus taighde, aistriú agus soghluaisteacht foirne teagaisc agus taighde a chur chun cinn. Leis an athchóiriú, cuirfear feabhas ar éifeachtacht, éifeachtúlacht agus neamhspleáchas ollscoile i mbainistiú laethúil ollscoileanna,

méadófar rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara sa rialachas agus cothófar trédhearcacht agus cuntasacht. Tá sé d'aidhm aige freisin múinteoirí ardoilte, gairm teagaisc níos intuartha, agus nasc níos láidre idir an teagasc agus an taighde a thabhairt d'ollscoileanna. Bainfear é sin amach go páirteach trí theacht i bhfeidhm dlí orgánaigh.

d) Cáilíocht na n-institiúidí ollscoile a chinntiú. Glacfar dlí foraithne ina leagfar amach critéir cháilíochta acadúla chun ollscoileanna agus lárionaid cheangailte a chruthú, a aithint, a údarú agus a chreidiúnú, lena n-áirítear ollscoileanna cianda agus leathaghaidheanna. Is é an aidhm atá ann nach mór tairiscint acadúil fhoirmitheach íosta a bheith ag ollscoileanna, agus an fhéidearthacht maidir le speisialtóireacht ollscoileanna á háirithiú ag an am céanna; íoslíon mac léinn fochéime; 5 % ar a laghad dá mbuiséad a thiomnú do chláir thaighde; agus córais inmheánacha um dhearbhú cáilíochta a bheith acu.

Chuige sin, cuirfear san áireamh san athchóiriú na moltaí a rinne Comhdháil reachtairí Ollscoile na Spáinne (CRUE). Rannchuideoidh sé le hábharthacht an ardoideachais don mhargadh saothair a fheabhsú, lena n-áirítear trí chomhar le gnólachtaí a chur chun cinn agus trí shamhlacha cistiúcháin feidhmíochtbhunaithe a thabhairt isteach in ollscoileanna poiblí.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 30 Meitheamh 2023.

Infheistíocht 1 (C21.I1) — Oideachas agus cúram na luath-óige a chur chun cinn (ECEC)

Is é is cuspóir don infheistíocht seo tacú le hacmhainneacht an chéad timthrialla de scolaíocht oideachais agus cúraim luath-óige (ECEC). Is éard atá i gceist leis an mbeart sin áiteanna nua oideachais agus cúraim luath-óige a chruthú.

Infheistíocht 2 (C21.I2): Clár um threoshuíomh, dul chun cinn agus saibhriú oideachais ('PROA+')

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo tacaíocht a chur ar fáil do scoileanna chun rátaí luathfhágála na scoile a laghdú. Is éard atá sa bheart seo rannpháirtíocht scoileanna sa Chlár atá ann cheana maidir le treoshuíomh, dul chun cinn agus saibhriú oideachais ('PROA+').

Infheistíocht 3 (C21.I3) — Tacaíocht do mhic léinn leochaileacha

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo neamhláithreacht agus luathfhágáil na scoile a laghdú. Is éard atá sa bheart seo síniú comhaontuithe rannpháirtíochta ag lárionaid oideachais chun seirbhísí a sholáthar ag Aonaid Tionlacain agus Treoraíochta do mhic léinn leochaileacha, agus meastóireacht ar na seirbhísí sin.

Infheistíocht 4 (C21.I4) — Oiliúint a chur ar bhaill foirne teagaisc agus taighde

Áirítear leis an mbeart sin infheistíochtaí i ndeontais d'ollscoileanna poiblí, arb é is cuspóir dóibh athcháiliú chóras ollscoile na Spáinne a chur chun cinn agus forbairt ghairmiúil a fhoirne teagaisc a chur chun cinn, chomh maith le deiseanna a chur ar fáil do chéimithe PhD nua dul isteach sa chóras ardoideachais amach anseo. Maoineofar leis na deontais tréimhsí taighde iardhochtúireachta arna n-óstáil ag ollscoileanna agus ionaid taighde eachtracha, chomh maith le hollscoileanna sa Spáinn agus gníomhairí poiblí eile de chuid Chóras Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta na Spáinne. Chuige sin, meastar go rannchuideoidh na deontais le tallann idirnáisiúnta a mhealladh, agus go dtabharfaidh siad aghaidh ar an ráta íseal idirnáisiúnaithe in ollscoileanna na Spáinne.

Soláthrófar na deontais faoi thrí chlár éagsúla, agus critéir shonracha á gcur i bhfeidhm ag brath ar an spriocghrúpa, ag díriú ar i) oiliúint a chur ar chéimithe PhD nua; deontais do léachtóirí ollscoile — ollúna buana agus léachtaí sinsearacha ar rian tionachta; agus iii) deontais arb é is aidhm dóibh tallann idirnáisiúnta a mhealladh, oiliúint iardhochtúireachta arna hóstáil ag ollscoileanna na Spáinne agus

ag gníomhairí poiblí eile de chuid Chóras Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta na Spáinne a mhaoiniú. Mairfidh na cláir idir bliain amháin agus trí bliana ag brath ar an gclár agus ar an spriocghrúpa.

Tairbheoidh 2600 iarrthóir ar a laghad de na deontais. Gheobhaidh gach ollscoil leithdháileadh buiséid go díreach ó Aireacht na nOllscoileanna bunaithe ar chritéir oibiachtúla, lena n-áirítear líon na foirne teagaisc agus taighde, agus taifead tráchtais PHD. Ar bhonn na n-iarratas, déanfaidh painéal saineolaithe, a mbeidh gradam aitheanta aige agus a cheapfaidh gach ollscoil, meastóireacht ar na hiarrthóirí, ar painéal é ina mbeidh triúr comhaltaí ar a laghad agus tromlach de shaineolaithe seachtracha.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 30 Meitheamh 2023.

Infheistíocht 5 (C21.I5) — Acmhainneachtaí digiteacha ollscoile agus oideachas

Is é is cuspóir don bheart seo feabhas a chur ar acmhainneachtaí teicneolaíochta agus digiteacha ollscoileanna agus scileanna digiteacha. Is éard atá sa bheart seo gníomhaíochtaí a bhaineann le trealamh digiteach, oideachas digiteach, cláir oiliúna, ardáin seirbhíse digití, bonneagar digiteach, agus seirbhísí TFC.

Infheistíocht 6 (C21.I6) — Micridhintiúir ollscoile a fhorbairt

Is é is cuspóir don infheistíocht seo acmhainneachtaí an chórais ollscoile a fhorbairt mar institiúidí foghlama ar feadh an tsaoil agus rannchuidiú le huas-sciliú agus athsciliú daoine fásta. Is éard atá sa bheart seo micridhintiúir ollscoile a sholáthar.

U.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne le haghaidh gach táscaire mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
303	C21.R1	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí Orgánaigh maidir leis an oideachas	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an Dlí Orgánaigh				RÁITHE 1	2021	Is é is cuspóir don Dlí Orgánach maidir le hOideachas (LOMLOE) córas dlí athnuaite a bhunú lena méadófar, faoi phrionsabail na cáilíochta, an chothromais agus an chuimsithe, deiseanna oideachais agus oiliúna na mac léinn agus lena rannchuideofar le feabhas a chur ar thorthaí oideachais.
304	C21.R2	M	Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga maidir le híoscheanglais teagaisc le haghaidh oideachais	Foráil san Fhoraithne Ríoga lena léirítear teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga				RÁITHE 1	2022	Áireofar san Fhoraithne Ríoga maidir le híoscheanglais teagaisc don oideachas sa bhunoideachas, san oideachas meánscoile éigeantach agus sa bhaccalaureate treoirlínte modheolaíochta a thabhairt isteach don teagasc agus don fhoghlaim bunaithe ar churaclam inniúlachtbhunaithe, lena n-ionchorpraítear ‘scileanna boga’; creat meastóireachta chun inniúlachtaí a fháil; dearadh samhla atá níos solúbtha agus níos oscailte, lena gcuirtear foghlaim dhomhain chun cinn; agus ábhar teagaisc, tacaíocht, treoir agus oiliúint a ullmhú do mhúinteoirí chun a áirithiú go bhféadfaidh siad an curaclam nua a chur chun feidhme go héifeachtach.
305	C21.R2	M	Ábhar teagaisc a fhoilsiú, deimhnithe oiliúna a eisiúint agus rannpháirtíocht saineolaithe i bhforbairt an churaclaim nó na gcreataí meastóireachta	Ábhair theagaisc a fhoilsiú agus teastais oiliúna a eisiúint				R4	2025	Cuirfear na gníomhaíochtaí seo a leanas i gcrích: 1) Ábhar teagaisc a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Náisiúnta um Theicneolaíochtaí Oideachais agus Oiliúint Múinteoirí, 2) Eiseoidh an Aireacht Oideachais, Gairmoiliúna agus Spóirt 4000 deimhniú oiliúna ar chur i bhfeidhm an churaclaim nua nó an Dlí Orgánaigh nua maidir le hoideachas, 3) Beidh 100 saineolaí rannpháirteach i bhforbairt an churaclaim nó na gcreataí meastóireachta.
306	C21.R3	M	Teacht i bhfeidhm na bhForaitheanta Ríoga maidir le heagrú ollscoileanna	Foráil sna Foraitheanta Ríoga lena léirítear teacht i bhfeidhm na bhForaitheanta Ríoga				R3	2021	Is iad seo a leanas an dá Fhoraithne Ríoga maidir le heagrú ollscoileanna: — Foraithne Ríoga lena mbunaítear eagrú cúrsaí ollscoile agus an nós imeachta chun a gcáilíocht a áirithiú — Foraithne Ríoga maidir leis an scéim chun ollscoileanna agus lárionaid cheangailte a chruthú, a aithint, a údarú agus a chreidiúnú.
307	C21.R3	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí Orgánaigh maidir leis an gcóras ollscoile agus reachtaíocht agus doiciméid eile	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an Dlí Orgánaigh				R2	2023	An Dlí orgánach nua agus reachtaíocht agus doiciméid eile arb é is aidhm dóibh rochtain ar ardoideachas a chur chun cinn, foráil a dhéanamh do dhea-rialachas institiúidí ollscoile agus taighde, aistriú agus soghluaisteacht foirne teagaisc agus taighde a chur chun cinn. Rannchuideoidh an t-athchóiriú le hábharthacht an ardoideachais don mhargadh saothair a fheabhsú, lena n-áirítear comhar le hinstitiúidí príobháideacha agus tríú hearnáil a chur chun cinn agus cistiú feidhmíochtbhunaithe ollscoileanna poiblí a thabhairt isteach.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
309	C21.I1	T	Áiteanna nua don Chéad Timthriall d'Oideachas Luath-Óige	—	Líon	0	45 611	R2	2026	Gníomhartha dlí a fhoilsiú san iris oifigiúil ina ndéantar doiciméadú ar chruthú 45611 áit scolaíochta nua oideachais agus cúraim luath-óige (ECEC) atá faoi úinéireacht phoiblí. I gcás gníomhartha dlí ina bhfuil cruthú áiteanna faoi réir oibreacha a chur i gcrích: deimhniú ón riarachán nó ó eintiteas poiblí go ndearnadh na conarthaí, lena n-áirítear aon leasú, a bhaineann leis na hoibreacha ina n-iomláine.
310	C21.I2	T	Síniú na gcomhaontuithe faoi chlár PROA+	—	Líon	0	2 700	R4	2025	Síneoidh 2700 ionad oideachais comhaontuithe idir 2021 agus 2023 lena léireofar a ngealltanais maidir le páirt a ghlacadh sa chlár PROA+
311	C21.I3	T	Comhaontuithe rannpháirtíochta sínithe ag lárionaid oideachais le haghaidh na tacaíochta arna soláthar ag Aonaid Tionlacain agus Treoraíochta	—	Líon	0	6 000	R2	2026	Síneoidh 6000 ionad oideachais comhaontuithe rannpháirtíochta chun tacú le mic léinn leochaileacha arna soláthar ag Aonaid Tionlacain agus Treoraíochta. Soláthróidh gach pobal féinrialaitheach tuarascáil mheastóireachta maidir le soláthar seirbhísí.
312	C21.I4	T	Deontais arna ndámhachtain do thaighdeoirí iardhochtúireachta agus léachtóirí ollscoile	—	Líon	0	2 600	R2	2023	Deontais arna ndámhachtain do thaighdeoirí iardhochtúireachta agus léachtóirí ollscoile, do 2600 iarrthóir ar a laghad. Áirítear ar chuspóirí na ndeontas sin forbairt ghairmiúil a foirne teagaisc a chur chun cinn a d'fhéadfaí a chomhtháthú sa chóras amach anseo. Maoineofar leis na deontais tréimhsí taighde arna n-óstáil ag ollscoileanna agus ionaid taighde eachtracha, chomh maith le hollscoileanna na Spáinne agus gníomhairí poiblí eile de chuid Chóras Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta na Spáinne. Chuige sin, rannchuideoidh na deontais le tallann idirnáisiúnta a mhealladh. Soláthrófar na deontais faoi thrí chlár éagsúla, agus critéir shonracha á gcur i bhfeidhm ag brath ar an aidhm agus ar an spriocghrúpa agus mairfidh siad idir bliain amháin agus trí bliana ag brath ar an gclár agus ar an spriocghrúpa.
313	C21.I5	T	Inniúlachtaí digiteacha ollscoile agus oideachas		EUR	0	146 880 000	R4	2025	I réimsí an trealaimh dhigitigh, an oideachais dhigitigh, an ábhair oiliúna agus na gclár oiliúna, ardáin na seirbhíse digití, an bhonneagair dhigitigh nó na seirbhísí TFC, le haghaidh méid carnach iomlán EUR 146880000: • Deimhniú ón riarachán nó ó eintiteas poiblí go ndearnadh conarthaí (lena n-áirítear leasuithe), nó na codanna comhfhreagracha díobh. Is éard a bheidh sa ranníocaíocht i dtreo an mhéid charnaigh iomláin an méid a fheidhmeofar mar a shainmhínítear i ndeimhnithe glactha, i ráitis

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										chomhréireachta, i ndeimhnithe íocaíochta, i sonraisc arna síniú go cuí ag an riarachán mar shonraisc chomhréireacha, nó i ndoiciméid choibhéiseacha. • Fíorú arna dhéanamh ag an riarachán nó ag eintiteas poiblí ar an údar doiciméadach atá le híocaíochtaí deontais. Is éard a bheidh sa ranníocaíocht i dtreo an mhéid charnaigh iomláin an méid atá le fóirdheonú san fhíorú sin.
468	C21.I6	M	Foilsiú an Phlean Gníomhaíochta chun micridhintiúir ollscoile a fhorbairt	Foilsiú ar shuíomh gréasáin Aireacht na nOllscoileanna				R2	2023	Foilsiú plean gníomhaíochta chun creat a chruthú chun micridhintiúir a fhorbairt arna fhorbairt ag Aireacht na nOllscoileanna tar éis díospóireachtaí maidir le micridhintiúir in imeachtaí le páirtithe leasmhara ar shuíomh gréasáin na haireachta. Cumhdófar sa phlean gníomhaíochtaí (i) chun institiúidí foghlama ar feadh an tsaoil a dhéanamh d'ollscoileanna; éileamh ó dhaoine fásta agus óna bhfostóirí a spreagadh; (III) cáilíocht agus ábharthacht na micridhintiúr a chur chun cinn; (IV) tacú le cothromas rochtana; agus (v) conairí oiliúna pearsantaithe solúbtha a chruthú.
469	C21.I6	T	Deimhnithe le haghaidh micridhintiúr a eisítear		Líon	0	13 663	R2	2026	Eiseofar 13663 deimhniú le haghaidh micridhintiúr. Déantar duine a ghlacann páirt i roinnt gníomhaíochtaí oiliúna a chomhaireamh ar leithligh le haghaidh gach oiliúna ar ghlac sé páirt inti.

V. COMHCHUID 22: PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA MAIDIR LE GEILLEAGAR AN CHÚRAIM, BEARTAIS UM CHOMHIONANNAS AGUS CUIMSIÚ A NEARTÚ

Is é príomhchuspóir na comhpháirte sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne seirbhísí sóisialta agus beartais cuimsithe shóisialta a nuachóiriú agus a neartú. Leagtar béim ar leith ann ar shamhail an chúraim fhadtéarmaigh, arb é is aidhm di freagairt don éileamh méadaitheach ar sheirbhísí éagsúla cúraim fhadtéarmaigh mar gheall ar dhaonra atá ag dul in aois, nuálaíocht agus samhail chúraim dhuinelárnach a chur chun cinn atá dírithe ar straitéis dí-institiúidithe.

I réimse na seirbhísí sóisialta eile agus an chuimsithe shóisialta, áirítear ar na cuspóirí seirbhísí sóisialta a nuachóiriú agus a neartú, trí nuálaíocht agus teicneolaíochtaí nua a chur chun cinn chun soláthar ar fud na críche a áirithiú, riachtanais a shainaithint ar bhealach níos fearr agus a gcáilíocht a fheabhsú. I réimse na tacaíochta do theaghlaigh, is é is aidhm do ghníomhaíochtaí feabhas a chur ar an gcosaint dhlíthiúil agus ar an tacaíocht ábhartha (in airgead tirim agus tacaíocht chomhchineáil) do theaghlaigh, d'fhonn bochtaineacht leanaí a laghdú. Aidhm eile de chuid na comhpháirte is ea sochair shóisialta neamhranníocacha eile a nuachóiriú chun feabhas a chur ar a róil chosanta agus ghníomhachtaithe. Is é is aidhm do ghníomhaíochtaí spriocdhírithe sonracha tacú le híospartaigh an fhoréigin inscne, inrochtaineacht ar sheirbhísí poiblí a chur chun cinn, agus feabhas a chur ar acmhainneacht an chórais ghlactha d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta.

Rannchuidíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar na Moltaí Tírshonracha a bhaineann lena áirithiú go mbeidh sé d'acmhainn ag seirbhísí fostaíochta agus sóisialta tacaíocht éifeachtach a sholáthar (Moladh Sonrach Tíre 2 2019); feabhas a chur ar thacaíocht do theaghlaigh (Moladh Sonrach Tíre 2 2019); ilroinnt an chórais náisiúnta cúnaimh dífhostaíochta a laghdú agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí i gcumhdach na scéimeanna ioncaim íosta réigiúnacha (Moladh Sonrach Tíre 2 2019); agus feabhas a chur ar chumhdach agus leordhóthanacht scéimeanna tacaíochta ioncaim íosta agus teaghlaigh (Moladh Tírshonrach 2 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

V.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C22.R1) — Cúram fadtéarmach a neartú agus athrú ar shamhail na tacaíochta agus an chúraim fhadtéarmaigh a chur chun cinn

Is é is aidhm don athchóiriú samhail tacaíochta atá dírithe ar dhaoine agus bunaithe ar chearta. Táthar ag súil go gcuirfear feabhas ar an gCóras um Neamhspleáchas agus um Chúram Spleách (SAAD) trí athchóirithe a thabhairt isteach lena simpleofar nósanna imeachta riaracháin, lena gcuirfear dlús le próiseáil iarratas agus lena laghdófar liostaí feithimh do chleithiúnaithe nach bhfaigheann na seirbhísí a bhfuil siad ina dteideal chomh maith le difríochtaí ar fud na críche a laghdú. Díríonn sé freisin ar cháilíocht na seirbhísí gairmiúla a neartú, ar dhálaí oibre a fheabhsú agus ar chumhdach na gcineálacha éagsúla sochar airgeadais a mhéadú. Sa mheántéarma, tá an t-athchóiriú dírithe ar straitéis náisiúnta um dhí-institiúidiú a chur chun feidhme, ar samhail í atá dírithe ar chúram pobail lena bhfreastalaítear ar riachtanais agus ar roghanna na ndaoine a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu, agus cost-éifeachtúlacht á háirithiú ag an am céanna agus tacaíocht á tabhairt do na teaghlaigh atá ag tabhairt aire dóibh.

Beidh bunús an athchóirithe ar chúram fadtéarmach bunaithe ar mheastóireacht ar SAAD le linn 2021 chun tuiscint dhomhain a fháil ar dhul chun cinn an phróisis athchóirithe ar chúram fadtéarmach a tionscnaíodh in 2020 agus ar a thionchair. Cuirfear conclúidí na meastóireachta sin faoi bhráid na comhairle críochaí sa chéad leath de 2022.

Críochnófar cur chun feidhme an bhirt faoin 30 Meitheamh 2022.

Athchóiriú 2 (C22.R2) — Seirbhísí sóisialta poiblí a nuachóiriú agus creat rialála nua a thabhairt dóibh

Is é is cuspóir don athchóiriú seo sraith íosta chomhchoiteann seirbhísí sóisialta agus a mbunchoinníollacha a shainiú agus gealltanas a thabhairt iad a choinneáil ar bun.

Is éard atá i gceist leis an mbeart sin i) an gníomh dlí a bhaineann le comhaontú na Comhairle Críochaí a fhoilsiú san Iris Oifigiúil, a) lena sainítear agus lena ngealltar tacar íosta coiteann seirbhísí sóisialta agus a mbunchoinníollacha a choinneáil agus b) lena mbunaítear sásra oibre chun faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh air; agus ii) an gníomh dlí lena rialaítear córas faisnéise na seirbhísí sóisialta.

Athchóiriú 3a (C22.R3a) — Reachtaíocht a ghlacadh maidir le síneadh a chur le fad na saoire breithe le pá agus na saoire cúraim

Is é is cuspóir don bheart seo tacú le cothromaíocht oibre is saoil agus le folláine leanaí.

Is éard atá sa bheart seo teacht i bhfeidhm reachtaíochta lena leasaítear Reacht na nOibrithe, agus reachtaíocht ghaolmhar, chun síneadh a chur le fad na saoire breithe le pá agus na saoire cúraim.

Athchóiriú 4 (C22.R4) — An córas glactha d'imircigh agus d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a athchóiriú

Neartófar an córas glactha atá ann faoi láthair d'imircigh agus d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta sa Spáinn chun feabhas a chur ar a hacmhainneacht, chun é a chur in oiriúint do na riachtanais atá ann cheana agus a mheastar a bheidh ann amach anseo agus chun rannchuidiú lena dhéanamh níos éifeachtúla. Dírítear go háirithe ar amanna feithimh fada agus rátaí ísle aitheantais d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a laghdú. Agus córas níos láidre agus níos feidhmiúla ann, meastar go mbainisteofar géarchéimeanna imirce amach anseo ar bhealach níos rianúla.

Déanfar beartais ghlactha a chur in oiriúint do riachtanais daoine leochaileacha agus iarrthóirí tearmainn agus do chuspóirí lánpháirtíochta AE, rud a fhágfaidh go mbeidh an córas ina iomláine níos athléimní. Leagfar amach ann freisin leibhéal na sochar do sheirbhísí bunúsacha d'iarratasóirí nach bhfuil acmhainní airgeadais acu agus d'iarratasóirí a bhfuil próifíl níos leochailí acu a bhfuil cosaint fheabhsaithe de dhíth orthu, arb é is aidhm dóibh soláthar dálaí glactha i bhfoirm sochair airgeadais a íoslaghdú. Thairis sin, déanfar an córas lena gcumhdaítear seirbhísí agus conairí tionlacain a oiriúnú. Tabharfar aghaidh ann ar eagrú an chórais ghlactha ó thaobh críche de arb é is aidhm dó dlús a chur le glacadh cumhachtaí ag pobail uathrialacha mar a bhunaítear leis an gcásdlí, trí chúpla treoirthionscadal. Ar deireadh, déanfar na paraiméadair dáileacháin chríochaigh d'iarratasóirí i gcomhar leis na pobail fhéinrialaitheacha a chomhaontú.

Chun cur chun feidhme a áirithiú, bainfear úsáid as córas táscairí lena n-áirítear eilimintí amhail náisiúntacht, inscne, eitneacht, leochaileacht, coinníollacha sa tír thionscnaimh, etc. i bhfoirmle ualaithe lena bhféadfar ríomh oibiachtúil a dhéanamh ar an dóchúlacht go ndeonófar cosaint dó. Fad a bheidh na hiarratais á bpróiseáil, cuirfidh toradh na foirmle ar chumas na n-údarás atá freagrach as glacadh iarratasóirí a threorú i dtreo an riain glactha bhunúsaigh nó fheabhsaithe. Beidh feidhm aige sin freisin maidir leis na sochair chomhfhreagracha. Leis sin, beifear in ann dálaí glactha bunúsacha

a chur i bhfeidhm do gach iarrthóir tearmainn agus dálaí glactha feabhsaithe dóibh siúd a bhfuil dóchúlacht ard aitheantais acu.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Márta 2022.

Athchóiriú 5 (C22.R5) — Feabhas a chur ar chóras shochair airgeadais neamhranníocach Riarachán Ginearálta an Stáit

Is é is cuspóir don bheart seo tacú le daoine atá i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta.

Is éard atá sa bheart seo formheas na scéime um Ioncam Beatha Íosta (IMV), glacadh plean chun an córas sochar airgeadais neamhranníocach a atheagrú agus a shimpliú agus teacht i bhfeidhm an ghnímh dlí lena leasaítear Foraithne Ríoga 789/2022 lena rialaítear an tIoncam Beatha Íosta, chun na rialacha maidir le comhoiriúnacht IMV le hioncam ó fhostaíocht nó ó fhéinfhostaíocht a leasú.

Athchóiriú 6 (C22.R6) — Bearta chun tacú le comhionannas inscne in oifig phoiblí agus i gceapadh beartas agus chun cosaintí saothair a fheabhsú

Is é is cuspóir don athchóiriú seo cosaintí d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh a neartú, ionadaíocht atá cothrom ó thaobh inscne de a chur chun cinn ar fud na n-institiúidí polaitiúla agus bunreachtúla, agus feabhas a chur ar an gcumas institiúideach aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí inscne sa bheartas poiblí agus iad a laghdú.

Is éard atá i gceist leis an mbeart sin teacht i bhfeidhm reachtaíochta lena leathnaítear cosaintí ceart fostaíochta chuig íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh agus lena mbunaítear rialacha maidir le paireacht inscne i liostaí toghcháin agus ionadaíocht atá cothrom ó thaobh inscne de i gcomhlachtaí bunreachtúla agus i gcomhlachtaí a bhfuil tábhacht bhunreachtúil ag baint leo, agus i gceapacháin rialtasacha. Is éard atá ann freisin ordú aireachta a ghlacadh lena mbunaítear comhairle chomhairleach maidir leis an mbearna idir na hinscní chun comhairle a chur ar an Aireacht um Chuimsiú, Slándáil Shóisialta agus Imirce maidir le ceapadh, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar bheartais atá dírithe ar an mbearna idir na hinscní a laghdú.

Infheistíocht 1 (C22.I1): Bonneagar, trealamh, digitiú, feachtais for-rochtana, samhlacha idirghabhála nua, agus feithiclí astaíochtaí ísle le haghaidh seirbhísí sóisialta.

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo tacú le neamhspleáchas pearsanta, maireachtáil neamhspleách nó seirbhísí sóisialta agus cúraim.

Is éard atá i gceist leis an mbeart sin sé thionscadal phíolótacha a chur i gcrích arb é is aidhm dóibh borradh a chur faoin dí-institiúidiú, i ngníomhaíochtaí lena dtacaítear le neamhspleáchas pearsanta, le maireachtáil neamhspleách nó le soláthar seirbhísí cúraim, agus i réimse na seirbhísí sóisialta i ndáil leis an méid seo a leanas: bonneagar a thógáil, a fháil, a athchóiriú nó a oiriúnú; nó (ii) trealamh nó fearastuithe a fháil; nó (iii) digitiú, córais nó ardáin faisnéise chun seirbhísí sóisialta a bhainistiú; nó (iv) oiliúint dhigiteach d'úsáideoirí seirbhísí sóisialta nó do ghairmithe seirbhísí sóisialta; nó (v) feachtais feasachta nó for-rochtana nó oiliúint lena ndírítear ar theaghlaigh altrama nua a earcú, ar phrótacail nua a dhearadh, nó ar shamhlacha idirghabhála a chur chun feidhme, a phíolótú nó meastóireacht tosaigh a dhéanamh orthu chun seirbhísí sóisialta a sholáthar; nó (vi) feithiclí astaíochtaí ísle a fháil (feithiclí ceallra-leictreacha, feithiclí hibrideacha inluchtaithe nó feithiclí breosla-chille).

Infheistíocht 2 (C22.I2): Nuachóiriú na Seirbhísí Sóisialta: Uirlisí teicneolaíochta agus treoirthionscadail

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo tacú leis an gclaochlú teicneolaíoch agus le treoirthionscadail le haghaidh seirbhísí sóisialta.

Is éard atá i gceist leis an mbeart seo uirlisí teicneolaíochta a bhunú le haghaidh córais faisnéise agus bainistíochta seirbhísí sóisialta, chomh maith le treoirthionscadail a chur i gcrích i réimse na seirbhísí sóisialta.

Infheistíocht 3 (C22.I3): Plean Tíre Inrochtana na Spáinne

Is é is cuspóir don bheart seo infheistíocht a dhéanamh i réimse na hinrochtaineachta do dhaoine faoi mhíchumas.

Is éard atá sa bheart seo infheistíochtaí i réimsí na hinrochtaineachta cognaíche i gcumarsáid le húdaráis phoiblí (lena n-áirítear suíomhanna gréasáin), rochtain fhisiciúil ar fhoirgnimh phoiblí agus ar spásanna poiblí lena n-áirítear saoráidí sláinte agus oideachais, iompar poiblí, tithíocht phríobháideach, oibreacha oiriúnaithe agus trealamh a cheannach ag bardais, oiliúint, feachtais chumarsáide agus feasachta, agus tionscadail TFN i réimse na hinrochtaineachta cognaíche.

Infheistíocht 4 (C22.I4): Plean: cosnaíonn an Spáinn thú ar fhoréigean in aghaidh na mban

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo tacaíocht a chur ar fáil d'íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban trí sheirbhísí inrochtana agus saoráidí cúraim.

Is éard atá i gceist leis an mbeart sin seirbhís treorach sóisialta agus fostaíochta a chur ar bun d'íospartaigh na gáinneála agus an teacht i dtír ghnéasaigh, 52 ionad d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh ('centros de crisis', 'centros de atención integral', agus a leithéid), ar aonaid shoghluaiste iad 6 cinn díobh, agus chun foláireamh agus tacair de ghléasanna faireacháin scartha a cheannach, feidhmchlár móibíleach, agus ardán mórshonraí agus intleachta saorga.

Infheistíocht 5 (C22.I5): Tógáil, fáil nó athchóiriú ionad d'imircigh nó d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo acmhainneacht ghlactha na Spáinne a mhéadú d'imircigh nó d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta.

Is éard atá i gceist leis an mbeart sin ionaid d'imircigh nó d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a thógáil, a fháil nó a athchóiriú (lena n-áirítear atreisiú struchtúrach ar chodanna de lárionad, nó trealamh nó fearastuithe a cheannach).

V.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne le haghaidh gach táscaire mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
314	C22.R1	M	Formheas na Comhairle Críochaí ar an meastóireacht ar an gCóras um Neamhspleáchas agus um Chúram Spleách (SAAD)	Foilsiú na meastóireachta				R2	2022	Déanfar an mheastóireacht le linn 2021 chun tuiscint dhomhain a fháil ar dhul chun cinn an phróisis athchóirithe ar chúram fadtéarmach a tionscnaíodh in 2020 agus ar a thionchair. Cuirfear conclúidí na meastóireachta sin faoi bhráid na comhairle críochaí sa chéad leath de 2022.
315	C22.R2	M	An Comhaontú ó Chomhairle Chríochach na Seirbhísí Sóisialta a fhoilsiú san Iris Oifigiúil agus na gníomhartha dlí ábhartha a fhormheas	Comhaontuithe na Comhairle Críochaí a fhoilsiú san Iris Oifigiúil agus foráil sna gníomhartha dlí lena léirítear a dteacht i bhfeidhm				R2	2026	An méid seo a leanas a fhoilsiú san Iris Oifigiúil: i) An gníomh dlí a bhaineann le comhaontú na Comhairle Críochaí a) lena sainítear agus lena ngealltar tacar íosta coiteann de sheirbhísí sóisialta agus a mbunchoinníollacha a choinneáil, agus b) lena mbunaítear sásra oibre chun faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh air. ii) An gníomh dlí lena rialaítear córas faisnéise na seirbhísí sóisialta.
316a	C22.R3a	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí Foraithne Ríoga chun síneadh a chur le fad na saoire breithe le pá agus na saoire cúraim	Foráil sa Dlí Foraithne Ríoga lena sonraítear an teacht i bhfeidhm				R4	2025	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta chun síneadh a chur le fad na saoire breithe le pá agus na saoire cúraim.
317	C22.R4	M	Teacht i bhfeidhm an athchóirithe reachtaigh ar an gcóras glactha d'imircigh agus d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta sa Spáinn	Foráil san ordú lena léirítear teacht i bhfeidhm an ordaithe				RÁITHE 1	2022	Le hOrdú Lárnach Aireachta, déanfar athchóiriú ar an gcóras glactha d'imircigh agus d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta sa Spáinn arna ghlacadh ag an Aireacht um Chuimsiú, Slándáil Shóisialta agus Imirce. Is iad cuspóirí an athchóirithe nósanna imeachta glactha nua a fhorbairt do na hionaid uile sa líonra glactha agus dálaí glactha bunúsacha a aithint do gach iarrthóir tearmainn agus dálaí glactha feabhsaithe dóibh siúd a bhfuil dóchúlacht ard aitheantais acu.
318	C22.R5	M	Teacht i bhfeidhm Dhlí Foraithne Ríoga 20/2020 an 29 Bealtaine lena bhformheastar an t-ioncam beatha íosta	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an Dlí				R2	2020	Teacht i bhfeidhm an Ioncaim Beatha Íosta (Dlí Foraithne Ríoga 20/2020 an 29 Bealtaine).
319	C22.R5	M	Foilsiú an 'Plean chun córas na sochar airgeadais neamhranníocach de chuid Riarachán Ginearálta an Stáit a atheagrú agus a shimpliú'	An Plean a fhoilsiú san Iris Oifigiúil				R3	2022	'Plean chun córas na sochar airgeadais neamhranníocach de chuid Riarachán Ginearálta an Stáit a atheagrú agus a shimpliú' a ghlacadh (foilsiú san Iris Oifigiúil). Beidh sé d'aidhm ag an bPlean na sochair neamhranníocacha a chomhtháthú timpeall ar ionstraim cumhdaigh ioncaim chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht acmhainní poiblí a fheabhsú agus iad a dhíriú ar dhaoine atá i mbaol leochaileachta nó eisiaimh shóisialta. Díreofar sa phlean sin ar chumhdach iomchuí na n-imthosca éagsúla as a n-eascraíonn leochaileacht daoine chomh maith le leordhóthanacht na tacaíochta ioncaim. Chuige sin, cuirfidh sé

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										san áireamh, ar thaobh amháin, riachtanais struchtúracha amhail teaghlaigh a bhfuil leanaí acu agus daoine faoi mhíchumas agus, ar an taobh eile, nascfaidh sé tacaíocht ioncaim le cuardach gníomhach poist le haghaidh cuimsiú agus seachnóidh sé 'sáinneacha bochtaineachta'. Breithneofar sa Phlean gach neamhranníocach atá ann cheana d'fhonn iad a chomhtháthú de réir a chéile agus le himeacht ama i gcóras náisiúnta aonair chun a áirithiú go mbainfear amach sprioc an phlean go hiomlán. Chun críocha an tsocraithe oibríochtúil, meastar gur táscaire cáilíochtúil ar an teacht i bhfeidhm é foilsiú ar an suíomh gréasáin oifigiúil ábhartha.
320a	C22.R5	M	Teacht i bhfeidhm an ghnímh dlí maidir leis an Ioncam Beatha Íosta	Foráil sa ghníomh dlí lena léirítear an teacht i bhfeidhm				R4	2025	Teacht i bhfeidhm an ghnímh dlí lena leasaítear Foraithne Ríoga 789/2022 lena rialaítear an tIoncam Beatha Íosta (IMV), lena leasaítear na rialacha maidir le comhoiriúnacht IMV le hioncam ó fhostaíocht nó ó fhéinfhostaíocht.
412a	C22.R6	M	Teacht i bhfeidhm an dlí maidir le hionadaíocht chomhionann agus láithreacht chothrom na mban agus na bhfear, agus teacht i bhfeidhm an ordaithe aireachta lena mbunaítear agus lena rialaítear comhairle chomhairleach maidir leis an mbearna idir na hinscní	Foráil sa ghníomh dlí lena sonraítear an teacht i bhfeidhm nó an dáta éifeachta				R2	2026	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta lena leathnaítear cosaintí ceart fostaíochta chuig íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh agus lena mbunaítear rialacha maidir le paireacht inscne i liostaí toghcháin agus ionadaíocht atá cothrom ó thaobh inscne de i gcomhlachtaí bunreachtúla agus i gcomhlachtaí a bhfuil tábhacht bhunreachtúil ag baint leo, agus i gceapacháin chuig Leas-Uachtaráin an Rialtais agus chuig oifigí aireachta. Teacht i bhfeidhm ordaithe aireachta lena mbunaítear comhairle chomhairleach maidir leis an mbearna idir na hinscní chun comhairle a chur ar an Aireacht um Chuimsiú, Slándáil Shóisialta agus Imirce maidir le ceapadh, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar bheartais atá dírithe ar an mbearna idir na hinscní a laghdú.
321	C22.I1	T	Tionscadail arna gcur i gcrích ag an Aireacht um Chearta Sóisialta agus Clár Oibre 2030		Líon	0	6	R2	2023	6 thionscadal phíolótacha maidir le cúram dí-institiúidithe a chur i gcrích, a ndíríonn ceann amháin acu ar thacaíocht agus ar chúram do dhaoine faoi mhíchumas intleachta.
322	C22.I1	T	Gníomhaíochtaí a thacaíonn le neamhspleáchas pearsanta, maireachtáil neamhspleách agus seirbhísí cúraim		EUR (milliúin)	0	304	R2	2026	Le haghaidh gníomhaíochtaí lena dtacaítear le neamhspleáchas pearsanta, maireachtáil neamhspleách nó soláthar seirbhísí cúraim, dar méid carnach iomlán EUR 304000000: Deimhniú ón riarachán nó ó eintiteas poiblí go ndearnadh conarthaí agus comhaontuithe (convenios) (lena n-áirítear leasuithe), nó na codanna comhfhreagracha díobh. Is éard a

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										bheidh sa ranníocaíocht i dtreo an mhéid charnaigh iomláin na ráitis chomhréireachta, na deimhnithe íocaíochta, na sonraisc arna síniú go cuí mar shonraisc atá i gcomhréir leis an riarachán, nó doiciméid choibhéiseacha. Fíorú arna dhéanamh ag an riarachán nó ag eintiteas poiblí ar an údar doiciméadach atá le híocaíochtaí deontais. Is éard a bheidh sa ranníocaíocht i dtreo an mhéid charnaigh iomláin an méid atá le fóirdheonú san fhíorú sin.
323	C22.I1	T	Bonneagar, trealamh, digitiú, feachtais for-rochtana, samhlacha idirghabhála, agus feithiclí astaíochtaí ísle i réimse na seirbhísí sóisialta		EUR (milliúin)	0	1 805	R2	2026	I réimse na seirbhísí sóisialta agus i dtaca leis an méid seo a leanas: bonneagar a thógáil, a fháil, a athchóiriú nó a oiriúnú; nó (ii) trealamh nó fearastuithe a fháil; nó (iii) digitiú, córais faisnéise, nó ardáin chun seirbhísí sóisialta a bhainistiú; nó (iv) oiliúint dhigiteach d'úsáideoirí seirbhísí sóisialta nó do ghairmithe seirbhísí sóisialta; nó (v) feachtais feasachta nó for-rochtana nó oiliúint lena ndírítear ar theaghlaigh altrama nua a earcú, ar phrótacail nua a dhearadh, nó ar shamhlacha idirghabhála a chur chun feidhme, a phíolótú nó a mheas den chéad uair chun seirbhísí sóisialta a sholáthar; nó (vi) feithiclí astaíochtaí ísle a fháil (feithiclí ceallra-leictreacha, feithiclí hibrideacha inluchtaithe, nó feithiclí breosla-chille), ar mhéid carnach iomlán EUR 1805000000: Déanfaidh eintitis is faighteoirí nó daoine aonair is faighteoirí tuarascálacha críochnaitheacha lena ndeimhnítear tabhairt chun críche na dtionscadal arna ndámhachtain a chur isteach le haghaidh deontas. Is é an méid a dhámhfar ar an tionscadal a bheidh sa ranníocaíocht i dtreo an mhéid charnaigh iomláin; agus Deimhniú ón riarachán, nó ó eintiteas poiblí, go ndearnadh conarthaí nó comhaontuithe (lena n-áirítear aon leasú), nó codanna díobh. Is éard a bheidh sa ranníocaíocht i dtreo an mhéid charnaigh iomláin an méid a fheidhmeofar mar a shainmhínítear i ndeimhnithe glactha, i ráitis chomhréireachta, i ndeimhnithe íocaíochta nó i ndoiciméid choibhéiseacha.
324	C22.I2	M	Uirlisí teicneolaíochta a chur ar bun le haghaidh córais faisnéise agus bainistíochta seirbhísí sóisialta	Deimhnithe glactha, ráitis chomhréireachta nó a gcoibhéis lena ndeimhnítear				R4	2025	Deimhniú ón riarachán gur comhlíonadh conarthaí, chun na huirlisí teicneolaíochta seo a leanas a chur ar bun: i. Córas Faisnéise Stáit na Seirbhísí Sóisialta (SIESS) agus uirlisí teileamaitice an Chórais Faisnéise Stáit chun Seirbhísí Sóisialta a Bhainistiú (SEGISS);

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
				gur cuireadh conarthaí i gcrích						ii. Uirlis teileamaitice chun anailís a dhéanamh ar thionscadail arna ndéanamh ag eintitis tríú hearnáil; iii. Uirlisí teileamaitice le haghaidh bainistiú creidmheasa agus le haghaidh gníomhaíochtaí óige agus ógántachta; agus iv. Ardán ar líne: seirbhís tairsí gréasáin léarscáile CARE.
471	C22.I2	T	Treoirthionscadail i réimse na seirbhísí sóisialta		Líon	0	19	R2	2026	Fíorú arna dhéanamh ag an riarachán nó ag eintiteas poiblí ar an údar doiciméadach le híocaíochtaí deontais a bhaineann le 19 dtreoirthionscadal san iomlán i réimse na seirbhísí sóisialta.
326	C22.I3	T	Infheistíochtaí san inrochtaineacht		EUR (milliúin)	0	103,5	R4	2025	Infheistíochtaí in inrochtaineacht sna réimsí seo a leanas: i. inrochtaineacht chognaíoch i gcumarsáid le húdaráis phoiblí (lena n-áirítear suíomhanna gréasáin); ii. rochtain fhisiciúil ar fhoirgnimh phoiblí agus ar spásanna poiblí, lena n-áirítear saoráidí sláinte agus oideachais; iii. iompar poiblí; iv. tithíocht phríobháideach; v. oibreacha oiriúnaithe agus ceannach trealaimh ag bardais; vi. oiliúint, cumarsáid agus feachtais feasachta; vii. Tionscadail TFN i réimse na hinrochtaineachta cognaíche. le haghaidh méid carnach iomlán EUR 103500000: - Deimhniú ón riarachán nó ó eintiteas poiblí go ndearnadh conarthaí agus comhaontuithe (convenios) (lena n-áirítear leasuithe), nó na codanna comhfhreagracha díobh. Is éard a bheidh sa ranníocaíocht i dtreo an mhéid charnaigh iomláin an méid a fheidhmítear mar a shainmhínítear i ndeimhnithe glactha, i ráitis chomhréireachta, i ndeimhnithe íocaíochta, i sonraisc arna síniú go cuí mar shonraisc atá i gcomhréir leis an riarachán, nó i ndoiciméid choibhéiseacha. - Fíorú arna dhéanamh ag an riarachán nó ag eintiteas poiblí ar an údar doiciméadach atá le híocaíochtaí deontais. Is éard a bheidh sa ranníocaíocht i dtreo an mhéid charnaigh iomláin an méid atá le fóirdheonú san fhíorú sin.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
473	C22.I4	M	Cineálacha éagsúla seirbhísí a chur ar bun d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta				RÁITHE 1	2023	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta lena gcruthaítear an ceart d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh seirbhísí treorach sóisialta agus fostaíochta a fháil, lena n-áirítear comhairle dlí, tacaíocht shíceolaíoch agus mhothúchánach, agus cúnamh do lánpháirtiú i margadh an tsaothair.
472	C22.I4	M	Ceannach feistí foláirimh agus sraitheanna feistí faireacháin scartha, agus seirbhísí chun tacú le híospartaigh	Deimhnithe glactha, ráitis chomhréireachta nó a gcoibhéis lena ndeimhnítear gur cuireadh conarthaí i gcrích				R2	2026	Deimhniú ón riarachán nó ó eintiteas poiblí go ndearnadh conarthaí (lena n-áirítear aon leasú), maidir le 9500 gaireas foláirimh agus 7600 tacar de ghairis faireacháin scartha, feidhmchlár móibíleach agus ardán mórshonraí agus Intleachta Saorga a cheannach.
327	C22.I4	T	Ionaid d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh		Líon	0	52	R4	2025	Deimhniú ón riarachán go ndearnadh conarthaí (lena n-áirítear aon leasú), nó cruthúnas ar cheannach, a bhaineann le 52 ionad a bhunú d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh ('centros de crisis', 'centros de atención integral', agus a leithéid), a bhfuil 6 cinn díobh ina n-aonaid shoghluaiste.
328	C22.I5	M	Tógáil, fáil nó athchóiriú ionad d'imircigh nó d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta	Deimhnithe glactha, deimhnithe maidir le hoibreacha a chur i gcrích, ráitis chomhréireachta nó a gcoibhéis lena ndeimhnítear gur cuireadh conarthaí i gcrích agus cruthúnas ar cheannach le haghaidh éadálacha				R2	2026	I réimse na tógála, na héadála nó an athfheistithe (lena n-áirítear athneartú struchtúrach ar chodanna de lárionad, nó ceannach trealaimh nó fearastuithe) lárionad d'imircigh nó d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta ar mhéid carnach iomlán EUR 102251654: • Deimhniú ón riarachán, nó ó eintiteas poiblí, go ndearnadh conarthaí nó comhaontuithe (lena n-áirítear aon leasú), nó codanna comhfhreagracha díobh; nó • Deimhnithe ar chur i gcrích oibreacha (certificado final de obra) arna síniú ag bainisteoir an láithreáin (stiúrthóir de obra); nó • Cruthúnas ar cheannach lárionaid nó na talún chun lárionad a thógáil a rannchuidíonn leis an ngarsprioc sin. Is éard a bheidh sa ranníocaíocht i dtreo an mhéid charnaigh iomláin an méid a fheidhmítear mar a shainmhínítear i ndeimhnithe glactha, i ndeimhnithe críochnaithe oibreacha, i ráitis chomhréireachta, i ndeimhnithe íocaíochta, i gcruthúnas ceannaigh le haghaidh éadálacha nó i ndoiciméid choibhéiseacha.

V.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht iasachta

Infheistíocht 6 (C22.I6): An Ciste um Thionchar Sóisialta (FIS)

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i Saoráid, an Ciste Tionchair Shóisialta, chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú in earnáil tionchair shóisialta na Spáinne, go háirithe tionscadail a rannchuidíonn le réitigh shóisialta agus chomhshaoil, agus na nósanna imeachta tomhais tionchair agus bainistíochta arna mbunú le dea-chleachtais an tionscail (GIIN agus eile) á gcur san áireamh, agus chun margaí caipitil a fhorbairt sna réimsí sin. Oibreoidh an tSaoráid sin trí iasachtaí, infheistíochtaí cothromais agus infheistíochtaí cuasachothromais a sholáthar go díreach, nó trí idirghabhálaithe, don earnáil phríobháideach, agus d'eintitis san earnáil phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d'aidhm ag an tSaoráid maoiniú EUR 400000000 ar a laghad a chur ar fáil ar dtús.

Is é Compañía Española de Financiación del Desarrollo (COFIDES) a bhainisteoidh an tSaoráid mar chomhpháirtí cur chun feidhme. Ionchorprófar na trí líne táirgí seo a leanas sa tSaoráid:

- Suibscríobh scaireanna i gcistí infheistíochta a bhfuil tionchar sóisialta acu. Ceannóidh an líne sin scaireanna i meáin infheistíochta, arna mbainistiú ag bainisteoirí airgeadais príobháideacha, arb é is aidhm dóibh infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail shóisialta agus chomhshaoil ag gach céim aibíochta. Beidh an ceannach teoranta do 25 % de scaireanna iomlána gach ciste, ach amháin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, ina bhféadfadh méadú teacht ar an gcéatadán sin, cé nach rachaidh sé thar 49 %. Ina theannta sin, ní cheannóidh an tSaoráid scaireanna de níos mó ná dhá chiste atá á mbainistiú ag an mbainisteoir airgeadais céanna, mura mbeidh ceann amháin den dá chiste i dtréimhse dífheistithe agus mura mbeidh 50 % ar a laghad de na sócmhainní atá faoi bhainistíocht dí-infheistithe aici.
- Comhinfheistíocht nó cómhaoiniú, trí chothromas nó ionstraimí fiachais eile, i dtionscadail a bhfuil tionchar intomhaiste sóisialta nó comhshaoil acu nó i gcuideachtaí a bhfuil gealltanas tugtha acu tionscadail nua a bhfuil na saintréithe sin acu a chur i gcrích. Déanfaidh an líne sin tionscadail a chomhinfheistiú nó a chómhaoiniú le cistí poiblí nó príobháideacha eile, lena n-áirítear, b'fhéidir, iad siúd ar cheannaigh an tSaoráid scaireanna ina leith.
- Iasachtaí díreacha agus iasachtaí rannpháirtíochta i gcuideachtaí a dhéanfaidh tionscadail a mbeidh tionchar intomhaiste sóisialta nó comhshaoil acu.

Cumhdófar leis an infheistíocht sin freisin Saoráid um Chúnamh Teicniúil (TAF), arb é is aidhm di feabhas a chur ar acmhainneachtaí na dtairbhithe a dtionchar ar a dtionscadail infheistíochta a bhainistiú agus a thomhas. Tacóidh sé freisin le bainistíocht fhónta airgeadais na Saoráide. Déanfaidh COFIDES TAF a bhainistiú agus tabharfar leithdháileadh tosaigh suas le EUR 8 milliún dó.

Chun an infheistíocht sa tSaoráid a chur chun feidhme, formheasfaidh an Spáinn rialachán, agus aon doiciméad gaolmhar, chun an tSaoráid a chruthú agus a bhainistiú ina mbeidh an t-ábhar seo a leanas:

1) Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na Saoráide: Déanfaidh coiste infheistíochta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile cinneadh infheistíochta tosaigh na Saoráide agus formheasfaidh tromlach na vótaí é ó chomhaltaí atá neamhspleách ar Rialtas na Spáinne. Beidh cinneadh infheistíochta críochnaitheach na Saoráide teoranta d'fhormheas (gan mhodhnuithe) nó d'fheidhmiú cirt crosta ar chinneadh infheistíochta arna mholadh ag an gcoiste infheistíochta nó ag an gcomhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha. I gcás infheistíochtaí idirghafa, is iad na hidirghabhálaithe a dhéanfaidh an cinneadh infheistíochta deiridh.

2) Príomhcheanglais an bheartais infheistíochta ghaolmhair, lena n-áireofar:
   a) An tuairisc ar na táirgí airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart.
   b) Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a dtacaítear leo inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.
   c) Toirmeasc ar aon iasacht gan íoc a athmhaoiniú.
   d) An ceanglas an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01), go háirithe:

      i) I gcás iasachtaí, bannaí tionscadail nó ionstraimí coibhéiseacha: eisiafar an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht leis an mbeartas infheistíochta: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[129], (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[130], (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla.
      ii) I gcás cothromais, cuasachothromais, bannaí corparáide nó ionstraimí coibhéiseacha: ní áireofar sa bheartas infheistíochta cuideachtaí a bhfuil fócas suntasach acu[131] sna hearnálacha seo a leanas: (i) táirgeadh fuinnimh atá bunaithe ar bhreosla iontaise agus gníomhaíochtaí gaolmhara[132]; (II) tionscail dianfhuinnimh agus/nó tionscail ard-astaíochta CO2[133]; (III) feithiclí truaillitheacha a tháirgeadh, a ligean ar cíos nó a dhíol[134]; (IV) bailiú dramhaíola, cóireáil dramhaíola agus diúscairt dramhaíola[135], (v) breosla núicléach a phróiseáil, fuinneamh núicléach a tháirgeadh

[129] Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[130] Lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha. I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[131] Meastar go bhfuil 'fócas substaintiúil' ag Tairbhí Críochnaitheach ar earnáil nó ar ghníomhaíocht ghnó má shainaithnítear an earnáil nó an ghníomhaíocht sin mar chuid fhíor-riachtanach de ghníomhaíocht ghnó an Tairbhí Deiridh faoi seach i ndáil le hollioncam, brabús nó bonn cliant an Tairbhí Deiridh. Ní rachaidh an t-ollioncam a ghinfear ón earnáil nó ón ngníomhaíocht shrianta, in aon chás, thar 50 % den ollioncam.

[132] Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[133] Lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha. I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[134] Sainmhínítear feithiclí truaillitheacha mar fheithiclí nach feithiclí astaíochtaí nialasacha iad.

[135] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le gléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó

iii) Thairis sin, ceanglófar leis an mbeartas infheistíochta go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha thairbhithe deiridh na Saoráide.

e) An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

3) An méid a chumhdaítear leis na rialacháin agus aon doiciméad gaolmhar lena mbunaítear an tSaoráid, an struchtúr táillí le haghaidh an Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme agus an ceanglas aon athshreabha a athinfheistiú de réir bheartas infheistíochta na Saoráide mura n-úsáidtear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.

4) Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:

a) An tuairisc ar chóras faireacháin an chomhpháirtí cur chun feidhme chun tuairisciú a dhéanamh ar an infheistíocht a slógadh.

b) An tuairisc ar nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme lena n-áiritheofar go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.

c) An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sna rialacháin lena mbunaítear an tSaoráid sula ngeallfaidh sé oibríocht a mhaoiniú.

d) An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta COFIDES. Fíoróidh na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; II) comhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh', na rialacha maidir le Státchabhair, na ceanglais maidir leis an aeráid agus maidir leis an sprioc dhigiteach; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas atá ar an idirghabhálaí a fhíorú go dtíolacann an tairbhí deiridh dearbhú freagrach chun rialú a dhéanamh ar cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear an costas céanna le hionstraim eile de chuid an Aontais. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha an rialacháin is infheidhme agus na ndoiciméad gaolmhar lena mbunaítear an tSaoráid agus na Comhaontuithe Cistiúcháin á n-urramú.

5) Ceanglais maidir le hidirghabhálaithe airgeadais a roghnú: Roghnóidh COFIDES idirghabhálaithe airgeadais ar bhealach oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Déanfar rialuithe maidir le heaspa coinbhleachta leasa ar idirghabhálaithe airgeadais agus déanfar iad ex-ante trí chóras TF amhail Minerva do na gníomhaithe airgeadais uile lena mbaineann.

6) Ceanglas chun Comhaontuithe Cistiúcháin a shíniú: Síneoidh COFIDES Comhaontuithe Cistiúcháin leis na hidirghabhálaithe airgeadais i gcomhréir leis na príomhcheanglais a sholáthrófar mar chuid de na doiciméid ghaolmhara lena mbunaítear an tsaoráid. Áireofar i bpríomhcheanglais an Chomhaontaithe Cistiúcháin na ceanglais uile faoina n-oibríonn an tSaoráid, lena n-áirítear:

a) An oibleagáid atá ar an idirghabhálaí airgeadais a chinntí a dhéanamh *mutatis mutandis i gcomhréir leis na ceanglais maidir* le cinnteoireacht agus beartas infheistíochta a shonraítear thuas, lena n-áirítear maidir le hurramú an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh'.

b) An tuairisc ar an gcreat faireacháin agus iniúchóireachta agus rialaithe a chuirfidh an t-idirghabhálaí airgeadais i bhfeidhm, a bheidh *mutatis mutandis* faoi réir na gceanglas faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe uile a shonraítear thuas.

V.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme le haghaidh tacaíocht iasachta

luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne le haghaidh gach táscaire mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (don sprioc)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus cuspóir
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
L72	C22.I6	M	An Ciste um Thionchar Sóisialta: Rialachán lena mbunaítear an tSaoráid	Teacht i bhfeidhm an rialacháin lena mbunaítear an tSaoráid				R2	2023	Teacht i bhfeidhm an rialacháin, agus aon doiciméad gaolmhar, lena mbunaítear an tSaoráid.
L73	C22.I6	M	An Ciste um Thionchar Sóisialta: Comhaontuithe maoiniúcháin dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) agus cur i gcrích na hinfheistíochta	Comhaontuithe maoiniúcháin dlíthiúla agus deimhniú aistrithe				R2	2026	Beidh comhaontuithe maoiniúcháin dlíthiúla déanta ag an tSaoráid, agus ag idirghabhálaithe arna roghnú ag COFIDES, le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) ar mhéid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Aistreoidh an Spáinn EUR 400000000 chuig an tSaoráid.

W. COMHCHUID 23: BEARTAIS PHOIBLÍ NUA LE HAGHAIDH MARGADH SAOTHAIR DINIMICIÚIL, ATHLÉIMNEACH AGUS CUIMSITHEACH

Leis an gcomhpháirt de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne, tugtar aghaidh ar dhúshláin struchtúracha thábhachtacha mhargadh saothair na Spáinne. Is iad na príomhchuspóirí atá leis dífhostaíocht struchtúrach agus dífhostaíocht i measc na hóige a laghdú, úsáid fhorleathan conarthaí sealadacha a laghdú agus déacht an mhargaidh saothair a cheartú, infheistíocht i gcaipiteal daonna a mhéadú, ionstraimí cómhargála a nuachóiriú agus éifeachtacht agus éifeachtúlacht beartas gníomhach maidir leis an margadh saothair a mhéadú.

Áireofar sa chomhpháirt infheistíochtaí ábhartha, a chomhlánaíonn iad siúd arna gcistiú ag na Cistí Struchtúracha (go háirithe Ciste Sóisialta na hEorpa), arb é is aidhm dóibh tionchar na n-athchóirithe ar chruthú post ardcháilíochta, ar ghnóthachain táirgiúlachta agus ar laghdú bearnaí sóisialta, críochacha agus inscne a uasmhéadú.

Ar an iomlán, is é is aidhm do na bearta a áirítear sa chomhpháirt aghaidh a thabhairt ar dhúshláin sheanbhunaithe mhargadh saothair na Spáinne agus sraith athchóirithe uaillmhianacha comhleanúnacha a chur i láthair, agus an chuid is mó díobh le cur i gcrích faoi dheireadh 2021. Tá cuid de na tograí le haghaidh athchóiriú á bplé faoi láthair leis na comhpháirtithe sóisialta trí phróiseas idirphlé shóisialta. Dá bhrí sin, fágadh roinnt sonraí ar oscailt go sainráite d'fhonn dóthain spáis a fhágáil don chomhaontú agus don fhormhuiniú ó na comhpháirtithe sóisialta.

Tugann an chomhpháirt aghaidh ar na Moltaí Tírshonracha maidir le haistrithe i dtreo conarthaí neamhiata agus maidir le dreasachtaí fruilithe, maidir le seirbhísí fostaíochta poiblí, beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair agus foghlaim aosach, maidir le cosaint dífhostaíochta, na scéimeanna ioncaim íosta agus maidir le caomhnú post (Moltaí Tírshonracha 2 2019 agus 2 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

W.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C23.R1) — Teilea-obair a rialáil

Leis an athchóiriú sin, bunófar creat rialála chun cianobair a sholáthar arb é is cuspóir dó cosaint agus solúbthacht oibrithe a fheabhsú agus táirgiúlacht ghnó á caomhnú ag an am céanna. Is éard a bheidh ann formheas dhá Dhlí Foraithne Ríoga:

- Soláthrófar le Dlí Foraithne Ríoga 28/2020 an 22 Meán Fómhair creat rialála atá i bhfabhar cianobair a thabhairt isteach san earnáil phríobháideach, agus ag an am céanna táirgiúlacht ghnó a chaomhnú agus cosaint agus solúbthacht a thabhairt d'oibrithe. Ráthófar leis na dálaí oibre céanna dóibh siúd a oibríonn go cianda agus ar an láthair, chomh maith le cineál deonach na teilea-oibre, don oibrí agus don fhostóir araon. Tá an creat bunaithe i bhfabhar cineálacha measctha cianoibre agus oibre ar an láthair.
- Le Dlí Foraithne Ríoga 29/2020 an 29 Meán Fómhair maidir leis an Teilea-obair i Riaracháin Phoiblí, leagfar síos creat rialála d'fhostaithe poiblí lena n-aithnítear an fhéidearthacht an cineál sin oibre a sholáthar ar bhonn deonach inchúlaithe le húdarú roimh ré.

Baineann an t-athchóiriú sin le hAthchóiriú 1 i gcomhpháirt 11 maidir le riarachán poiblí.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2020.

Athchóiriú 2 (C23.R2) — Bearta chun an bhearna idir na hinscní a dhúnadh

Is é is cuspóir don athchóiriú sin an bhearna phá idir na hinscní a dhúnadh. Beidh dhá fhodhlí ann:

- Le Foraithne Ríoga 901/2020 an 13 Deireadh Fómhair, rialófar an oibleagáid atá ar fhostóirí pleananna comhionannais a tháirgeadh agus a chlárú chun trédhearcacht pá a dheonú. Tá sé d'oibleagáid ar gach cuideachta ag a bhfuil níos mó ná 150 fostaí pleananna den sórt sin a tháirgeadh agus a chlárú agus in 2022 beidh sé d'oibleagáid ar gach cuideachta ag a bhfuil níos mó ná 50 oibrí freisin. Leagfar amach san Fhoraithne Ríoga an nós imeachta chun na pleananna a chaibidliú, na ceanglais a bheidh le leanúint ag an diagnóis agus saintréithe a meastóireachta agus a bhfaireacháin.
- Ráthófar leis an bhForaithne Ríoga 902/2020 an 13 Deireadh Fómhair maidir le pá comhionann d'fhir agus do mhná prionsabal na trédhearcachta pá chun cásanna idirdhealaitheacha mar gheall ar mheasúnuithe poist míchearta a shainaithint (i.e. pá níos ísle as obair ar comhionann a luach). Saineofar san fhoraithne na cásanna ina meastar saothar a bheith ar luach comhionann. Tá sé i bhfeidhm ó mhí Aibreáin 2021, tar éis na tréimhse 6 mhí a tugadh do na fostóirí chun na sásraí cur chun feidhme is gá a chur ar bun.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 30 Meitheamh 2021.

Athchóiriú 3 (C23.R3) — Obair dáileoirí baile a rialáil trí ardáin dhigiteacha (*seachadóirí*)

Is é is cuspóir don athchóiriú dálaí oibre na *seachadóirí*, mar a thugtar orthu, a rialáil, ar daoine iad a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíochtaí dáileacháin chuig tríú páirtithe trí mhodhanna teicneolaíochta a úsáid. Ráthófar le Dlí Foraithne Ríoga an ceart chun cóir chothrom agus chomhionann a fháil do na hoibrithe sin i dtéarmaí dálaí oibre, agus an ceart chun rochtain a fháil ar chosaint shóisialta agus ar oiliúint, trí thoimhde dhlíthiúil maidir le caidreamh fostaíochta idir an chuideachta agus an rothaí. Cuirfidh sé ar a chumas freisin ionadaíocht dhlíthiúil na n-oibrithe a chur ar an eolas faoi na rialacha atá in algartaim agus i gcórais intleachta saorga a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar dhálaí oibre, lena n-áirítear rochtain ar fhostaíocht agus próifíliú agus an fhostaíocht sin a choinneáil ar bun.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2021.

Athchóiriú 4 (C23.R4) — Conarthaí a shimpliú: ginearálú an chonartha neamhiata, cúiseanna le conarthaí sealadacha a úsáid agus rialáil an chonartha oiliúna/printíseachta.

Is éard atá i gceist leis an athchóiriú sin leasú a dhéanamh ar an rialachán maidir le conarthaí a leagtar síos i Reacht na nOibrithe (Foraithne Reachtach 2/2015) d'fhonn úsáid conarthaí sealadacha mar bhunús cúisíoch amháin a rialáil agus úsáid conarthaí neamhiata a ghinearálú. Áireofar na gnéithe seo a leanas san athchóiriú:

- Roghchlár na gconarthaí a shimpliú agus a atheagrú, le trí phríomhchineál: neamhiata, sealadach agus oiliúint/printíseacht. Is é is aidhm do dhearadh na gcineálacha nua conarthaí teorainn a chur leis na cúiseanna bailí le conarthaí sealadacha a úsáid, rud a fhágann gurb iad conarthaí neamhiata an riail ghinearálta.
- An t-athbhreithniú ar úsáid an chonartha oiliúna/printíseachta, chun creat leordhóthanach a chur ar fáil do dhaoine óga chun dul isteach sa mhargadh saothair.

- Úsáid an chonartha shéasúraigh a threisiú, ar cineál speisialta conartha neamhiata é a úsáidtear i ngníomhaíochtaí séasúracha.
- Leis an athchóiriú, neartófar an rialú ar úsáid na gconarthaí páirtaimseartha, chun am oibre neamhrialta a chosc.
- An comhrac in aghaidh na calaoise saothair a neartú, lena n-áirítear tríd an gcóras smachtbhannaí a thabhairt cothrom le dáta.

Tá dlúthbhaint ag an athchóiriú seo le hAthchóiriú 1 i gComhchuid 11, lena dtabharfar isteach athruithe dlíthiúla eile i Reacht na nOibrithe Poiblí chun úsáid conarthaí sealadacha san earnáil phoiblí a laghdú. Baineann sé freisin le hAthchóiriú 6 (sásra solúbthachta agus cobhsaíochta) sa chomhpháirt sin.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2021.

Athchóiriú 5 (C23.R5) — Nuachóiriú ar bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair (ALMP)

Is é is cuspóir don athchóiriú seo seachadadh ALMP sa Spáinn a nuachóiriú, agus na conclúidí ó na hathbhreithnithe caiteachais a rinne an t-údarás fioscach neamhspleách ('AIReF') á gcur san áireamh. Is éard a bheidh san athchóiriú gnéithe iomadúla, amhail conairí aonair comhairleoireachta a fhorbairt, mí-úsáidí in oiliúint obairbhunaithe a chosc (amhail cúrsaí oiliúna agus conarthaí oiliúna), córas na foghlama aosaí agus aitheantas inniúlachtaí a threisiú, ionad ilfhreastail a chur ar bun do dhaoine óga, feabhas a chur ar an gcomhordú idir seirbhísí fostaíochta agus sóisialta agus leis na réigiúin, agus feabhas a chur ar an gcomhar leis an earnáil phríobháideach.

Comhlánófar an t-athchóiriú sin le dhá athchóiriú eile sa chomhpháirt sin, is iad sin Athchóiriú 7 (dreasachtaí earcaíochta) agus Athchóiriú 11 (digitiú na seirbhísí poiblí fostaíochta). I roinnt gnéithe den athchóiriú (amhail atreisiú an chláir athscilithe agus cúnaimh d'oibrithe scothaosta), cuirtear sineirgí i láthair le hAthchóiriú 2 i gcomhpháirt 30 (an aois scoir iarbhír a ailíniú leis an aois scoir dhlíthiúil).

Áireofar san athchóiriú roinnt céimeanna reachtacha in 2021 agus 2022:

a) Plean Gníomhaíochta 2021-2027 chun dul i ngleic leis an dífhostaíocht i measc na hóige tráth chur chun feidhme Ráthaíocht an Aontais Eorpaigh don Aos Óg Plus. Áireofar sa phlean gníomhaíochta athbhreithniú ar na conarthaí oiliúna/printíseachta agus formheas Reacht na nOiliúnaithe. Beidh na bearta sin comhleanúnach leis na beartais oideachais chun dul i ngleic le luathfhágáil na scoile (mar a leagtar amach i gcomhpháirt 21). Críochnófar cur chun feidhme na gné sin den bheart faoin 30 Meitheamh 2021.
b) 2021-2024 Straitéis Gníomhachtaithe Fostaíochta na Spáinne, tar éis próiseas idirphlé shóisialta. Is iad seo a leanas príomhchuspóirí na straitéise nua:

- Cur chuige duinelárnach agus gnólárnach: táthar ag súil go mbeidh dearadh ALMP dírithe ar imthosca sonracha gach duine agus gnólachta.
- Comhsheasmhacht leis an gclaochlú táirgiúil: Ba cheart go gceadódh ALMP aistrithe gairmiúla a ghabhann leis an tsamhail táirgthe aistriú i dtreo geilleagar glas agus digiteach.
- Dírithe ar thorthaí a bhaint amach: Tá coinne leis go ndéanfar measúnú ar bheartas gníomhach maidir leis an margadh saothair, go ndéanfar faireachán ar bhaint amach torthaí agus go gcothófar baint amach na dtorthaí sin.
- Feabhas a chur ar acmhainneachtaí na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta trína ndigitiú agus a nuachóiriú.

- Rialachas agus comhtháthú an Chórais Náisiúnta Fostaíochta chun feabhas a chur ar chomhordú ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach agus ar gheallsealbhóirí a bhfuil baint acu le ALMP.
  Tabharfar cur chun feidhme na gné sin den bheart chun críche faoin 31 Nollaig 2021.

c) Athchóiriú ar an Dlí Fostaíochta, leis na cuspóirí seo a leanas: ionstraimí beartais agus comhordaithe an Chórais Náisiúnta Fostaíochta a neartú; (II) beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair a athchóiriú; (III) athbhreithniú a dhéanamh ar rialachas an chórais; (IV) an ghné áitiúil den bheartas fostaíochta a neartú; agus (v) na ceanglais a chomhlíonadh maidir le cur chun feidhme na mbeart éagsúil dá bhforáiltear faoi chuimsiú an Phlean Náisiúnta um Beartais Ghníomhacha Fostaíochta. Sa chomhthéacs sin, áireofar an méid seo a leanas ar phríomhghnéithe na n-athruithe reachtacha:

- Beartais fostaíochta ghníomhacha agus éighníomhacha a neartú agus dáileadh na n-inniúlachtaí idir an Stát agus na Pobail Fhéinrialaitheacha á chur san áireamh.
- An Córas Idirghabhála agus Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí a neartú.
- Punann Seirbhísí Coiteanna an Chórais Náisiúnta Fostaíochta.
- Athbhreithniú ar an tsamhail mhaoinithe.
- Comhar le seirbhísí sóisialta.
- An ghné áitiúil agus Eorpach.
- Forbairt theicneolaíoch ar mhaithe le hinfhostaitheacht.
- Úsáid TFCanna agus Mórshonraí.
- Infhostaitheacht a fheabhsú.
  Críochnófar cur chun feidhme na gné sin den bheart faoin 31 Nollaig 2022.

Athchóiriú 6 (C23.R6) — Buansásra le haghaidh solúbthacht inmheánach, cobhsaíocht post agus athsciliú oibrithe atá i mbun aistrithe.

Is é is cuspóir don athchóiriú sin scéim bhuan a bhunú chun dul in oiriúint do thurraingí timthriallacha agus struchtúracha, trí am oibre a chur ar fionraí nó a laghdú trí phlean rialála fostaíochta lena n-áirítear an ceanglas oibrithe a fheabhsú nó a athoiliúint sna scileanna a shainaithnítear mar scileanna a bhfuil éileamh orthu. Cuirfidh an scéim leis an taithí a fuarthas ó na scéimeanna oibre gearr-ama (‘ERTEnna’ mar a thugtar orthu) a cuireadh i bhfeidhm le linn ghéarchéim COVID-19 chun poist a chaomhnú le linn na dianghlasála agus srianta gníomhaíochta eile arb í an phaindéim is cúis leo.

Is éard a bheidh san athchóiriú dhá shásra coigeartaithe nua:

- Sásra cobhsaíochta eacnamaíche lena soláthrófar solúbthacht inmheánach do ghnólachtaí agus cobhsaíocht d’oibrithe i bhfianaise suaití neamhbhuana nó timthriallacha, agus béim ar leith á leagan ar oiliúint oibrithe.
- Sásra lena dtacófar le hathsciliú agus uas-sciliú oibrithe agus cuideachtaí atá i mbun aistrithe chun cabhrú leo déileáil le nuálaíochtaí teicneolaíochta nó éilimh agus lena n-éascófar soghluaisteacht dheonach oibrithe laistigh de ghnólachtaí agus ar fud gnólachtaí.

Cuirfear an beart chun feidhme trí Reacht na nOibrithe a leasú. Áireofar ann ciste tripháirteach a chruthú a mhaoineofar trí ranníocaíochtaí slándála sóisialta ó fhostóirí agus ó oibrithe agus a chomhlánóidh an stát. Áiritheoidh sé inbhuanaitheacht fhioscach sa mheántéarma agus san fhadtéarma agus roghanna agus cásanna éagsúla á gcur san áireamh. Déanfar feidhmiú nithiúil an chiste sin a chaibidliú leis na comhpháirtithe sóisialta.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2021.

Athchóiriú 7 (C23.R7) — Athbhreithniú ar dhreasachtaí fostaíochta

Is é is cuspóir don athchóiriú an córas dreasachtaí fruilithe a shimpliú agus a éifeachtacht a mhéadú trí spriocdhíriú níos fearr, tríd an athbhreithniú ar chaiteachas arna dhéanamh ag an údarás fioscach neamhspleách ('AIReF') a chur san áireamh. Tá sé d'aidhm aige, go háirithe, feabhas a chur ar infhostaitheacht grúpaí an-sonrach a bhfuil rannpháirtíocht íseal acu i margadh an tsaothair, trí phoist ardcháilíochta agus conarthaí buana a chur chun cinn. Laghdófar líon na ndreasachtaí, agus déanfar na ceanglais ar chuideachtaí is tairbhithe a chaighdeánú. Tá sé beartaithe faireachán agus meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar an gcóras dreasachta fostaíochta.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme trí leasú a dhéanamh ar Dhlí 43/2006. Tá dlúthbhaint aige le bearta eile sa chomhpháirt sin, amhail Athchóiriú 5 (athchóiriú foriomlán ar bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair) agus Infheistíocht 7 (conairí gníomhachtaithe do thairbhithe na scéime ioncaim íosta).

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

Athchóiriú 8 (C23.R8) — An chómhargáil a nuachóiriú

Is é is cuspóir don athchóiriú sin feabhas a chur ar fheidhmiú na cómhargála trí na rialacha dlíthiúla ábhartha i Reacht na nOibrithe (Teideal III d'Fhoraithne Reachtach 2/2015) a leasú tar éis próiseas idirphlé shóisialta. Mar gheall air sin, níl na hathruithe rialála atá beartaithe mionsonraithe go hiomlán sa phlean. Cuirfidh athruithe feabhas ar na rialacha dlíthiúla lena rialaítear cómhargáil.

Le nuachóiriú na cómhargála, ionchorpófar athruithe ar an struchtúr caibidlíochta féin, arb é is aidhm dóibh ionadaíochas na bpáirtithe caibidlíochta a neartú, ábhar an idirphlé a shaibhriú, agus deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú maidir lena chur chun feidhme agus lena éifeachtaí. Ní bheidh mar thoradh ar athruithe bacainní díréireacha ar ghnólachtaí dul in oiriúint don timthriall agus freagairt d'fhorbairtí táirgiúlachta.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2021.

Athchóiriú 9 (C23.R9) — Nuachóiriú ar ghníomhaíochtaí fochonraitheoireachta

Is é is cuspóir don athchóiriú sin feabhas a chur ar dhálaí oibre agus ar chearta daoine atá ag obair i gcuideachtaí ar fochonradh, trí leasú a dhéanamh ar Airteagal 42 de Reacht na nOibrithe (Foraithne Reachtach 2/2015) chun a úsáid chuí a áirithiú i gcásanna ina gcuireann sé feabhas ar ghníomhaíocht tháirgiúil agus ina ndíspreagann sé í ó na cásanna sin nach bhfuil ann ach bealach chun costais a laghdú.

Leis an athchóiriú sin, soláthrófar leibhéal leordhóthanach cosanta d'oibrithe san fhochonraitheoireacht agus bogfar i dtreo cothroime iomaíochta idir oibrithe ar fochonradh agus oibrithe cuideachta. Neartóidh sé freisin freagracht conraitheoirí nó fochonraitheoirí agus cuirfidh sé cosc ar sheachfhoinsiú seirbhísí trí fhochonraitheoireacht i gcásanna ina ndearnadh é chun caighdeáin saothair a ísliú do dhaoine atá ag obair d'fhochonraitheoirí.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2021.

Athchóiriú 10 (C23.R10) — Cúnamh dífhostaíochta a shimpliú agus a fheabhsú

Baineann an t-athchóiriú reachtach sin leis an gcúnamh dífhostaíochta neamhranníocach agus déanfar é tríd an leasú ar Fhoraithne Reachtach Ríoga 8/2015. Tá dlúthbhaint aige le hAthchóiriú 5 de Chomhchuid 22, ina leagtar amach athchóiriú níos ginearálta ar shochair shóisialta neamhranníocacha.

Áirítear na cuspóirí seo a leanas san athchóiriú:

i. cosaint dífhostaíochta a leathnú trí chuid de bhearnaí cumhdaigh an chórais atá ann faoi láthair a líonadh agus síneadh a chur leis an uastréimhse;
ii. an córas a shimpliú, córas atá ilroinnte faoi láthair i roinnt scéimeanna;
iii. an sochar a nascadh le cúrsa taistil gníomhachtúcháin pearsantaithe;
iv. an t-aistriú chuig cosaint shóisialta a éascú nuair nach bhfilleann an tairbhí ar an obair agus nuair atá sé i staid leochaileach.

Mar riail ghinearálta, beidh spriocghrúpa na scéime nua mar an gcéanna leis an spriocghrúpa atá sa chóras reatha, i.e. oibrithe dífhostaithe nach bhfuil incháilithe do shochair dhífhostaíochta ranníocacha, toisc go raibh siad dífhostaithe le rófhada agus gur ídigh siad a gcearta, nó toisc go bhfuil a stair ranníocaíochta róghearr (níos lú ná 12 mhí ach níos mó ná 6 mhí). Leanfaidh méid míosúil an tsochair de bheith ag 80 % de 'IPREM' (táscaire ar ioncam poiblí lena mbaineann éifeachtaí iomadúla).

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

Infheistíocht 1 (C23.I1) — Comhtháthú mhargadh an tsaothair

Is é is cuspóir don bheart seo tacú le lánpháirtiú i margadh an tsaothair. Is éard atá sa bheart seo fíorú ag an riarachán nó ag eintiteas poiblí ar an mbonn cirt doiciméadach atá le híocaíochtaí deontais a bhaineann le fruiliú don fhoghlaim obairbhunaithe, do thionscnaimh a bhaineann le taighde agus nuálaíocht nó sláinte, leis an aistriú digiteach agus leis an ngeilleagar glas, don chéad taithí, chun inniúlachtaí agus cumais a fháil, nó d'intéirneachtaí daoine.

Infheistíocht 2 (C23.I2) — Fostaíocht na mban agus príomhshruthú inscne i mbeartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair

Is é is cuspóir don bheart seo tacú le lánpháirtiú sa mhargadh saothair. Is éard atá i gceist leis an mbeart sin go bhfíoróidh an riarachán nó eintiteas poiblí an t-údar doiciméadach atá le híocaíochtaí deontais, nó go ndeimhneoidh an riarachán nó eintiteas poiblí go ndearnadh conarthaí (lena n-áirítear aon leasuithe), nó codanna comhfhreagracha díobh, a bhaineann le feabhas a chur ar infhostaitheacht agus ar rochtain ar fhostaíocht nó ar oiliúint atá dírithe ar fhostaíocht nó ar lánpháirtiú daoine.

Infheistíocht 3 (C23.I3) — Oiliúint

Is é is cuspóir don bheart seo daoine a athsciliú. Is éard atá sa bheart seo rannpháirtíocht daoine in oiliúint a bhaineann le réimsí a áirítear i gCatalóg Sainearraí Oiliúna an Chórais Náisiúnta Fostaíochta a rialaítear in Ordú TMS/283/2019, nó in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rún an 16 Samhain 2023 ó Sheirbhís Phoiblí Fostaíochta na Spáinne (SEPE), lena bhformheastar an glao ar iarratais ar dheontais phoiblí chun oiliúint a mhaoiniú trí mhicrichreidmheasanna, nó in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rún an 24 Bealtaine 2024 ó Sheirbhís Phoiblí Fostaíochta na Spáinne (SEPE), lena bhformheastar an glao ar iarratais ar dheontais phoiblí a dhámhachtain chun oiliúint a mhaoiniú trí mhicriasachtaí, nó in Ordú an 29 Meitheamh 2023 ó Aireacht Réigiúnach Geilleagair, Airgeadais agus Fostaíochta Chomhphobal Mhaidrid, lena mbunaítear an creat rialála chun deontais a dhámhachtain chun gníomhaíochtaí oiliúna a mhaoiniú, nó in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rún EMT/2638/2024 an 4 Iúil 2024 ó Sheirbhís Phoiblí Fostaíochta na Catalóine.

Infheistíocht 4 (C23.I4) — Deontais nó conarthaí a dámhadh, nó comhaontuithe a síníodh le haghaidh athchothromaithe agus cothromais

Is é cuspóir an bhirt seo rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar an dúshlán déimeagrafach agus le claochlú táirgiúil a éascú. Is éard atá sa bheart seo deontais nó conarthaí arna ndámhachtain, nó comhaontuithe arna síniú, atá dírithe ar ghrúpaí leochaileacha, ar fhiontraithe nó ar mhicrifhiontair.

Infheistíocht 5 (C23.I5) — Rialachas agus borradh a chur faoi bheartais chun tacú le gníomhachtú

Is é is cuspóir don bheart seo tacú le seirbhísí poiblí fostaíochta agus éifeachtúlacht na mbeartas gníomhach maidir leis an margadh saothair a threisiú. Is éard atá i gceist leis an mbeart sin 42000 gníomhaíocht oiliúna ar a laghad a chur i gcrích d'fhoireann SPF, chomh maith le 20 ionad poiblí a cháiliú le haghaidh treorach, fiontraíochta, tacaíochta agus nuálaíochta don fhostaíocht.

Infheistíocht 6 (C23.I6) — Plean cuimsitheach chun borradh a chur faoin ngeilleagar sóisialta

Is é is cuspóir don bheart seo tacú le tionscadail an gheilleagair shóisialta. Is éard atá sa bheart seo tionscadail a bhaineann leis na cláir TRANSFORMA_ES, INICIATIVA_ES, Impulsa-TEC, ALIANZA_ES, agus SOSTENIBLE_ES, mar a shainmhínítear in Ordú TES/1233/2022, an 5 Nollaig, agus in Ordú TES/869/2023 an 22 Iúil, lena mbunaítear an bonn rialála don chabhair faoin bPlean Cuimsitheach chun an Geilleagar Sóisialta a Chur Chun Cinn ar mhaithe le Bealach Eacnamaíoch Cuimsitheach Inbhuanaithe a Chruthú, faoi chuimsiú an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta.

Infheistíocht 7 (C23.I7) — Fás cuimsitheach a chur chun cinn trí bheartais um chuimsiú sóisialta a nascadh leis an scéim náisiúnta ioncaim íosta ('IMV')

Is é is cuspóir don bheart seo feabhas a chur ar éifeachtacht na gconairí lánpháirtíochta do thairbhithe na scéime ioncaim íosta ('IMV'). Is éard atá sa bheart seo síniú na chéad ocht gcomhaontú comhpháirtíochta le riaracháin phoiblí fhonáisiúnta, le comhpháirtithe sóisialta agus le heintitis gníomhaíochta sóisialta tríú hearnáil chun na conairí a dhéanamh chun tacú le cuimsiú socheacnamaíoch thairbhithe IMV, agus tuarascáil mheastóireachta a fhoilsiú maidir le torthaí na dtreoirthionscadal a bhaineann leis an Scéim Ioncaim Íosta nó le grúpaí leochaileacha.

W.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne le haghaidh gach táscaire mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
329	C23.R1	M	Teacht i bhfeidhm dhá Dhlí Foraithne Ríoga lena rialaítear cianobair san earnáil phríobháideach agus i riaracháin phoiblí	Forálacha sna Dlíthe Foraithne Ríoga maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2020	Leis an dá Dhlí Foraithne Ríoga rialófar cianobair san earnáil phríobháideach agus i riaracháin phoiblí. Is iad seo a leanas cuspóirí na ndlíthe: (i) creat rialála (RDL 28/2020) a sholáthar atá i bhfabhar cianobair a thabhairt isteach, agus táirgiúlacht ghnó á caomhnú agus cosaint agus solúbthacht á dtabhairt d'oibrithe ag an am céanna; agus (ii) an teilea-obair a rialáil i ngach riarachán poiblí (RDL 29/2020) mar bhealach nua chun obair a eagrú agus a struchtúrú, chun freastal níos fearr ar na leasanna ginearálta agus gnáthfheidhmiú na riarachán poiblí a áirithiú.
330	C23.R2	M	Teacht i bhfeidhm dhá fhodhlí maidir le pá comhionann idir mná agus fir agus maidir le pleananna comhionannais agus a gclárú	Tá forálacha sna fodhlíthe maidir le teacht i bhfeidhm				R2	2021	Tá feidhm ag an dá fhodhlí maidir le pá comhionann idir mná agus fir agus maidir le pleananna comhionannais agus a gclárú. Is iad cuspóirí na rialachán ná: (i) prionsabal na trédhearcachta pá a áirithiú chun idirdhealú de bharr measúnuithe poist míchearta a shainaithint; agus (ii) pleananna comhionannais a fhorbairt agus a chinntiú go gclárófar iad i gclár poiblí.
331	C23.R3	M	Teacht i bhfeidhm Dhlí Foraithne Ríoga maidir le hoibrithe atá i mbun gníomhaíochtaí dáileacháin do thríú páirtithe a chosaint trí mhodhanna teicneolaíochta a úsáid	Tá forálacha sa Dlí arna rith le Foraithne Ríoga maidir le teacht i bhfeidhm				R3	2021	Baineann an Dlí Foraithne Ríoga le cosaint oibrithe a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíochtaí dáileacháin chuig tríú páirtithe trí mhodhanna teicneolaíochta a úsáid. Is iad cuspóirí an dlí an ceart chun cóir chothrom agus chomhionann a ráthú do na daoine sin ó thaobh dálaí oibre de, an ceart chun rochtain a fháil ar chosaint shóisialta agus ar oiliúint agus ionadaíocht dhlíthiúil oibrithe a chur ar an eolas faoi na rialacha atá in algartaim agus i gcórais intleachta saorga a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar na dálaí oibre lena rialaítear ardáin, lena n-áirítear rochtain ar fhostaíocht agus próifíliú agus an fhostaíocht sin a choinneáil ar bun.
332	C23.R4	M	Leasú ar Reacht na nOibrithe chun tacú le fostaíocht shealadach a laghdú trí líon na gcineálacha conartha a chuíchóiriú	Tá forálacha sa leasú maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2021	Agus an t-idirphlé sóisialta á urramú agus mar chuid de chur chuige cuimsitheach lena gcothromaítear an gá atá le solúbthacht agus slándáil i margadh an tsaothair, teacht i bhfeidhm an leasaithe ar fhorálacha Fhoraithne Reachtach 2/2015 an 23 Deireadh Fómhair lena bhformheastar téacs athmhúnlaithe Reacht na nOibrithe chun tacú le fostaíocht shealadach a laghdú trí líon na gcineálacha conartha a chuíchóiriú.
333	C23.R5	M	Teacht i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta chun dul i ngleic leis an dífhostaíocht i measc na hóige	Tá forálacha sa Phlean Gníomhaíochta maidir le teacht i bhfeidhm				R2	2021	Rachaidh an Plean Gníomhaíochta i ngleic leis an dífhostaíocht i measc na hóige tráth a chuirfear Ráthaíocht an Aontais Eorpaigh don Aos Óg Plus chun feidhme. Is é is cuspóir don Ráthaíocht don Aos Óg comhordú idirinstitiúideach a fheabhsú agus a dhoimhniú, an caidreamh leis an earnáil phríobháideach agus leis na húdaráis áitiúla a neartú, cáilíocht agus leordhóthanacht na hoiliúna a fheabhsú, deiseanna nua fostaíochta a lorg in earnálacha a bhfuil acmhainneacht fáis acu, luathfhágáil na scoile a laghdú, an córas meastóireachta agus faireacháin a choinneáil ar bun agus a fheabhsú, agus cláir threoracha phearsantaithe a neartú a thuilleadh.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
334	C23.R5	M	Foraithne Ríoga maidir le Straitéis Fostaíochta nua na Spáinne 2021-2024	Tá forálacha san Fhoraithne Ríoga maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2021	An t-idirphlé sóisialta a urramú agus mar chuid de chur chuige cuimsitheach lena gcothromaítear an gá atá le solúbthacht agus slándáil i margadh an tsaothair, formheas ó Chomhairle na nAirí agus teacht i bhfeidhm Foraithne Ríoga le haghaidh Straitéis Ghníomhachtaithe Fostaíochta nua na Spáinne 2021-2024. Is iad seo a leanas príomhchuspóirí na straitéise nua: (i) Cur chuige duinelárnach agus gnólárnach: Ceapfar Beartais Ghníomhacha Fostaíochta agus iad dírithe ar imthosca sonracha gach duine agus gach gnó. II) Comhsheasmhacht le claochlú táirgiúil: Ceadóidh Beartais Ghníomhacha Fostaíochta aistrithe gairmiúla a ghabhann leis an tsamhail táirgthe a aistriú i dtreo geilleagar glas agus digiteach III) Treoshuíomh na dtorthaí: Déanfar Beartais Ghníomhacha Fostaíochta a mheasúnú, faireachán a dhéanamh orthu agus gnóthú torthaí a chothú. inniúlachtaí na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta a fheabhsú: Trína ndigitiú agus a nuachóiriú. rialachas agus comhtháthú an Chórais Náisiúnta Fostaíochta chun feabhas a chur ar chomhordú ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach agus ar pháirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le beartais ghníomhacha saothair.
335	C23.R5	M	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar an Dlí Fostaíochta (Foraithne Ríoga Reachtach 3/2015)	Tá forálacha sa leasú maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2022	Leis an leasú ar an Dlí Fostaíochta (Foraithne Ríoga Reachtach 3/2015), déanfar an méid seo a leanas: (i) ionstraimí beartais agus comhordaithe an Chórais Náisiúnta Fostaíochta a neartú; (II) beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair a athchóiriú; (III) athbhreithniú a dhéanamh ar rialachas an chórais; (IV) an ghné áitiúil den bheartas fostaíochta a neartú; agus (v) a chomhlíonann na ceanglais maidir le cur chun feidhme na mbeart éagsúil dá bhforáiltear faoi chuimsiú an Phlean Náisiúnta um Beartais Ghníomhacha Fostaíochta.
336	C23.R6	M	Leasú ar Reacht na nOibrithe chun scéim a bhunú chun dul in oiriúint do thurraingí timthriallacha agus struchtúracha, lena n-áirítear córas lena soláthraítear solúbthacht inmheánach do chuideachtaí agus cobhsaíocht d'oibrithe	Tá forálacha sa leasú maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2021	Idirphlé sóisialta a urramú agus mar chuid de chur chuige cuimsitheach lena gcothromaítear an gá atá le solúbthacht agus slándáil i margadh an tsaothair agus lena n-áirithítear inbhuanaitheacht fhioscach sa mheántéarma agus san fhadtéarma, teacht i bhfeidhm fhorálacha leasaitheacha Fhoraithne Reachtach Ríoga 2/2015 an 23 Deireadh Fómhair lena bhformheastar téacs athmhúnlaithe Reacht na nOibrithe chun scéim a bhunú chun dul in oiriúint do shuaití timthriallacha agus struchtúracha, lena n-áirítear córas lena soláthraítear solúbthacht inmheánach do chuideachtaí agus cobhsaíocht d'oibrithe, tacú le huas-sciliú agus athsciliú fostaithe i ngnólachtaí agus in earnálacha atá i mbun aistrithe, agus soghluaisteacht dheonach oibrithe a éascú (laistigh de ghnólachtaí agus eatarthu). Beidh measúnú ex-ante ar shocruithe cistiúcháin an chiste thrípháirtigh a áirítear san athchóiriú seo mar bhonn taca leis an athchóiriú,

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										rud a chruthaíonn a inbhuanaitheacht fhioscach sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Déanfar roghanna agus cásanna éagsúla a mheas sa mheasúnú.
337	C23.R7	M	Teacht i bhfeidhm an athchóirithe ar Dhlí 43/2006 chun an córas dreasachta earcaíochta a shimpliú agus a éifeachtacht a mhéadú agus na moltaí arna n-eisiúint ag AIReF á gcur san áireamh	Tá forálacha san athchóiriú maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2022	Leis an athchóiriú ar Dhlí 43/2006, simpleofar agus méadófar éifeachtacht an chórais dreasachta earcaíochta, agus na moltaí arna n-eisiúint ag Údarás Neamhspleách na Spáinne um Fhreagracht Fhioscach (AIReF) ina thuarascáil Athbhreithnithe Caiteachais 2020 á gcur san áireamh: “Dreasachtaí earcaíochta”.
338	C23.R8	M	Leasú ar Reacht na nOibrithe chun feabhas a chur ar na rialacha dlí lena rialaítear cómhargáil	Tá forálacha sa leasú maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2021	Idirphlé sóisialta a urramú agus mar chuid de chur chuige cuimsitheach lena gcothromaítear an gá atá le solúbthacht agus slándáil i margadh an tsaothair, teacht i bhfeidhm an leasaithe ar fhorálacha áirithe d’Fhoraithne Reachtach Ríoga 2/2015 an 23 Deireadh Fómhair lena bhformheastar téacs athmhúnlaithe Reacht na nOibrithe, chun feabhas a chur ar na rialacha dlíthiúla lena rialaítear cómhargáil. Beidh measúnú ex-ante ar easnaimh sa reachtaíocht reatha maidir le cómhargáil agus anailís ar na roghanna chun aghaidh a thabhairt orthu mar bhonn taca leis an athchóiriú.
339	C23.R9	M	Leasú ar Reacht na nOibrithe chun feabhas a chur ar chearta daoine atá ag obair i gcuideachtaí ar fochonradh	Tá forálacha sa leasú maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2021	An t-idirphlé sóisialta a urramú agus mar chuid de chur chuige cuimsitheach lena gcothromaítear an gá atá le solúbthacht agus slándáil i margadh an tsaothair, teacht i bhfeidhm an leasaithe ar fhorálacha Fhoraithne Reachtach 2/2015 an 23 Deireadh Fómhair lena bhformheastar téacs athmhúnlaithe Reacht na nOibrithe chun feabhas a chur ar chearta daoine atá ag obair i gcuideachtaí ar fochonradh.
340	C23.R10	M	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar Fhoraithne Reachtach Ríoga 8/2015 lena n-athchóirítear rialáil na tacaíochta dífhostaíochta neamhranníocach	Tá forálacha sa leasú maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2022	Baineann an t-athchóiriú ar Fhoraithne Reachtach Ríoga 8/2015 le tacaíocht dífhostaíochta neamhranníocach a rialáil, lena n-áirítear na cuspóirí seo a leanas: cosaint dífhostaíochta a leathnú; (II) an córas a shimpliú; (III) an sochar a nascadh le cúrsa taistil gníomhachtúcháin pearsantaithe; (IV) an t-aistriú chuig cosaint shóisialta a éascú nuair nach bhfilleann an tairbhí ar an obair agus nuair atá sé i staid leochaileach.
342	C23.I1	T	Deontais a bhaineann le daoine a fhostú		Líon	0	18 300	R2	2026	Fíorú ag an riarachán nó ag eintiteas poiblí ar an mbonn cirt doiciméadach atá le híocaíochtaí deontais a bhaineann le fostú don fhoghlaim obairbhunaithe, do thionscnaimh a bhaineann le taighde agus nuálaíocht nó sláinte, leis an aistriú digiteach agus leis an ngeilleagar glas, don chéad taithí, chun inniúlachtaí agus cumais a fháil, nó d’intéirneachtaí, d’iomlán carnach 18300 duine. Déanfar pearsa aonair a bhaineann le roinnt

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										íocaíochtaí deontais a chomhaireamh ar leithligh le haghaidh gach íocaíochta deontais lena mbaineann siad.
343	C23.I2	T	Deontais a bhaineann le feabhas a chur ar infhostaitheacht agus ar rochtain ar fhostaíocht nó ar oiliúint atá dírithe ar fhostaíocht nó ar lánpháirtiú daoine		Líon	0	23 200	R2	2026	Fíorú ag an riarachán nó ag eintiteas poiblí ar an mbonn cirt doiciméadach atá le híocaíochtaí deontais, nó deimhniú ag an riarachán nó ag eintiteas poiblí go ndearnadh conarthaí (lena n-áirítear aon leasuithe), nó codanna comhfhreagracha díobh, a bhaineann le feabhas a chur ar infhostaitheacht agus ar rochtain ar fhostaíocht nó ar oiliúint atá dírithe ar fhostaíocht nó ar lánpháirtiú, arb é 23200 duine an t-iomlán carnach. Déanfar pearsa aonair a bhaineann le roinnt íocaíochtaí deontais nó conarthaí a chomhaireamh ar leithligh le haghaidh gach íocaíochta deontais nó conartha lena mbaineann siad.
344	C23.I3	T	Daoine a ghlac páirt in oiliúint	—	Líon	0	520 063	R2	2026	520063 deimhniú rannpháirtíochta oiliúna arna n-eisiúint le haghaidh oiliúint a bhaineann le réimsí a áirítear i gCatalóg Speisialtóirí Oiliúna an Chórais Náisiúnta Fostaíochta a rialaítear in Ordú TMS/283/2019, nó in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rún an 16 Samhain 2023 ó Sheirbhís Phoiblí Fostaíochta Stáit na Spáinne (SEPE), lena bhformheastar an glao ar iarratais ar dheontais phoiblí chun oiliúint a mhaoiniú trí mhicrichreidmheasanna, nó in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rún an 24 Bealtaine 2024 ó Sheirbhís Phoiblí Fostaíochta Stáit na Spáinne (SEPE), lena bhformheastar an glao ar iarratais ar dheontais phoiblí a dhámhachtain chun oiliúint a mhaoiniú trí mhicrichreidmheasanna, nó in Ordú an 29 Meitheamh 2023 ó Aireacht Réigiúnach Geilleagair, Airgeadais agus Fostaíochta Chomhphobal Mhaidrid, lena mbunaítear an creat rialála chun deontais a dhámhachtain chun gníomhaíochtaí oiliúna a mhaoiniú, nó in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rún EMT/2638/2024 ó Sheirbhís Phoiblí Fostaíochta na Catalóine. Déanfar duine a ghlacann páirt i roinnt cúrsaí oiliúna a chomhaireamh ar leithligh le haghaidh gach oiliúna ar ghlac siad páirt inti.
345	C23.I4	M	Leithdháileadh réigiúnach cistí do thionscadail chríochacha do ghrúpaí leochaileacha, don fhiontraíocht agus do mhicrifhiontair a fhormheas	Miontuairiscí Tagartha na Comhdhála Fostaíochta Earnála				R3	2021	Formheas ag an gComhdháil Fostaíochta Earnála maidir le leithdháileadh réigiúnach cistí do thionscadail chríochacha do ghrúpaí leochaileacha agus do thionscadail chríochacha don fhiontraíocht agus do mhicrifhiontair, amhail forbairt tionscadal lena gcuirtear fiontraíocht chun cinn, tionscnaimh forbartha áitiúla, tionscnaimh an gheilleagair shóisialta agus tionscadail chríochacha nua lena n-éascaítear claochlú na táirgeachta, go háirithe i dtreo geilleagar glas agus digiteach.
346	C23.I4	T	Deontais nó conarthaí arna ndámhachtain nó comhaontuithe arna síniú atá dírithe ar ghrúpaí leochaileacha, ar		Líon	0	50 000	R2	2026	Le haghaidh líon carnach iomlán 50000 deontas nó conradh a dámhadh nó comhaontuithe a síniodh, atá dírithe ar ghrúpaí leochaileacha, ar fhiontraithe leochaileacha nó ar mhicrifhiontair leochaileacha:

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			fhiontraithe leochaileacha nó ar mhicrifhiontair leochaileacha							- Déanfaidh tairbhithe deontais aonair nó eintitis is faighteoir tuarascálacha críochnaitheacha lena ndeimhnítear gur cuireadh tionscadail arna ndámhachtain i gcrích a chur isteach; nó - Fíorú arna dhéanamh ag an riarachán nó ag eintiteas poiblí ar an údar doiciméadach atá le híocaíochtaí deontais; nó - Rúin a dhámhachtain maidir le híocaíochtaí deontais lena ndeimhnítear fíorú an réasúnaithe dhoiciméadaigh le híocaíochtaí deontais; nó - Rúin a dhámhachtain maidir le híocaíochtaí deontais agus réasúnú doiciméadach a ghabhann leo lena ndeimhnítear gur comhlíonadh na ceanglais is gá le haghaidh íocaíochtaí deontais; nó - Deimhniú ón riarachán nó ó eintiteas poiblí go ndearnadh conarthaí nó comhaontuithe (lena n-áirítear aon leasuithe), nó codanna díobh.
347	C23.I5	M	Ionaid phoiblí le haghaidh treorach, fiontraíochta, tacaíochta agus nuálaíochta don fhostaíocht	Foilsiú san iris oifigiúil agus cóip de na cláir oibre bhliantúla tar éis tuairim fhabhrach a fháil ó Sheirbhís Phoiblí Fostaíochta an Stáit				R4	2025	Rúin a fhoilsiú san iris oifigiúil lena bhformheastar cáiliú 20 lárionad poiblí le haghaidh treorach, fiontraíochta, tacaíochta agus nuálaíochta don fhostaíocht; agus tuairim fhabhrach ar na cláir oibre bhliantúla (2021-2024) ó Sheirbhís Phoiblí Fostaíochta an Stáit. Beidh ionad amháin ar leibhéal an rialtais láir agus ceann amháin i ngach críoch uathrialach, lena n-áirítear Ceuta agus Melilla.
348	C23.I5	T	Gníomhaíochtaí oiliúna d'fhoireann na SPFanna		Líon	0	42 000	R2	2023	Cuireadh 42000 gníomhaíocht oiliúna ar a laghad i gcrích d'fhoireann SPF agus é mar aidhm acu a gcuid scileanna a uasghrádú agus tacaíocht níos éifeachtaí a chur ar fáil do chuardaitheoirí poist.
349	C23.I6	T	Tionscadail a bhaineann leis na cláir TRANSFORMA_ES, INICIATIVA_ES, Impulsa-TEC, ALIANZA_ES, agus SOSTENIBLE_ES	—	Líon	0	250	R4	2025	Déanfaidh eintitis is faighteoirí nó daoine aonair is faighteoirí 250 tuarascáil chríochnaitheach lena ndeimhnítear tabhairt chun críche na dtionscadal arna ndámhachtain a chur isteach le haghaidh deontais maidir leis na cláir TRANSFORMA_ES, INICIATIVA_ES, Impulsa-TEC, ALIANZA_ES, agus SOSTENIBLE_ES, mar a shainmhínítear in Ordú TES/1233/2022, an 5 Nollaig, agus in Ordú TES/869/2023, an 22 Iúil, lena mbunaítear an bonn rialála don chabhair faoin bPlean Cuimsitheach chun an Geilleagar Sóisialta a Chur Chun Cinn chun Bealach Eacnamaíoch Cuimsitheach Inbhuanaithe a Chruthú, faoi chuimsiú an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta.
350	C23.I7	M	Ráta glactha an Ioncaim Beatha Íosta ('IMV') a fheabhsú agus a	Foilsiú an chomhaontaithe comhpháirtíochta ('*Convenio*')				RÁITHE 1	2022	Tacú le cuimsiú socheacnamaíoch tairbhithe IMV trí chonairí: ocht gcomhaontú comhpháirtíochta sínithe le riaracháin phoiblí fhonáisiúnta, le comhpháirtithe sóisialta agus le heintitis gníomhaíochta sóisialta tríú hearnáil chun na conairí a chur i gcrích. Is iad seo a leanas cuspóirí na

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			éifeachtacht a mhéadú trí bheartais chuimsithe							gcomhaontuithe comhpháirtíochta sin: (i) ráta glactha an IMV a fheabhsú; II) éifeachtacht IMV a mhéadú trí bheartais chuimsithe.
351	C23.I7	M	Tuarascáil mheastóireachta ar thorthaí na dtreoirthionscadal a bhaineann leis an Scéim Ioncaim Íosta nó le grúpaí leochaileacha	Foilsiú na tuarascála meastóireachta ar shuíomh gréasáin na haireachta ábhartha				R4	2025	Tuarascáil mheastóireachta a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin institiúideach na haireachta ábhartha maidir le torthaí 18 dtreoirthionscadal a bhaineann leis an Scéim Ioncaim Íosta nó le grúpaí leochaileacha. Ba cheart go n-áireofaí sa tuarascáil mheastóireachta moltaí maidir le dearadh beartais phoiblí agus maidir le cúrsaí taistil cuimsithe a mhéadú laistigh de riaracháin phoiblí.

X. COMHCHUID 24: TIONSCAL AN CHULTÚIR

Tá ról tábhachtach ag an tionscal cultúrtha i ngeilleagar na Spáinne, arb ionann é agus 3.2 % de OTI na tíre chomh maith le 3.6 % d'fhostaíocht iomlán na tíre roimh phaindéim COVID-19. Ina theannta sin, tá luach fíor-riachtanach aige don tsochaí, mar a léirítear leis an ardleibhéal rannpháirtíochta cultúrtha a bhí ag daonra na Spáinne roimh an bpaindéim. Mar sin féin, tá roinnt gnéithe struchtúracha ag an tionscal a chuir cosc air barr a chumais a bhaint amach agus a d'fhág go bhfuil sé an-leochaileach le linn géarchéime.

Sa chomhthéacs sin, áirítear i gcomhpháirt 24 de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne athchóirithe agus infheistíochtaí atá dírithe ar chreat oibre ealaíontóirí a athchóiriú, agus ar chreatlach an ghnó chultúrtha a neartú agus a nuachóiriú.

Tugann an chomhpháirt aghaidh ar na Moltaí Tírshonracha maidir le hinfheistíochtaí a chur chun cinn chun an geilleagar a chothú agus chun tacú leis an téarnamh tar éis phaindéim COVID-19 (Moladh Sonrach Tíre 1 2020) agus maidir le tacú le fostaíocht, cosaint dífhostaíochta a neartú agus rochtain ar fhoghlaim dhigiteach a fheabhsú (Moladh Sonrach Tíre 2 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

X.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C24.R1) — Stádas an ealaíontóra a fhorbairt agus infheistíocht, urraíocht chultúrtha agus rannpháirtíocht a chur chun cinn

Is é is aidhm don athchóiriú sin aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a eascraíonn as an bhfíoras nach gcuirtear san áireamh sna rialacháin saothair agus chánach atá ann cheana sainiúlachtaí earnáil an chultúir (amhail patrúin ioncaim agus oibre neamhrialta), agus an gá atá le cistiú príobháideach a mhealladh lasmuigh de thacaíocht phoiblí.

Leis an athchóiriú, forbrófar creat leordhóthanach dlíthiúil, fioscach agus saothair d'earnáil an chultúir chun cosaint shóisialta na ngníomhaithe éagsúla san earnáil a fheabhsú chomh maith le mealladh infheistíochtaí príobháideacha a mhéadú.

Leis an athchóiriú sin, formheasfar athruithe rialála chun reacht an ealaíontóra a chur chun feidhme, lena n-áirítear athruithe rialála ar na gnéithe seo a leanas:

a) leordhóthanacht CBL agus na cánach ioncaim phearsanta;

b) ionadaíochas na gceardchumann;

c) caidrimh sláinte agus fostaíochta speisialta ealaíontóirí i ngairmeacha poiblí;

d) urraíochtaí a rialáil;

e) córas na ndreasachtaí cánach.

Cuirfear na hathruithe sin chun feidhme tríd an gCoiste Idir-aireachta ar Reacht an Ealaíontóra a chruthú agus trí thograí reachtacha a dhréachtú in 2021, le teacht i bhfeidhm na hionstraime dlí faoin 31 Nollaig 2022. Déanfar bearta chun infheistíocht phríobháideach a spreagadh in earnáil an chultúir a chur chun feidhme freisin le linn na tréimhse 2021-2023.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

Infheistíocht 1 (C24.I1) — Iomaíochas na dtionscal cultúrtha a neartú

Is é cuspóir an bhirt borradh a chur faoi iomaíochas na hearnála cultúrtha agus rannchuidiú lena haistriú digiteach. Is éard atá sa bheart seo infheistíochtaí lena dtacaítear le sealbhú scileanna fiontraíochta agus airgeadais, digitiú na gcóras bainistíochta maoine intleachtúla, agus idirnáisiúnú na dtionscal cultúrtha agus cruthaitheach.

Infheistíocht 2 (C24.12) — Borradh a chur faoin gcultúr ar fud na críche

Is é cuspóir an bhirt comhtháthú críochach agus sóisialta a fheabhsú trí rochtain ar chultúr a éascú agus tacú le hinbhuanaitheacht agus comhdhlúthú na hearnála cultúrtha ar fud na críche. Is éard atá sa bheart seo infheistíochtaí chun bonneagar taibhealaíon agus ealaíon ceoil a nuachóiriú agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe, chun láithreáin chultúrtha na Spáinne a athchóiriú agus a fheabhsú, chun ceadúnais a cheannach le haghaidh leabhair dhigiteacha agus chun gníomhaíocht chultúrtha a chur chun cinn.

Infheistíocht 3 (C24.I3) — Digitiú agus cur chun cinn mórsheirbhísí cultúrtha

Is é is cuspóir don bheart seo mórbhunaíochtaí cultúrtha a dhigitiú agus a chur chun cinn. Is é is aidhm do na hinfheistíochtaí sonracha faoin mbeart seo tacú leis an méid seo a leanas:

a) Ard-Mhúsaem Prado, ag: (i) feabhas a chur ar a inrochtaineacht agus ar a chomhtháthú sa chreatlach uirbeach, (ii) na braiteoirí uile a chomhtháthú i gcóras faireacháin aonair, (iii) eispéireas cuimsitheach a fhorbairt chun an músaem a dhéanamh inrochtana do níos mó cuairteoirí, (iv) ardán digiteach idir-inoibritheach a fhorbairt idir músaeim, (v) uirlisí digiteacha a fheabhsú don riarachán, agus (vi) ábhar ilmheán a chruthú;

b) Ard-Mhúsaem Centro de Arte Reina Sofia, trí chomhaltachtaí agus áiteanna cónaithe taighde a thairiscint d'ealaíontóirí agus do smaointeoirí óga agus béim á leagan ar ghníomhaíochtaí digitithe a fhorbairt don oidhreacht chultúrtha;

c) Leabharlann Náisiúnta na Spáinne, trí úsáid agus athúsáid a sonraí digiteacha agus a bailiúchán digiteach a chur chun cinn chun tacú le teagasc, taighde, tionscail chultúrtha agus forbairtí teicneolaíochta;

d) Plean chun oidhreacht bhibleagrafach sócmhainní leabharlainne eile ó na riaracháin stáit nó ó eintitis phríobháideacha a dhigitiú agus rochtain a fháil uirthi, d'fhonn iad a chur ar fáil do shaoránaigh trí stórtha digiteacha;

e) Digitiú, leathnú acmhainneachta agus idir-inoibritheacht gach cineáil córas cartlainne, fardal agus taifead oidhreachta stairiúla, lena n-áirítear oidhreacht chlosamhairc; agus

f) Bearta chun uirlisí bainistíochta poiblí a nuachóiriú agus córas comhtháite a chur chun feidhme chun acmhainní, sócmhainní, struchtúir agus bonneagar INAEM (*Instituto Nacional de las Artes Escénicas y de la Música*) a dhigitiú agus a chatalógú, lena n-áirítear bearta amhail arduirlisí éagsúla a chur chun feidhme chun scéimeanna tacaíochta poiblí do na hearnálacha taibhiúcháin

agus ceoil a phleanáil, a bhainistiú agus chun measúnú tionchair a dhéanamh orthu, chomh maith le córas comhtháite digiteach (INAEM DIGITAL) a chur chun feidhme chun doiciméadacht, seirbhísí cartlannaithe, agus struchtúir agus bonneagair INAEM a dhigitiú agus a chatalógú.

Lena áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail atá le teacht: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach136; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha137; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola138 agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla139; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 30 Meitheamh 2023.

X.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne le haghaidh gach táscaire mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

[136] Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

[137] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[138] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[139] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garsprioca nna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
352	C24.R1	M	Teacht i bhfeidhm reacht an ealaíontóra, urraíocht agus an chórais dreasachtaí cánach	Forálacha sa rialachán maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2022	Teacht i bhfeidhm athruithe rialála chun reacht an ealaíontóra a chur chun feidhme agus chun na gnéithe seo a leanas a rialáil d'fhonn dálaí oibre ealaíontóirí a fheabhsú: leordhóthanacht CBL; cáin ioncaim phearsanta; ionadaíochas ceardchumann, sláinte agus caidreamh speisialta fostaíochta ealaíontóirí i ngairmeacha poiblí; rialáil níos fearr ar urraíocht agus ar an gcóras dreasachtaí cánach.
354	C24.I1	T	Iomaíochas na dtionscal cultúrtha a neartú	—	Líon	0	1 216	R2	2023	Líon na n-eintiteas agus na dtionscadal ar dámhadh cistiú orthu ón scéim tacaíochta le haghaidh iomaíochas agus ghairmiúlú na dtionscal cultúrtha agus cruthaitheach (CCInna) lena n-áirítear: — scileanna fiontraíochta agus airgeadais ghairmithe na dTionscal Cultúrtha agus Cruthaitheach (900 tairbhí ar a laghad); — pleanáil digitithe a cuireadh chun feidhme agus uirlisí a cruthaíodh chun an claochlú digiteach a phlé (16 thionscadal ar a laghad); — idirnáisiúnú na dTionscal Cultúrtha agus Cruthaitheach (300 tairbhí ar a laghad). Beidh tionscadail i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
475	C24.I1	T	Iomaíochas na dtionscal cultúrtha a neartú		Líon	0	1 900	R2	2026	Thíolaic eintitis nó daoine aonair is faighteoirí tuarascálacha críochnaitheacha lena ndeimhnítear tabhairt chun críche na dtionscadal arna ndámhachtain le haghaidh deontas, nó deimhniú ón riarachán nó ó eintiteas poiblí nó ón gcoiste faireacháin comhfhreagrach go ndearnadh conarthaí agus comhaontuithe faoi seach, lena gcumhdaítear an tacaíocht don mhéid seo a leanas: — sealbhú scileanna fiontraíochta agus airgeadais ag gairmithe na dTionscal Cultúrtha agus Cruthaitheach (1100 tairbhí ar a laghad); — oibreoirí bainistíochta agus/nó eintitis a bhfuil inniúlachtaí acu i réimse na gceart maoine intleachtúla a dhigitiú (16 thionscadal ar a laghad); — idirnáisiúnú na dTionscal Cultúrtha agus Cruthaitheach (784 thairbhí ar a laghad).
355	C24.I2	T	Nuachóiriú agus bainistiú inbhuanaithe ar bhonneagar taibhealaíon agus ealaíon ceoil	—	Líon	0	200	R4	2025	Déanfaidh eintitis is faighteoirí nó daoine aonair is faighteoirí 200 tuarascáil chríochnaitheach lena ndeimhnítear cur i gcrích na ngníomhaíochtaí arna ndámhachtain a thíolacadh le haghaidh deontais a bhaineann le nuachóiriú agus bainistiú inbhuanaithe bhonneagar taibhiúcháin agus ealaíon ceoil.
357	C24.I2	T	Ceadúnais ríomhleabhair do leabharlanna	—	Líon	0	300 000	R2	2023	Ceadúnais ríomhleabhair a cheannaítear agus a sholáthraítear do leabharlanna poiblí (300000 ar a laghad).
359	C24.I2	T	Borradh a chur faoi thionscnaimh a bhaineann le cultúr	—	Líon	0	400	R4	2025	Tá 400 tuarascáil deiridh lena ndeimhnítear tabhairt chun críche na dtionscadal a dámhadh curtha isteach ag eintitis nó daoine aonair is faighteoirí, a bhaineann le gníomhaíocht chultúrtha a chur chun cinn.

384	C27.R5	T	Samhail an chomharchumainn — Tuarascálacha Trédhearcachta		Líon	0	20	R4	2021	Cuirfidh an Ghníomhaireacht Cánach tionscadal chun feidhme in 2021 lena spreagfar fiontair ilnáisiúnta chun faisnéis faoina n-oibríochtaí a nochtadh. D’fhéadfadh iarmhairtí ar chúrsaí cánach na gcuideachtaí sin a bheith ann mar gheall ar an bhfaisnéis a thugtar. Is é an sprioc a bheidh ann 20 Tuarascáil Trédhearcachta a chur isteach in 2021.

AB. COMHCHUID 28: AN CÓRAS CÁNACH A CHUR IN OIRIÚINT DO RÉALTACHT AN AONÚ HAOIS IS FICHE

Is éard atá sna bearta i gcomhpháirt 28 de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne bearta cánach éagsúla amhail na bearta éigeandála a cinneadh le linn chéim ghéar na géarchéime eacnamaíche in 2020, cánacha nua a thabhairt isteach i gcomhthéacs bhuiséad stáit 2021 agus tionscadail mheántéarmacha chun an córas cánach a athbhreithniú agus a fhorbairt níos oiriúnaí dá fheidhm. Tá dreasachtaí cánach sna bearta freisin chun dlús a chur leis an aistriú glas. Is iad na cuspóirí a shaothraítear leis an athchóiriú ar chóras cánach na Spáinne é a dhéanamh níos cothroime, níos forásaí, níos inbhuanaithe agus níos cothroime, agus dearadh an chánachais ghlais á dhoimhniú ag an am céanna, lena n-ionchorpraítear gné inscne agus lena bhfeabhsaítear beartais phoiblí leasa ghinearálta, amhail cosaint sláinte. Tá sé d'aidhm ag na hathchóirithe freisin rannchuidiú go dearfach leis an bhfás eacnamaíoch, le cruthú post, le hathléimneacht eacnamaíoch agus le comhtháthú idirchríochach. Ós rud é go bhfuil an cóimheas foriomlán idir ioncam cánach agus OTI sa Spáinn níos ísle ná mar atá i bpiargheilleagair, tá deis ann ioncam a thiomsú agus inbhuanaitheacht mheántéarmach agus fhadtéarmach an airgeadais phoiblí a chothú.

Tugann an chomhpháirt aghaidh, i measc nithe eile, ar na Moltaí Tírshonracha maidir le creataí fioscacha agus soláthair phoiblí a neartú ar gach leibhéal rialtais (Moladh Sonrach Tír 1 2019), maidir le beartais fhioscacha a shaothrú — nuair is féidir sin le dálaí eacnamaíocha — arb é is aidhm dóibh riochtaí buiséadacha meántéarmacha stuama a bhaint amach agus inbhuanaitheacht fiachais a áirithiú, agus infheistíocht á spreagadh ag an am céanna (Moladh Sonrach Tír 1 2020), maidir le leictriú iompair (Moladh Sonrach Tír 3 2023 agus 4 2022), maidir le hinfheistíocht san aistriú éiceolaíoch agus digiteach a mhéadú (Moladh Sonrach Tír 1 2023, 1 2022 agus 3 2020) agus maidir le hinfhaighteacht tithíochta sóisialta agus inacmhainne atá tíosach ar fhuinneamh a mhéadú, go háirithe trí athchóiriú (Moladh Sonrach Tír 3 2023 agus 4 2022).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

AB.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C28.R1) — Bearta a glacadh in 2020 agus 2021 chun éifeachtaí phaindéim COVID-19 a mhaolú

Chuir an Spáinn roinnt beart cánach i bhfeidhm le linn 2020 agus 2021 chun tionchar diúltach na géarchéime eacnamaíche a d'eascair as ráig COVID-19 a mhaolú. Áiríodh ar na bearta sin fiacha cánach agus custaim a chur siar, sprioc-amanna cánach a chur ar fionraí agus síneadh a chur leo, féidearthachtaí maidir le cáin ioncaim phearsanta shimplithe, córais chánach corparáide agus CBL FBManna, laghdú sealadach ar ráta CBL earraí áirithe is gá chun an ghéarchéim sláinte a chomhrac agus Ciste Dócmhainneachta a chruthú do chorparáidí neamhairgeadais. Ba é cuspóir na mbeart sin tionchar eacnamaíoch agus sóisialta na paindéime a mhaolú. Tiocfaidh na bearta sin i bhfeidhm ón 1 Feabhra 2020 agus leanfar le cuid acu in 2021.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Márta 2021.

Athchóiriú 3 (C28.R3) — Coiste saineolaithe a bhunú le haghaidh athchóiriú cánach

Bunóidh na húdaráis Coiste Saineolaithe an 12 Aibreán 2021 chun scrúdú a dhéanamh ar ghnéithe de chóras cánach barrmhaith agus chun moltaí a dhéanamh maidir le conas an cánachas reatha a nuachóiriú agus a oiriúnú ar bhealach comhleanúnach. Go háirithe, tabharfaidh an Coiste saineolaithe aird ar na réimsí seo a leanas:

- cánachas comhshaoil;
- cánachas corparáideach;
- cánachas an gheilleagair dhigitithe;
- cánachas ar rachmas, lena n-áirítear cánachas maoine agus cur chun feidhme nithiúil an chomhchuibhithe sa réimse sin;
- cánachas ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ag teacht chun cinn; agus
- comhionannas inscne.

Tiocfaidh na leasuithe ar an gcóras cánach bunaithe ar mholtaí an Choiste saineolaithe nó ar anailísí eile ón Aireacht Airgeadais i bhfeidhm faoin 31 Márta 2023.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Márta 2023.

Athchóiriú 4 (C28.R4) — Athchóiriú ar bhearta cánach a rannchuidíonn leis an aistriú éiceolaíoch

Tá bearta cánach san athchóiriú sin arb é is aidhm dóibh tacú leis an aistriú glas. Áireofar an méid seo a leanas ar na bearta:

- cáin a bhunú ar dhramhaíl a chur i líonadh talún agus i ngléasraí loiscthe;
- cáin a thabhairt isteach ar phacáistíocht phlaisteach neamh-in-athúsáidte;
- an cháin ar gháis ceaptha teasa fhluairínithe a leasú;
- cánacha nó íocaíochtaí a bhaineann le soghluaisteacht amhail dolaí bóthair agus cánacha ar chlárú feithiclí; agus;
- athbhreithniú ar na fóirdheontais le haghaidh olaí mianracha a úsáidtear mar bhreosla.

Tabharfar cur chun feidhme na mbeart chun críche faoin 30 Meitheamh 2022.

Athchóiriú 5 (C28.R5) — Formheas na Cánach Seirbhísí Digiteacha

Leis an athchóiriú sin, tabharfar isteach tobhach bunaithe ar láimhdeachas cuideachtaí ar mó ná EUR 750000000 a nglanláimhdeachas agus ar ioncam ó sholáthar seirbhísí digiteacha áirithe amhail seirbhísí fógraíochta agus idirghabhála ar líne sa Spáinn. Tá an tobhach neamhspleách ar cé acu atá cónaí ar an gcuideachta i gcríoch na Spáinne nó nach bhfuil. Tiocfaidh an tobhach i bhfeidhm sa chéad ráithe de 2021. Áireofar san athchóiriú freisin tuarascáil ar mheasúnú tionchair an bhirt, a eiseofar faoin 31 Márta 2022 agus 2023.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Márta 2021.

Athchóiriú 6 (C28.R6) — Formheas na Cánach ar Idirbhearta Airgeadais

Leis an mbeart seo, tabharfar isteach tobhach atá bunaithe ar luach ceannaigh scaireanna cuideachtaí liostaithe sa Spáinn a bhfuil caipitliú margaidh níos mó ná EUR 1000000000 acu. Tháinig cur chun feidhme an athchóirithe i bhfeidhm sa chéad ráithe de 2021. Áireofar san athchóiriú freisin tuarascáil ar mheasúnú tionchair an bhirt, a eiseofar faoin 31 Márta 2022 agus 2023.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Márta 2021.

Athchóiriú 7 (C28.R7) — Bearta cánach gearrthéarmacha maidir le cánacha pearsanta

Méadóidh an t-athchóiriú leibhéal forchéimnitheachta agus athdháilte na cánach ioncaim phearsanta, trí bhíthin leasuithe ar an Acht um Cháin Ioncaim Phearsanta agus ar an Acht um Cháin Rachmais. Go háirithe, déanfaidh sé an ráta ar an scála náisiúnta ginearálta a ardú faoi 2 phointe céatadáin ó EUR 300000 mar bhonn ginearálta don mheasúnú, agus coigiltis a ardú faoi 3 phointe céatadáin ó EUR 200000. Thairis sin, laghdófar an teorainn ar ranníocaíochtaí pinsin aonair a laghdú ó EUR 8000 go EUR 2000 agus méadófar an teorainn reatha le haghaidh ranníocaíochtaí a dhéanann an chuideachta lena fostaí ó EUR 8000 go EUR 10000. Ina theannta sin, maidir leis an gcáin rachmais, méadóidh an t-athchóiriú an ráta is infheidhme maidir leis an mbanda deireanach den taraif faoi 1 phointe céatadáin, ó 2.5 % go 3.5 % (i gcás sócmhainní níos mó ná EUR 10000000). Bhí cur chun feidhme an athchóirithe le tabhairt chun críche faoin 1 Eanáir 2021.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Márta 2021.

Athchóiriú 8 (C28.R8) — Bearta cánach glactha gearrthéarmacha sa cháin chorparáide

Leis an athchóiriú, leasófar an tAcht um Cháin Chorparáide chun ranníocaíocht na cánach sin a mhéadú chun tacú le caiteachas poiblí, agus ag an am céanna simplithe a thabhairt isteach ar na díolúintí agus ar na hasbhaintí chun ráta íosta 15 % ó cháiníocóirí a áirithiú. Ar an taobh eile, déanfar laghdú 5 % ar an díolúine do dhíbhinní agus do ghnóthachain chaipitiúla arna nginiúint ag a scairsheilbh i bhfochuideachtaí, idir chónaitheach agus neamhchónaitheach i gcríoch na Spáinne.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Márta 2021.

Athchóiriú 9 (C28.R9) — Bearta cánach gearrthéarmacha i gcánacha indíreacha

Leis an athchóiriú, leathnófar cur i bhfeidhm ráta caighdeánach na cánach CBL, arna shocrú ag 21 %, chuig deochanna boga, súnna agus deochanna gásacha a bhfuil siúcra breise curtha leo. Is gealltanas sóisialta é beart den sórt sin chun tomhaltas freagrach na gcatagóirí deochanna sin a chur chun cinn agus tá sé comhsheasmhach leis an aidhm costais sheachtracha stát leasa na Spáinne a mhaoiniú, rud a eascraíonn as aistí bia míshláintiúla sa chás seo. Thairis sin, ardófar ráta cánach na bpréimheanna árachais faoi dhá phointe céatadáin, go 8 %, agus beidh sé fágtha, áfach, ar an mbanda meánach-íseal i ndáil le tíortha comharsanacha.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Márta 2021.

Infheistíocht 1 (C28.I1) — Dreasachtaí fioscacha chun feithiclí leictreacha agus suiteálacha pointí luchtaithe a cheannach

Is é is cuspóir don bheart seo rolladh amach feithiclí leictreacha agus stáisiún luchtaithe a dhreasú.

Is éard atá sa bheart dearbhuithe cánach a bhaineann le feithiclí inluchtaithe agus feithiclí breosla-chille leictreacha a cheannach nó stáisiúin luchtaithe a shuiteáil.

AB.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne le haghaidh gach táscaire mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
385	C28.R1	M	Bearta fioscacha a glacadh in 2020 agus 2021 chun éifeachtaí phaindéim COVID-19 a mhaolú	Foráil na ndlíthe agus Dlíthe Foraithne Ríoga lena léirítear a dteacht i bhfeidhm				RÁITHE 1	2021	Teacht i bhfeidhm na mbeart cánach a glacadh in 2020 agus 2021 chun éifeachtaí díobhálacha eacnamaíocha agus sóisialta phaindéim COVID-19 a mhaolú: 1. Rialacháin idirthréimhseacha: dlíthe Foraithne Ríoga éagsúla arna bhformheas ag an Rialtas ó thús phaindéim COVID-19. 2. Modhnú ar rialacháin stáit: − Foraithne Reachtach Ríoga 1/1993, an 24 Meán Fómhair, lena bhformheastar Téacs Comhdhlúite Dhlí na Cánach ar Tharchur Patrimonial agus Gníomhartha Dlí Doiciméadaithe. Dlí 37/1992, an 28 Nollaig, maidir le Cáin Bhreisluacha. Dlí 49/2002, an 23 Nollaig, maidir le córas cánach eintiteas neamhbhrabúsach agus maidir le dreasachtaí cánach le haghaidh pátrúnachta. − Dlí 58/2003, an 17 Nollaig, Cáin Ghinearálta. — Dlí 35/2006, an 28 Samhain, maidir le Cáin Ioncaim Phearsanta
387	C28.R3	M	An Státrúnaí Airgeadais do cheapadh an Choiste saineolaithe.	Foilsiú ar leathanach gréasáin				R2	2021	Coiste saineolaithe a cheapadh chun an t-athchóiriú ar an gcóras cánach a threorú. Beidh an Coiste freagrach as anailís theicniúil a dhéanamh ar na hathchóirithe is gá, agus an staid reatha mar aon leis an staid a bhfuiltear ag súil léi sa mheántéarma agus san fhadtéarma á gcur san áireamh, agus aird ar leith á tabhairt ar na réimsí seo a leanas: cánachas comhshaoil, cánachas corparáideach, cánachas ar an ngeilleagar digiteach, cánachas ar rachmas agus comhchuibhiú nithiúil sa réimse sin, cánachas ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ag teacht chun cinn.
388	C28.R3	M	Teacht i bhfeidhm na n-athchóirithe a eascraíonn as moltaí an Choiste nó as anailísí eile ón Aireacht Airgeadais	Forálacha na n-athchóirithe lena léirítear a dteacht i bhfeidhm				RÁITHE 1	2023	Teacht i bhfeidhm athchóirithe a dhíorthaítear ó mholtaí an Choiste Saineolaithe nó ó anailísí eile ón Aireacht Airgeadais i réimsí an Chánachais Comhshaoil, an Chánachais Chorparáidigh, an Chánachais Rachmais, an Chánachais Sláinte agus na Cánach Ioncaim Phearsanta ar Ioncam Caipitiúil, lena n-áireofar, i measc nithe eile, teacht i bhfeidhm méaduithe ar an gcáin díosail. Na hathchóirithe sin, mar aon le bearta lena dtugtar isteach teorainneacha ar chúiteamh bonn cánach diúltach atá lasmuigh de raon feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta, measfar iad tráth a dteacht i bhfeidhm chun ioncam a mhéadú 0.3 pointe céatadáin de OTI ar a laghad go buan.
389	C28.R4	M	Cánacha ar phlaistigh agus ar dhramhaíl aon úsáide	Foráil den dlí lena léirítear a theacht i bhfeidhm				R3	2021	Teacht i bhfeidhm an Dlí lena rialaítear cánacha ar phlaisteach agus taisceadh agus loscadh dramhaíola chun an geilleagar ciorclach a chur chun cinn agus chun úsáid plaisteach aon úsáide a laghdú.
390	C28.R4	M	Anailís ar an gCáin Cláraithe Feithiclí agus ar an gCáin Tráchta	Foilsiú ar leathanach gréasáin				RÁITHE 1	2022	Beartaítear leis an athchóiriú anailís a dhéanamh ar an gCáin ar Chlárú Feithiclí, ar an gCáin Tráchta nó ar íocaíochtaí amhail dolaí bóthair. Bunaithe ar an anailís sin, breithneofar athbhreithniú ar an dlí chun iompar de bhóthar níos inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										I gcomhréir leis an tuairisc ar gharsprioc, sainaithneofar san anailís forálacha sonracha an dlí a mheastar a bhfuil leasuithe ag teastáil ina leith i bhfianaise na hanailíse
391	C28.R4	M	Teacht i bhfeidhm an athchóirithe cánach ar Gháis Fhluairínithe	Foráil den dlí lena léirítear a theacht i bhfeidhm				R2	2022	Teacht i bhfeidhm an athchóirithe ar an gCáin ar Gháis Fhluairínithe chun a n-úsáid a dhíspreagadh agus chun seachaint cánach a laghdú.
392	C28.R5	M	Cáin ar Sheirbhísí Digiteacha	Foráil den dlí lena léirítear a theacht i bhfeidhm				RÁITHE 1	2021	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le cáin seirbhísí digiteacha áirithe (*Ley 4/2020, de 15 de octubre, del Impuesto sobre Determinados Servicios Digitales*) chun foinsí nua ioncaim a ghiniúint don rialtas bunaithe ar earnálacha gnó atá ag teacht chun cinn agus an córas cánach á fhorbairt ar bhealach comhleanúnach agus i gcás inarb ábhartha sa chomhthéacs idirnáisiúnta.
393	C28.R6	M	Cáin ar Idirbhearta Airgeadais	Foráil den dlí lena léirítear a theacht i bhfeidhm				RÁITHE 1	2021	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le Cáin ar Idirbhearta Airgeadais (*Ley 5/2020, de 15 de octubre, del Impuesto sobre las Transacciones Financieras*) chun foinsí nua ioncaim a ghiniúint don rialtas agus an córas cánach á fhorbairt ar bhealach comhleanúnach agus i gcás inarb ábhartha sa chomhthéacs idirnáisiúnta.
394	C28.R7	M	Modhnuithe ar Cháin Ioncaim Phearsanta agus ar Cháin Rachmais in 2021	Foráil den Dlí Buiséid lena léirítear a theacht i bhfeidhm				RÁITHE 1	2021	Teacht i bhfeidhm na modhnuithe a tugadh isteach le Dlí Buiséid 2021 agus na rialacháin forbartha a bhaineann le Cáin Ioncaim Phearsanta agus Cáin Rachmais chun an t-easnamh rialtais a laghdú agus chun an cánachas ioncaim phearsanta a dhéanamh níos forásaí.
395	C28.R8	M	Modhnuithe ar Cháin Ioncaim Chorparáideach in 2021	Foráil den Dlí Buiséid lena léirítear a theacht i bhfeidhm				RÁITHE 1	2021	Teacht i bhfeidhm na modhnuithe a tugadh isteach leis an Dlí Buiséid do 2021 agus leis na rialacháin forbartha a bhaineann le Cáin Ioncaim Chorparáideach chun ioncam ó cháin chorparáide a mhéadú.
396	C28.R9	M	Modhnuithe ar chánacha indíreacha in 2021	Foráil den Dlí Buiséid lena léirítear a theacht i bhfeidhm				RÁITHE 1	2021	Teacht i bhfeidhm na modhnuithe a tugadh isteach leis an Dlí Buiséid do 2021 agus na rialacháin forbartha a bhaineann le cánacha indíreacha chun aistí bia níos sláintiúla a chur chun cinn trí thomhaltas deochanna siúcracha áirithe a laghdú agus chun ioncam an rialtais láir a mhéadú tríd an gcáin ar phréimheanna árachais a mhéadú.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
512	C28.I1	T	Asbhaintí cánach arna ndearbhú chun feithiclí leictreacha a cheannach nó chun stáisiúin luchtaithe a shuiteáil		milliún EUR	0	407	R2	2026	Cuirfear isteach dearbhuithe cánach le haghaidh méid carnach iomlán asbhaintí EUR 407 milliún a bhaineann le ceannach feithiclí inluchtaithe agus feithiclí breosla-chille leictreacha nó le suiteáil pointí luchtaithe.

AC. COMHCHUID 29: ÉIFEACHTACHT AN CHAITEACHAIS PHOIBLÍ A FHEABHSÚ

Is é is aidhm do na hathchóirithe i gcomhpháirt 29 de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne (i) éifeachtacht an chaiteachais phoiblí a fheabhsú tríd an gcreat agus na cleachtais le haghaidh athbhreithnithe caiteachais a neartú agus (ii) buiséad an rialtais láir a ailíniú le spriocanna forbartha inbhuanaithe agus le prionsabail an bhuiséadaithe ghlais.

Is é is cuspóir do chomhpháirt an phlean feabhas a chur ar cháilíocht an chaiteachais phoiblí, go háirithe, trí athbhreithniú a dhéanamh ar a chomhdhéanamh agus trína úsáid a athdhíriú, chun tacú le fás eacnamaíoch agus cruthú post, agus ar deireadh chun sáinn airgeadais phoiblí agus fiachas poiblí a dhéanamh níos inbhuanaithe sa mheántéarma. Tugann na hathchóirithe aghaidh freisin ar na dúshláin a bhaineann leis an réaltacht nua eacnamaíoch agus shóisialta.

Tugann an chomhpháirt aghaidh ar an Moladh Tírshonrach maidir le beartais fhioscacha a shaothrú — nuair is féidir sin sna dálaí eacnamaíocha — arb é is aidhm dóibh riochtaí buiséadacha meántéarmacha stuama a bhaint amach agus inbhuanaitheacht fiachais a áirithiú, agus infheistíocht á spreagadh ag an am céanna (Moladh Sonrach Tíre 1 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

AC.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C29.R1) — Próiseas athbhreithnithe agus meastóireachta ar chaiteachas poiblí

Is é is cuspóir don athchóiriú seo creat buan a bhunú lena n-áiritheofar feabhsuithe ar cháilíocht an chaiteachais phoiblí, lena neartófar cobhsaíocht fhioscach agus inbhuanaitheacht airgeadas ginearálta an rialtais. Tá ceithre fho-eilimint san athchóiriú sin:

- Moltaí an athbhreithnithe caiteachais 2018-2020 (céim I agus céim II) a ionchorprú sa phróiseas cinnteoireachta: Chun obair leantach éifeachtach ar mholtaí chéim I agus chéim II a bhaint amach, tabharfar spriocdháta d'aonaid bhuiséadacha ar tugadh moltaí dóibh chun freagra a thabhairt ar na moltaí sin i gcomhréir leis an bprionsabal 'comhlíon nó mínigh'. Táthar ag súil go gcuirfear de chúram ar an Aireacht Airgeadais faireachán a dhéanamh ar an obair leantach agus tuarascáil bhliantúil a chur ar fáil maidir leis an bhfreagairt ar na moltaí.

- Seoladh chéim III d'athbhreithniú caiteachais 2021: Tá sé beartaithe go ndíreofar sa tríú céim den athbhreithniú caiteachais ar ionstraimí airgeadais agus ar bhainistiú dramhaíola bardais;

- Próiseas nua athbhreithnithe agus meastóireachta ar chaiteachas poiblí (le haghaidh 2022-2026): Is é an t-údarás fioscach neamhspleách (Autoridad Independiente de Responsabilidad Fiscal, AIReF) a dhéanfadh na hathbhreithnithe caiteachais amach anseo sa timthriall sin. Is í Comhairle na nAirí a chinnfidh fócas, cumhdach agus amlíne na n-athbhreithnithe sin a dhéanfar amach anseo tar éis dul i gcomhairle le AIReF. Is é an aidhm atá ann tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú in 2022-2026;

- Cumas an mheastóra (AIReF) a neartú: Modhnófar reacht AIReF chun aonad nua a chruthú a bheidh freagrach as na hathbhreithnithe ar chaiteachas poiblí.

D'fhéadfaí a mheas go dtacaíonn Athchóiriú 1 le comhleanúnachas agus le hathchóirithe eile i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne, go háirithe i gcomhchodanna 6, 17, 18, 21, 23 agus 28, áit ar cuireadh na moltaí atá bunaithe ar chéim I agus II den athbhreithniú caiteachais san áireamh sna tosaíochtaí athchóirithe sin.

Athchóiriú 2 (C29.R2) — Buiséad an Rialtais Láir a ailíniú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár Oibre 2030

Is é is cuspóir don athchóiriú seo buiséad an stáit a ailíniú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna), atá mar bhonn leis an bplean iomlán. Is éard a bheidh san athchóiriú tuarascáil a fhoilsiú i gcomhthéacs phróiseas buiséid an stáit lena léireofar, i gcomhréir le modheolaíocht réamhshainithe, ailíniú infheistíochtaí poiblí leis na SDGanna. Cuireann an t-athchóiriú sin leis an modheolaíocht agus leis an gcreat faireacháin atá á ndearadh faoi láthair le tacaíocht ó Ionstraim an Aontais um Thacaíocht Theicniúil.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2021.

Athchóiriú 3 (C29.R3) — Buiséad an Rialtais Láir a ailíniú le buiséadú glas

Is é is cuspóir don athchóiriú seo buiséad an stáit a ailíniú le creat tagartha an Aontais maidir le buiséadú glas sa mheántéarma. Treisíonn sé athchóiriú 2 agus ar bhonn níos ginearálta mianta glasa an phlean. Is éard a bheidh san athchóiriú dhá thuarascáil a fhoilsiú, i gcomhthéacs phróiseas buiséid an rialtais láir lena ndéanfar costais ghlasa agus dhonna faoi seach a mhapáil thar na dlíthe buiséadacha bliantúla do 2023 agus 2024. Cuireann an t-athchóiriú sin leis an modheolaíocht agus leis an gcreat faireacháin atá á ndearadh faoi láthair le tacaíocht ó Ionstraim an Aontais um Thacaíocht Theicniúil.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 30 Meitheamh 2023.

AC.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne le haghaidh gach táscaire mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
397	C29.R1	M	Foireann bhuan a chur ar bun san Aireacht Airgeadais chun faireachán gníomhach a dhéanamh ar chur chun feidhme thorthaí an athbhreithnithe caiteachais agus chun an tOrdú um an Dlí Buiséadach Bliantúil a Mhionsaothrú a fhormheas	Forálacha na reachtaíochta lena sonraítear a teacht i bhfeidhm. An tOrd maidir leis an Dlí Buiséadach Bliantúil a Mhionsaothrú				R2	2021	Teacht i bhfeidhm (i) foireann bhuan a chur ar bun laistigh den Aireacht Airgeadais (sa Rúnaíocht Stáit um Buiséad agus Caiteachas) chun faireachán gníomhach a dhéanamh ar chur chun feidhme thorthaí na n-athbhreithnithe caiteachais, lena gcuirtear an prionsabal 'comhlíon nó mínigh' chun cinn; agus (ii) ar ghealltanas na hAireachta Airgeadais tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina mbeidh freagraí ar na moltaí uile maidir le hathbhreithniú caiteachais arna n-eisiúint ag AIReF. Áireofar san Ord chun an Dlí Buiséadach Bliantúil a Mhionsaothrú gealltanas an Riaracháin Lárnaigh agus na Slándála Sóisialta faireachán agus obair leantach a dhéanamh tríd an timthriall buiséadach ar mholtaí na n-athbhreithnithe caiteachais, lena n-áirítear bearta a cuireadh chun feidhme nó a bheartaítear a chur chun feidhme an bhliain dár gcionn.
398	C29.R1	M	Céim III den athbhreithniú caiteachais	Formheas ó Chomhairle na nAirí				R2	2021	Déanfaidh Comhairle na nAirí cinneadh maidir le céim III den athbhreithniú caiteachais a sheoladh in 2021. Sa tríú céim den athbhreithniú caiteachais, tabharfar aghaidh ar dhá réimse ar a laghad: ionstraimí airgeadais agus bainistiú dramhaíola cathrach. Is é AIReF a dhéanfaidh an t-athbhreithniú caiteachais.
399	C29.R1	M	Aonad buan a chruthú laistigh de AIReF a bheidh freagrach as na hathbhreithnithe caiteachais arna sainordú ag an rialtas a dhéanamh	Forálacha RD lena léirítear a theacht i bhfeidhm				R2	2021	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar Fhoraithne Ríoga 215/2014, de Reacht Orgánach AIReF, le cruthú aonaid bhuain a bheidh i gceannas ar na hathbhreithnithe caiteachais arna gcoimisiúnú ag an Rialtas a dhéanamh.
400	C29.R1	M	Formheas ó Chomhairle na nAirí ar thimthriall nua (2022-26) na n-athbhreithnithe caiteachais atá le coimisiúnú do AIReF	Foráil de chomhaontú Chomhairle na nAirí lena léirítear a theacht i bhfeidhm				R4	2021	Cumhdóidh an timthriall athbhreithnithe ilbhliantúil nua ar chaiteachas poiblí an tréimhse 2022-2026. Chun an t-iarratas a phleanáil i gceart agus an fhaisnéis is gá a bhailiú le haghaidh gach céime den athbhreithniú caiteachais, tar éis dul i gcomhairle le AIReF, cinnfidh agus foilseoidh Comhairle na nAirí ar a laghad na réimsí beartais, na heintitis phoiblí lena mbaineann agus na tréimhsí ama a chumhdófar leis an anailís chomh maith le gnéithe modheolaíochta ábhartha.
401	C29.R1	M	Tuarascáil faireacháin a fhoilsiú	Foilsiú i leathanach gréasáin na hAireachta Airgeadais				RÁITHE 1	2022	Tuarascáil faireacháin a fhoilsiú go bliantúil. Liostófar sa tuarascáil na moltaí arna n-eisiúint ag AIReF agus sonrófar inti na hathruithe rialála nó na bearta eile a rinneadh chun aghaidh a thabhairt orthu. I gcás nach n-aontaíonn na lárionaid chaiteachais a bhfuil na moltaí dírithe chucu leo, cuirfear údar iomchuí san áireamh.
402	C29.R1	M	Céim III den athbhreithniú caiteachais	Na tuarascálacha a fhoilsiú ar leathanach gréasáin AIReF				R2	2023	Foilsiú na dtuarascálacha ar an tríú céim den athbhreithniú caiteachais ag AIReF.
402a	C29.R1	M	Foilsiú staidéar athbhreithnithe caiteachais ar	Na tuarascálacha a fhoilsiú ar				R2	2026	Staidéir athbhreithnithe caiteachais arna bhfoilsiú ag AIReF maidir le i) ionstraimí airgeadais chun tacú le FBManna, ii) córas árachais fhrithpháirtigh na

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			an timthriall nua (2022-2026)	leathanach gréasáin AIReF						státseirbhíseach, iii) míchumas sealadach, iv) cúnamh oifigiúil um fhorbairt, agus v) an t-ioncam íosta.]
403	C29.R2	M	Tuarascáil Ailínithe Buiséid le SDGanna	Foilsiú mar Dhoiciméadacht chomhlántach sa Dlí Buiséadach Bliantúil				R3	2021	Foilsiú na tuarascála a ghabhann le Dréachtdlí Buiséid 2022 maidir lena ailíniú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.
404	C29.R3	M	Tuarascáil maidir le hailíniú an Bhuiséid Ghlais	Foilsiú mar Dhoiciméadacht chomhlántach sa Dlí Buiséadach Bliantúil				R3	2022	Tuarascáil maidir leis an mBuiséad Glas (an ghné ghlas) a ghabhann le Dlí Buiséadach Bliantúil 2023. Leis an tuarascáil, déanfar costais ghlasa a mhapáil sa dlí buiséadach bliantúil agus ullmhófar í i gcomhréir leis an modheolaíocht agus leis an gcreat faireacháin arna gceapadh le tacaíocht ó Ionstraim an Aontais um Thacaíocht Theicniúil.
405	C29.R3	M	Tuarascáil maidir le hailíniú an Bhuiséid Ghlais	Foilsiú mar Dhoiciméadacht chomhlántach sa Dlí Buiséadach Bliantúil				R2	2023	Tuarascáil ar an mBuiséad Glas (gné dhonn) a ghabhann leis an Dlí Buiséid Bliantúil do 2024. Leis an tuarascáil, mapálfar costais dhonna sa dlí buiséadach bliantúil agus ullmhófar í i gcomhréir leis an modheolaíocht agus leis an gcreat faireacháin arna ndearadh le tacaíocht ó Ionstraim an Aontais um Thacaíocht Theicniúil.

AD. COMHCHUID 30: PINSIN

Is é is cuspóir don chomhpháirt de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne córas na bpinsean a athchóiriú chun i) inbhuanaitheacht airgeadais an chórais a áirithiú sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ii) cumhacht ceannaigh na bpinsean a choinneáil ar bun, iii) leordhóthanacht na bpinsean a chaomhnú, iv) pinsinéirí a chosaint ar an mbochtaineacht agus v) cothromas idirghlúine a áirithiú. Cuireann na bearta athchóirithe leis an gcomhdhearcadh leathan parlaiminteach maidir le moltaí Chomhshocrú Toledo a ghlacadh[141]. Áirítear ar na bearta, atá fós faoi réir idirphlé sóisialta, an méid seo a leanas: i) foinsí cistiúcháin a dheighilt, ii) sásra innéacsaithe athbhreithnithe sochar pinsin, iii) dreasachtaí le haghaidh scor déanach agus athruithe rialála a bhaineann le luathscor, iv) athruithe ar an tréimhse ranníocaíochta chun an pinsean scoir a ríomh, v) córas nua ranníocaíochtaí do dhaoine féinfhostaithe bunaithe ar ioncam réadach agus vi) scéimeanna pinsin ceirde a fhorbairt trí chómhargáil.

Tugann an chomhpháirt aghaidh ar na Moltaí Tírshonracha maidir le hinbhuanaitheacht chóras na bpinsean a chaomhnú (Moladh Sonrach Tír 1 2019) agus beartais fhioscacha a shaothrú, nuair is féidir sin sna dálaí eacnamaíocha, arb é is aidhm dóibh riochtaí buiséadacha meántéarmacha stuama a bhaint amach agus inbhuanaitheacht fiachais a áirithiú, agus infheistíocht á spreagadh ag an am céanna (Moladh Sonrach Tír 1 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

AD.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C30.R1) — Foinsí cistithe slándála sóisialta a dheighilt

Is é is cuspóir don athchóiriú maoiniú chóras na bpinsean a athrú i gcomhréir le moltaí Chomhshocrú Toledo ionas go maoineofar sochair ranníocacha trí ranníocaíochtaí sóisialta agus go n-íocfar sochair neamhranníocacha ó bhuiséad an stáit. Is éard a bheidh san athchóiriú an stát atá i gceannas ar mhaoiniú roinnt míreanna caiteachais, a chumhdaítear faoi láthair le ranníocaíochtaí sóisialta. Leis an athchóiriú, neartófar an nasc idir ranníocaíochtaí agus teidlíochtaí agus cuirfear feabhas ar inbhuanaitheacht airgeadais an chórais ranníocaigh.

Is éard atá sna míreanna caiteachais a maoiníodh roimhe seo trí ranníocaíochtaí sóisialta ach faoin athchóiriú seo meastar gur míreanna neamhranníocacha iad agus a mhaoinítear trí bhuiséad an stáit i) cuid de bheartais fostaíochta neamhranníocacha, ii) laghduithe ar an ranníocaíocht slándála sóisialta chun fostaíocht a chur chun cinn, iii) liúntais bhreithe agus chúraim leanaí, iv) caiteachas a bhaineann le luathscor, v) an forlíonadh pinsin mháithreachais, v) pinsin do bhaill teaghlaigh, vi) bearta tacaíochta ('fóirdheontais intuigthe') do scéimeanna speisialta agus vii) an costas a bhaineann leis na bearnaí i ranníocaíochtaí a chomhlánú chun an pinsean seanaoise a ríomh.

Cuireadh tús leis an athchóiriú trí fhorálacha i mbuiséad ginearálta an stáit do 2021, agus cuirfear chun feidhme é de réir a chéile trí aistrithe ó bhuiséad an stáit go dtí an buiséad slándála sóisialta.

[141] Foilsíodh moltaí Chomhshocrú Toledo san Iris Oifigiúil an 10 Samhain 2020: https://www.congreso.es/public_oficiales/L14/CONG/BOCG/D/BOCG-14-D-175.PDF.

Cuirfear an beart chun feidhme faoin 31 Nollaig 2023.

Athchóiriú 2 (C30.R2) — Cumhacht cheannaigh na bpinsean a chothabháil, an aois scoir iarbhír a ailíniú leis an aois scoir reachtúil, an tréimhse ríofa le haghaidh ríomh an phinsin scoir a oiriúnú do ghairmeacha nua agus sásra cothromais idirghlúine a chur in ionad na gné inbhuanaitheachta

Is iad cuspóirí an athchóirithe i) cumhacht ceannaigh pinsinéirí a ráthú, ii) rannpháirtíocht saothair a mhéadú ag aoiseanna atá gar don aois scoir dhlíthiúil, iii) scor a chur siar, iv) forchéimnitheacht an chórais ranníocaíochta a threisiú, v) an rialachán atá ann faoi láthair a oiriúnú do ghairmeacha neamhleanúnacha agus do chineálacha eile oibre neamhthipiciúla agus vi) aghaidh a thabhairt ar thionchar na n-athruithe déimeagrafacha atá ar na bacáin gan leordhóthanacht na bpinsean atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a dhéanamh níos measa. Is éard atá san athchóiriú ceithre athchóiriú rialála ar leithligh i gcomhréir le moltaí Chomhshocrú Toledo, atá le glacadh in dhá chéim.

Is iad seo a leanas na hathchóirithe atá le teacht i bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2021:

- Sásra innéacsaithe nua lena nasctar sochair phinsin leis an mboilsciú, agus é mar chuspóir aige cumhacht cheannaigh na bpinsinéirí a ráthú ar bhealach buan.
- An aois scoir iarbhír a ailíniú leis an aois scoir reachtúil, agus é mar chuspóir rannpháirtíocht an lucht saothair a mhéadú ag aoiseanna atá gar don aois scoir dhlíthiúil, agus scor a chur siar. Beidh na hathruithe rialála seo a leanas i gceist leis an mbeart:
    a. Dreasachtaí nua a chruthú chun moill a chur ar scor (dreasachtaí eacnamaíocha méadaithe chun moill a chur ar scor agus chun comhoiriúnacht idir obair agus pinsean a chur chun cinn). Go háirithe, beidh na hoibrithe sin a chuireann scor siar i dteideal rogha a dhéanamh as measc na n-oibrithe seo a leanas: méadú ar mhéid an phinsin le haghaidh gach bliana ranníocaíochta breise iomláine a chreidiúnaítear idir an aois dhlíthiúil scoir agus an scor iarbhír; íocaíocht chnapshuime; agus meascán den chéad dá cheann.
    b. Dídhreasachtaí a threisiú maidir le gnéithe luathscoir den rialáil reatha ar luathscor a rialáil. Déanfar an ráta laghdaithe maidir le luathscor a mhodhnú chun an aois scoir iarbhír a mhéadú agus chun deireadh a chur leis an gcóireáil phribhléideach a thugtar do na pinsinéirí sin a bhfuil an bonn ranníocaíochta uasta acu. Tá toirmeasc ar fhorálacha cómhargála lena gcuirtear iallach ar rochtain ar phinsean ag an aois scoir chaighdeánach.

Is iad seo a leanas na hathchóirithe atá le teacht i bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2022:

- Coigeartú na tréimhse ranníocaí chun an pinsean scoir a ríomh, d'fhonn forchéimnitheacht an chórais a threisiú agus an rialachán atá ann faoi láthair a oiriúnú do ghairmeacha neamhleanúnacha agus do chineálacha eile oibre neamhthipiciúla.
- Sásra lena ráthaítear cothromas idirghlúine agus inbhuanaitheacht bhuiséadach a chur in ionad na gné inbhuanaitheachta. Is é cuspóir an bhirt aghaidh a thabhairt ar thionchar na n-athruithe déimeagrafacha atá le teacht gan leordhóthanacht na bpinsean atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a dhéanamh níos measa.

Cuirfear an beart chun feidhme faoin 31 Nollaig 2022.

Athchóiriú 3 (C30.R3) — Athchóiriú ar an gcóras ranníocaíochta slándála sóisialta do dhaoine féinfhostaithe

Is é is cuspóir don athchóiriú an chóir a chuirtear ar oibrithe agus ar dhaoine féinfhostaithe a chothromú, ranníocaíochtaí leis an gcóras pinsin a mhéadú agus a áirithiú go bhfaighidh daoine féinfhostaithe ioncam leordhóthanach pinsin. Leis an athchóiriú, leasófar córas ranníocaíochta na

ndaoine féinfhostaithe. Bunófar leis an athchóiriú ranníocaíochtaí daoine féinfhostaithe ar ioncam réadach, seachas ar bhonn ranníocaíochta féinroghnaithe, i gcomhréir le moltaí Chomhshocrú Toledo. Ríomhfar an ranníocaíocht deiridh bunaithe ar an ioncam gairmiúil féinfhostaithe arna sholáthar ag na húdaráis chánach. Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme de réir a chéile trí mhéaduithe ar an mbonn ranníocaíochta íosta chun go bhféadfar oiriúnú don chóras nua.

Cuirfear an beart chun feidhme faoin 30 Meitheamh 2022.

Athchóiriú 5 (C30.R5) — Athbhreithniú ar chóras na bpinsean forlíontach atá ann faoi láthair

Leis an athchóiriú, déanfar athbhreithniú ar an gcreat rialála do chóras na bpinsean forlíontach, agus é mar chuspóir cumhdach na scéimeanna pinsin ceirde arna gcomhaontú trí chómhargáil a mhéadú, ar leibhéal earnála más féidir. Is é is aidhm don chreat dlíthiúil nua le haghaidh scéimeanna pinsin ceirde oibrithe nach bhfuil scéimeanna pinsin ceirde acu ina gcuideachtaí agus oibrithe féinfhostaithe nach bhfuil rochtain acu faoi láthair ar na scéimeanna dara colún sin a chumhdach.

Áireofar an méid seo a leanas ar bhearta sonracha an athchóirithe:

i. Cistí a chruthú a chuirtear chun cinn go poiblí le haghaidh soláthar scoir ceirde, arna mbainistiú ag an earnáil phríobháideach.
ii. Dreasachtaí agus athruithe rialála chun cumhdach scéimeanna pinsin ceirde arna gcomhaontú trí chómhargáil a mhéadú.
iii. Simpliú nósanna imeachta na scéimeanna pinsin.
iv. Athruithe rialála chun soghluaisteacht oibrithe idir cuideachtaí agus earnálacha éagsúla a chur chun cinn.
v. Dreasachtaí cánach chun rannpháirtíocht i scéimeanna ceirde comhchoiteanna a chur chun cinn
vi. Teorainn a chur le costais bhainistíochta le haghaidh scéimeanna comhghairme faoi bhun 0.30 % de na sócmhainní faoi bhainistíocht.

Cuireadh tús le cur chun feidhme an athchóirithe trí fhorálacha i mbuiséad ginearálta an stáit do 2021 lena n-aistrítear dreasachtaí cánach a bhí bainteach roimhe seo le scéimeanna pinsin aonair i bhfabhar na scéimeanna comhchoiteanna (beart v. thuas) agus trí chistí um sholáthar pinsean ceirde a chur chun cinn go poiblí (beart i. thuas).

Cuirfear an beart chun feidhme faoin 30 Meitheamh 2022.

Athchóiriú 6 (C30.R6) — An bonn ranníocaíochta uasta a choigeartú

Leis an athchóiriú, méadófar bonn ranníocaíochta uasta chóras na bpinsean agus déanfar pinsin uasta a choigeartú chun an bonn ranníocaíochta a leathnú, forchéimnitheacht chóras na bpinsean a mhéadú agus an t-ioncam foriomlán a mhéadú. Tá na bearta i gcomhréir le moltaí Chomhshocrú Toledo. Déantar an córas a choigeartú de réir a chéile chun go mbeidh rannchuiditheoirí in ann oiriúnú do na hathruithe. Méadaítear na huasphinsin agus na boinn ranníocaíochta uasta dá réir sin d'fhonn cineál ranníocach an chórais a choinneáil ar bun. Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme de réir a chéile, sna tríocha bliain amach romhainn.

Tiocfaidh an beart i bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2022.

AD.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne le haghaidh gach táscaire mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
406	C30.R1	M	Maoiniú don tSlándáil Shóisialta a dheighilt	Foráil den dlí lena léirítear a theacht i bhfeidhm				R4	2020	Teacht i bhfeidhm Dhlí 11/2020, an 30 Nollaig, maidir le Buiséad Ginearálta Stáit 2021, de dheighilt na bhfoinsí maoinithe don tSlándáil Shóisialta. Gach bliain, aistreoidh an Stát chuig an gcóras slándála sóisialta méid atá coibhéiseach leis an gcaiteachas ar mhíreanna neamhranníocacha. Leis sin, beifear in ann an t-easnamh Slándála Sóisialta a laghdú agus é a aistriú chuig an Riarachán Lárnach, a bhfuil na huirlisí leordhóthanacha aige chun aghaidh a thabhairt air. Cuirfidh sé deireadh freisin le hamhras maidir le sócmhainneacht an chórais lena bhfeabhsaítear na dálaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin mheántéarmacha agus fhadtéarmacha. Déanfar foráil i nDlí Buiséid an Stáit 2021 maidir leis an gcéad chéim shuntasach sa treo sin.
407	C30.R2	M	Cumhacht cheannaigh pinsean a chothabháil agus an aois scoir iarbhír agus an aois scoir dhlíthiúil a ailíniú	Foráil sa reachtaíocht lena sonraítear an teacht i bhfeidhm				R4	2021	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta a foilsíodh san Iris Oifigiúil arb é is aidhm di: (a) Cumhacht cheannaigh pinsean a chothabháil: forbrófar sásra athluachála nua lena nasctar pinsin leis an mboilsciú chun a áirithiú go ráthófar cumhacht ceannaigh na bpinsinéirí ar bhealach buan. ailíniú ar an aois scoir iarbhír agus ar an aois scoir dhlíthiúil: dreasachtaí a sholáthar chun moill a chur ar scor, lena n-áirítear dreasachtaí eacnamaíocha méadaithe agus réiteach idir obair agus scor a chur chun cinn chun rannpháirtíocht lucht saothair ag aoiseanna atá gar don aois scoir dhlíthiúil a mhéadú agus scor a chur siar.
408	C30.R2	M	Coigeartú na tréimhse ríomha chun an pinsean scoir a ríomh	Foráil sa reachtaíocht lena sonraítear an teacht i bhfeidhm				R4	2022	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta maidir le coigeartú na tréimhse ríomha, lena gcuirtear síneadh leis an tréimhse ríomha chun an pinsean scoir a ríomh.
409	C30.R2	M	Sásra cothromais idirghlúine a chur in ionad na gné inbhuanaitheachta	Foráil sa reachtaíocht lena sonraítear an teacht i bhfeidhm				R4	2022	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta maidir le hionadú an fhachtóra inbhuanaitheachta atá ann faoi láthair lena nasctar pinsin le hionchas saoil le sásra lena ráthaítear cothromas idirghlúine agus inbhuanaitheacht bhuiséadach trí oiriúnú d'athruithe déimeagrafacha. Ráthaítear measúnú tionchair lena gcruthaítear an cothromas idirghlúine.
410	C30.R2	M	Réamh-mheastacháin nuashonraithe lena léirítear an chaoi a n-áirithíonn na hathchóirithe pinsean a rinneadh in 2021 agus 2022 inbhuanaitheacht fhioscach fhadtéarmach	Tuarascáil a fhoilsiú ar an Suíomh Gréasáin Slándála Sóisialta				R4	2022	Réamh-mheastacháin nuashonraithe a fhoilsiú ina léirítear an chaoi a n-áirithítear inbhuanaitheacht fhioscach fhadtéarmach leis na hathchóirithe pinsean a rinneadh in 2021 agus 2022, agus tionchar athchóirithe struchtúracha eile á chur san áireamh freisin, amhail athchóirithe ar mhargadh an tsaothair.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
411	C30.R3	M	Athchóiriú ar an gcóras ranníocaíochta slándála sóisialta do dhaoine féinfhostaithe	Foráil sa reachtaíocht lena sonraítear an teacht i bhfeidhm				R2	2022	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir leis an athchóiriú ar an gcóras ranníocaíochta slándála sóisialta do dhaoine féinfhostaithe, rud a aistríonn an córas ranníocaíochta de réir a chéile chun go mbeidh sé bunaithe ar ioncam réadach.
413	C30.R5	M	Athbhreithniú ar bhuntáistí cánach a bhaineann leis an gcóras pinsin fhorlíontaigh atá ann faoi láthair	Foráil den dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm fhoráil chríochnaitheach 11 agus Airteagal 62				R4	2020	Teacht i bhfeidhm Dhlí 11/2020, an 30 Nollaig, maidir le Buiséad Ginearálta Stáit 2021, den athbhreithniú ar bhuntáistí cánach a bhaineann leis an gcóras pinsin fhorlíontaigh atá ann faoi láthair. Aistreofar an ceart chun buntáistí cánach ó phleananna pinsin príobháideacha aonair chuig scéimeanna pinsin ceirde bunaithe ar chomhaontuithe comhchoiteanna fostaíochta. Is iad forálacha ábhartha an Dlí Buiséid maidir leis an gcreat nua a thabhairt isteach foráil chríochnaitheach 11 LPGE agus Airteagal 62.
414	C30.R5	M	Athbhreithniú ar chóras na bpinsean forlíontach atá ann faoi láthair	Foráil sa reachtaíocht lena sonraítear an teacht i bhfeidhm				R2	2022	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta maidir leis an athbhreithniú ar an gcóras pinsin fhorlíontaigh atá ann faoi láthair chun scéimeanna pinsin a chur chun cinn trí chistí pinsin a chruthú ag an Riarachán a bheidh oscailte do gach cuideachta agus do gach oibrí.
415	C30.R6	M	An bonn ranníocaíochta uasta a choigeartú	Foráil sa reachtaíocht lena sonraítear an teacht i bhfeidhm				R4	2022	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta chun an bonn ranníocaíochta uasta a choigeartú: bonn ranníocaíochta uasta an chórais a mhéadú de réir a chéile agus pinsin uasta a choigeartú chun bonn ranníocaíochta agus forchéimnitheacht an chórais a leathnú agus chun an t-ioncam foriomlán a mhéadú.

AE. COMHCHUID 31: CAIBIDIL REPOWEREU

Is é is cuspóir do chaibidil REPowerEU an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus, go háirithe, ceadú líonraí nua leictreachais agus tionscadal fuinnimh in-athnuaite a shimpliú, tacú le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite agus hidrigine in-athnuaite, feabhas a chur ar an slabhra luacha d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus borradh a chur faoin dícharbónú tionsclaíoch.

Tugann an chomhpháirt aghaidh ar na Moltaí Tírshonracha a bhaineann leis an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú in 2022 agus 2023. Rannchuidíonn sé le bearta chun dlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite, agus béim á leagan ar shuiteálacha dílárathe agus ar fhéintomhaltas, lena n-áirítear trí nósanna imeachta ceadaithe a chuíchóiriú a thuilleadh agus trí rochtain ar an eangach a fheabhsú. Tacaíonn sé freisin le

infheistíocht chomhlántach i stóráil, i mbonneagar líonra agus i hidrigin in-athnuaite (Moladh Tírshonrach 4 2022 agus Moladh Tírshonrach 3 2023).

Ní dhéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt sin dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

AE.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C31.R1) — Athchóiriú lena bhfeabhsaítear ceadú le haghaidh tionscadail táirgthe fuinnimh in-athnuaite agus bonneagar gréasáin leictreachais

Tá dhá chuspóir ag baint leis an athchóiriú. Ar an gcéad dul síos, nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh táirgeadh fuinnimh in-athnuaite agus le haghaidh bhonneagar an ghréasáin leictreachais a shimpliú agus ar an dara dul síos, próiseáil iarratas ar cheadanna a chuíchóiriú. Maidir leis an gcéad chuspóir, is éard a bheidh san athchóiriú reachtaíocht lena simpleofar na nósanna imeachta do thionscadail fuinnimh in-athnuaite agus do bhonneagar an ghréasáin leictreachais. I ndáil leis sin, áireofar na gnéithe seo a leanas san athchóiriú:

- simpliú a dhéanamh ar na nósanna imeachta le haghaidh catagóirí áirithe tionscadal, lena n-áirítear an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol agus an nós imeachta um údarú;

- an t-ualach riaracháin ar thionscadail áirithe a shoiléiriú agus a laghdú a mhéid a bhaineann le gáis in-athnuaite a instealladh isteach sa ghréasán gáis;
- Sprioc-am a leagan síos nuair is gá do CNMC tuarascáil a eisiúint maidir le húdarú tionscadal nua fuinnimh in-athnuaite;
- Deireadh a chur le srianta ar chur in úsáid an fhéintomhaltais agus a nósanna imeachta ceadaithe a shimpliú;
- Leithdháileadh an toillte gréasáin a fheabhsú.

Maidir leis an dara cuspóir, is éard a bheidh i gceist leis an athchóiriú aonad riaracháin nua a bhunú laistigh den riarachán lárnach chun tacú le hiarratais ar cheadanna le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite a phróiseáil.

Críochnófar cur chun feidhme an bhirt faoin 30 Meán Fómhair 2023.

Infheistíocht 1 (C31.I1) — Fuinneamh in-athnuaite agus stóráil

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo feidhmeanna féintomhaltais agus acmhainneacht stórála a chur chun cinn. Is éard atá ann méadú ar bheart C7.I1 (Fuinnimh in-athnuaite agus stóráil a fhorbairt).

Infheistíocht 2 (C31.I2) — Scéim chun tacú le táirgeadh agus glacadh hidrigine in-athnuaite

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i scéim tacaíochta lena gcumhdaítear fóirdheontais agus, b'fhéidir, cothromas, lena n-áirítear caipiteal fiontair, chun tacú le táirgeadh agus glacadh hidrigine in-athnuaite. Feidhmeoidh an scéim trí dhreasachtaí airgeadais a sholáthar trí dheontais nó infheistíochtaí cothromais, lena n-áirítear caipiteal fiontair, a dhámhachtain don earnáil phríobháideach, agus d'eintitis san earnáil phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla. Déanfaidh 'Instituto de Diversificación y Ahorro de la Energía' (IDAE) mar chomhpháirtí cur chun feidhme an scéim a bhainistiú.

Chun an infheistíocht sa scéim a chur chun feidhme, glacfaidh an Spáinn ionstraim dlí amháin nó níos mó (i gcás infheistíochtaí cothromais, beartas infheistíochta a bheadh le formheas ag IDAE a bheadh san ionstraim sin), lena mbunófaí an scéim, lena n-áireofar na gnéithe seo a leanas:

1. Liosta na ngníomhaíochtaí a bheidh incháilithe le haghaidh tacaíochta, ar ceann amháin díobh seo a leanas ar a laghad a bheidh ann:
    - Tacú le nuálaíocht sa slabhra luacha agus sa bhonn eolais maidir le hidrigin in-athnuaite: féadfar a áireamh sa snáithe sin taighde agus forbairt, aistriú teicneolaíochta agus córais agus comhpháirteanna monaraíochta agus tástála.
    - Braislí hidrigine in-athnuaite a bhunú lena gcomhtháthófaí táirgeadh, próiseáil agus tomhaltas ar mhórscála.
    - Tionscadail 'cheannródaíocha' a fhorbairt, lena bhféadfaí hidrigin in-athnuaite a thabhairt isteach ar scála níos lú in earnálacha éagsúla amhail tionscal, giniúint leictreachais, úsáidí teirmeacha agus iompar.
    - Tacú le córas hidrigine in-athnuaite na Spáinne a chomhtháthú sa chóras Eorpach, mar shampla, tacú le cuideachtaí i dtionscadail Eorpacha amhail i dtionscnaimh IPCEI. Beidh na tionscadail a thiocfaidh as sin faoi na tionscnaimh IPCEI sin oiriúnach faoi na trí ghníomhaíocht a luadh roimhe seo atá incháilithe do thacaíocht (slabhra luacha, braislí, tionscadail cheannródaíocha).
    - Tacú le tionscadail sa Spáinn trí scéim an Bhainc Hidrigine Eorpaigh 'Ceantanna mar Sheirbhís'.

2. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na scéime: Déanfaidh coiste infheistíochta nó coiste meastóireachta teicniúla meastóireacht ar na hiarratais agus roghnú na dtairbhithe atá le cur san áireamh sna cinntí dámhachtana deiridh nó sna cinntí infheistíochta faoin scéim agus formheasfaidh tromlach na vótaí iad ó chomhaltaí atá neamhspleách ar an rialtas, rud a chiallaíonn nach mór dóibh a bheith ina mbaill foirne atá fostaithe ag IDAE agus/nó ina saineolaithe neamhspleácha eile. Beidh cinntí dámhachtana críochnaitheacha nó cinntí infheistíochta críochnaitheacha faoin scéim teoranta d'fhormheas (gan mhodhnuithe) nó d'fheidhmiú cirt chrosta ar chinneadh dámhachtana nó ar chinneadh infheistíochta arna mholadh ag an gcoiste infheistíochta nó ag comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha. I gcás ina nglacann IDAE páirt in aon cheann de na hiarratasóirí agus nach leor an buiséad don ghlao sin chun na hiarratais uile a fhaightear a chumhdach, déanfar iniúchadh seachtrach ar an

bpróiseas meastóireachta mar a bheartaítear in ‘Plan de Mitigación de Potenciales Conflictos de Interés en Sociedades Participadas’ de chuid IDAE.

3. An ceanglas an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (DNSH) a chomhlíonadh faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). I gcás tacaíocht ghinearálta do chorparáidí (lena n-áirítear cothromas agus caipiteal fiontair), eisiafar leis an ionstraim dlí nó leis na hionstraimí dlí cuideachtaí a bhfuil fócas suntasach acu[142] sna hearnálacha seo a leanas: (i) táirgeadh fuinnimh atá bunaithe ar bhreosla iontaise agus gníomhaíochtaí gaolmhara[143]; (II) tionscail dianfhuinnimh agus/nó tionscail ard-astaíochta CO2[144]; (III) feithiclí truaillitheacha a tháirgeadh, a ligean ar cíos nó a dhíol[145]; (IV) bailiú dramhaíola, cóireáil dramhaíola agus diúscairt dramhaíola[146], (v) breosla núicléach a phróiseáil, fuinneamh núicléach a tháirgeadh. Thairis sin, ceanglófar leis an ionstraim dlí nó leis na hionstraimí dlí go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha thairbhithe deiridh na scéimeanna fóirdheontais.

4. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

5. An méid a chumhdaítear leis an scéim agus an ceanglas aon fháltais nár úsáideadh ón scéim a athinfheistiú sna gníomhaíochtaí mar a liostaítear thuas, lena n-áirítear tar éis 2026.

6. Ceanglais tuairiscithe maidir le hinfheistíocht aeráide don scéim fóirdheontais[147].

---

[142] Meastar go bhfuil ‘fócas substaintiúil’ ag Tairbhí Críochnaitheach ar earnáil nó ar ghníomhaíocht ghnó má shainaithnítear an earnáil nó an ghníomhaíocht sin mar chuid fhíor-riachtanach de ghníomhaíocht ghnó an Tairbhí Deiridh faoi seach i ndáil le hollioncam, brabús nó bonn cliant an Tairbhí Deiridh. Ní rachaidh an t-ollioncam a ghinfear ón earnáil nó ón ngníomhaíocht shrianta, in aon chás, thar 50 % den ollioncam.

[143] Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01); agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith don aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[144] Lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha. I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[145] Sainmhínítear feithiclí truaillitheacha mar fheithiclí nach feithiclí astaíochtaí nialasacha iad.

[146] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le gléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

[147] Ceanglófar ar thairbhithe deiridh a bhaineann le tionscadail shonracha údar a thabhairt leis an réimse idirghabhála roghnaithe le haghaidh gach tionscadail a fhaigheann tacaíocht, mar aon le tuairisc ar an tionscadal, chun an rannchuidiú aeráide a ríomh. Chun an ranníocaíocht aeráide a ríomh, i gcás cothromais, cuasachothromais, bannaí corparáideacha nó ionstraimí coibhéiseacha nach bhfuil dírithe ar thionscadail shonracha, úsáidfear critéir chun a cheangal go nginfear/go

7. Maidir le hinfheistíochtaí cothromais, lena n-áirítear caipiteal fiontair, áireofar an méid seo a leanas ar phríomhcheanglais an bheartais infheistíochta maidir leis an bhféidearthacht cistí a dhámhachtain d'infheistíochtaí cothromais, lena n-áirítear caipiteal fiontair:
    a) An tuairisc ar línte na dtáirgí airgeadais agus na dtairbhithe deiridh incháilithe
    b) Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a dtacaítear leo inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.

8. I gcás infheistíochtaí cothromais, lena n-áirítear caipiteal fiontair, na ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe seo a leanas:
    a) An tuairisc ar chóras faireacháin IDAE chun tuairisciú a dhéanamh ar an infheistíocht a slógadh.
    b) An tuairisc ar nósanna imeachta IDAE lena n-áiritheofar go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.
    c) An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa ghníomh dlí ábhartha lena mbunaítear an scéim sula ngeallfaidh sé oibríocht a mhaoiniú.
    d) An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta IDAE. Fíorófar leis na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; II) comhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh', na rialacha maidir le Státchabhair, na ceanglais maidir leis an aeráid agus maidir leis an sprioc dhigiteach; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas ar IDAE a fhíorú go dtíolacann an tairbhí deiridh dearbhú freagrach chun rialú a dhéanamh ar cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear an costas céanna le hionstraim eile de chuid an Aontais. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha na hionstraime dlí nó na n-ionstraimí dlí is infheidhme lena mbunaítear an scéim á n-urramú.

<u>Infheistíocht 3 (C31.I3) — Scéim fóirdheontais chun tacú le dícharbónú na hearnála tionsclaíche agus slabhra luacha na bhfoinsí agus na stórála fuinnimh in-athnuaite</u>

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i scéim tacaíochta lena gcumhdaítear fóirdheontais agus, b'fhéidir, cothromas, lena n-áirítear caipiteal fiontair, chun tacú le dícharbónú na hearnála tionsclaíche agus slabhra luacha an fhuinnimh in-athnuaite agus na stórála. Feidhmeoidh an scéim trí dhreasachtaí airgeadais a sholáthar trí dheontais nó infheistíochtaí cothromais, lena n-áirítear caipiteal fiontair, a dhámhachtain don earnáil phríobháideach, agus d'eintitis san earnáil phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla. Déanfaidh 'Instituto de Diversificación y Ahorro de la Energía' (IDAE) an scéim a bhainistiú mar an comhpháirtí cur chun feidhme.

Chun an infheistíocht a chur chun feidhme, glacfaidh an rialtas ionstraim dlí amháin nó roinnt ionstraimí dlí (i gcás infheistíochtaí cothromais, beartas infheistíochta a bheadh le formheas ag IDAE a bheadh san ionstraim sin) lena mbunófaí an scéim, lena n-áireofar na gnéithe seo a leanas:

---

nginfear 90 % ar a laghad d'ioncam an fhaighteora le linn na bliana airgeadais roimhe sin nó d'ioncam amach anseo de réir plean gnó ó ghníomhaíocht a chomhlíonann na critéir ábhartha a eascraíonn as na réimsí idirghabhála is infheidhme in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF. Tabharfaidh tairbhithe deiridh ó chothromas, cuasachothromas, bannaí corparáideacha nó ionstraimí coibhéiseacha nach bhfuil dírithe ar thionscadail shonracha údar cuí leis an réimse idirghabhála nó leis na réimsí idirghabhála a roghnaíodh. Ceanglófar ar an gcomhpháirtí cur chun feidhme freisin tuarascáil leathbhliantúil a sholáthar don Bhallstát maidir le cur chun feidhme gach tionscadail/gníomhaíochta.

1. Liosta na ngníomhaíochtaí a bheidh incháilithe le haghaidh tacaíochta, ar ceann amháin díobh seo a leanas ar a laghad a bheidh ann: dícharbónú na hearnála tionsclaíche, dearadh, monarú, stóráil, athchúrsáil nó taighde agus forbairt teicneolaíochtaí agus comhpháirteanna atá ábhartha don aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh astaíochtaí de agus oiriúnú bonneagair, amhail calafoirt. I measc na samplaí de na teicneolaíochtaí nó de na comhpháirteanna sin tá ceallraí, grianphainéil, tuirbíní gaoithe agus teaschaidéil. Féadfar tacú freisin le haisghabháil na n-amhábhar is gá chun na teicneolaíochtaí sin a mhonarú.

2. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na scéime: Déanfaidh coiste infheistíochta nó coiste meastóireachta teicniúla meastóireacht ar na hiarratais agus roghnú na dtairbhithe atá le cur san áireamh sna cinntí dámhachtana deiridh nó sna cinntí infheistíochta faoin scéim agus formheasfaidh tromlach na vótaí iad ó chomhaltaí atá neamhspleách ar an rialtas, rud a chiallaíonn nach mór dóibh a bheith ina mbaill foirne atá fostaithe ag IDAE agus/nó ina saineolaithe neamhspleácha eile. Beidh cinntí dámhachtana críochnaitheacha nó cinntí infheistíochta faoin scéim fóirdheontais teoranta d'fhormheas (gan mhodhnuithe) nó d'fheidhmiú cirt chrosta ar chinneadh dámhachtana nó ar chinneadh infheistíochta arna mholadh ag an gcoiste infheistíochta nó ag comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha. I gcás ina nglacann IDAE páirt in aon cheann de na hiarratasóirí agus nach leor an buiséad don ghlao sin chun na hiarratais uile a fhaightear a chumhdach, déanfar iniúchadh seachtrach ar an bpróiseas meastóireachta mar a bheartaítear in 'Plan de Mitigación de Potenciales Conflictos de Interés en Sociedades Participadas' de chuid IDAE.

3. An ceanglas an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas ón ionstraim dlí nó ó na hionstraimí dlí: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[148]; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[149]; agus (iii) gníomhaíochtaí a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola[150] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[151]. I gcás

[148] Seachas (a) tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar gaolmhar tarchurtha agus dáileacháin, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01); agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith don aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[149] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[150] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[151] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola na ngléasraí ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

tacaíocht ghinearálta do chorparáidí (lena n-áirítear cothromas agus caipiteal fiontair), eisiafar leis an ionstraim dlí nó leis na hionstraimí dlí cuideachtaí a bhfuil fócas suntasach acu152 sna hearnálacha seo a leanas: (i) táirgeadh fuinnimh atá bunaithe ar bhreosla iontaise agus gníomhaíochtaí gaolmhara153; (II) tionscail dianfhuinnimh agus/nó tionscail ard-astaíochta CO2154; (III) feithiclí truaillitheacha a tháirgeadh, a ligean ar cíos nó a dhíol155; (IV) bailiú dramhaíola, cóireáil dramhaíola agus diúscairt dramhaíola156, (v) breosla núicléach a phróiseáil, fuinneamh núicléach a tháirgeadh. Thairis sin, ceanglófar leis an ionstraim dlí nó leis na hionstraimí dlí go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha thairbhithe deiridh na scéimeanna fóirdheontais.

4. Ceanglais maidir le hinfheistíochtaí aeráide le haghaidh na scéime fóirdheontais: rannchuideoidh EUR 598536000 ar a laghad de na hinfheistíochtaí isteach sa scéim fóirdheontais leis an gcuspóir maidir leis an athrú aeráide i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF.[157]

5. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

6. An méid a chumhdaítear leis an scéim agus an ceanglas aon fháltais nár úsáideadh ón scéim a athinfheistiú sna gníomhaíochtaí mar a liostaítear thuas, lena n-áirítear tar éis 2026.

---

[152] Meastar go bhfuil 'fócas substaintiúil' ag Tairbhí Críochnaitheach ar earnáil nó ar ghníomhaíocht ghnó má shainaithnítear an earnáil nó an ghníomhaíocht sin mar chuid fhíor-riachtanach de ghníomhaíocht ghnó an Tairbhí Deiridh faoi seach i ndáil le hollioncam, brabús nó bonn cliant an Tairbhí Deiridh. Ní rachaidh an t-ollioncam a ghinfear ón earnáil nó ón ngníomhaíocht shrianta, in aon chás, thar 50 % den ollioncam.

[153] Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01); agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith don aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[154] Lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha. I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[155] Sainmhínítear feithiclí truaillitheacha mar fheithiclí nach feithiclí astaíochtaí nialasacha iad.

[156] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le gléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

[157] Ceanglófar ar thairbhithe deiridh a bhaineann le tionscadail shonracha údar a thabhairt leis an réimse idirghabhála roghnaithe le haghaidh gach tionscadail a fhaigheann tacaíocht, mar aon le tuairisc ar an tionscadal, chun an rannchuidiú aeráide a ríomh. Chun an ranníocaíocht aeráide a ríomh, i gcás cothromais, cuasachothromais, bannaí corparáideacha nó ionstraimí coibhéiseacha nach bhfuil dírithe ar thionscadail shonracha, úsáidfear critéir chun a cheangal go nginfear/go nginfear 90 % ar a laghad d'ioncam an fhaighteora le linn na bliana airgeadais roimhe sin nó d'ioncam amach anseo de réir plean gnó ó ghníomhaíocht a chomhlíonann na critéir ábhartha a eascraíonn as na réimsí idirghabhála is infheidhme in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF. Tabharfaidh tairbhithe deiridh ó chothromas, cuasachothromas, bannaí corparáideacha nó ionstraimí coibhéiseacha nach bhfuil dírithe ar thionscadail shonracha údar cuí leis an réimse idirghabhála nó leis na réimsí idirghabhála a roghnaíodh. Ceanglófar ar an gcomhpháirtí cur chun feidhme freisin tuarascáil leathbhliantúil a sholáthar don Bhallstát maidir le cur chun feidhme gach tionscadail/gníomhaíochta.

7. Maidir le hinfheistíochtaí cothromais, lena n-áirítear caipiteal fiontair, áireofar ar phríomhcheanglais an bheartais infheistíochta:

   a) An tuairisc ar línte na dtáirgí airgeadais agus na dtairbhithe deiridh incháilithe
   b) Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a dtacaítear leo inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.

8. I gcás infheistíochtaí cothromais, lena n-áirítear caipiteal fiontair, na ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe seo a leanas:
   a) An tuairisc ar chóras faireacháin IDAE chun tuairisciú a dhéanamh ar an infheistíocht a slógadh.
   b) An tuairisc ar nósanna imeachta IDAE lena n-áiritheofar go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.
   c) An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa ghníomh dlí ábhartha lena mbunaítear an scéim sula ngeallfaidh sé oibríocht a mhaoiniú.
   d) An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta IDAE. Fíorófar an méid seo a leanas leis na hiniúchtaí sin: go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; II) comhlíonadh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’, na rialacha maidir le Státchabhair, na ceanglais maidir leis an aeráid agus maidir leis an sprioc dhigiteach; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas ar IDAE a fhíorú go dtíolacann an tairbhí deiridh dearbhú freagrach chun rialú a dhéanamh ar cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear an costas céanna le hionstraim eile de chuid an Aontais. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha na hionstraime dlí nó na n-ionstraimí dlí is infheidhme lena mbunaítear an scéim á n-urramú.

Infheistíocht 4 (C31.I4) — Infheistíocht chun tacú le bonneagar an ghréasáin leictreachais

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo tacú le forbairt ghréasán tarchurtha leictreachais na Spáinne. Is éard atá san infheistíocht tionscadail incháilithe laistigh de Phlean Forbartha Líonra na Spáinne 2021-2026 ('an Plean').

Infheistíocht 5 (C31.I5) — Infheistíocht chun tacú le dícharbónú tionsclaíoch (deontais)

Is é is cuspóir don bheart seo tacú le dícharbónú na bpróiseas tionsclaíoch. Is éard atá sa bheart tacaíocht do dhícharbónú an tionscail monaraíochta agus d'fhorbairt saoráidí monaraíochta nua atá an-éifeachtúil agus dícharbónaithe.

Infheistíocht 6 (C31.I6) — Scéim fóirdheontais le haghaidh tionscadail dícharbónaithe (deontais)

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i scéim fóirdheontais phoiblí chun infheistíocht phríobháideach i ndícharbónú tionsclaíoch a dhreasú. Oibreoidh an Scéim trí fhóirdheontais a sholáthar go díreach don earnáil phríobháideach agus d'eintitis san earnáil phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla. .

Is é SEPIDES, ina cháil mar chomhpháirtí cur chun feidhme, a bhainisteoidh an scéim. Le gníomh dlí ábhartha, déanfar gnóthas poiblí de SEPIDES chun an infheistíocht sin a chur chun feidhme.

Chun an infheistíocht sa scéim a chur chun feidhme, glacfaidh an rialtas ionstraim dlí amháin nó níos mó lena mbunófar an scéim fóirdheontais, lena n-áireofar na heilimintí seo a leanas:

1. Tuairisc ar an bpróiseas cinnteoireachta don scéim: Déanfaidh coiste meastóireachta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile meastóireacht ar na hiarratais agus ar roghnú na dtairbhithe atá le cur san áireamh i gcinntí dámhachtana críochnaitheacha nó i gcinntí infheistíochta faoin scéim agus formheasfaidh tromlach na vótaí iad ó chomhaltaí atá neamhspleách ar Rialtas na Spáinne, rud a chiallaíonn nach mór dóibh a bheith ina mbaill foirne atá fostaithe ag SEPIDES agus/nó ina saineolaithe neamhspleácha eile. Beidh cinneadh infheistíochta críochnaitheach na scéime teoranta d'fhormheas (gan mhodhnuithe) nó d'fheidhmiú cirt chrosta ar chinneadh infheistíochta arna mholadh ag an gcoiste meastóireachta nó ag comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha.

2. An tuairisc ar na fóirdheontais a soláthraíodh agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe.

3. An ceanglas an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh. Go háirithe, eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas ón ionstraim dlí nó ó na hionstraimí dlí: (i) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha158; (II) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach, lasmuigh de na Córais Trádála Astaíochtaí (CTA)159. Measfar na gníomhaíochtaí

[158] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[159] Ach amháin (a) tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar gaolmhar tarchurtha agus dáileacháin, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01); agus (b)

T & F & N seo a leanas faoin infheistíocht seo a bheith i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01): Gníomhaíochtaí T & F & N faoin infheistíocht seo atá dírithe ar inbhuanaitheacht chomhshaoil cuideachtaí a mhéadú go suntasach (amhail dícharbónú, laghdú ar thruailliú agus an geilleagar ciorclach) más é príomhfhócas ghníomhaíochtaí T & F & N faoin infheistíocht seo roghanna malartacha a fhorbairt nó a oiriúnú a bhfuil an tionchar is ísle is féidir acu ar an gcomhshaol san earnáil. Thairis sin, ceanglófar leis an ionstraim dlí nó leis na hionstraimí dlí go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha thairbhithe deiridh na scéimeanna fóirdheontais.

4. Ceanglais maidir le hinfheistíochtaí aeráide le haghaidh na scéime fóirdheontais: rannchuideoidh EUR 246905200 ar a laghad d'infheistíocht RRF isteach sa scéim leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF.[160]

5. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na scéime fóirdheontais tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun na costais chéanna a chumhdach.

6. An méid a chumhdaítear leis an scéim agus an ceanglas aon fháltais nár úsáideadh ón scéim fóirdheontais a athinfheistiú sna gníomhaíochtaí mar a liostaítear thuas, lena n-áirítear tar éis 2026.

Infheistíocht 9 (C31.I9) — Scéim chun tacú leis an Aistriú Glas

Is é is aidhm don bheart seo tacú le haistriú glas na Spáinne in earnálacha na soghluaisteachta leictrí, an fhuinnimh in-athnuaite agus na stórála fuinnimh.

Is éard atá sa bheart seo infheistíocht phoiblí i scéim tacaíochta lena gcumhdaítear deontais chun tacú le flíteanna feithiclí leictreacha agus a mbonneagar athluchtaithe, fuinneamh in-athnuaite, stóráil fuinnimh, tacaíocht don slabhra luacha agus samhlacha nua gnó san earnáil a imscaradh, agus an t-aistriú fuinnimh a fhorbairt ar na hoileáin. Feidhmeoidh an scéim trí dhreasachtaí airgeadais a sholáthar trí dheontais a dhámhachtain don earnáil phríobháideach, agus d'eintitis san earnáil phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla. Déanfaidh 'Instituto de Diversificación y Ahorro de la Energía' (IDAE) an scéim a bhainistiú mar an comhpháirtí cur chun feidhme.

Chun an infheistíocht sa scéim a chur chun feidhme, glacfaidh an Spáinn ionstraim dlí amháin nó níos mó lena mbunófar an scéim, lena n-áireofar na heilimintí seo a leanas:

1. Áirítear ar liosta sriantach na ngníomhaíochtaí atá incháilithe do thacaíocht na gníomhaíochtaí seo a leanas:

    a. tacú le flíteanna feithiclí leictreacha a imscaradh (feithiclí ceallra-leictreacha, feithiclí fuinnimh in-athnuaite, feithiclí hibrideacha inluchtaithe nó feithiclí breosla-chille leictreacha) agus tacú le bonneagar athluchtaithe agus/nó stáisiúin athluchtaithe atá inrochtana don phobal feadh chroíghréasán TEN-T agus an ghréasáin bóithre

gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (i) a bhfuil úsáid breosla iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith don aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[160] Maidir le tairbhithe deiridh ó iasachtaí, iasachtaí rannpháirtíochta, bannaí tionscadail, ráthaíochtaí nó ionstraimí coibhéiseacha atá bainteach le tionscadail shonracha, ceanglófar orthu údar cuí a thabhairt leis an réimse idirghabhála roghnaithe le haghaidh gach tionscadail a dtacaítear leis, mar aon le tuairisc ar an tionscadal. Ceanglófar ar an gcomhpháirtí cur chun feidhme freisin tuarascáil leathbhliantúil a sholáthar don Bhallstát maidir le cur chun feidhme gach tionscadail/gníomhaíochta.

chuimsithigh (lena n-áirítear leictreachas in-athnuaite a tháirgeadh ar an láthair nó a stóráil),

b. tacú le hearnáil an fhuinnimh in-athnuaite,

c. tacú le tionscnaimh a dhéanann pobail fuinnimh,

d. tacú leis an aistriú fuinnimh ar na hoileáin,

e. tacú le tionscadail stórála,

f. tacú le samhlacha nua gnó san aistriú fuinnimh,

g. tacú le comhpháirteanna teicneolaíochta in-athnuaite a athchúrsáil.

2. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na scéime: Déanfaidh coiste infheistíochta nó coiste meastóireachta teicniúla meastóireacht ar na hiarratais agus roghnú na dtairbhithe atá le cur san áireamh sna cinntí dámhachtana deiridh nó sna cinntí infheistíochta faoin scéim agus formheasfaidh tromlach na vótaí iad ó chomhaltaí atá neamhspleách ar an rialtas, rud a chiallaíonn nach mór dóibh a bheith ina mbaill foirne atá fostaithe ag IDAE agus/nó ina saineolaithe neamhspleácha eile. Beidh cinntí dámhachtana críochnaitheacha nó cinntí infheistíochta críochnaitheacha faoin scéim teoranta d'fhormheas (gan mhodhnuithe) nó d'fheidhmiú cirt chrosta ar chinneadh dámhachtana nó ar chinneadh infheistíochta arna mholadh ag an gcoiste infheistíochta nó ag comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha. I gcás ina nglacann IDAE páirt in aon cheann de na hiarratasóirí agus nach leor an buiséad don ghlao sin chun na hiarratais uile a fhaightear a chumhdach, déanfar iniúchadh seachtrach ar an bpróiseas meastóireachta mar a bheartaítear in 'Plan de Mitigación de Potenciales Conflictos de Interés en Sociedades Participadas' de chuid IDAE.

3. An ceanglas an prionsabal 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, eisiafar an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht leis an mbeartas deontas: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach161, (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil

[161] Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha162, (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí163 agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla164.

4. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na scéime tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

5. An méid a chumhdaítear leis an scéim agus an ceanglas aon fháltais nár úsáideadh ón scéim a athinfheistiú sna gníomhaíochtaí mar a liostaítear thuas, lena n-áirítear tar éis 2026.

6. Ceanglais tuairiscithe maidir le hinfheistíocht aeráide don scéim fóirdheontais165.

AE.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2022 dáta na bonnlíne le haghaidh na dtáscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

[162] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[163] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[164] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[165] Ceanglófar ar an gcomhpháirtí cur chun feidhme freisin tuarascáil leathbhliantúil a sholáthar don Bhallstát maidir le cur chun feidhme gach tionscadail/gníomhaíochta.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
477	C31.R1	M	Athchóiriú lena bhfeabhsaítear ceadú le haghaidh táirgeadh fuinnimh in-athnuaite agus bonneagar gréasáin leictreachais	Teacht i bhfeidhm fhorálacha na ngníomhartha dlí ábhartha				R2	2023	Tá dhá ghné sa gharsprioc sin. • Ar an gcéad dul síos, teacht i bhfeidhm Dhlíthe Foraithne Ríoga 14/2022, 17/2022, 18/2022 agus 20/2022. Is é is aidhm do na bearta fuinnimh sna Dlíthe Foraithne Ríoga sin ceadú a shimpliú le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus bonneagar líonra leictreachais. • Ar an dara dul síos, teacht i bhfeidhm Orden TED/189/2023 lena mbunaítear aonad riaracháin nua laistigh den riarachán lárnach a thacaíonn le próiseáil iarratas ar cheadanna le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite.
478	C31.I1	T	Acmhainneacht bhreise le haghaidh táirgeadh agus stóráil fuinnimh in-athnuaite		MW	2 811	3 337	R2	2026	Maidir le deontais, nó deimhniú ón riarachán nó ó eintiteas poiblí go ndearnadh conarthaí nó comhaontuithe (lena n-áirítear aon leasú), nó codanna díobh ar mhéid carnach iomlán 526 MW a bhaineann le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite agus acmhainneacht stórála a shuiteáil, cuirfidh eintitis nó daoine aonair is faighteoirí isteach tuarascálacha críochnaitheacha lena ndeimhnítear tabhairt chun críche na ngníomhaíochtaí arna ndámhachtain.
480	C31.I2	M	Scéim tacaíochta maidir le hidrigin in-athnuaite: An scéim a bhunú.	Teacht i bhfeidhm na hionstraime dlí ábhartha nó na n-ionstraimí dlí ábhartha				R4	2025	Teacht i bhfeidhm na hionstraime dlí nó na n-ionstraimí dlí lena mbunaítear an scéim tacaíochta i gcomhréir leis na ceanglais a shonraítear sa tuairisc ar an mbeart.
482	C31.I2	M	Scéim tacaíochta maidir le hidrigin in-athnuaite: Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh nó rúin dhámhachtana chríochnaitheacha arna bhfoilsiú	Teacht i bhfeidhm comhaontuithe maoiniúcháin dlíthiúla nó foilsiú na rún dámhachtana críochnaitheach agus an deimhnithe aistrithe				R2	2026	D'fhoilsigh IDAE na rúin dhámhachtana chríochnaitheacha nó teacht i bhfeidhm comhaontuithe maoiniúcháin le tairbhithe deiridh, le haghaidh 100 % d'infheistíocht RRF sa scéim tacaíochta. Aistreoidh an Spáinn EUR 1755000000 chuig IDAE le haghaidh na scéime tacaíochta.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbh aithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
484	C31.I3	M	Scéim tacaíochta chun an earnáil thionsclaíoch agus an slabhra luacha a dhícharbónú: Bunú na scéime	Teacht i bhfeidhm na hionstraime dlí nó na n-ionstraimí dlí				R4	2025	Teacht i bhfeidhm na hionstraime dlí nó na n-ionstraimí dlí lena mbunaítear an scéim tacaíochta i gcomhréir leis na ceanglais a shonraítear sa tuairisc ar an mbeart.
486	C31.I3	M	Scéim tacaíochta chun an earnáil thionsclaíoch agus an slabhra luacha a dhícharbónú: Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh nó rúin dhámhachtana chríochnaitheacha arna bhfoilsiú	Teacht i bhfeidhm comhaontuithe maoiniúcháin dlíthiúla nó foilsiú na rún dámhachtana críochnaitheach agus an deimhnithe aistrithe				R2	2026	D'fhoilsigh IDAE na rúin dhámhachtana chríochnaitheacha nó teacht i bhfeidhm comhaontuithe maoiniúcháin le tairbhithe deiridh, le haghaidh 100 % ar a laghad d'infheistíocht STA sa scéim tacaíochta. Áiritheoidh IDAE go rannchuideoidh 81.5 % den mhaoiniú sin le cuspóirí aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán STA. Aistreoidh an Spáinn EUR 734400000 chuig IDAE le haghaidh na scéime tacaíochta.
490	C31.I4	M	Tionscadail tarchurtha leictreachais dá dtugtar tacaíocht	Údarú Oibriúcháin				R2	2026	Eisítear Údaruithe Oibriúcháin le haghaidh 185 thionscadal tarchurtha leictreachais a dtacaítear leo faoi Fhoraithne Ríoga 534/2025, lenar bunaíodh na critéir incháilitheachta le haghaidh na dtionscadal tarchurtha leictreachais, agus liosta glactha na dtionscadal incháilithe laistigh de Phlean forbartha gréasáin 2021-2026 na Spáinne).
491	C31.I5	M	Foilsiú na nglaonna agus na rialacha lena rialaítear tacaíocht a dheonú do dhícharbónú na tionsclaíochta	Foilsiú				R2	2023	Formheas na nglaonna agus na rialacha lena rialaítear tacaíocht i bhfoirm deontas do thionscadail chun an tionscal monaraíochta a dhícharbónú, chomh maith le saoráidí monaraíochta nua atá an-éifeachtúil agus dícharbónaithe a fhorbairt. Áiritheofar leis na glaonna agus leis na rialacha lena rialaítear tacaíocht i bhfoirm deontas do thionscadail go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01 trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
493	C31.I5	M	Tionscadail dícharbónaithe	Tuarascálacha críochnaitheacha				R2	2026	I réimse an dícharbónaithe, cuirfidh eintitis nó daoine aonair is faighteoirí tuarascálacha críochnaitheacha isteach lena ndeimhnítear tabhairt chun críche na dtionscadal a dámhadh le haghaidh méid carnach iomlán EUR 280350000 arna ndámhachtain mar dheontais.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbh aithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										Rannchuideoidh 40 % d'iomlán na gcistí arna ndámhachtain le cuspóirí aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF.
494	C31.I6	M	Scéim fóirdheontais le haghaidh dícharbónú tionsclaíoch: SEPIDES a thiontú ina ghnóthas poiblí	Teacht i bhfeidhm an ghnímh reachtaigh				R4	2025	Teacht i bhfeidhm ionstraime reachtaí lena dtiontaítear SEPIDES ina ghnóthas poiblí.
495	C31.I6	M	Scéim fóirdheontais le haghaidh dícharbónú tionsclaíoch: bunú na scéime	Teacht i bhfeidhm na hionstraime dlí ábhartha nó na n-ionstraimí dlí ábhartha				R4	2025	Teacht i bhfeidhm na hionstraime dlí nó na n-ionstraimí dlí lena mbunaítear an scéim fóirdheontais i gcomhréir leis na ceanglais a shonraítear sa tuairisc ar an mbeart.
496	C31.I6	M	Scéim fóirdheontais le haghaidh dícharbónú tionsclaíoch: Tá na comhaontuithe infheistíochta agus dlíthiúla a síníodh le tairbhithe deiridh nó na rúin dámhachtana deiridh a foilsíodh curtha i gcrích ag an Aireacht	Teacht i bhfeidhm comhaontuithe maoiniúcháin dlíthiúla nó rún dámhachtana críochnaitheach a foilsíodh agus deimhniú eisíocaíochta le SEPIDES				R2	2026	Beidh rúin dhámhachtana chríochnaitheacha foilsithe ag SEPIDES nó beidh comhaontuithe maoiniúcháin dlíthiúla déanta aige le tairbhithe deiridh le haghaidh méid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF isteach sa scéim a úsáid. Áiritheofar le SEPIDES go rannchuideoidh 40 % den mhaoiniú sin le cuspóirí aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF. Aistreoidh an Spáinn EUR 617263000 chuig SEPIDES le haghaidh na scéime.
506	C31.I9	M	Scéim chun tacú leis an aistriú glas: Bunú na scéime	Teacht i bhfeidhm na hionstraime dlí ábhartha nó na n-ionstraimí dlí ábhartha				R4	2025	Teacht i bhfeidhm na hionstraime dlí nó na n-ionstraimí dlí lena mbunaítear an scéim tacaíochta arb é buiséad na hinfheistíochta é, i gcomhréir leis na ceanglais a shonraítear sa tuairisc ar an mbeart. I gcás glaonna roimh 2025 agus lena linn, d'fhéadfadh cinntí a fhormheastar d'aon toil agus a bhfuil vóta amháin ar a laghad neamhspleách ar rialtas na Spáinne a bheith i gceist le próiseas cinnteoireachta na scéime.
507	C31.I9	T	Scéim chun tacú leis an aistriú glas: Tá na comhaontuithe infheistíochta agus dlíthiúla a síníodh le tairbhithe deiridh nó na rúin		EUR	0	2 615 600 000	R2	2026	Beidh na rúin dhámhachtana chríochnaitheacha nó teacht i bhfeidhm comhaontuithe maoiniúcháin le tairbhithe deiridh foilsithe ag IDAE, don mhéid atá fágtha d'infheistíocht RRF sa scéim tacaíochta, agus an EUR 129211347,14 a dámhadh i gcomhthéacs gharsprioc 116 á chur san áireamh.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbh aithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			dámhachtana deiridh a foilsíodh curtha i gcrích ag an Aireacht							Aistreoidh an Spáinn EUR 2615600000 chuig IDAE le haghaidh na scéime tacaíochta.

F. COMHCHUID 32: TACAÍOCHT DON TÉARNAMH AGUS DON ATHLÉIMNEACHT MAR FHREAGAIRT AR THUBAISTÍ NÁDÚRTHA

Is é is cuspóir don chaibidil seo tacú leis an téarnamh nó le críoch na Spáinne a ndearna an feiniméan meitéareolaíoch foircneach difear di i mí Dheireadh Fómhair 2024 chomh maith le hathléimneacht a threisiú i gcoinne suaití seachtracha níos leithne a tháinig chun cinn ar fud an domhain. Bhí an teagmhas tromchúiseach sin ina chúis le tuilte forleathana i bPobal Valencia agus i réigiúin in aice láimhe agus bhí damáiste suntasach agus iarmhairtí eacnamaíocha mar thoradh air.

Ní dhéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt sin dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

AF.1. Tuairisc ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Infheistíocht 1 (C32.I1): Soghluaisteacht agus bonneagar glas agus inbhuanaithe

Is é cuspóir an bhirt seo soghluaisteacht a athbhunú tar éis thuilte DANA.

Is éard atá san infheistíocht:

i) tacaíocht do bhonneagar agus seirbhísí iarnróid;
ii) tacaíocht chun feithiclí a cheannach le 'Distintivo DGT-CERO emisiones'

Infheistíocht 2 (C32.I2): Bonneagar uisce, comhshaoil agus talmhaíochta a athchóiriú

Is é is cuspóir don bheart seo na bonneagair uisce, chomhshaoil agus talmhaíochta a scriosadh trí thuilte DANA a athbhunú.

Is éard atá san infheistíocht sin:

a) Athchóiriú hidreolaíoch agus foraoise;
b) bonneagar hiodrálach a athchóiriú;
c) fearainn phoiblí hiodrálacha a athchóiriú (Dominio Público Hidráulico);
d) acmhainneacht táirgeachta talmhaíochta a athfhoirgniú.

Infheistíocht 3 (C32.I3): Deiseanna fostaíochta do dhaoine atá ag obair ar mhaithe le hatógáil agus athbheochan shocheacnamaíoch na gcríoch a ndéanann DANA difear dóibh

Is é cuspóir an bhirt deiseanna fostaíochta a chur ar fáil d'oibrithe chun na limistéir a ndéanann DANA difear dóibh a atógáil agus a athbheochan go socheacnamaíoch. Is éard atá ann conarthaí fostaíochta a shíniú d'oibrithe sna réimsí lena mbaineann.

Infheistíocht 4 (C32.I4): Tubaistí nádúrtha a chosc agus a chomhrac: comhpháirt nua na Spáinne de réaltbhuíon an Atlantaigh (ESCA+)

Is é cuspóir an bhirt acmhainneacht a mhéadú chun -tubaistí a chosc, a chomhrac agus téarnamh uathu agus rannchuidiú le hathléimneacht na Spáinne agus na hEorpa a threisiú, trí shatailítí a fhorbairt.

Is éard a bheidh sa bheart ranníocaíocht dheonach EUR 325.01 milliún le clár Bhuíon an Atlantaigh, idir Gníomhaireacht Spáis na Spáinne (Agencia Estatal Espanola) agus an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis.

Infheistíocht 5 (C32.I5): Cláir le haghaidh idirnáisiúnú cuideachtaí a neartú

Is é is cuspóir don athchóiriú na cláir le haghaidh idirnáisiúnú cuideachtaí a neartú. Is éard atá ann tuarascáil ex post a ullmhú maidir le cur chun feidhme na gclár 'ICEX-DANA' agus 'ICEX-Aranceles', lena n-áirítear na ceachtanna a foghlaimíodh do chláir a bheidh ann amach anseo.

Infheistíocht 6 (C32.I6): Scéim tacaíochta ICO do chuideachtaí a ndéanann an t-athrú ar thimpeallacht na dtaraifí domhanda difear dóibh

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht i scéim fóirdheontais chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus chun rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú do chuideachtaí a ndéanann an t-athrú sa timpeallacht taraife dhomhanda difear suntasach dóibh go díreach nó go hindíreach. Feidhmeoidh an scéim seo trí thráinse neamh-inaisíoctha suas le 30 % de luach ainmniúil na hoibríochta agus nach mó ná EUR 200000 in aghaidh na hoibríochta, agus fóirdheonú an ráta úis a sholáthar go díreach don earnáil phríobháideach. Áireofar ar thacaíocht incháilithe infheistíochtaí i sócmhainní inláimhsithe (lena n-áirítear gléasraí, innealra agus trealamh), sócmhainní doláimhsithe (lena n-áirítear caiteachais a bhaineann le trádmharcanna agus maoin intleachtúil, teicneolaíochtaí faisnéise, agus cumais eagraíochtúla), éadálacha sealúchas i gcuideachtaí, chomh maith le caipiteal oibre. Ní rachaidh infheistíochtaí i gcaipiteal oibre thar 30 % den mhéid arna mhaoiniú. Leis an bhfóirdheontas ráta úis pháirtigh a dheonófar, cumhdófar na costais mhaoiniúcháin agus na costais ráthaíochta araon a éilíonn ICO chun an iasacht a fhormheas. Ar bhonn infheistíocht RRF, is é is aidhm don scéim EUR 10000000 d'fhóirdheontais a chur ar fáil ar dtús. Déanfaidh Instituto de Credito Oficial (ICO) an scéim a bhainistiú mar chomhpháirtí cur chun feidhme.

Chun an infheistíocht sa scéim a chur chun feidhme, síneoidh an Spáinn agus ICO Comhaontú Cur Chun Feidhme ina mbeidh an t-ábhar seo a leanas:

1. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na scéime: Déanfaidh coiste infheistíochta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile cinneadh críochnaitheach dámhachtana na scéime agus formheasfaidh tromlach na vótaí é ó chomhaltaí atá neamhspleách ar an rialtas.
2. Príomhcheanglais an bheartais fóirdheontais ghaolmhair, lena n-áireofar:
    a. An tuairisc ar na fóirdheontais a soláthraíodh agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe, lena n-áirítear, más infheidhme, aon earnáil nó raon feidhme geografach na dtaraifí a bhfuiltear ag díriú orthu.
    b. Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a dtacaítear leo inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.

3. An ceanglas an prionsabal 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, eisiafar an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht leis an mbeartas fóirdheontais: i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach166, (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach

[166] Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01); (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith don aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise; (C) aerárthaí a úsáidtear le haghaidh cosaint shibhialta nó comhrac dóiteáin agus feithiclí sainchuspóireacha atá bunaithe ar na leibhéil feidhmíochta comhshaoil is fearr atá ar fáil san earnáil.

bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha167, (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí168 agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla169.

4. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na scéime tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.
5. An méid a chumhdaítear leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme an struchtúr táillí don Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme agus an ceanglas aon fháltais ón scéim nár úsáideadh a úsáid, lena n-áirítear tar éis 2026, chun na gcríoch beartais céanna.
6. Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:
    a. An tuairisc ar chóras faireacháin an chomhpháirtí cur chun feidhme chun tuairisciú a dhéanamh ar na fóirdheontais a slógadh.
    b. An tuairisc ar nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme lena n-áiritheofar go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.
    c. An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme sula ndámhfar fóirdheontas d'oibríocht.
    d. An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta ICO. Fióróidh na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; II) comhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh', na rialacha maidir le Státchabhair; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas nach bhfuair tairbhithe deiridh na Scéime tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme is infheidhme [agus na gComhaontuithe Fóirdheontais/Deontais] á n-urramú

AF.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne le haghaidh gach táscaire mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

[167] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[168] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[169] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
498	C32.I1	M	Bonneagar agus seirbhísí iarnróid	Deimhnithe glactha, ráitis chomhréireachta nó a gcoibhéis lena ndeimhnítear go ndearnadh conarthaí, nó ionstraimí dlí eile				R2	2026	Deimhniú ón riarachán nó ó eintiteas poiblí go ndearnadh conarthaí nó ionstraimí dlí eile, nó codanna comhfhreagracha díobh, a bhaineann le bonneagar agus seirbhísí iarnróid ar mhéid carnach iomlán EUR 87 milliún. Is éard a bheidh sa ranníocaíocht i dtreo an mhéid charnaigh iomláin an méid a fheidhmeofar mar a shainmhínítear i ndeimhnithe glactha, i ráitis chomhréireachta, i ndeimhnithe íocaíochta nó i ndoiciméid choibhéiseacha.
499	C32.I1	M	Rúin deontais a fhoilsiú chun 5600 feithicil a cheannach	Foilsiú na rún deontais ar shuíomh gréasáin na haireachta ábhartha				R2	2026	Rúin deontais a fhoilsiú chun 5600 feithicil a cheannach le ‘distintivo DGT- cero emisiones’.
500	C32.I2	M	Athchóiriú uisce agus comhshaoil	Deimhnithe glactha, ráitis chomhréireachta nó a gcoibhéis lena ndeimhnítear gur cuireadh conarthaí i gcrích				R2	2026	Deimhniú ón riarachán nó ón eintiteas poiblí go ndearnadh conarthaí (agus leasuithe) a bhaineann le 46 idirghabháil lena n-athbhunaítear foraoisí, limistéir hidreolaíocha, bonneagar hiodrálach nó fearainn phoiblí hiodrálacha, agus lena ndéantar measúnú nó faireachán ar dhamáiste hidreolaíoch

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
501	C32.I2	M	Athchóiriú talmhaíochta	Deimhnithe glactha, ráitis chomhréireachta nó a gcoibhéis lena ndeimhnítear gur cuireadh conarthaí i gcrích				R2	2026	Deimhniú ón riarachán nó ón eintiteas poiblí go ndearnadh 5 chonradh (agus leasú) a bhaineann le hatógáil acmhainneachta táirgeachta talmhaíochta.
502	C32.I3	T	Conarthaí fostaíochta do na limistéir a ndéanann an DANA difear dóibh		Líon	0	1625	R2	2026	1625 fhógra faoi chonarthaí fostaíochta arna síniú faoi Ordú TES/1302/2025, an 14 Samhain, lena mbunaítear na bunúis rialála agus lena n-eisítear an iarraidh go ndeonódh Seirbhís Phoiblí Fostaíochta an Stáit fóirdheontais arb é is aidhm dóibh '*Plean DANA Ocupación*' a mhaoiniú, arb é is aidhm dóibh tacú le fostú oibrithe sa limistéar críochach a ndéanann DANA difear dó idir an 28 Deireadh Fómhair agus an 4 Samhain 2024, faoi chuimsiú an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta.
503	C32.I4	M	Malartú litreacha lena gcuirtear ar bhonn foirmiúil an comhaontú déthaobhach idir AEE agus GES maidir le ranníocaíocht dheonach na Spáinne leis an gClár ESCA+	Malartú litreacha				R2	2026	Litir a sheol Gníomhaireacht Spáis na Spáinne (AEE) chuig an nGníomhaireacht Eorpach Spáis (GES) agus freagra deimhniúcháin a sheol GES chuig AEE ina dhiaidh sin i ndáil le ranníocaíocht dheonach na Spáinne le Clár ESCA+, lena gcuirtear comhaontú déthaobhach ar bhonn foirmiúil maidir leis na hábhair seo a leanas:

Líon	Tomhais	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil maidir leis an sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										— Na gníomhaíochtaí a mhaoineofaí faoin ranníocaíocht dheonach, arb é a bheidh iontu forbairt ar leathnú Chomhpháirt na Spáinne de Bhuíon an Atlantaigh (ESCA+). — Foráil lena n-áirithítear go mbainfidh GES úsáid iomlán as an ranníocaíocht dheonach bhreise. Tá an comhaontú déthaobhach maidir leis na hábhair sin comhlántach leis an gcomhaontú iltaobhach maidir le Clár ESCA+ a cuireadh ar bhonn foirmiúil le Dearbhú Chlár GES (ESA/C/CCCXL/DEC.1(FINAL)), a glacadh an 27 Samhain 2025. Aistreoidh an Spáinn EUR 325.01 milliún chuig Údarás Faireacháin CSTE chun leathnú Chomhpháirt na Spáinne de Chnuasach an Atlantaigh (ESCA+) a fhorbairt.
504	C32.I5	M	Tuarascáil ex post maidir le cur chun feidhme na gclár ‘ICEX-DANA’ agus ‘ICEX-Aranceles’	An tuarascáil ex-post a thíolacadh				R2	2026	Tuarascáil ex post maidir le cur chun feidhme na gclár ‘ICEX-DANA’ agus ‘ICEX-Aranceles’, lena n-áirítear na ceachtanna a foghlaimíodh do chláir amach anseo.
505	C32.I6	M	Scéim ICO chun tacú le cuideachtaí a ndéanann an t-athrú ar thimpeallacht na dtaraifí domhanda difear dóibh	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe cur chun feidhme, deimhniú aistrithe agus comhaontuithe maidir le fóirdheontais dhlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh				R2	2026	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme Aistreoidh an Spáinn EUR 10000000 chuig ICO le haghaidh na scéime. Beidh comhaontuithe fóirdheontais dlíthiúla déanta ag ICO le tairbhithe deiridh le haghaidh méid is gá chun 100 % d’infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid.

2. Costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta

Is é EUR 102575266373 costas measta iomlán phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne.

Is é EUR 7258693413 costais mheasta iomlána chaibidil REPowerEU. Go háirithe, is é EUR 0 costais mheasta iomlána na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 21c(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2023/435 agus is é EUR 7080493413 costais na mbeart eile i gcaibidil REPowerEU.

ROINN 2: TACAÍOCHT AIRGEADAIS

3. Ranníocaíocht

Déanfar na tráthchodanna dá dtagraítear in Airteagal 2(2) a eagrú ar an mbealach seo a leanas:

3.1. An Chéad Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
1	C1.R1	M	Ordú TMA/178/2020 agus Dlí Foraithne Ríoga 23/2020
21	C2.R1	M	Teacht i bhfeidhm Chlár Oibre Uirbeach na Spáinne agus na Straitéise Athchóirithe Fadtéarmaí le haghaidh Athshlánú Fuinnimh in Earnáil na Foirgníochta sa Spáinn
39	C3.R1	M	Teacht i bhfeidhm Dhlí Foraithne Ríoga 5/2020, maidir le bearta práinneacha i ndáil le talmhaíocht agus bia agus Dlí 8/2020 maidir le modhnú a dhéanamh ar Dhlí 12/2013, maidir le bearta chun feidhmiú an bhiashlabhra a fheabhsú
63	C4.R2	M	Glacadh na Straitéise Náisiúnta um Bonneagar Glas, Nascacht agus Athchóiriú Éiceolaíoch
82	C6.R1	M	Straitéis maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe, shlán agus nasctha (comhairliúchán poiblí)
102	C7.R1	M	Teacht i bhfeidhm Dhlí Foraithne Ríoga 23/2020 (bearta fuinnimh)
103	C7.R1	M	Teacht i bhfeidhm Dhlí Foraithne Ríoga 960/2020 (córas eacnamaíoch le haghaidh fuinneamh in-athnuaite)
104	C7.R1	M	Teacht i bhfeidhm Dhlí Foraithne Ríoga 1183/2020 (foinsí fuinnimh in-athnuaite a nascadh leis an eangach leictreachais)
105	C7.R1	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir leis an Athrú Aeráide agus leis an Aistriú Fuinnimh
121	C8.R1	M	An straitéis dícharbónaithe fhadtéarmach (‘ELP2050’) a fhormheas.
122	C8.R2	M	Teacht i bhfeidhm athchóirithe pleanála, reachtacha agus rialála chun forbairt réitigh stórála fuinnimh a chur chun cinn.
129	C9.R1	M	Treochlár Hidrigine
137	C10.R1	M	Bunú na hInstitiúide um an gCiste um Aistriú Cóir
144	C11.R1	M	Teacht i bhfeidhm gnímh reachtaigh chun fostaíocht shealadach i riaracháin phoiblí a laghdú
151	C11.R2	M	Teacht i bhfeidhm Dhlí 3/2020 maidir le bearta nós imeachta agus eagraíochtúla i réimse an Cheartais
153	C11.R3	M	Teacht i bhfeidhm Fhoraithne Ríoga 937/2020 maidir le rialáil Caja General de Depósitos
154	C11.R3	M	Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga lena bhformheastar an Rialachán lena gcuirtear chun feidhme Dlí 22/2015 an 20 Iúil maidir le hiniúchtaí ar chuntais

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
157	C11.R5	M	Teacht i bhfeidhm Dhlí Foraithne Ríoga 36/2020 maidir le cur chun feidhme an Phlean Téarnaimh, Claochlaithe agus Athléimneachta
158	C11.R5	M	Comhlachtaí nua a chruthú laistigh den rialtas láir chun obair leantach a dhéanamh ar chur chun feidhme, rialú agus iniúchadh an Phlean
159	C11.R5	M	Ordú lena sainítear nósanna imeachta agus formáid na faisnéise atá le comhroinnt chun faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus ar fhorghníomhú cuntasaíochta an chaiteachais
173	C11.I5	M	Córas Comhtháite Faisnéise na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta
177	C12.R2	M	Straitéis na Spáinne maidir leis an nGeilleagar Ciorclach (EEEC)
181	C12.I2	M	Plean chun Borradh a chur faoi Shlabhra Luacha Thionscal na nGluaisteán i dtreo Soghluaisteacht Inbhuanaithe agus Nasctha
199	C13.I3	M	Plean 2021-2025 maidir le digiteáil FBManna
214	C14.R1	M	Plean chun earnáil na turasóireachta a chur chun cinn
215	C14.R1	M	Seoladh shuíomh gréasáin 'DATAESTUR' lena mbailítear sonraí faoin turasóireacht
230	C15.R2	M	Plean agus Straitéis 2025 um an Spáinn Dhigiteach chun teicneolaíocht 5G a chur chun cinn
231	C15.R2	M	An banda minicíochta 700 MHz a scaoileadh
249	C16.R1	M	Straitéis Náisiúnta um an Intleacht Shaorga
255	C17.R2	M	Foilsiú Straitéis na Spáinne um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht 2021-2027
257	C17.R3	M	Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga maidir le hEagraíochtaí Taighde Phoiblí a atheagrú.
285	C19.R1	M	Formheas an Phlean Náisiúnta Inniúlachtaí Digiteacha ag Comhairle na nAirí
295	C20.R1	M	Plean um Nuachóiriú na Gairmoiliúna agus Dlíthe Foraithne Ríoga gaolmhara
303	C21.R1	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí Orgánaigh maidir leis an oideachas
318	C22.R5	M	Teacht i bhfeidhm Dhlí Foraithne Ríoga 20/2020 an 29 Bealtaine lena bhformheastar an t-ioncam beatha íosta
329	C23.R1	M	Teacht i bhfeidhm dhá Dhlí Foraithne Ríoga lena rialaítear cianobair san earnáil phríobháideach agus i riaracháin phoiblí
330	C23.R2	M	Teacht i bhfeidhm dhá fhodhlí maidir le pá comhionann idir mná agus fir agus maidir le pleananna comhionannais agus a gclárú
333	C23.R5	M	Teacht i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta chun dul i ngleic leis an dífhostaíocht i measc na hóige
363	C25.R1	M	Plean 'An Spáinn, Mol Closamhairc na hEorpa'
385	C28.R1	M	Bearta fioscacha a glacadh in 2020 agus 2021 chun éifeachtaí phaindéim COVID-19 a mhaolú
387	C28.R3	M	An Státrúnaí Airgeadais do cheapadh an Choiste saineolaithe
392	C28.R5	M	Cáin ar Sheirbhísí Digiteacha
393	C28.R6	M	Cáin ar Idirbhearta Airgeadais
394	C28.R7	M	Modhnuithe ar Cháin Ioncaim Phearsanta agus ar Cháin Rachmais in 2021
395	C28.R8	M	Modhnuithe ar Cháin Ioncaim Chorparáideach in 2021
396	C28.R9	M	Modhnuithe ar chánacha indíreacha in 2021
397	C29.R1	M	Foireann bhuan a chur ar bun san Aireacht Airgeadais chun faireachán gníomhach a dhéanamh ar chur chun feidhme thorthaí na n-athbhreithnithe caiteachais agus chun an tOrdú um an Dlí Buiséadach Bliantúil a Mhionsaothrú a fhormheas
398	C29.R1	M	Céim III den athbhreithniú caiteachais

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
399	C29.R1	M	Aonad buan a chruthú laistigh de AIReF a bheidh freagrach as na hathbhreithnithe caiteachais arna sainordú ag an rialtas a dhéanamh.
406	C30.R1	M	Maoiniú don tSlándáil Shóisialta a dheighilt
413	C30.R5	M	Athbhreithniú ar bhuntáistí cánach a bhaineann leis an gcóras pinsin fhorlíontaigh atá ann faoi láthair
		Méid tráthchoda	**EUR 11494252874**

3.2. An Dara Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
24	C2.R5	M	Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga maidir le hOifigí Athchóirithe (‘ionaid ilfhreastail’)
26	C2.I1	M	Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga maidir leis an gcreat rialála chun an clár athnuachana a chur chun feidhme; agus an Dlí Foraithne Ríoga lena rialaítear dreasachtaí cánach ioncaim pearsanta chun tacú leis an gclár
30	C2.I2	M	Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga maidir leis an sainmhíniú ar an gcreat rialála le haghaidh chur chun feidhme an chláir maidir le teaghaisí ar cíos sóisialta atá tíosach ar fhuinneamh a chomhlíonann critéir fhuinneamhéifeachtúla
40	C3.R1	M	Teacht i bhfeidhm an dara leasú ar Dhlí 12/2013 maidir le bearta chun feidhmiú an bhiashlabhra a fheabhsú
46	C3.I1	T	Teacht i bhfeidhm an chomhaontaithe chonarthaigh idir an Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (MAPA) agus SEIASA chun tacú le feabhsú agus inbhuanaitheacht na limistéar uiscithe (Céim I)
56	C3.I7	M	Comhaontuithe le Comhlachtaí Taighde Poiblí
74	C5.R1	M	Teacht i bhfeidhm na leasuithe ar an Rialachán maidir le Pleanáil Hidreolaíoch
83	C6.R1	M	Straitéis maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe, shlán agus nasctha (formheas)
108	C7.R2	M	Straitéis náisiúnta féintomhaltais
112	C7.R4	M	Treochlár le haghaidh fuinneamh gaoithe amach ón gcósta agus fuinneamh muirí eile
139	C10.I1	M	Clár cabhrach oiliúna um ‘aistriú cóir’ agus cabhair a dheonú le haghaidh fhorbairt eacnamaíoch na limistéar um aistriú cóir
155	C11.R4	M	Teacht i bhfeidhm an ordaithe aireachta lena mbunaítear an Oifig Náisiúnta Meastóireachta
189	C13.R1	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí lena leasaítear Dlí 34/2006 maidir le rochtain ar ghairmeacha dlíodóirí agus procuradores
216	C14.R1	M	Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga lena gcuirtear chun feidhme Ciste Airgeadais an Stáit um Iomaíochas Turasóireachta
217	C14.I1	T	Dámhachtain bhuiséadach pleananna lena gcuirtear inbhuanaitheacht na turasóireachta chun cinn ag a gceann scríbe
232	C15.R2	M	Sannadh an bhanda speictrim 700 MHz
233	C15.R2	M	Teacht i bhfeidhm gnímh dlí maidir le cánachas speictrim 5G a laghdú
250	C16.R1	M	An Chairt um Chearta Digiteacha

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
258	C17.I1	T	Comhaontuithe arna síniú ag an Aireacht Eolaíochta agus Nuálaíochta leis na Pobail Fhéinrialaitheacha chun 'Pleananna comhlántacha T & F' a chur chun feidhme
273	C18.R1	M	Plean Gníomhaíochta maidir le cúram príomhúil agus cúram pobail
278	C18.I1	M	An plean infheistíochta trealaimh a fhormheas agus cistí a dháileadh
289	C19.I2	M	Clár chun uirlisí digiteacha a thabhairt do scoileanna poiblí agus scoileanna a fhaigheann fóirdheontais phoiblí
306	C21.R3	M	Teacht i bhfeidhm na bhForaitheanta Ríoga maidir le heagrú ollscoileanna
331	C23.R3	M	Teacht i bhfeidhm Dhlí Foraithne Ríoga maidir le hoibrithe atá i mbun gníomhaíochtaí dáileacháin do thríú páirtithe a chosaint trí mhodhanna teicneolaíochta a úsáid
332	C23.R4	M	Leasú ar Reacht na nOibrithe chun tacú le fostaíocht shealadach a laghdú trí líon na gcineálacha conartha a chuíchóiriú
334	C23.R5	M	Foraithne Ríoga maidir le Straitéis Fostaíochta nua na Spáinne 2021-2024
336	C23.R6	M	Leasú ar Reacht na nOibrithe chun scéim a bhunú chun dul in oiriúint do thurraingí timthriallacha agus struchtúracha, lena n-áirítear córas lena soláthraítear solúbthacht inmheánach do chuideachtaí agus cobhsaíocht d'oibrithe
338	C23.R8	M	Leasú ar Reacht na nOibrithe chun feabhas a chur ar na rialacha dlí lena rialaítear cómhargáil
339	C23.R9	M	Leasú ar Reacht na nOibrithe chun feabhas a chur ar chearta daoine atá ag obair i gcuideachtaí ar fochonradh
345	C23.I4	M	Leithdháileadh réigiúnach cistí do thionscadail chríochacha do ghrúpaí leochaileacha, don fhiontraíocht agus do mhicrifhiontair a fhormheas.
378	C27.R2	T	Nuachóiriú na Gníomhaireachta Cánach — Líon na mball foirne ag an Údarás Cánach
379	C27.R2	T	Nuachóiriú na Gníomhaireachta Cánach — Imscrúduithe cánach
380	C27.R3	T	Cúnamh feabhsaithe a chur ar fáil do cháiníocóirí — Web Sociedades uasghrádaithe agus ar fáil do 1666123 cáiníocóir ar a laghad.
381	C27.R3	T	Cúnamh feabhsaithe a chur ar fáil do cháiníocóirí — Web Renta uasghrádaithe agus ar fáil do 1779505 cáiníocóir ar a laghad
383	C27.R4	T	An ghné idirnáisiúnta — Cáiníocóirí eachtracha cláraithe arna sainaithint
384	C27.R5	T	Samhail an chomharchumainn — Tuarascálacha Trédhearcachta
389	C28.R4	M	Cánacha ar phlaistigh agus ar dhramhaíl aon úsáide
400	C29.R1	M	Formheas ó Chomhairle na nAirí ar thimthriall nua (2022-26) na n-athbhreithnithe caiteachais atá le coimisiúnú do AIReF.
403	C29.R2	M	Tuarascáil Ailínithe Buiséid le SDGanna
407	C30.R2	M	Cumhacht cheannaigh pinsean a chothabháil agus an aois scoir iarbhír agus an aois scoir dhlíthiúil a ailíniú
		Méid tráthchoda	**EUR 13793103448**

3.3. An Tríú Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
2	C1.R1	M	Leasuithe ar an gCód Foirgníochta Teicniúla (TBC), ar an Rialachán maidir le Leictriteicniúil Ísealvoltais (LVER) agus formheas Foraithne Ríoga chun seirbhísí athluchtaithe poiblí a rialáil
45	C3.R6	M	Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga maidir le meánna náisiúnta a bhainistiú
51	C3.I4	T	Plean infheistíochta chun inbhuanaitheacht agus iomaíochas na talmhaíochta agus an bheostoic a chur chun cinn
57	C3.I7	T	Tóireadóirí fuaime a fháil le haghaidh taighde in iascaigh
61	C3.I11	T	Tionscadail infheistíochta in earnáil na hiascaireachta a mhaoiniú
65	C4.I1	M	Conarthaí a dhámhachtain d'aerárthaí sainchuspóireacha le haghaidh comhrac dóiteáin, agus an córas faireacháin agus bainistíochta eolais bithéagsúlachta a chur ar bun
110	C7.R3	M	Treoirthionscadal le haghaidh pobail fuinnimh
115	C7.I1	M	Tairiscint ar thacaíocht infheistíochta d'acmhainneacht in-athnuaite nuálach nó bhreisluacha
124	C8.R4	M	Teacht i bhfeidhm beart chun boscaí gainimh rialála a chur chun cinn chun an taighde agus an nuálaíocht a chothú in earnáil an leictreachais.
130	C9.R1	M	Teacht i bhfeidhm an rialacháin lena mbunaítear Ráthaíochtaí tionscnaimh le haghaidh gáis in-athnuaite
190	C13.R1	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí chun an Dlí Dócmhainneachta a athchóiriú
229	C15.R1	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le Teileachumarsáid
254	C17.R1	M	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar Dhlí 14/2011 an 1 Meitheamh maidir le hEolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht.
270	C17.I8	T	Tacaíocht do thionscadail T & F & N i mótarfheithiclí inbhuanaithe
274	C18.R2	M	Formheas Straitéis Sláinte Poiblí na Spáinne
296	C20.R2	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le Córas Comhtháite Aonair Gairmoiliúna, agus é mar chuspóir leis sin go ndéanfar an córas a nuachóiriú
304	C21.R2	M	Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga maidir le híoscheanglais teagaisc le haghaidh oideachais
314	C22.R1	M	Formheas na Comhairle Críochaí ar an meastóireacht ar an gCóras um Neamhspleáchas agus um Chúram Spleách (SAAD).
317	C22.R4	M	Teacht i bhfeidhm an athchóirithe reachtaigh ar an gcóras glactha d'imircigh agus d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta sa Spáinn
350	C23.I7	M	Ráta glactha an Ioncaim Beatha Íosta ('IMV') a fheabhsú agus a éifeachtacht a mhéadú trí bheartais chuimsithe
360	C24.I3	T	Mórsheirbhísí cultúrtha a dhigitiú agus a chur chun cinn
364	C25.R1	M	Teacht i bhfeidhm an dlí ghinearálta maidir le Cumarsáid Chlosamhairc.
374	C26.I3	M	Tionscadail chun comhionannas sa spórt a chur chun cinn
376	C27.R1	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí in aghaidh Imghabháil Cánach agus Calaois Chánach
390	C28.R4	M	Anailís ar an gCáin Cláraithe Feithiclí agus ar an gCáin Tráchta
391	C28.R4	M	Teacht i bhfeidhm an athchóirithe cánach ar Gháis Fhluairínithe
401	C29.R1	M	Tuarascáil faireacháin a fhoilsiú
411	C30.R3	M	Athchóiriú ar an gcóras ranníocaíochta slándála sóisialta do dhaoine féinfhostaithe
414	C30.R5	M	Athbhreithniú ar chóras na bpinsean forlíontach atá ann faoi láthair

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
		Méid tráthchoda	**EUR 6896551724**

3.4. An ceathrú tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
4	C1.I1	T	Buiséad arna chaitheamh i gceannacháin nó arna dhámhachtain ag bardais arb é is aidhm dóibh soghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn
22	C2.R3	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí Tithíochta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí lena dtacaítear leis an méadú ar an soláthar tithíochta i gcomhréir le foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de
23	C2.R4	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le Cáilíocht na hAiltireachta agus an Timpeallacht Foirgníochta
25	C2.R6	M	Teacht i bhfeidhm na leasuithe ar an Dlí Maoine Cothrománach chun maoiniú don athshlánú a éascú
38	C2.I6	T	Pleananna gníomhaíochta faoi Chlár Oibre Uirbeach na Spáinne
41	C3.R2	M	Teacht i bhfeidhm an chreata rialála chun clár ginearálta de na Teicnící is Fearr atá ar Fáil ar fheirmeacha a fhorbairt chun eolas a chur ar fáil maidir le hastaíochtaí truailleán agus GCT, agus an reachtaíocht phleanála a athchóiriú le critéir maidir le feirmeacha ar fud na n-earnálacha
43	C3.R4	M	Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga maidir le sásra rialachais chun córas uisciúcháin na Spáinne a fheabhsú.
44	C3.R5	M	Glacadh an dara plean gníomhaíochta de Straitéis Digitithe na hEarnála Agraibhia agus na gCeantar Tuaithe.
47	C3.I1	T	Cur chun feidhme an chomhaontaithe idir an Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (MAPA) agus SEIASA chun tacú le feabhsú agus inbhuanaitheacht na limistéar uiscithe (Céim II)
55	C3.I6	M	Trealamh TFC a fháil le haghaidh na gcúltacaí muirí de Leas Iascaireachta agus conarthaí chun soithí sainchuspóireacha a fháil le haghaidh na gcúltacaí muirí
60	C3.I10	M	Báid phatróil éadroma agus soithí patróil mórmhara a cheannach chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chomhrac
62	C4.R1	M	Plean Straitéiseach maidir leis an Oidhreacht Nádúrtha agus an Bhithéagsúlacht agus Plean maidir leis an Líonra de Limistéir Mhuirí faoi Chosaint
64	C4.R3	M	Formheas Straitéis Foraoise agus Phlean Tacaíochta na Spáinne
77	C5.I2	M	Athshlánú na cosanta ar bhruacha abhann i gcoinne rioscaí tuilte
80	C5.I4	T	Limistéir agus éiceachórais dhíghrádaithe a athchóiriú ar fud 50 ciliméadar ar a laghad d'imeallbhord
84	C6.R2	M	Straitéis Iarnróid Thráscach
85	C6.I1	M	Croíghréasán TEN-T: dámhachtain tionscadal
88	C6.I2	M	Modhanna iompair éagsúla gréasáin TEN-T (iarnród agus bóthar): dámhachtain bhuiséadach pháirteach
95	C6.I3	M	Bonneagair Idirmhódúla agus Lóistíochta: dámhachtain bhuiséadach pháirteach
99	C6.I4	M	Tacaíocht don chlár iompair inbhuanaithe agus dhigitigh.
140	C10.I1	T	Tacaíocht do thionscadail chomhshaoil, dhigiteacha agus bonneagair shóisialta.
145	C11.R1	M	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar Dhlí 40/2015 agus na n-orduithe aireachta lena neartaítear an comhar idir-chríochach
146	C11.R1	M	Teacht i bhfeidhm an dlí chun an mheastóireacht ar bheartais phoiblí a threisiú
147	C11.R1	M	Teacht i bhfeidhm an athchóirithe ar Dhlí 7/1985 maidir le córais riaracháin áitiúla agus an leasaithe ar Fhoraithne Ríoga 1690/1986,

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
			an 11 Iúil, lena bhformheastar an Rialachán maidir le Daonra agus Críochú Críochach Eintiteas Áitiúil
148	C11.R1	M	Teacht i bhfeidhm beart rialála a bhaineann le státseirbhís an Riaracháin Stáit
152	C11.R2	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí Foraithne Ríoga lena bhfeabhsaítear éifeachtúlacht nósanna imeachta breithiúnacha agus an Dlí Foraithne Ríoga maidir le héifeachtúlacht dhigiteach
156	C11.R4	M	Straitéis Náisiúnta Soláthair
164	C11.I2	T	Imeachtaí breithiúnacha atá le déanamh go leictreonach
174	C11.I5	T	Uirlisí agus gníomhaíochtaí cumarsáide nua
178	C12.R2	M	Teacht i bhfeidhm na ngníomhartha atá mar chuid de phacáiste beartais an gheilleagair chiorclaigh
179	C12.R2	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le Dramhaíl agus Ithir Éillithe
182	C12.I2	M	PERTE i réimse na bhfeithiclí leictreacha
183	C12.I2	M	PERTEnna i réimsí straitéiseacha a shainítear sa Phlean
184	C12.I2	T	Tionscadail nuálacha le haghaidh chlaochlú na tionsclaíochta ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh, inbhuanaitheachta agus digitithe de
191	C13.R1	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le Cruthú agus Fás Gnólachtaí
192	C13.R2	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí um Ghnólachtaí Nuathionscanta
450	C13.R2	M	Teacht i bhfeidhm Fhoraithne Ríoga 629/2022 an 26 Iúil lena leasaítear rialachán an Dlí Orgánaigh 4/2000 maidir le cearta agus saoirsí eachtrannach sa Spáinn agus a lánpháirtiú sóisialta
200	C13.I3	T	Buiséad geallta don Chlár um Fhoireann Uirlisí Digiteacha
201	C13.I3	T	Buiséad geallta do Ghníomhairí um an gClár Athruithe
202	C13.I3	T	Buiséad geallta don Chlár Tacaíochta um Braislí Gnó Nuálacha
203	C13.I3	T	Buiséad geallta do Chlár na Mol Nuálaíochta Digití
218	C14.I1	T	Dámhachtain bhuiséadach pleananna lena gcuirtear inbhuanaitheacht na turasóireachta chun cinn ag a gceann scríbe
234	C15.R2	M	Banda speictrim 26 GHz a shannadh
235	C15.R2	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir leis an gCibearshlándáil 5G
245	C15.I7	M	Seoladh an chláir Tacaíochta Náisiúnta don Tionscal Cibearshlándála, an Chláir Nuálaíochta um Shlándáil Dhomhanda agus gníomhaíochtaí gaolmhara.
247	C15.I7	T	Acmhainneachtaí Cibearshlándála a neartú agus a fheabhsú: Líne Chabhrach Chibearshlándála
259	C17.I2	T	Dámhachtainí le haghaidh tionscadail lena bhfeabhsaítear bonneagair eolaíocha náisiúnta agus acmhainneacht Chóras Teicneolaíochta agus Nuálaíochta Eolaíochta na Spáinne, agus comhaontuithe déthaobhacha a síníodh le heintitis idirnáisiúnta agus ionstraimí eile chun tionscadail bonneagair Eorpaigh agus idirnáisiúnta a mhaoiniú.
261	C17.I3	T	Dámhachtain tionscadal nua príobháideach, idirdhisciplíneach, poiblí T & F & N, tástálacha coincheapa, glaonna iomaíocha idirnáisiúnta, agus T & F ceannródaíoch atá dírithe ar dhúshláin shóisialta
300	C20.I3	T	50000 áit ghairmoideachais agus ghairmoiliúna nua ar a laghad i gcomparáid le deireadh 2020.
319	C22.R5	M	Foilsiú an ‘Plean chun córas na sochar airgeadais neamhranníocach de chuid Riarachán Ginearálta an Stáit a atheagrú agus a shimpliú’
335	C23.R5	M	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar an Dlí Fostaíochta (Foraithne Ríoga Reachtach 3/2015)

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
337	C23.R7	M	Teacht i bhfeidhm an athchóirithe ar Dhlí 43/2006 chun an córas dreasachta earcaíochta a shimpliú agus a éifeachtacht a mhéadú agus na moltaí arna n-eisiúint ag AIReF á gcur san áireamh
340	C23.R10	M	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar Fhoraithne Reachtach Ríoga 8/2015 lena n-athchóirítear rialáil na tacaíochta dífhostaíochta neamhranníocach
352	C24.R1	M	Teacht i bhfeidhm reacht an ealaíontóra, urraíocht agus an chórais dreasachtaí cánach
367	C26.R1	M	Teacht i bhfeidhm an dlí maidir le Spórt
377	C27.R1	M	Measúnú eatramhach ar éifeachtaí an Dlí in aghaidh Imghabháil Cánach agus Calaois Chánach
404	C29.R3	M	Tuarascáil maidir le hailíniú an Bhuiséid Ghlais
408	C30.R2	M	Coigeartú na tréimhse ríomha chun an pinsean scoir a ríomh
409	C30.R2	M	Sásra cothromais idirghlúine a chur in ionad na gné inbhuanaitheachta
410	C30.R2	M	Réamh-mheastacháin nuashonraithe lena léirítear an chaoi a n-áirithíonn na hathchóirithe pinsean a rinneadh in 2021 agus 2022 inbhuanaitheacht fhioscach fhadtéarmach
415	C30.R6	M	An bonn ranníocaíochta uasta a choigeartú
		Méid tráthchoda	**EUR 11435531581**

3.5. An cúigiú tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
8	C1.I1	T	Gradam i dtionscadail a fheabhsaíonn cineálacha nua soghluaisteachta ar bhóithre stáit
11	C1.I2	T	Dámhachtain tionscadal nuálach a chuireann leictrea-shoghluaisteacht chun cinn
14	C1.I3	T	Línte iarnróid achair ghearr (Cercanías)
15	C1.I3	T	Feabhas curtha ar stáisiúin leis an digitiú
16	C1.I3	T	Stáisiúin fheabhsaithe ‘Cercanías’
17	C1.I3	T	An buiséad carnach arna dhámhachtain le haghaidh infheistíochtaí i línte iarnróid gearr-achair
21bis	C2.R2	M	Foilsiú mholtaí na Meithleacha chun an Straitéis Fhadtéarmach Athchóirithe a chur chun feidhme sa Spáinn
422	C3.R2	M	Teacht i bhfeidhm an rialacháin chun bithshlándáil an iompair beostoic a fheabhsú agus teacht i bhfeidhm an rialacháin maidir le húsáid inbhuanaithe antaibheathach i speicis bheostoic
42	C3.R3	M	Teacht i bhfeidhm an chreata normataigh maidir le cothú inbhuanaithe in ithreacha talmhaíochta.
424	C3.I1	T	Teacht i bhfeidhm an Aguisín a ghabhann leis an gcomhaontú idir an Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (MAPA) agus SEIASA chun tacú le feabhsú agus inbhuanaitheacht na limistéar uiscithe (Céim II)
53	C3.I5	T	Síniú comhaontuithe conarthacha idir an Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (MAPA) agus ENISA

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
54	C3.I5	T	Tacaíocht tugtha do FBManna agraibhia chun tionscadail ghnó nuálacha agus dhigiteacha a chur chun feidhme
58	C3.I8	T	Tionscadail Forbartha Taighde agus Nuálaíochta chun tacú le hathléimneacht agus inbhuanaitheacht earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe
59	C3.I9	M	Treisiú digiteach Chóras Faisnéise Iascaigh na Spáinne (SIPE) agus an chórais faireachais iascaireachta
67	C4.I2	T	Limistéir mhuirí faoi chosaint
70	C4.I3	T	Athshlánú iar-láithreán mianadóireachta (20 iar-láithreán mianadóireachta ar a laghad)
73	C4.I4	T	Gníomhaíochtaí maidir le bainistiú inbhuanaithe foraoisí
